# Ceachtanna Séasúracha

Ceacht 1: 'Is iomaí áras i dteach m'Athar'
Ceacht 2: An Carghas
Ceacht 3: Ag smaoineamh ar Naomh Pádraig
Ceacht 4: Ár mBráithre agus Ár Siúracha Giúdacha
Ceacht 5: An borradh a tháinig orainn i ngrá Dé!

---

## Ceacht 1: 'Is iomaí áras i dteach m'Athar'

Ba chóir an ceacht seachtaine seo a dhéanamh go luath i mí na Samhna.

### ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

#### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá Dia ag iarraidh go mairfimid go sona, leis féin, sna flaithis go deo, trí shlánú Íosa
- Íomhánna de na Flaithis: beatha, solas, síocháin, fleá na bainise, fíon an Ríochta, teach an Athar, Párthas

#### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Dúirt Íosa lena lucht leanúna coinneáil orthu ag guí agus misneach a bheith acu

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Sé do bheatha, a Mhuire

*Paidreacha Breise*

- Paidreacha ar son na marbh

### ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

#### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Beatha Íosa

*f. Ministreacht Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Chuir na ceachtanna níos luaithe ar an mbeatha síoraí in *I nGrá Dé* an bhéim orthu siúd a fuair bás (Naíonáin Shóisearacha/B1 agus Naíonáin Shinsearacha/B2) agus ceiliúradh na naomh mar an gcéanna (Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4). Tá a fhios ag na páistí go bhfaigheann nithe beo bás agus go spreagtar Críostaithe chun guí ar son iad siúd a fuair bás, i rith mí na Samhna.

Cé gur coincheap deacair é an bás le múineadh do pháistí óga, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na páistí go bhfuil an bás in ann do gach rud beo. Nuair a fhaigheann duine bás, bhraithimid uainn é/í agus bímid brónach agus uaigneach. Ach mar sin féin, ní bás deireadh an scéil, mar gur mian le Dia agus gur gheall sé beatha nua ar neamh a thabhairt do gach duine a mhaireann agus a roinneann grá mar a mhúin Íosa dúinn.

Sa Soiscéal de réir Eoin léimid gurb é 'an bealach' chuig an Athar ná maireachtáil ar nós Íosa. I rith a shaoil ar domhan thaispeáin Íosa do gach duine conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Léirigh sé conas maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile agus mhúin sé go raibh maithiúnas de dhíth orainne freisin. Dúirt Íosa linn go bhfuil Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn nuair a dhéanaimid aithrí ar ár bpeacaí agus nuair a dhéanaimid iarracht gan pheaca a dhéanamh arís.

Sa cheacht seo cabhraímid leis na páistí a thuiscint gur imigh Íosa chun áit a ullmhú dúinn ar neamh agus gur mian le Dia go mbeimid in éineacht leis go sásta ar feadh na síoraíochta. Nuair a bhí sé ar domhan, d'úsáid Íosa roinnt íomhánna chun cabhrú le daoine rud éigin a thuiscint faoi na flaithis. Ba é ceann acu seo ná 'teach m'Athar', a dhéanfaidh na páistí iniúchadh air sa cheacht seo. Thug Íosa cuireadh dá lucht leanúna ullmhú chun a bheith leis ar neamh trí mhaireachtáil mar a mhair sé nuair a bhí sé ar domhan. Sa cheacht seo cuirimid béim ar an dtábhacht a bhaineann le guí ar son daoine a fuair bás. Féachfaidh na páistí íomhá ealaíontóra amháin de na flaithis - *Parthas* le Giovanni di Paolo.

D'fhéadfadh páistí go leor ceisteanna a chur ort faoin mbás agus b'fhéidir nach mbeadh na freagraí ar fad ar eolas agat i gcónaí. Níl na freagraí go léir ag éinne! Is é an rud is fearr is féidir linn a thabhairt do pháistí ná dóchas don saol tar éis bháis trí theachtaireacht Íosa a insint dóibh.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Parthas:** Neamh
**Cártaí cuimhneacháin:** Cártaí urnaí a spreagann cuimhneamh ionainn ar dhuine a fuair bás.
**Lá na Naomh Uile:** Tugaimid onóir do na naoimh go léir ar an lá seo.
**Lá na bhFíréan Uile atá marbh:** Cuimhnímid ar na daoine go léir a fuair bás, agus guímid ar a son, ar an lá seo.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cártaí cuimhneacháin
- Sean-irisí agus nuachtáin
- Cóip de theimpléad na coise (thíos) le haghaidh gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BÁS

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** D'fhéadfadh taithí ar an mbás a bheith faighte ag páistí áirithe le déanaí, agus mar sin is gá duit a bheith an-chúramach. Seans go mbeidh ort an comhrá a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí i do rang, agus cothromaíocht a choinneáil trí gan a bheith róchosanta faoi réaltacht an bháis ar fud an domhain agus ina saoil féin.

Déan comhrá leis na páistí maidir le go bhfaigheann gach rud beo bás ar deireadh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a tharlaíonn do na duilleoga san fhómhar? Cad eile a fhaigheann bás san fhómhar? An bhfásann aon cheann de na rudaí a fhaigheann bás san fhómhar arís?
- An bhfuil a fhios ag éinne cad is úsáidimid chun múirín a dhéanamh? (glasraí, craiceann torthaí, málaí tae, duilleoga, craobhóga, féar gearrtha)
- Faigheann ainmhithe bás. An raibh peata agat riamh a fuair bás?
- Faigheann daoine bás freisin. An bhfuil aithne agat ar aon duine a fuair bás? Conas a bhraitheann daoine nuair a fhaigheann duine éigin is breá leo bás? Cén fáth go mbíonn daoine brónach nuair fhaigheann duine éigin is breá leo bás? An bhfuil aon rud ann a chabhraíonn leo a mhothú beagán níos fearr?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 85 dá leabhar.**

## SCÉAL

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Baineann an scéal seo le taithí ar an mbás. Má tá páiste sa rang agat a raibh baint acu leis an mbás le déanaí, b'fhéidir nach maith an rud é an scéal seo a insint.

**Airím Mamó Uaim**

Bhí gach duine i dteach Iósua an-bhrónach. Fuair Mamó bás le gairid. 'Thaitin na scéalta a léigh sí dom,' a dúirt Iósua. 'Agus ba bhreá liom nuair a bhíodh sí ag caint faoina óige,' arsa Siobhán, 'd'fhéadfainn í a shamhlú ag súgradh lena cairde nuair a d'inis sí na scéalta sin.' 'Airím a barróga uaim,' arsa Seán.

Chuala Mam na páistí ag caint faoi Mhamó agus shuigh sí síos in aice leo. 'Airím Mamó uaim freisin,' a dúirt sí, 'Ní bheidh mé in ann comhrá léi a thuilleadh nó éisteacht lena scéalta nó dul ag siúl léi. Airím a grá agus a cúram uaim. Bím fós ag labhairt léi gach oíche sula dtéim a chodladh. Agus guím le Dia gach oíche go bhfuil súil agam go bhfuil Mamó in éineacht leis ar neamh. Teastaíonn ó Dhia go mbeimis go léir ar neamh leis nuair a fhaigimid bás.'

D'éist na páistí go cúramach. 'Is féidir linn paidir a rá ar son Mamó anois,' arsa Iósua. 'Bhí grá mór ag Mamó do gach duine, mar sin táim cinnte go bhfuil sí ar neamh le Dia anois.'



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth go raibh na páistí brónach?
- Cad a mhothaigh na páistí uathu ó fuair Mamó bás?
- Cad a mhothaigh a máthair uaithi? Cad an duirt sí a rinne sí gach oíche roimh dhul a chodladh di?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- An bhfuil aon rud eile a cheapann tú a d'fhéadfadh a chabhrú leis na páistí mothú níos fearr?
- Labhair faoi am a raibh brón ort toisc go bhfuair duine éigin bás. Cad a d'fhéadfadh cabhrú leat mothú níos fearr?
- Cuimhnímid ar na daoine go léir a fuair bás i rith mí na Samhna. Cad is féidir linn a dhéanamh chun cuimhneamh orthu?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*coinneal á lasadh*): Agus muid ag díriú ar feadh tamaill ar ár gcoinneal, cuimhnímis go bhfuil Dia i láthair linn agus muid ag guí. (*Sos*)

Cuireann Íosa i gcuimhne dúinn guí a dhéanamh agus gan misneach a chailleadh. Cuirimis ár lámha le chéile anois agus muid ag guí agus gabhaimid buíochas le Dia as muid a thabhairt le chéile san áit seo chun guí a dhéanamh. Is é an freagra ar ár n-urnaí ná: *Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.*

Dia ár nAthair, iarraimid ort do thrócaire a thaispeáint dúinn, agus trócaire a thabhairt dóibh siúd a fuair bás.
**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.

**Múinteoir:** Guímis ar son na máithreacha agus na haithreacha, na seanmháithreacha agus na seanaithreacha uile a thug cúram dúinn agus a fuair bás. (*Sos*)
**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.

**Múinteoir:** Guímis ar son ár gcairde agus a gcomharsana a fuair bás. (*Sos*)
**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.

**Múinteoir:** Guímimis chuig Dia ar son daoine inár bparóiste a fuair bás. Go ciúin, le do ghuth taobh istigh, ainmnigh duine ar bith ar mhaith leat guí a dhéanamh ar a son. (*Sos*)
**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.

**Múinteoir:** Guímis anois dóibh siúd go léir atá brónach agus uaigneach toisc go mbraitheann siad in éagmais daoine a fuair bás. (*Sos*) Anois, iarraimid ar Mhuire, Máthair Dé agus ár Máthair freisin, cúnamh a thabhairt do na daoine a bhraitheann brónach agus uaigneach.
**Gach duine:** *'Sé do bheatha, a Mhuire* ('Sé do bheatha, a Mhuire, atá lán de ghrásta ...)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE CUIMHNEAMH ORTHU SIÚD A FUAIR BÁS

Taispeáin cárta cuimhneacháin do na páistí. Mínigh dóibh go gcuidíonn cártaí cuimhneacháin le daoine cuimhneamh orthu siúd a fuair bás. Cuireann siad i gcuimhne do dhaoine guí ar son na ndaoine sin freisin.

Tabhair cuireadh dóibh siúd a thug cártaí cuimhneacháin ar scoil a gcártaí a chur in áit ar féidir le gach duine iad a fheiceáil. Spreag iad le labhairt faoi na cártaí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:

- Cé hé an duine sa ghrianghraf? Cad atá ar eolas agat faoin duine sin? Cad is cuimhin leat faoin duine sin?
- Cén fáth a d'fhéadfadh na cártaí cuimhneacháin seo a bheith tábhachtach? Cén fáth, meas tú, go bhfuil sé tábhachtach cuimhneamh ar dhaoine a fuair bás?

Tabhair cuireadh do na páistí na cártaí cuimhneacháin a chur sa spás urnaí don chuid eile den tseachtain. (Seans go mbeidh ort a rá leis na páistí na cártaí cuimhneacháin a thógáil abhaile leo ag deireadh na seachtaine.)

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ÍOSA, AN BEALACH GO DTÍ AN TATHAIR

Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun bás a fháil ar an gCros. Bhí a fhios aige go mbeadh a dheisceabail an-trína chéile nuair a bheadh sé imithe. Mar sin, sula bhfuair sé bás, dúirt sé leo go raibh sé chun áit a ullmhú dóibh ar neamh, áit a thug sé 'teach m'Athar' air. Cuimhnigh, is mian le Dia go mbeidh gach duine againn in éineacht leis ar neamh. Éistimis anois leis an méid a dúirt Íosa faoi na flaithis agus cad a tharlódh dóibh siúd, a bhfuil grá acu dó, tar éis dóibh bás a fháil, mar a insítear dúinn sa Soiscéal de réir Eoin.

**Íosa, an Bealach go dtí an tAthair (Eoin 14:1-3)**

'Ná bíodh buaireamh ar bhur gcroí: creideann sibh i nDia; creidigí ionamsa leis. Is iomaí áras i dteach m'Athar. Mura mbeadh, d'inseoinn daoibh é. Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh, agus má théim agus áit a chur i gcóir daoibh, tiocfaidh mé arís agus tógfaidh mé sibh chugam féin; i dtreo, an áit ina mbeadh mise, go mbeadh sibhse chomh maith.'



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a dúirt Íosa lena dheisceabail nuair a bhí a fhios aige go raibh sé chun iad a fhágáil?
- Cá raibh Íosa ag dul chun áit a ullmhú dá dheisceabail?
- Cén fáth go ndúirt Íosa go dtiocfadh sé ar ais i ndiaidh dó áit a ullmhú dóibh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An féidir leat smaoineamh ar ainm eile ar theach an Athar? (neamh)
- Cad a bhí i gceist ag Íosa, dar leat, nuair a dúirt sé, 'Is iomaí áras i dteach m'Athar'? An gceapann tú go raibh 'seomraí' i gceist aige faoi mar atá sa bhaile i do theach, nó b'fhéidir go raibh sé ag baint úsáid as an íomhá de sheomraí chun cabhrú le daoine a thuiscint go bhfuil áit do gach duine ar neamh?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine atá ar neamh? (Dia, Íosa, Muire, na naoimh, iad siúd go léir a fuair bás a thug grá do Dhia)

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Bíodh a fhios agat go bhfuil Dia leat. Chuir Dia Íosa chugat chun an teachtaireacht chéanna agus a thug sé dá dheisceabail, a thabhairt duit. Éist le hÍosa á rá leat gur mian leis tusa a bheith in éineacht leis go deo, anseo ar an domhan agus, in aimsir Dé, in éineacht leis ar neamh nuair a fhaigheann tú bás. Teastaíonn ó Dhia go mbeadh beatha iomlán agat anseo ar domhan. Bíonn sé linn an t-am ar fad agus muid ag iarraidh é seo a dhéanamh. Fanann Dia linn i gcónaí le grá agus trócaire chun filleadh air má theipeann orainn. Gabh buíochas le hÍosa as gealladh áit a ullmhú duit ar neamh. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### SEO É PARTHAS!

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur bhain Íosa úsáid as íomhánna chun labhairt faoi réaltacht an tsaoil tar éis bháis. Roinnt de na híomhánna a d'úsáid sé ná: 'Teach m'Athar', áit a bhfuil 'iomaí áras' ann. Tá tú chun deis a thabhairt do na páistí anois a n-íomhá féin de neamh a chruthú. Sula ndéanann tú amhlaidh, tabhair cuireadh dóibh a gcuid smaointe faoi neamh a roinnt ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad iad na híomhánna a thagann isteach i d'intinn agus tú ag smaoineamh ar neamh?
- An dóigh leat gur áit sona nó áit bhrónach í neamh? Cén fáth?
- Cé a d'fhéadfadh a bheith ann, i do thuairim?
- Cad iad na dathanna a bhféadfá a úsáid chun neamh a léiriú? Cén fáth go roghnófá na dathanna sin? Ansin tabhair cuireadh do na páistí a n-íomhá féin de neamh a chruthú.



*Parthas* le Giovanni di Paolo (c. 1445)

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### AG CUIMHNEAMH ORTHU SIÚD A FUAIR BÁS

- Tabhair chun cuimhne leis na páistí an phaidir a deirimid dóibh siúd a fuair bás:

Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu.

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar dhuine éigin a raibh aithne acu orthu agus a fuair bás. Mínigh dóibh go bhfuil sibh chun coinneal a lasadh, ar son na ndaoine sin go léir. (Las coinneal an ranga) Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i láthair inár measc.
- Agus an choinneal ar lasadh, iarr ar na páistí a súile a dhúnadh ar feadh nóiméid agus guí lena nguth istigh ar son duine a bhfuil siad ag smaoineamh orthu a fuair bás. Mínigh gur féidir leo an focal 'dóibh' sa phaidir a athrú go 'dó' nó 'di' mar is cuí.
- Tabhair cuireadh do na páistí a súile a oscailt nuair a bhíonn siad réidh. Ansin guígí an phaidir ar son na marbh le chéile.

## GNÍOMHAÍOCHT LE COLLÁIS

### AN BEALACH GO DTÍ AN TATHAIR

**Nóta:** *Beidh rogha mór de shean irisí agus nuachtáin uait don ghníomhaíocht seo.*

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi dhul ar neamh. Cuir i gcuimhne dóibh gur mian le Dia go mbeimid go léir in éineacht leis ar neamh nuair a gheobhaimid bás. Tá sé ráite ag Naomh Eoin dúinn gurb é Íosa an bealach go dtí an tAthair. Tabhair cuireadh do na páistí roinnt scéalta faoi Íosa a thabhairt chun cuimhne, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na scéalta faoi Íosa ar cuimhin leat ina dtaispeánann sé dúinn conas ba cheart dúinn maireachtáil? Pioc ceann amháin agus inis dúinn cad a bhí le rá ag Íosa ann faoi conas ba chóir dúinn maireachtáil.
- Nuair a dhéanann daoine iarracht maireachtáil mar a d'iarr Íosa, tá siad ag cabhrú chun domhan níos fearr a thógáil do gach duine.

An gceapann tú go gcabhraíonn sé le daoine má bhíonn a fhios acu go bhfuil siad ag tógáil domhan níos fearr do gach éinne?

B'fhéidir gur mhaith leat na páistí a chur ag obair i ngrúpaí don chleachtadh seo. Roinnt nuachtáin agus irisí do gach grúpa agus mínigh dóibh go bhfuil siad chun colláis a dhéanamh ag baint úsáid as pictiúir agus ceannteidil. 'An Bealach go dtí an tAthair' a bheidh mar theideal ar na colláisí.

Tabhair cuireadh do na páistí íomhánna de dhaoine atá ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa, nó ag déanamh cuid de na rudaí a rinne Íosa, a ghearradh amach. Is féidir leo na ceannlínte/ pictiúir a ghearradh amach nó is féidir leo a gceannteidil féin a chumadh.

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a saothar ealaíne a thaispeáint ar bhallaí an tseomra ranga.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is próiseas nádúrtha é an bás do gach rud cruthaithe. Nuair a fhaigheann duine bás, bíonn a theaghlach agus a chairde brónach agus uaigneach. Is féidir linn guí ar son gach duine a fuair bás, go háirithe dóibh siúd a raibh aithne againn orthu agus grá againn dóibh. Cé gurb é an bás deireadh an tsaoil ar domhan, mar lucht leanúna Íosa creidimid agus tá súil againn go mbeidh áit dúinn go léir i dteach a Athar. Is mian le Dia go gcaithimid an bheatha shíoraí leis ar neamh nuair a fhaighimid bás. Insíonn an Bíobla dúinn gurb é Íosa 'an bealach' go dtí an tAthair. Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn conas saol an ghrá a chaitheamh. Nuair a bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun bás a fháil, dúirt sé lena dheisceabail gan a bheith trína chéile nó eaglach. Dúirt sé leo go raibh sé ag dul go dtí teach a Athar chun áit a ullmhú dóibh. Dhearbhaigh sé dóibh freisin go mbeadh sé  leo i gcónaí.


## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### AN COSÁN GO DTÍ AN tATHAIR

- Déan fótachóip de theimpléad an lorg coise thíos, agus tabhair cóip do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina mhair Íosa fad is a bhí sé ar domhan.
- Ansin iarr ar na páistí scríobh ar an lorg coise roinnt bealaí inar féidir leo maireachtáil cosúil le hÍosa nuair a bhíonn siad lena muintir agus lena gcairde.

Tabhair am dóibh an lorg coise a mhaisiú.

- Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht críochnaithe, iarr ar na páistí a loirg a shochrú mar chosán, faoin gceannteideal 'Is é Íosa an Bealach go dtí an tAthair'. Taispeáin an saothar ealaíne sa/in aice leis an spás urnaí.




## PAIDIR

**Ullmhúchán:** Roghnaigh triúr léitheoir. Tá na sleachta ar fáil thíos. Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí, áit ar féidir leo amharc ar a gcuid saothar ealaíne.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Inniu cuimhnímis agus guímis ar son daoine a raibh aithne againn orthu agus a fuair bás. Lasaimid ár gcoinneal chun a thabhairt chun cuimhne go bhfuil Íosa i láthair linn. (*Lasann an múinteoir an choinneal*) Anois, le do ghuth taobh istigh, ainmnigh duine a raibh aithne agat air/uirthi, a d'éag. Guímis go mbeadh suaimhneas síoraí acu uile. Is é an freagra ar na paidreacha ná: Is é Íosa an bealach go dtí an tAthair. Agus sibh ag guí, féach ar loirg na gcos a chruthaigh sibh.


**Léitheoir 1:** Gabhaimid buíochas le hÍosa as muid a spreagadh gan a bheith eaglach nó trína chéile ag am ar bith.
**Gach duine:** Is é Íosa an bealach go dtí an tAthair.

**Léitheoir 2:** Gabhaimid buíochas le hÍosa as áit a ullmhú dúinn ar neamh.
**Gach duine:** Is é Íosa an bealach go dtí an tAthair.

**Léitheoir 3:** Gabhaimid buíochas le hÍosa as an mbealach a léiriú dúinn don Athair ... chun na flaithis.
**Gach duine:** Is é Íosa an bealach go dtí an tAthair.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 2: An Carghas

Ba chóir an ceacht seachtaine seo a dhéanamh i rith na seachtaine ina cheiliúrtar Céadaoin an Luaithrigh.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Chuir Dia Íosa chugainn chun sinn a shábháil ónár bpeacaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- D'iarr Íosa ar dhaoine aithrí a dhéanamh agus an Dea-Scéal a chreidiúint, is é sin, teacht Ríocht Dé

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

*Saol Poiblí Íosa*

- Lúc 15:4-7. Parabal na caorach a bhí imithe amú
- Mth 9:1-8; Mc 2:1-12. Leigheas an fhir a rugadh ina pharailíseach

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Paidir ag iarraidh Maithiúnais
- Paidir tar éis Maithiúnais
- Gníomh Dóláis

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Dathanna na n-éidí eaglasta a úsáidtear ar an Domhnach i rith na séasúr éagsúla den bhliain liotúirgeach: Corcra - an Carghas
- Tráth den bhliain é an Carghas chun iompú i dtreo Dé arís agus creidiúint sa Dea-Scéal
- Maireann an Carghas ar feadh breis is dhá scór lá ag tosú ar Chéadaoin an Luaithrigh agus ag críochnú ar Dhéardaoin na Comaoineach
- Cuireann deasghnáth an Luaithrigh ar Chéadaoin an Luaithrigh i gcuimhne dúinn gur gá dúinn iompú i dtreo Dé, aithrí a dhéanamh agus maireachtáil de réir an tSoiscéil

**Sacraimintí**

- Is sacraimintí leighis iad Sacraimint an Athmhuintearais agus Ungadh na n-Easlán
- I Sacraimint an Athmhuintearais déanann an Eaglais ceiliúradh ar ghrá agus ar thrócaire Dé agus tugann sí cuireadh do dhaoine a bpeacaí a admháil, maithiúnas a lorg agus athmhuintearas a dhéanamh le Dia agus lena chéile
- Thug Íosa maithiúnas do pheacaigh agus thug sé ar ais dá bpobal iad
- Léiríonn Críostaithe a gcreideamh in Íosa trí mhaithiúnas a thabhairt agus trí ghlacadh le maithiúnas
- Leanann Sacraimint an Athmhuintearais ar aghaidh le hobair an mhaithiúnais agus athmhuintearais a thosaigh Íosa
- I Sacraimint an Athmhuintearais casaimid le hÍosa Aiséirithe
- Tagann grásta an mhaithiúnais i Sacraimint an Athmhuintearais ó bhás slánaitheach agus Aiséirí Íosa

### MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Tugann Dia an saoirse dúinn rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc - comhartha den ghrá atá aige dúinn. Tugtar saor-thoil ar seo.

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*c. Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhoráltacht**

1. *Féinmheas.*

   Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta,
  morálta, mothúchánacha agus sóisialta féin.
- Tosú ar a laigí féin a aithint agus glacadh leo.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a hAon/B3 agus i Rang a Dó/B4 d'ullmhaíomar na páistí ar son, agus fuair siad, Sacraimint an Athmhuintearais. Táthar ag súil go bhfuil siad ag ceiliúradh na sacraiminte seo go rialta lena dtuismitheoirí; ach admhaítear, áfach, nach amhlaidh a bheidh sé seo do roinnt páistí. Ní féidir linn a bheith ag súil go ndéanfaidh páistí an sacraimint seo a cheiliúradh muna ndéanann na daoine fásta timpeall orthu amhlaidh.

Sa cheacht seo déanfaidh na páistí athbhreithniú ar conas Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh agus déanfaidh siad a dtaithí ar a bheith réitithe a dhoimhniú. Arís eile cuirimid i gcuimhne dóibh go mbuaileann siad le hÍosa Aiséirithe agus sacraimint á ceiliúradh acu. I Sacraimint an Athmhuintearais leanann Íosa Aiséirithe le hobair an mhaithiúnais agus an athmhuintearais a bhí mar phríomhghné dá misean le linn dó a bheith ar domhan. Nuair a bhuailimid le hÍosa i Sacraimint an Athmhuintearais tugann sé dearbhú dúinn gur féidir linn filleadh go síochánta agus le háthas ar ár muintir agus cairde, agus a bheith páirteach leo ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn.

Tréimhse ama atá sa Charghas, ag tosú le Céadaoin an Luaithrigh, atá curtha ar leataobh le haghaidh urnaí, troscaidh agus déirce mar ullmhúchán do cheiliúradh na Cásca. Le linn an Charghais déanfaidh na páistí iniúchadh ar an riachtanas atá orthu maithiúnas a fháil agus a thabhairt, agus díriú ar a gcaidreamh le Dia a dhoimhniú. Déanaimid áthas an Aiséirí a cheiliúradh nuair a théimid ag an bhFaoistin.

Cuireadh séasúr an Charghais in aithne na bpáistí roimhe seo sa chlár *I nGrá Dé*:

- Sna Naíonáin Shóisearacha/B1 d'fhoghlaim na páistí gur tréimhse í an Carghas le roinnt, rud a léiríonn teagasc Íosa faoi déirc a thabhairt (carthanas).
- Sna Naíonáin Shinsearacha/B2 d'fhoghlaim na páistí gur tréimhse í an Carghas le haithrí a bheith orthu, agus rinne siad machnamh ar nádúr na haithrí.
- I Rang a hAon/B3 d'fhoghlaim na páistí faoi staonadh ó rud éigin i rith an Charghais, rud a léiríonn nádúr troscaidh an tséasúir.
- I Rang a Dó/B4 a d'fhoghlaim na páistí gur tráth ullmhúcháin é an Carghas don Cháisc, agus go ndéanann lucht leanúna Íosa geallúintí éagsúla i rith an Charghais mar chomhartha go dteastaíonn uathu maireachtáil agus grá a roinnt cosúil le hÍosa. D'fhoghlaim na páistí freisin faoi nádúr geallúintí an Charghais.

I mbliana spreagaimid na páistí chun an t-eolas atá acu ar an aithrí a dhoimhniú, trí iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir leo a bheith réitithe níos mó leo féin, le daoine eile agus le Dia.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Slánú:** A bheith saor ó pheaca.
**Faoistin:** I Sacraimint an Athmhuintearais, déanaimid ár bpeacaí a admháil i bhfianaise an tsagairt, a sheasann in áit Chríost.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Stiallacha cárta don 'Slabhra Maithiúnais'

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE MAITHIÚNAS

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi 'maithiúnas a lorg' agus 'maithiúnas a fháil' ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Ar thug tú maithiúnas d'éinne riamh as rud ar bith? Cad a dúirt tú leis an duine ar thug tú maithiúnas dó/di?
- An cuimhin leat am nuair a thug duine éigin maithiúnas duit? Cad a dúirt nó cad a rinne siad chun maithiúnas a thaispeáint?
- Conas a mhothaíonn tú nuair a deir tú go bhfuil brón ort?
- Conas a mhothaíonn tú nuair a thugann duine maithiúnas duit?

Ansin léigh an scéal 'Maithiúnas an Rí'.

## SCÉAL

### Maithiúnas an Rí

Fadó, fadó, bhí rí ann a chuaigh ar thuras lena chuid airí, lena ghardaí slándála agus le daoine eile. Bhí sé ag glacadh sosa faoi scáth crann mangó i ngairdín mangó lena fhoireann nuair a bhuail cloch é ar a chlár éadain. Thosaigh sé ag cur fola láithreach.

Ní raibh a fhios ag an rí cé a chaith an chloch leis, ach bhí a fhios aige go raibh pian uafásach á fhulaingt aige. D'fhág na gardaí slándála láithreach chun an duine a chaith an chloch ag an rí a chuardach. Chuardaigh siad an ceantar iomlán, ach níor tháinig siad ach ar seanbhean amháin, agus d'iarr siad uirthi ar chaith sí cloch ar bith le déanaí.

'Chaith,' a d'fhreagair sí. 'Chaith mé cloch ag an gcrann mangó.'

D'iarr siad uirthi, 'Ar chaith tú cloch ar bith ag an rí?' Léirigh aghaidh na mná go raibh eagla uirthi, agus mar sin d'inis an garda léi go gcuirfí pionós uirthi. Gabhadh an bhean agus tógadh i láthair an rí í.

Chraith sí le heagla agus ghuigh sí nach gcuirfí chun báis í. Nuair a chonaic sí an fhuil ag sileadh ó aghaidh an rí, bhí sí trína chéile, gan dóchas ar bith aici. 'Cad a tharlóidh domsa?' Cheap sí.

D'iarr an rí go ciúin uirthi, 'Ar chaith tú an chloch liom?'

D'fhreagair sí, 'A Shoilse, chaith mé an chloch ag an gcrann mangó.'

'Cén fáth?' D'iarr an rí.

D'fhreagair sí, ag caoineadh, 'A Shoilse, tá ocras ar mo leanbh le dhá lá. Bhí mé ag bailiú bia dó ach níor tháinig mé ar aon rud. Bhí mé ag súil, nuair a chaith mé an chloch ag an gcrann mangó, go dtitfeadh mangó anuas agus go mbeinn in ann mo mhac a bheathú. A Shoilse, bhuail an chloch do chlár éadain trí thimpiste, agus is mise atá ciontach.'

D'umhlaigh an bhean os comhair an rí, ag iarraidh pardún uaidh. Duine cineálta ba ea an rí agus thuig sé an cás go soiléir. Thug sé maithiúnas don bhean agus d'ordaigh sé do na gardaí slándála gan pionós ar bith a chur uirthi. In ionad pionóis dúirt sé leis na gardaí airgead agus bia a thabhairt di, agus í a thabhairt ar ais go sábháilte chuig a teach.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a bhí ag taisteal leis an rí?
- Cén fáth ar chaith an bhean an chloch ag an gcrann mangó?
- Cén fáth a raibh eagla ar an mbean?
- An ndearna an bhean rud éigin mícheart? Cén fáth a cheapann tú amhlaidh?
- Cad a dhéanann rud éigin mícheart? (Bíonn a fhios againn go bhfuil sé mícheart, ach déanaimid fós é

Ansin tochailt níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cé a léirigh maithiúnas sa scéal seo?
- Chomh maith le maithiúnas a thabhairt don bhean, thaispeáin an rí comhbhá. Conas a rinne sé sin?
- Cad a insíonn an scéal seo duit faoin rí?
- Cad a insíonn an scéal seo duit faoin mbean?
- Ar léigh tú scéal nó ar chonaic tú scannán ina léirigh duine éigin maithiúnas? Scaipigí an scéal sin.
- An bhfuil sé éasca i gcónaí maithiúnas a thabhairt do dhuine a ghortaigh tú? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?

## PAIDIR

*Bíodh cros chéasta sa spás urnaí agus tabhair aird na bpáistí chuici.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Tosaíonn séasúr an Charghais le Céadaoin an Luaithrigh. I rith an Charghais smaoinímid ar an gcaidreamh atá ann idir sinn agus Dia. Is é corcra an dath a úsáidtear sa séipéal don séasúr liotúirgeach seo. Éide shagartúil chorcra a chaitheann an sagart ag an Aifreann agus úsáidimid éadach corcra inár spás urnaí. Comhartha aithrí atá sa dath corcra. Le linn an Charghais iarrtar orainn aithrí a dhéanamh, a bheith brónach, agus dul ar shiúl ónár bpeacaí.

Tosaímid ár n-urnaí inniu ag tabhairt buíochas le Dia as a ghrá dúinn. Is cuimhin linn na huaireanna nár fhreagraíomar i ngrá le glaoch Dé.

Ar Chéadaoin an Luaithrigh, an chéad lá den Charghas, gearrann an sagart *Comhartha na Croise* le luaithreach ar éadan na bhfíréan. Deir sé: 'Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal.'

'Dea-Scéala' a chiallaíonn an focal 'Soiscéal'. Is é an Dea-Scéala atá sa Soiscéal ná beatha, bás agus Aiséirí Íosa. Nuair a deir an sagart na focail seo, tá sé ag iarraidh orainn maireachtáil mar a léirigh Íosa dúinn. Is é an freagra ar an urnaí inniu ná: Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal.

**Gach duine:** Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal.

**Múinteoir:** Iarrann Dia i gcónaí orainn dul ar shiúl ónár bpeacaí mar teastaíonn uaidh a thrócaire a thaispeáint dúinn. Mar sin, guímis go mbeadh an misneach againn casadh ar ais chuig Dia.
**Gach duine:** Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal.

**Múinteoir:** Níl críoch le trócaire Dé. Guímis go gcreidimid i dtrócaire Dé.
**Gach duine:** Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal.

**Múinteoir:** Nuair a chasaimid ónár bpeacaí agus, cosúil le Zacháias, nuair a chreidimid i ngrá Dé, léiríonn sé trócaire dúinn agus bíonn sé réidh ár bpeacaí a mhaitheamh, is ansin atáimid in ann maireachtáil sa bhealach a léirigh Íosa dúinn.

Agus muid ag féachaint ar an gcros chéasta anois, guímis le chéile: Seo é crann na Croise.
**Gach duine:** Seo é crann na Croise.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE HÍOSA AGUS MAITHIÚNAS

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Beannaíonn an sagart nó ionadaí an pharóiste na daoine le luaithreach ar Chéadaoin an Luaithrigh chun tús thuras an Charghais a chomóradh. Más gá, is féidir le tuataí cabhrú leis an sagart i ndáileadh luaithreach. Déantar an luaithreach seo as na craobhacha pailme a úsáideadh ar Dhomhnach na Pailme an bhliain roimhe sin.

Tabhair chun cuimhne an scéal faoin rí ag tairiscint maithiúnais don bhean. Ansin fiafraigh de na páistí an méid is cuimhin leo faoi mhaithiúnas Íosa, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An féidir libh éinne a leigheas Íosa a thabhairt chun cuimhne?
- Cad a dúirt Íosa faoin gcaoi ar cheart dúinn maithiúnas a thabhairt dá chéile?
- An maitheann Íosa daoine sa lá atá inniu ann? Conas a dhéanann sé é sin?
- Cé eile a mhaitheann tú as na rudaí míchearta a dhéanann tú?

Déan measúnú ar réamheolas na bpáistí faoin gCarghas ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- Cén lá a thosaíonn an Carghas?
- Cad a chaitheann daoine ar a n-éadain ar Chéadaoin an Luaithrigh? Cá bhfaigheann siad an luaithreach? Cén bhrí a bhaineann leis an luaithreach? (I bhfad ó shin chaith daoine luaithreach aon uair a bhí siad ag déanamh aithrí as rud éigin mícheart a rinne siad)
- Cad a deir an sagart nuair a chuireann sé luaithreach ar éadan duine? ('Déanaigí aithrí agus creidigí sa Soiscéal')
- Cad é an Soiscéal? Conas a iarrann an Soiscéal orainn maireachtáil?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 88 dá leabhar.**

## AG COMHRÁ

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfuil dhá Shacraimint Leighis ann. Sacraimint an Athmhuintearais is ea ceann acu agus is é Sacraimint Ola na nEaslán an ceann eile. D'fhoghlaim na páistí faoi Shacraimint Ola na nEaslán i dTéama 3 den chlár seo.

### MAIDIR LE SACRAIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

Mínigh do na páistí go bhfuil Íosa fós in éineacht linn chun leigheas agus beatha nua a thairiscint dúinn i Sacraimint na Athmhuintearais. Tá Sacraimint an Athmhuintearais ar cheann de sheacht sacraimint na hEaglaise Caitlicí. Agus an tSacraimint seo á cheiliúradh againn buailimid le hÍosa Aiséirithe agus leigheastar ár bpeacaí dúinn. Dúirt an Pápa Proinsias, 'Bíodh misneach agaibh agus imigh leat chun faoistine.' Dúirt sé freisin gur eispéireas a bhaineann le síocháin agus tuiscint atá i Sacraimint an Athmhuintearais.

Téigh ar ais ar an eolas atá ag na páistí faoi Shacraimint an Athmhuintearais trí na ceisteanna seo a chur orthu nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a tharlaíonn i Sacraimint an Athmhuintearais? Cén fáth go dtugann an sagart breithiúnas aithrí don duine ar mhaitheadh a bpeacaí dóibh?
- Cé atá ag iarraidh grá, trócaire agus maithiúnas a thabhairt dúinn i Sacraimint an Athmhuintearais? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach a rá le Dia go bhfuil brón orainn? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach é a rá le daoine eile freisin?
- Cén fáth a mbeadh misneach ag teastáil ó dhuine chun a pheacaí a admháil?
- An maith leat Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat? An gceapann tú gur rud maith é a dhéanamh?
- Cén fáth nach gceiliúrann daoine áirithe Sacraimint an Athmhuintearais go rialta?

Ansin tabhair chun cuimhne an méid a dhéanaimid nuair a cheiliúraimid Sacraimint an Athmhuintearais.

- Tugaimid chun cuimhne an dochar atá déanta againn agus bíonn brón orainn.
- Déanaimid ár bpeacaí a admháil, i bhfianaise an tsagairt, a sheasann in áit Chríost.
- Glacaimid leis an mbreithiúnas aithrí agus deirimid an Gníomh Dóláis.
- Faighimid maithiúnas ó Íosa trí aspalóid an tsagairt.
- Déanaimid iarracht maireachtáil ar nós Íosa.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 89 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### CÁSANNA A BHAINEANN LE HATHMHUINTEARAS

Tosaigh agus comhrá a dhéanamh leis na páistí faoina n-iompar sa seomra ranga. Tabhair cód an ranga, a chuir siad le chéile ag tús na bliana, chun cuimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth ar shocraíomar cód ranga a chur le chéile? An bhfuil sé éasca agaibh an cód a choinneáil? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Conas a mhúin an cód ranga seo dúinn muid féin a iompar? Conas a chuidíonn sé linn caidreamh a dhéanamh lena chéile?
- Tugann Dia an tsaoirse dúinn roghanna a dhéanamh. Tugtar saor-thoil ar seo. Is féidir linn a roghnú ár gcód ranga a choinneáil nó gan é a choinneáil.

Anois léigh na cásanna seo a leanas agus tabhair cuireadh do na páistí freagra a thabhairt orthu.

**Cás 1**
Tá tú i scuaine chun filleadh ar do sheomra ranga tar éis am lóin. Cloiseann tú an páiste os do chomhair amach ag rá rud éigin suarach faoi dhalta eile. Cad a dhéanann tú? Cad é an rud is fearr le déanamh, dar leat?

**Cás 2**
Cuireann duine de na páistí i do rang brú ort de thaisme. Ansin deir an páiste, 'Tá brón orm', agus tosaíonn gach duine eile ag gáire. Cuireann sé seo fearg ort. Cad a dhéanfá? Cad a cheapann tú ba cóir duit a dhéanamh?

**Cás 3**
Tá tú fágtha chun aire a thabhairt dod' dheartháir óg nuair a théann do mhamaí ag siopadóireacht. Tá tú ag iarraidh do obair bhaile a dhéanamh. Tá do dheartháir óg ag cur isteach ort. Braitheann tú feargach. Cad is féidir leat a dhéanamh? Cad a cheapann tú ba cóir duit a dhéanamh?

Seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- An bhfuil sé éasca maithiúnas a thabhairt nuair a deir duine éigin rud éigin a ghortaíonn do mhothúcháin? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- Cad é an rud is éasca a dhéanamh nuair a chuireann duine isteach ort nó nuair a ghortaíonn siad do mhothúcháin?
- Cad a iarrann Íosa ort a dhéanamh ina leithéid de chásanna?
- Cad a iarrann Íosa ort a dhéanamh má ghortaíonn tú mothúcháin duine éigin eile nó má chuireann tú isteach orthu ar bhealach ar bith?

## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh nó díriú ar an spás urnaí. Tabhair aire dod' anáil ag teacht isteach agus ag dul amach as do chorp ... Gabh buíochas le hÍosa as trócaire a thaispeáint duitse agus do gach duine eile ... Cuimhnigh go n-iarrann Íosa orainn maithiúnas a thabhairt agus trócaire a thaispeáint dá chéile ... Smaoinigh ar dhuine gur cóir duit trócaire a thaispeáint dóibh ... Le do ghuth taobh istigh inis ainm an duine sin d'Íosa ... Éist leis an méid a deir Íosa leat faoi thrócaire a thaispeáint ... Éist le hÍosa á rá leat cé mhéad grá atá aige duit ... Éist leis a rá, 'Déan aithrí, agus creid sa Soiscéal'... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le hÍosa as a bheith in éineacht leat i gcónaí. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## DEASGHNÁTH URNAÍ

### 'IOMPAIGH ÓN BPEACA'

- Tosaigh le comhrá a dhéanamh leis na páistí, maidir le réiteach a dhéanamh leo féin, le daoine eile, leis an dtimpeallacht agus le Dia, trí na ceisteanna seo a leanas, nó a leithéid, a chur:
  An raibh easaontas ann riamh idir tú féin agus do chairde? Nuair a tharlaíonn a léithéid, cad is gá duit a dhéanamh?
  Cén chaoi ar féidir linn ár gcairdeas le Dia a loit nó a scrios? Nuair a tharlaíonn a leithéid, cad is gá dúinn a dhéanamh?
  Cén chaoi a d'fhéadfaimis dochar a dhéanamh dár gcaidreamh leis an dtimpeallacht? Nuair a tharlaíonn a leithéid, cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun cúrsaí a chur i gceart?

  Mínigh do na páistí, go gcaithfimid ar bhealach speisialta le linn séasúr an Charghais, athmhuintearas a dhéanamh linn féin, le baill dár dteaghligh agus lenár gcairde, leis an dtimpeallacht agus le Dia. Is féidir linn é seo a dhéanamh trí dhul ar shiúl ón bpeaca, trí aithrí a dhéanamh, agus trí chreidiúint sa Soiscéal.

  Ansin tabhair na páistí isteach ar an deasghnáth seo:

Iompaigh, iompaigh, iompaigh ón bpeaca.
Bí ciúin, bí socair agus déan guí laistigh.
Cas ar Dhia, cas ar Dhia.
Déan aithrí, bí trócaireach agus mair go lúcháireach.

Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal agus tabhair isteach iad ar na gothaí a ghabhann leis an deasghnáth seo.

**Iompaigh, iompaigh, iompaigh** (*Brúigh lámha oscailte uait faoi thrí ar an bhfocal 'iompaigh'*)
**ón bpeaca**. (*Cuir na lámha ar do chroí, lámh chlé ar bharr na láimhe deise*)
**Bí ciúin**, (*Cuir do chorrmhéar ar do bhéal, ag déanamh comhartha ciúnais*)
**bí socair**, (*Seas go socair le lámha taobh leat*)
**agus déan guí laistigh**. (*Lámha le chéile ag guí*)
**Cas ar Dhia, cas ar Dhia**. (*Sín amach na géaga agus oscail do lámha faoi dhó ar an bhfocal 'cas'*)
**Déan aithrí, bí trócaireach agus mair go lúcháireach**. (*Lámha le chéile*)

Tabhair cuireadh do na páistí an deasghnáth seo a athdhéanamh cúpla uair.

**Déan tagairt do leathanach 90 de théacs na bpáistí, áit a bhfuil an deasghnáth seo agus na gothaí a ghabhann leis ar fáil.**

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a bhí Íosa ar domhan leighis sé daoine agus mhaith sé a bpeacaí dóibh. Déanann Íosa é seo fós inniu i Sacraimint an Athmhuintearais. Nuair a cheiliúraimid Sacraimint an Athmhuintearais ceiliúraimid an lúcháir agus an maithiúnas is mian le hÍosa Aiséirithe a thabhairt dúinn. Cuireann Sacraimint an Athmhuintearais ar ár gcumas a bheith réitithe linn féin, le Dia, leis an dtimpeallacht agus le daoine eile. Le linn séasúr An Charghais iarrtar orainn ar bhealach speisialta a bheith réitithe le Dia, le daoine eile agus leis an dtimpeallacht.

## CRAFT GNÍOMHAÍOCHT

### SLABHRA MAITHIÚNAIS

- Mínigh do na páistí gur minic nach mbíonn sé éasca na focail a fháil chun maithiúnas a iarraidh. Pléigh leo cad iad na focail nó na frásaí a d'fhéadfaidís a úsáid chun maithiúnas a iarraidh ar dhuine. Ansin tabhair cuireadh dóibh smaoineamh ar fhocail nó ar nathanna a d'fhéadfaidís a úsáid chun maithiúnas a thairiscint do dhuine éigin. Seo a leanas roinnt samplaí:
- Tá brón orm
- Tabhair maithiúnas dom le do thoil
- Maithim duit
- Síocháin leat
- Tá gach rud maite
- Bhí mé mícheart
- Ghortaigh mé do mhothúcháin
- Déanfaidh mé iarracht gan é sin a dhéanamh arís
- Go raibh maith agat as maithiúnas a thabhairt dom



- Cláraigh a gcuid freagraí.
- Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun Slabhra Maithiúnais a chruthú anois chun a chur i gcuimhne dóibh go mbíonn maithiúnas ag teastáil uainn go léir as na daoine a ghortaíomar. Ní mór dúinn maithiúnas a thabhairt dóibh siúd freisin a ghortaigh muid.
- Dáil amach stiallacha páipéir ar na páistí agus iarr orthu frása(í) maithiúnais a scríobh ar na stiallacha agus iad a mhaisiú.
- Iarr ar na páistí a gcuid frásaí a nascadh le chéile chun slabhra a dhéanamh.
- Ar deireadh, iarr ar na páistí an slabhra a chur isteach nó in aice leis an spás urnaí.

# Seirbhís Urnaí

Téama: An Carghas

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ba chóir an tseirbhís urnaí seo a dhéanamh ar Chéadaoin an Luaithrigh. B'fhéidir gur mhaith leat seiceáil le seiplíneach na scoile le feiceáil an bhfuil sé/sí agus/nó ionadaí paróiste ar fáil chun teacht isteach sa seomra ranga agus luaithreach a dháileadh ar na páistí. Mura bhfuil, b'fhéidir go mbeidh tú in ann luaithreach a bhailiú ó shéipéal an pharóiste agus é a dháileadh ar na páistí tú féin. Ní gá duit a bheith i do shagart chun luaithreach a dháileadh ar Chéadaoin an Luaithrigh. Má tá sé dodhéanta luaithreach a dháileadh ar scoil, spreag na páistí dul chuig an séipéal lena gclann, tar éis na scoile, chun luaithreach a fháil.

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, bosca Trócaire, an Bíobla Naofa, an slabhra maithiúnais agus uisce coisricthe i mbabhla – é áisiúil do na páistí.*
- *Roghnaigh beirt léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
  *Roghnaigh beirt pháiste chun an Bíobla Naofa agus an bosca Trócaire a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse.*

*Ar dtús, iarr ar na páistí siúl, duine i ndiaidh a chéile, i dtreo an uisce coisricthe, a méara a chur isteach ann agus* Comhartha na Croise *a ghearradh ar a n-éadain.*

**Múinteoir:** Agus *Comhartha na Croise* á ghearradh againn ar an éadan le huisce coisricthe, cuimhnímid gur doirteadh uisce ar ár gcinn ag an mBaisteadh.

*Ansin tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh sa deasghnátha 'Iompaigh ón bpeaca'.*

**Iompaigh, iompaigh, iompaigh** (*Brúigh lámha oscailte uait faoi thrí ar an bhfocal 'iompaigh'*)
**ón bpeaca**. (*Cuir na lámha ar do chroí, lámh chlé ar bharr na láimhe deise*)
**Bí ciúin**, (*Cuir do chorrmhéar ar do bhéal, ag déanamh comhartha ciúnais*)
**bí socair**, (*Seas go socair le lámha taobh leat*)
**agus déan guí laistigh**. (*Lámha le chéile ag guí*)
**Cas ar Dhia, cas ar Dhia**. (*Sín amach na géaga agus oscail do lámha faoi dhó ar an bhfocal 'cas'*)
**Déan aithrí, bí trócaireach agus mair go lúcháireach**. (*Lámha le chéile*)

**Múinteoir:** Táimid bailithe le chéile inniu chun tús a chur lenár n-aistear don Charghas. Críochnóidh an aistear seo le ceiliúradh Aiséirí Íosa um Cháisc.
**Gach duine** (*can*): A Thiarna, déan trócaire.

*Tabhair cuireadh don chéad dalta an Bíobla Naofa a chur sa spás urnaí.*

**Léitheoir 1:** Líonann Briathar Dé sinn le háthas agus le dóchas. Léimid faoin leigheas agus faoin mhaithiúnas a roinn Íosa ar dhaoine. Iarraimid go gcuimhneoimid i gcónaí, go ndéanfaidh sé amhlaidh dúinn, nuair a bhíonn brón orainn agus nuair a iompaímid ónár bpeacaí.

**Léitheoir 2:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha.

*Ar dhul ar bord dó, chuaigh [Íosa] trasna agus tháinig isteach ina chathair féin.*
*Tugadh pairiliseach chuige ina luí ar leaba. Nuair a chonaic Íosa an creideamh a bhí acu, dúirt sé leis an bpairiliseach: "Bíodh misneach agat, a mhic! tá do pheacaí maite."*

*Leis sin, dúirt cuid de na scríobhaithe leo féin: "Sin diamhasla dó."*

*Ach bhí a fhios ag Íosa cad a bhí ina gcroí agus dúirt: "Cén fáth a bhfuil na smaointe mallaithe seo in bhur gcroí? Cé acu is fusa a rá, más ea: 'Tá do pheacaí maite'; nó a rá: 'Éirigh agus siúil'? Ach chun go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil údarás ag Mac an Duine ar an talamh chun peacaí a mhaitheamh" – dúirt sé ansin leis an bpairiliseach: "Éirigh, tóg leat do leaba agus gabh abhaile."*

*D'éirigh seisean agus chuaigh abhaile.* (Matha 9:1-7)

**Múinteoir:** Tá a fhios againn nach mairimid i gcónaí mar is mian le hÍosa dúinn. Ní mairimid i gcónaí de réir geallúintí an bhaiste. Ach tá a fhios againn go mbíonn grá ag Íosa duinn i gcónaí agus go mbíonn sé réidh maitheanas a thabhairt dúinn nuair a deirimid go bhfuil brón orainn faoi na peacaí atá déanta againn agus nuair a gheallaimid iarracht níos fearr a dhéanamh sa todhchaí.
**Gach duine** (*can*): A Thiarna, déan trócaire.

*Tabhair cuireadh don dara dalta an bosca Trócaire a chur sa spás urnaí.*

**Múinteoir:** Seo séasúr an Charghais agus fuaireamar luaithreach chun aistear an Charghais a chur i gcuimhne dúinn. Smaoinímid ar an gcaoi nach mairimid i gcónaí de réir geallúintí an bhaiste. Bíonn brón orainn agus geallaimid iarracht níos fearr a dhéanamh.
**Gach duine:** a Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as Íosa a sheoladh chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil. Go dtógfaimis síocháin agus athmhuintearas aon áit is féidir linn. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Ag smaoineamh ar Naomh Pádraig

Ba chóir an ceacht seachtaine seo a dhéanamh i rith na seachtaine ina cheiliúrtar Lá Fhéile Pádraig.

## ÓN GCURACLAM

***Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 3:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Na Naoimh: Naomh Pádraig

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- Eoin 20:21; Síocháin daoibh

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Lúireach Phádraig

*Paidreacha Breise*

- Freagraí an Aifrinn
- A Phádraig, aspal Éireann…

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Ar Lá Fhéile Pádraig ceiliúraimid teacht na Críostaíochta go hÉirinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

D'fhoghlaim na páistí cheana féin faoi Naomh Pádraig sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo. I Naíonáin Shóisearacha/B1 d'fhoghlaim siad faoi ghabháil Phádraig agus an saol a bhí aige ina dhiaidh sin mar sclábhaí in Éirinn, a éalú, agus faoi mar a d'fhill sé níos déanaí ar Éirinn chun na daoine a mhúineadh faoi Dhia. I Rang a hAon/B3 chuala páistí faoi conas a las Pádraig tine na Cásca ar Chnoc Sláine agus faoi conas a thiontaigh Ard-Rí na hÉireann don Chríostaíocht.

I mbliana féachaimid ar Fhaoistin Naomh Pádraig, a dtugtar an *Confessio* air freisin, ina dtugann Pádraig féin cuntas ar a shaol. Cuirfidh na páistí aithne níos doimhne ar Phádraig mar dhuine a bhí umhal, a raibh aithne aige ar a laigí féin agus a d'aithin go raibh sé ag brath ar Dhia. Thuig Pádraig go raibh Dia gar dó i gcónaí, go gcosnódh sé é agus go spreagfadh sé é ina bhriathra agus ina ghníomhartha go léir. Comhrá le Dia a bhí in urnaí Phádraig. Thug grásta Dé misneach dó a shaol a chaitheamh ag teagasc muintir na hÉireann faoi Dhia. Spreag sé é le húsáid a bhaint as aon rud naofa i dtraidisiúin na ndraoithe chun na daoine a mhúineadh faoin dTríonóid Bheannaithe.

## EOCHAIRFHOCAIL

**An Tríonóid:** tá trí phearsa in aon Dia amháin. Is iad an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh iad. Maireann na trí phearsa seo i gcaidreamh grámhar lena chéile agus tugtar an Tríonóid Naofa orthu.
**Cruach Phádraig:** sliabh naofa a bhaineann le Naomh Pádraig. Tá sé taobh le Cuan Mó i gContae Mhaigh Eo.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Seamróg réadúil, nó cóip den teimpléad ón tSeirbhís Urnaí i dTéama a hAon, do gach páiste
- Cóip den teimpléad seamróige ón tSeirbhís Urnaí i dTéama a hAon do gach páiste
- Ábhair éagsúla, cosúil le cailc, maidí, clocha, cré, chun crosa Ceilteacha a dhéanamh
- Píosaí móra de pháipéar bán agus ábhair dhathúcháin chun leabhar pictiúr de Naomh Pádraig a dhéanamh

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE NAOMH PÁDRAIG

Tosaigh ag comhrá faoi Lá Fhéile Pádraig agus conas a dhéantar é a cheiliúradh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a dhéanann daoine in Éirinn inniu beatha Phádraig a cheiliúradh ar a lá fhéile?
- Conas a cheiliúrann daoine ar fud an domhain é?
- Cad is maith leat a dhéanamh ar Lá Fhéile Pádraig?

Ansin déan measúnú ar réamheolas na bpáistí maidir le scéalta/finscéalta faoi bheatha Phádraig, ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- Cad is cuimhin libh a chloisteáil faoi Naomh Pádraig agus é ina bhuachaill óg? An cuimhin libh dhá bhrionglóid cáiliúla a bhí ag Pádraig? (ag éalú i long ; chuala sé muintir na hÉireann ag glaoch air teacht ar ais go hÉirinn)
- An cuimhin libh cad a tharla nuair a las Pádraig an tine chnámh ar Chnoc Sláine? (Pádraig i láthair le Laoire, Ard-Rí na Éireann)

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### ÍOMHÁNNA AGUS SCÉALTA A BHAINEANN LE NAOMH PÁDRAIG

- Tosaigh agus íomhánna éagsúla a bhaineann le Naomh Pádraig, atá ar fáil ar líne, a thaispeáint do na páistí.
- Iarr orthu ceithre íomhá a roghnú is mó a cheapann siad a bhfuil baint acu le Naomh Pádraig (m.sh. seamróg, uibheacha Cásca, cnoc le caoirigh, crainn Nollag, bád, tine ar thaobh cnoic, bogha báistí)
- Tabhair cuireadh do na páistí ceithre ghrúpa a dhéanamh. Tabhair ceann amháin den cheithre íomhá, ar roghnaigh siad, do gach grúpa. Iarr orthu cuimhneamh agus labhairt faoin scéal a bhaineann leis an íomhá. Ansin d'fhéadfadh le páiste amháin an scéal a athinsint don rang ar fad.

## PAIDIR

**Múinteoir:** Gearraimis *Comhartha na Croise* orainn féin in ainm na Tríonóide: Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Tosóimid ag guí *Lúireach Phádraig* le chéile, - paidir a chreidtear gur scríobh Naomh Pádraig féin í. Bhí creideamh láidir agus caidreamh láidir ag Pádraig le Dia.

*Is féidir leis na páistí an phaidir a léamh ó leathanach 93 dá leabhar.*

**Gach duine:**
Críost liom.
Críost romham.
Críost i mo dhiaidh.
Críost ionam.
Críost ar mo lámh dheas.
Críost ar mo lámh chlé.
Críost i mo chuideachta is cuma cá dtéim.
Críost mar chara agam, anois is go buan.
Áiméan.

**Múinteoir:** Tugaim cuireadh duit do shúile a dhúnadh anois agus tabhair aire do do chuid anála ag dul isteach agus ag fágáil do chorp … Glac do shuaimhneas agus bíodh a fhios agat go bhfuil Críost leat díreach anois … díreach mar a bhí sé in éineacht le Pádraig ar an gcnoc nuair a bhí sé ag tabhairt aire do na caoraigh … agus nuair a d'éalaigh sé i mbád … agus nuair a tháinig sé ar ais go hÉirinn agus nuair a mhúin sé na daoine faoi Dhia … Anois, le do ghuth taobh istigh, is féidir leat a iarraidh ar Dhia cibé is gá duit ag an am seo i do shaol … Iarr air cabhrú leat cuimhneamh go bhfuil sé i gcónaí leatsa, is cuma cad a tharlaíonn. B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil leis as a ghrá agus a chúram sula n-osclaíonn tú do chuid súl.

Gach bliain ar Lá Fhéile Pádraig cuimhnímid ar Phádraig agus gabhaimid buíochas le Dia as Naomh Pádraig a sheoladh go hÉirinn chun an creideamh a roinnt linn.

*Comhartha na Croise*

*Sign of the Cross*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE CONAS A MHÚIN NAOMH PÁDRAIG

Mínigh do na páistí gur chaith Pádraig go leor blianta in Éirinn nuair a bhí sé ina sclábhaí, agus mar thoradh ar sin bhí a fhios aige agus thuig sé cad a bhí tábhachtach do mhuintir na hÉireann. Sa bhliain 432AD d'fhill Pádraig ar Éirinn mar easpag. Chreid sé go raibh Dia ag glaoch air daoine a mhúineadh faoin aon Dia fíor amháin a chruthaigh an domhan agus a chuir a Mhac, Íosa, ar domhan chun daoine a mhúineadh conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Thug Pádraig faoi deara gur beag an t-eolas a bhí ag muintir na hÉireann faoi Dhia. Bhí meas aige ar nósanna agus ar chultúr na ndaoine agus thuig sé go bhféadfadh sé a bheith deacair orthu tuiscint a fháil ar choincheap na Tríonóide, mar sin d'úsáid sé rudaí a bhí ar eolas ag na daoine chun teachtaireacht na Críostaíochta a mhúineadh dóibh.

In aimsir Phádraig bhí an-mheas ag na daoine ar na draoithe Ceilteacha agus ba dhaoine cumhachtacha iad na draoithe. Ba iad na ceannairí reiligiúnacha, na múinteoirí, na dochtúirí agus na dlíodóirí iad. Chun a bheith i do dhraoi bhí ort staidéar a dhéanamh in éineacht le draoi eile ar feadh fiche bliain ar a laghad. Chreid na draoithe agus mhúin siad do na daoine gur uimhir speisialta a bhí in uimhir a trí. Mar shampla, léirigh uimhir a trí an t-am – an t-am atá thart, an t-am faoi láthair agus an t-am atá le teacht. Tháinig go leor rudaí tábhachtacha faoi thrí, mar shampla an spéir, an talamh agus an domhan thíos. San ealaín Cheilteach is minic a fheicimid trí bhís nasctha le chéile. Bhí a fhios ag Pádraig go raibh an uimhir a trí an-tábhachtach do na Ceiltigh agus mar sin d'úsáid sé an t-eolas sin nuair a thosaigh sé á múineadh faoin dTríonóid Bheannaithe.

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil ar eolas acu cheana féin faoin gcaoi ar mhúin Naomh Pádraig faoin dTríonóid, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An cuimhin libh ó Théama 1 faoi conas a mhúin Naomh Pádraig na daoine faoi rúndiamhair na Tríonóide Beannaithe? Cad a d'úsáid sé? Cad a dúirt sé?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 91 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### MÚINEANN NAOMH PÁDRAIG FAOIN DTRÍONÓID BHEANNAITHE

- Tabhair seamróg do gach páiste.
- Roghnaigh páiste amháin le ról Phádraig a ghlacadh agus an tseamróg in úsáid aige chun rúndiamhair na Tríonóide Beannaithe a mhíniú do mhuintir na hÉireann.
- Más gá, is féidir leis an páiste na focail seo a leanas a úsáid:

Níl ach fíor-Dhia amháin ann, ach tá trí phearsa san aon Dia amháin seo: Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh. Glaoimid an Tríonóid Bheannaithe ar an dtriúr seo in aon Dia amháin. Ní éasca an caidreamh seo a thuiscint. Seans go gcuideoidh an planda seamróige bídeach linn é a thuiscint beagán níos fearr.

Coinnigh seamróg amháin i do lámh agus féach go cúramach uirthi. Tóg am chun aire a thabhairt don trí dhuilleog ... Tá gach duilleog mar an gcéanna ach tá gach duilleog speisialta ... tá gach duilleog tábhachtach don phlanda ... Anois tabhair faoi deara conas atá an trí dhuilleog aontaithe ag aon ghas amháin ... trí dhuilleog i bplanda amháin.

B'fhéidir go gcabhróidh an chaoi ina bhfuil an trí dhuilleog aontaithe in aon phlanda amháin linn a thuiscint beagán níos fearr conas atá an trí phearsa aontaithe sa Tríonóid Bheannaithe – Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh - aontaithe i gcaidreamh foirfe an ghrá.

- Tabhair cuireadh do na páistí ceisteanna a chur ar 'Naomh Pádraig'.
- Ag deireadh na gníomhaíochta, tabhair cuireadh do na páistí na seamróga a chur ar ais sa bhabhla uisce.

## AG COMHRÁ


### MAIDIR LE NAOMH PÁDRAIG AGUS NA NATHRACHA

Tá go leor íomhánna ann a léiríonn Naomh Pádraig agus nathracha faoina chosa aige. Ní dócha go raibh nathracha in ann maireachtáil in aeráid na hÉireann in aimsir Phádraig. Mar sin féin, insíonn finscéalta dúinn go raibh meas ag na draoithe ar nathracha. B'fhéidir gur shiombail iad na nathracha den phágántacht – gur dhíbir sé an phágántacht (na nathracha) agus gur chuir sé an Chríostaíocht ina háit. Tabhair cuireadh do na páistí a dtuairimí féin a thabhairt.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### URNAÍ SEAMRÓIGE

- Tabhair cóip de theimpléad na seamróige ón tSeirbhís Urnaí i dTéama a hAon do gach páiste.
- Mar ullmhúchán don ghníomhaíocht seo, cuir na ceisteanna seo ar na páistí:
  - » Cad a chuala tú faoi Naomh Pádraig a insíonn duit go raibh meas aige ar an urnaí?
  - » Cad a chuala tú faoi Naomh Pádraig a insíonn duit go raibh cumas cainte aige?
  - » Cad a chuala tú faoi Naomh Pádraig a insíonn duit gur oibrigh sé go dian?
- Tabhair cuireadh do na páistí ceann amháin de na focail seo 'Urnaí', 'Focail' agus 'Obair' a scríobh ar dhuilleoga na seamróige.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh paidir ghearr a scríobh faoi gach teideal ag iarraidh cabhair ar Dhia sampla Phádraig a leanúint; i bhfocail eile, meas a bheith acu ar an urnaí, an craobhscaoileadh agus ar an obair.




- Nuair a bheidh na paidreacha seo críochnaithe ag na páistí, is féidir leo iad a chur sa spás urnaí len iad a úsáid le linn na seirbhíse urnaí.

## SCÉAL

### Naomh Pádraig agus an Chros Cheilteach

Mheas na Ceiltigh go raibh galláin speisialta. Ar ócáid amháin, thug Pádraig faoi deara gur bhailigh grúpa daoine timpeall ar ghallán, a raibh ciorcal snoite air. Mhínigh na daoine do Phádraig gur shiombail de dhéithe na gréine a bhí sa chiorcal.

Tharraing Pádraig cros trí lár an chiorcail agus bheannaigh sé an chloch. Agus sin á dhéanamh aige, d'inis sé an scéal dóibh faoin gcaoi ar chuir Dia a Mhac, Íosa, ar talamh chun múineadh dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt, agus an chaoi ar céasadh Íosa ar an gCros toisc go raibh daoine ag iarraidh é a chosc ar obair an Athar a dhéanamh.

De réir a chéile chreid na daoine i dteachtaireacht Phádraig. Deirtear gurbh í seo an chéad chros Cheilteach in Éirinn.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:


- Conas a thaispeánann an finscéal seo dúinn gur úsáid Pádraig rudaí a chreid na daoine a bhí naofa chun iad a mhúineadh faoin aon Dia fíor amháin?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 92 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### MO CHROS CHEILTEACH


Tabhair cuireadh do na páistí a gcrosanna Ceilteacha féin a dhéanamh. Tabhair ábhair éagsúla dóibh cosúil le cailc, maidí, clocha, cré, nó aon ábhair oiriúnacha eile.



## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar Naomh Pádraig ... do Phádraig, comhrá le Dia a bhí san urnaí ... is minic a thabharfadh Pádraig moladh do Dhia ... tugaim cuireadh duit anois, le do ghuth istigh, focal buíochais nó focal molta a rá le Dia as rud éigin i do shaol ... D'iarr Pádraig cairdeas agus cosaint ar Dhia ... Is féidir leat a iarraidh ar Dhia a bheith in éineacht leat nuair atá uaigneas ort agus tú a choinneáil slán ... d'éist Pádraig le Dia ag labhairt leis ... chuala sé Dia ag glaoch air na daoine a mhúineadh ... ansin chuaigh Pádraig chuig muintir na hÉireann agus mhúin sé dóibh faoin aon fhíor-Dhia amháin agus faoina ghrá do chách ... Éist le Dia ag labhairt leat anois ... éist cad tá sé ag tabhairt cuireadh duit a dhéanamh i do shaol ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Fear le creideamh domhain ab ea Naomh Pádraig. Is minic a labhair sé le Dia trí urnaí. Chreid sé go raibh Dia ag glaoch air muintir na hÉireann a mhúineadh faoin aon fhíor-Dhia amháin, agus faoi Íosa, Mac Dé. Mar sin d'fhreagair Pádraig glaoch Dé agus roinn sé a chreideamh le muintir na hÉireann. Thóg sé an Chríostaíocht go hÉirinn. D'úsáid Pádraig rudaí a chreid muintir na hÉireann a bhí naofa chun iad a mhúineadh faoi Dhia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### LEABHAR PICTIÚR PÁDRAIG NAOFA

- Tosaigh le cuireadh a thabhairt do na páistí cuimhneamh agus liostáil na finscéalta agus na scéalta go léir atá foghlamtha acu faoi Naomh Pádraig.
- Eagraigh an rang i ngrúpaí de chúigear nó seisear. Tabhair finscéal/scéal amháin do gach grúpa agus mínigh dóibh go scríobhfaidh gach grúpa amach scéal faoi Naomh Pádraig agus go ndéanfaidh siad é a mhaisiú. Ina dhiaidh sin tabharfar a gcuid oibre go léir le chéile le leabhar pictiúr amháin a dhéanamh faoi Naomh Pádraig. Luaigh, freisin, go mbeidh roinnt páistí páirteach sa scríbhneoireacht, agus go ndéanfaidh páistí eile an saothar a mhaisiú.
- Tabhair bileog mhór amháin de pháipéar ealaíne do gach grúpa, agus go leor pinn luaidhe, criáin/marcóirí, péinteanna, srl dóibh.
- Tabhair am do gach grúpa a gcuid finscéal/scéal a chur i láthair don rang.
- Stáplaigh nó ceangail na bileoga críochnaithe le chéile ar thaobh amháin chun leabhar pictiúr mór a dhéanamh. Cuir san áireamh leathanach clúdaigh maisithe leis an teideal 'Finscéalta agus Scéalta faoi Naomh Pádraig'.
- Más féidir, socraigh am do na páistí a gcuid oibre a chur i láthair rangghrúpa eile.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Naomh Pádraig

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ní úsáidtear an ceadal 'Alleluia' i rith shéasúr an Charghais. Bain úsáid as 'Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé' i rith shéasúr an Charghais.

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *Bíodh a 'bpaidreacha seamróige' ag na páistí.*
- *Bíodh bord beag gar don spás urnaí – áit a chuirfear na nithe éagsúla a bheidh á iompar le linn an mhórshiúil. Beidh an mórshiúl i ndiaidh an tSoiscéil.*
- *Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na sleachta ar fáil thíos.*
  *Roimh an tseirbhís urnaí abair leis na páistí, a mbeidh páirt acu sa mhórshiúl, seasamh lasmuigh de dhoras an tseomra leis na nithe a bheidh á iompar acu, go dtí go nglaonn tú orthu.*
- *Roghnaigh seisear páiste chun na nithe seo a leanas a iompar le linn an mhórshiúil: an Bíobla Naofa; babhla seamróige; dhá choinneal; Lúireach* Phádraig *agus íomhá/dealbh de Naomh Pádraig.*

**An Mórshiúl**

*Nuair a iarrtar ar na páistí, tógann siad na nithe (atá liostaithe thuas) sa mhórshiúl go lár an chiorcail/spáis urnaí, agus seasann siad ansin fad is atá iomann chuig Naomh Pádraig á canadh.*

*Fanann na páistí a bhfuil na nithe éagsúla á iompar acu ina seasamh, fad is a ghearrann gach duine eile* Comhartha na Croise *orthu féin le huisce coisricthe.*

**Múinteoir:** Ar Lá Fhéile Pádraig téimid ar Aifreann chun teacht na Críostaíochta go hÉirinn a cheiliúradh. Inniu cuimhnímid ar Phádraig, a roinn bronntanas an chreidimh san aon Dia amháin le muintir na hÉireann.
**Gach duine:** (*can*) 'Glóir duit a Chríost ...

**Múinteoir:** Seasaimis chun fáilte a chur roimh an tSoiscéil.
Go raibh an Tiarna libh.
**Gach duine:** Agus le do spiorad.
**Múinteoir:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.
**Gach duine:** (*Agus* Comhartha na Croise *á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*): Glóir duit, a Thiarna.

**Múinteoir:** *Dúirt Íosa leo ansin arís: "Síochán daoibh! Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin." Arna rá sin dó, d'análaigh sé orthu agus dúirt leo: "Glacaigí an Spiorad Naomh."* (Eoin 20:21)
Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

*I ndiaidh an tSoiscéil, cuireann na páistí sa mhórshiúl na nithe a bhí á iompar acu ar an mbord sa/in aice leis an spás urnaí, agus ansin suíonn siad síos.*

**An Ghuí Chomhchoiteann**

**Múinteoir:** D'fhill Pádraig ar Éirinn, cé gur fhulaing sé go mór sa tír. Iarraimis ar Dhia anois cabhrú linn paidreoireacht a dhéanamh agus éisteacht lena ghlaoch inár gcroí, mar a rinne Pádraig. Is é an freagra ná: *A Thiarna, cuidigh linn éisteacht le do ghlaoch inár gcroí.*
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn éisteacht le do ghlaoch inár gcroí.

**Léitheoir 1:** Nuair a chuireann daoine ainmneacha orainn.
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn éisteacht le do ghlaoch inár gcroí.

**Léitheoir 2:** Nuair nach mbíonn daoine cairdiúil linn.
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn éisteacht le do ghlaoch inár gcroí.

**Léitheoir 3:** Nuair a bhíonn daoine míchothrom linn.
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn éisteacht le do ghlaoch inár gcroí.

**Léitheoir 4:** Nuair a ghoideann daoine uainn.
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn éisteacht le do ghlaoch inár gcroí.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, cuidigh linn a bheith cosúil le Naomh Pádraig, duine cráifeach a fhreastal ar dhaoine eile. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

**Gach duine:** Áiméan.

**Seamróga**

*Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid 'paidreacha seamróige' a choinneáil ina lámha.*

**Múinteoir:** Féach ar an méid a scríobh tú ar na seamróga, ar feadh cúpla nóiméid. Sa spás urnaí seo, iarr ar Dhia - an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh chun tú a threorú mar a threoraigh siad Naomh Pádraig fadó ó shin.

*Tabhair cuireadh do na páistí a seamróga a chur faoina suíocháin.*

**Múinteoir:** Bhí a fhios ag Naomh Pádraig gur dúshlán a bhí ann muintir na hÉireann a mhúineadh faoin aon fhíor-Dhia amháin. Bhí a fhios aige go raibh gá le cosaint ó Chríost. De réir an fhinscéil, scríobh Pádraig an phaidir *Críost liom*, ar a dtugtar *Lúithreach Phádraig* uirthi freisin. Tá an phaidir seo curtha le ceol. Canaimis an phaidir speisialta seo anois, ag iarraidh ar Chríost sinn a chosaint agus sinn ag leanúint Íosa, cosúil le Naomh Pádraig.

**Gach duine** (*can*): Lúithreach Phádraig (nó iomann oiriúnach eile)

*Malartaigh comhartha síochána.*

*Má tá na páistí ina suí i gciorcal, tabhair cuireadh dóibh casadh chuig an duine ar dheis, féachaint isteach sna súile, gáire a dhéanamh agus comhartha síochána a mhalartú leo. Ansin tabhair cuireadh dóibh casadh chuig an duine ar chlé, féachaint isteach sna súile, gáire a dhéanamh agus comhartha síochána a mhalartú leo. Ansin tabhair cuireadh do na páistí casadh chuig íomhá/dealbh Naomh Pádraig sa spás urnaí.*

**Gach duine** (*can*): Iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Ár mBráithre agus Ár Siúracha Giúdacha

Ba cóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo i rith Téarma 3.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Giúdachas: Creideann Giúdaigh i nDia. Ba Ghiúdach é Íosa. Bíonn lá speisialta Dé acu ó dhul faoi na gréine ar an Aoine - go dul faoi na gréine ar an Satharn. Lá scíth í an tSabóid nuair a dhéantar adhradh agus bíonn béile teaghlaigh acu. Ag dul go dtí an sionagóg chun adhradh a dhéanamh. Sionagóga Éireannacha

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise

*Paidreacha Breise*

- Shema Israel
- Freagraí an Aifrinn
- Urnaí na Sabóide

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhoráltacht**

2. *Meas ar a chéile.*
   Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann
  leo agus meas a léiriú orthu.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

'Catholic educators must have the greatest respect for those students who are not Catholic' (*Catholic Preschool and Primary Religious Education Curriculum for Ireland*). The guidelines for good interreligious education stipulate that all children in all Catholic schools have a right to learn about other faiths. Teaching about world faith traditions should not be based on the number of pupils who come from diverse faiths in a class or school (*Exploring Theology*, ed. Anne Hession and Patricia Kieran, 2005), although children's familiarity with people from faith traditions other than Christian will inevitably make learning about those faith traditions easier and more relevant to their own 'Ní mór go mbeadh an meas is mó ag oideachasóirí Caitliceacha ar na daltaí sin nach Caitlicigh iad' (Tógtha ón *gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015)*. Deir na treoirlínte le haghaidh oideachas idir-reiligiúnach go bhfuil sé de cheart ag páistí i ngach scoil Chaitliceach foghlaim faoi chreidimh eile. Ní cóir go mbeadh teagasc faoi thraidisiúin chreidimh eile a bheith bunaithe ar líon na ndaltaí a thagann ó chreidimh éagsúla i rang nó i scoil (Exploring Theology, ed. Anne Hession agus Patricia Kieran, 2005), cé go gcabhróidh cur amach ag páistí ar dhaoine ó chreidimh éagsúla foghlaim faoi na chreidimh sin. Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh oideachas reiligiúnach i mbunscoileanna Caitliceacha páistí ar an eolas go bhfuil go leor creidimh éagsúla á chleachtadh ag gnáthdhaoine in Éirinn sa lá atá inniu ann. Is sa chomhthéacs seo, agus ar mhodh oiriúnach do pháistí naoi mbliana agus deich mbliana d'aois, atá an ceacht seo suite.

I Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4 chuireamar na páistí i láthair le sraith scéalta faoi thriúr chara – Muireann, Eli agus Salma – Caitliceach, Giúdach agus Moslamach. Trí na scéalta seo rinne na leanaí iniúchadh ar chleachtais agus ar áiteanna adhartha gach ceann de na trí thraidisiúin chreidimh sin. Sa cheacht seo leanfaimid orainn ag iniúchadh ar bheirt de na cairde sin, - Muireann agus Eli, chun an creideamh Giúdach a scrúdú níos fearr. Díreoimid ar ghnásanna na nGiúdach a bhaineann leis an tSabóid sheachtainiúil, agus cuirfimid na páistí in aithne le roinnt de na deasghnátha agus cleachtais a úsáideann Giúdaigh sa bhaile agus sa tsionagóg áitiúil le linn na Sabóide.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Sionagóg:** áit adhartha na nGiúdach.
**Sabóid Ghiúdach:** tosaíonn an tSabóid tráthnóna Dé hAoine ag luí na gréine agus críochnaíonn sí ar oíche Dé Sathairn nuair a bhíonn trí réalta le feiceáil. Leanann an tSabóid thart ar chúig uair an chloig is fiche.
**An Torah:** an chéad chúig leabhar den tSean-Tiomna.
**Tallit:** fallaing urnaí le frainse, a chaitheann fir Ghiúdacha.
**Bimah:** ardán nó seastán ar a gcuirtear scrollaí an Torah nuair a bhíonn siad á leamh sa tsionagóg.
**Solas Síoraí:** lampa a bhíonn ar lasadh go leanúnach, os cionn nó in aice an Áirc Naofa (an Aron Kodesh) sa tsionagóg.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Íomhánna de mhíreanna Giúdacha ar nós mezuzah, kippah, an Aron Kodesh, fuinneoga le gloine dhaite sa tsionagóg
- Páipéar A4 chun cártaí buíochais a dhéanamh

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GIÚDACHAS

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha acu cheana féin faoin nGiúdachas trí na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna a chur orthu:

- Cad iad na scéalta is cuimhin libh faoi na cairde, Muireann, Eli agus Salma? (Ba Caitliceach, Giúdach agus Moslamach iad Muireann, Eli agus Salma. Sa Chlár *I nGrá Dé* i Rang a Trí/B5 thug na cairde cuairt ar thithe a chéile agus d'fhoghlaim siad faoi chleachtais chreidimh gach teaghlach. Sa Chlár i Rang a Dó/B4 d'fhoghlaim na páistí faoi áiteanna adhartha na dtrí traidisiún: an séipéal, an tsionagóg agus an mosc.)
- Cad is féidir leat a mheabhrú faoi na míreanna seo a leanas ó thraidisiún creidimh na nGiúdach?
  - » mezuzah (bosca beag ceangailte den doras i dteach Giúdach, ina bhfuil an *Shema*, paidir ghearr chuig Dia)
  - » Kippah (bairéad cúil a chaitheann buachaillí agus fir Giúdacha)
  - » An Aron Kodesh, nó an Áirc Naofa (an áit is naofa sa tsionagóg, ina gcoimeádann daoine Giúdacha na scrollaí is beannaithe, a léitear le linn imeachtaí reiligiúnacha agus ar ócáidí speisialta)
  - » fuinneoga le gloine dhaite sa tsionagóg
- Cad é an rud is fearr is cuimhin leat faoin gcreideamh Giúdach?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Dúnaigí bhur súile. Braith do anáil ag dul isteach agus ag fágáil do chorp ... Bí ar do shuaimhneas. Cuimhnigh go bhfuil Dia anseo linn. Tá Dia in éineacht leis na daoine go léir ar fud an domhain agus tá grá aige do gach duine, is cuma cén traidisiún creidimh a bhaineann leo. Rugadh Íosa i dteaghlach Giúdach ... agus d'fhoghlaim sé na paidreacha céanna agus léigh sé na scéalta céanna ó na Scrioptúir le leanaí Giúdacha eile. Anois, iarr ar Dhia, ag baint úsáid as do ghuth taobh istigh, chun na páistí Giúdacha go léir ar fud an domhain a bheannú. Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Guímis anois roinnt de na focail ón urnaí Giúdach ar a dtugtar an *Shema* air.

**Gach duine:** Éist, a Iosrael: an Tiarna ár nDia, an t-aon Tiarna. Gráigh an Tiarna do Dhia ó do chroí go hiomlán, ó do anam go hiomlán, agus ó do neart go hiomlán.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL (CUID I)

Inis an scéal seo a leanas, ina fhaigheann Muireann tuilleadh amach faoin méid a tharlaíonn tráthnóna Dé hAoine i dteach Giúdach.

### Tugann Muireann Cuairt ar Eli agus a Chlann

'Bheul,' d'iarr Iníon Mhic Chairbre, 'cén fáth go raibh Íosa sa tsionagóg?'

Láithreach, chuir Eli a lámh in airde. Bhí mearbhall ar Mhuireann agus í ag féachaint ar a cara. 'Conas a bheadh an freagra aige sin?' Shíl sí di féin.

'Bheul, Eli,' d'fhreagair Iníon Mhic Chairbre go stadach.

'Tá sé simplí,' arsa Eli, 'Giúdach ba ea Íosa agus téann Giúdaigh chuig an tsionagóg.'

Bhí meangadh gáire ar Iníon Mhic Chairbre agus ghabh sí buíochas le hEli as a bheith ciallmhar. Díreach ansin, chas gach duine chuig Eli agus iad ag gáire. Las Eli go bun na gcluas. Bhain clog na scoile agus níorbh fhada go raibh Eli agus Muireann ar an mbus, ar a slí go teach Eli.

Bhí sceitimíní ar an mbeirt acu. Bhí máthair Mhuirinn agus a beirt dheirfiúr ar shiúl go dtí an Domhnach agus bhí cead ag Muireann fanacht thar oíche i dteach Eli le haghaidh an deireadh seachtaine. Dúirt Eli go mbeadh a chol ceathracha Daibhéid agus Brídín ann chun fáiltiú rompu nuair a thiocfaidís abhaile ón scoil. 'Smaoinigh, beidh níos mó páistí sa teach ná daoine fásta,' arsa Eli. Thosaigh Muireann ag gáire go neirbhíseach, 'Beidh sé iontach agus tá mé ag tnúth le stíl gruaige nua Brídín a fheiceáil, ach tá mé beagán imníoch faoi bheith ann agus an tSabóid á cheiliúradh agat. Ní bheidh a fhios agam cad ba cheart dom a dhéanamh.'

Thosaigh Eli ag gáire. 'Níl aon ghá a bheith buartha,' a mhínigh sé, 'am saor in aisce atá ann, uair amháin sa tseachtain, nuair nach ndéanaimid aon obair, go fiú tionscadail scoile! Glacaimid sos. Tosaíonn an tSabóid tráthnóna Dé hAoine ag dul faoi na gréine agus críochnaíonn sí le titim na hoíche Dé Sathairn. Ullmhaímid don dinnéar agus glacaimid sos.'

'Á,' arsa Muireann, 'tá cosúlacht ann leis an méid a dhéanann sinne, na Caitlicigh, ar an tSabóid againne, ar Dé Domhnaigh. Dúirt mo seanmháthair liom gur lá speisialta é an Domhnach, toisc gur ghlac Dia sos ar an seachtú lá tar éis dó an domhan a chruthú agus, chomh maith le sin, is ar an Domhnach a d'aiséirigh Íosa ón mbás go beatha nua.'

Rinne Eli sméideadh cinn agus spéis aige sa mhéid a dúradh, 'Nach ait an méid sin; ceiliúraimid an tSabóid chun a chur i gcuimhne dúinn gur ghlac Dia sos ar an seachtú lá freisin. Ach déanaimid an tSabóid a cheiliúradh freisin chun scéal an Eacsadas a thabhairt chun chuimhne, - tá a fhios agat, nuair a scaoileadh ár sinsir saor ón Éigipt?'

'Ó 'sea,' d'fhreagair Muireann, 'sin é an scéal a chualamar ar scoil faoi Mhaois a thug na hIosraeilítigh amach as an Éigipt.'

'Tá an ceart agat', arsa Eli. Bhuail na paistí bosa arda agus rinne siad gáire le chéile.

Níos déanaí sa tráthnóna, nuair a bhí Eli, Muireann, Daibhéid agus Brídín ag sugradh lasmuigh le DD an madra, glaodh orthu teacht isteach do bhéile an tráthnóna.



**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Creideann Giúdaigh gur chruthaigh Dia an domhan i sé lá agus gur ghlac sé sos ar an seachtú lá. Tugtar an tSabóid ar lá sosa na nGiúdach. Tosaíonn sé tráthnóna Dé hAoine agus leanann sé tríd an Satharn, ag críochnú le titim oíche Dé Sathairn. Ceiliúrann Giúdaigh cruthú na cruinne ar an tSabóid gach seachtain freisin.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a bhí a fhios ag Eli gur Ghiúdach ba ea Íosa?
- Cad a dúirt Eli a tharlaíonn le linn na Sabóide i dteach Giúdach?
- Cathain a thosaíonn Sabóid na nGiúdach agus cathain a thagann deireadh leis?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth a gceiliúrann na Giúdaigh an tSabóid?
- Cathain a cheiliúrann Caitlicigh an tSabóid? Cén fáth a cheiliúrann Caitlicigh an Domhnach mar Lá an Tiarna?
- Cad is cuimhin leat faoi scéal an Eacsadas?

## SCÉAL (CUID II)

**Glacann Muireann páirt i mBéile na Sabóide**

Chóirigh máthair Eli, Miriam, an bord le héadach boird gleoite geal agus chuir sí coinneal ag gach ceann den bhord. Agus gach duine ina seasamh ag an mbord roimh an bhéile, las Miriam an dá choinneal agus ghuigh sí beannacht. Dúirt Eli le Muireann gur siombail den tsíocháin, a bheadh ag teacht isteach sa teach, a bhí sa solas. Ansin ghuigh athair Eli paidir, ar a dtugtar an *Kiddush*, thar fhíon na ndaoine fásta agus thar sú na bpáistí. Sular shuigh siad chun boird, dúirt Eli le Muireann go raibh orthu dul amach agus a lámha a nigh roimh an bhéile.

Nuair a d'fhill gach duine go dtí an bord, bhí sos beag ann fad is a bhain athair Eli an t-éadach a chlúdaigh dá *challah*, nó builín aráin; d'ardaigh sé na builíní ina lámha agus ghuigh sé beannacht eile. Ansin réab sé an *challah* i bpíosaí agus scaip ar fud an bhoird iad. Is ansin a rinne bolg Mhuirinn tormáil agus thosaigh gach duine ag bualadh bos.

Bhí rogha iontach bia ann, ina measc bhí éisc, feoil, éanlaithe agus miasa eile. Le linn an bhéile, rinne máthair Eli comhrá le Muireann. 'Is maith liom páistí a fheiceáil ag baint taitnimh as mo chócaireacht bhaile,' a dúirt sí. 'Muireann, caithfidh tú triail a bhaint as mo stobhach traidisiúnta amárach le haghaidh an lóin.'



'Tá go maith,' arsa Eli, 'Déanann mo mham stobhach le pónairí, *cholent* a tugtar air. Tá sé chomh deas leis an challah.'

Tar éis béile an-shásúil, d'inis máthair agus athair Eli scéalta greannmhara faoi Eli agus é ina leanbh óg. Ansin d'imigh Eli agus an triúr eile isteach sa seomra tosaigh. 'Ní chuirimid aon chlár teilifíse ná cluichí ríomhaireachta ar siúl i rith na Sabóide,' mhínigh Eli, 'agus mar sin molaim ceann de na cluichí boird seo a imirt. Céard a cheapann sibh?'

Shíl Daibhéid agus Brídín gur moladh maith a bhí sa mhéid sin. Ní raibh Muireann an-díograiseach faoi seo ar dtús - go dtí go raibh an t-ádh léi ag an gcluiche nathracha is dréimirí, uair an chloig ina dhiaidh sin.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cé go bhfuil baint ag 'cholent' leis an tSabóid, ní cuid 'riachtanach' de Bhéile na Sabóide é. Cuirtear san áireamh uaireanta é toisc gur féidir é a chócáil roimh ré agus a choinneáil ar phláta te, mar ní dhéanann Giúdaigh cócaireacht nó bia a théamh ar an tSabóid.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a dúirt beannacht thar an dá choinneal?
- Cad a dúirt Eli le Muireann a bhí le déanamh acu roimh suí síos le haghaidh an bhéile?
- Cad is challah ann?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad iad na rudaí a cheap Muireann a bhí neamhghnách faoin mbéile i dteach Eli?
- Cén fáth, dar leat, a dúirt tuismitheoirí Eli beannacht roimh an bhéile?
- Cad iad na paidreacha nó na beannachtaí a deireann Caitlicigh áirithe ag am bia?

- Cén fáth go bhfuil arán speisialta do na Giúdaigh nuair a cheiliúrann siad an tSabóid?
- An bhfuil arán speisialta i gceiliúradh na gCaitliceach ar an Domhnach, Lá an Tiarna? Mínigh.
- Cad a rinne an ceathrar páiste tar éis dóibh an béile a ithe? Cén fáth a ndearna siad é sin?
- Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi Bhéile Sabóide na nGiúdach agus na traidisiúin a bhaineann leis?

## SCÉAL (CUID III)

**Tugann Muireann Cuairt ar Sionagóg**

Bhí na páistí ag comhrá lena chéile mar a lean siad tuismitheoirí Eli isteach sa tsionagóg áitiúil. D'iarr Muireann ar Eli. 'Cad is gá dom a dhéanamh?' 'Féach agus foghlaim,' d'fhreagair Eli le haoibh gháire. 'Ó, an cuimhin leat an *Aron Kodesh*?' d'iarr Eli. 'Is cuimhin liom,' arsa Muireann. 'Tá sé an-speisialta; Áirc Naofa atá ann - áit a gcoimeádtar scrollaí an Torah.' Stop Muireann ar feadh nóiméid, agus d'iarr sí, 'Nach sna scrioptúr naofa, an Torah, atá an chéad chúig leabhar den Sean-Tiomna sa Bhíobla Críostaí?' 'Maith thú', arsa máthair Eli, Miriam, go deimhin, 'tá na leabhair go léir a úsáidtear sa tsionagóg naofa agus caitear leo le hómós toisc go bhfuil ainm Dé iontu.'

Díreach ansin, shochraigh athair Eli a *tallit*, nó fallaing urnaí. Ansin chuaigh sé chun suí leis na fir eile ar thaobh amháin den tsionagóg.

'Ar dtús,' arsa Eli, 'cloisfimid léacht ón dTorah. Ansin seasaimid fad is a ardaítear an Torah chun an t-alt atá léite a thaispeáint do gach duine. Ina dhiaidh sin, léifidh duine éigin *Haftarah*. Sin sliocht ó cheann de na fáithe. Beidh go leor seasamh, suí agus umhlú ann. Lean pé rud a dhéanaimse.'

'Bígí ciúin,' arsa Daibhéid agus Brídín le chéile. D'umhlaigh siad go léir le chéile faoi mar a chleachtaigh siad níos luaithe i dteach Eli. Ar dtús, feac an ceathrar acu a nglúine, ansin d'umhlaigh siad ag díriú a gcuid glúine, agus ansin sheas siad in airde nuair a thosaigh an tseirbhís. Bhí mearbhall ar Mhuireann agus ba bheag nach ndeachaigh sí síos ar ghlúin amháin faoi mar a dhéanfadh sí sa séipéal. Buíochas le Dia nár thug aon duine an méid sin faoi deara ach Eli amháin!!



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Téann Giúdaigh go dtí an tsionagóg chun guí le linn na Sabóide. Cad is ainm don Lá Sabóide do Chríostaithe? Cad a dhéanann Caitlicigh ar an lá sin?

Ansin tochail níos doimhne le ceisteanna cosúil le:

- Cad a d'fhéadfadh a bheith difriúil do Mhuireann faoin urnaí agus na cleachtais a bhíonn ar siúl i sionagóg ón méid a tharlaíonn le linn Aifrinn i séipéal Caitliceach? Cad iad na cosúlachtaí b'fhéidir a d'aithin sí idir an dá cheann?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 94 agus 95 dá leabhair.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE




### CÁRTA BUÍOCHAIS

Tabhair bileog A4 do gach páiste. Tabhair cuireadh do na páistí cártaí buíochais a chruthú a d'fhéadfadh Muireann a sheoladh chuig teaghlach Eli nuair a fhilleadh sí abhaile. D'fhéadfaidís na rudaí suimiúla a lua ar an gcárta a d'fhoghlaim Muireann faoin gcreideamh Giúdach.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### RÓL IMIRT

- Tabhair cuireadh do na páistí obair i bpéirí, le páiste amháin ag glacadh ról Muireann agus an duine eile i ról duine dá cairde nach Giúdach é/í.
- Insíonn Muireann dá cara faoina deireadh seachtaine ag teach Eli.
- Tabhair cuireadh do chuid de na páistí a ról imirt a léiriú don rang.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tosaíonn Sabóid na nGiúdach tráthnóna Dé hAoine le béile na Sabóide agus críochnaíonn sé ag titim oíche Dé Sathairn. Is ceiliúradh deasghnách é béile na Sabóide, a bhaineann bianna agus beannachtaí speisialta leis. Téann Giúdaigh go dtí an tsionagóg le linn na Sabóide, áit a mbíonn deasghnátha, sleachta léite, paidreacha agus beannachtaí acu. Tá áit onóra ag an Torah sa tsionagóg.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### ONÓIR A THABHAIRT DON tSABÓID

- Tabhair cuireadh do na páistí a chlárú ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach a gcuid treoirlínte féin le haghaidh lá sosa naofa, ag baint úsáid as na léargais agus an t-eolas a fuaireadar ó na scéalta sa cheacht seo. Iarr orthu an teideal 'Onóir a thabhairt don tSabóid' a thabhairt ar a gcuid oibre.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí 'Onóir a thabhairt don tSabóid' ar an Domhnach seo chugainn.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### SABÓID NA nGIÚDACH

Tabhair cuireadh do na páistí an méid a d'fhoghlaim siad faoi Shabóid na nGiúdach a roinnt ar a chéile.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Oideachas Idir-Reiligiúnach

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Ar dtús lasaimis ár gcoinneal. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia anseo linn. (*Lasann an múinteoir an choinneal*) An tseachtain seo, chualamar níos mó scéalta faoi Mhuireann agus Eli, agus rinneamar iniúchadh ar níos mó de na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir a dtraidisiúin chreideamh. Cé go gceiliúrann siad deasghnátha éagsúla agus go dtéann siad chuig áiteanna éagsúla chun Dia a adhradh, creideann an bheirt acu gur chruthaigh Dia gach a bhfuil ann agus go bhfuil grá ag Dia dóibh beirt. Ceiliúrann an bheirt acu an lá beannaithe, an tSabóid, ar bhealaí éagsúla.
Gabhaimis buíochas anois as na bealaí éagsúla ina mhúineann tuismitheoirí agus caomhnóirí a gcuid páistí faoin tábhacht a bhaineann le Dia a adhradh agus buíochas a ghabháil leis as a bhfuil acu. Is é an freagra ná: *Moladh go deo le Dia*.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** Gabhaimis buíochas as na bealaí go léir ina mhúineann ár scoileanna agus ár bparóistí na páistí faoin tábhacht a bhaineann le hadhradh a thabhairt do Dhia agus buíochas a ghabháil leis as an méid a thug sé dúinn. Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** Gabhaimis buíochas as na béilí teaghlaigh a roinntear inár dtithe. Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** Gabhaimis buíochas as na bealaí inar féidir linn ár gcuid ama a chaitheamh leis an teaghlach agus le daoine eile ar ár lá sosa. Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, Cruthaitheoir na beatha, thug tú bronntanas an ama dúinn ionas gur féidir linn sos a ghlacadh, am a chaitheamh le cairde agus le daoine eile, agus aga a chaitheamh leat féin. Cabhraigh linn an t-am sosa seo a úsáid go ciallmhar. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

# Ceacht 5: An borradh a tháinig orainn i ngrá Dé!

Ba chóir an ceacht seachtaine seo a dhéanamh i rith mí an Mheithimh.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugann an ceacht deiridh seo i Rang a Trí/B5 sa chlár *I nGrá Dé* deis do na páistí a gcaidreamh le Dia a dhoimhniú trí athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu. I rith na bliana d'fhreagair siad le glaoch Dé ina saol trí a bheith ag guí, ag éisteacht lena Bhriathar agus trí ghníomhú mar dheisceabail Íosa.

An tseachtain seo bainfidh na páistí úsáid as a gcuid scileanna agus buanna chun cur i láthair a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu i rith na bliana. Déanfaidh siad cuimhní cinn a mheabhrú agus íomhánna ó phóstaeir a thabhairt chun cuimhne. Déanfaidh siad coinneal ó theimpléad freisin, ar féidir leo a úsáid mar leabharmharc don leabhar *I nGrá Dé* a bheidh acu in Rang a Ceathair/B6.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cuirí chuig an tseirbhís urnaí a sheoladh amach – má tá sé ar intinn agat cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/baill teaghlaigh, séiplíneach na scoile agus/nó ionadaithe paróiste (Seirbhís Urnaí dheireadh na bliana)
- Réimse ábhar ealaíne le haghaidh 'Léirithe Athchuimhne' do pháistí
- Cóip de theimpléad na coinnle (thíos) do gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LENÁR BHLIAIN SCOILE

Déan comhrá faoin scoilbhliain ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad é an rud is mó a thaitin leat/libh ar scoil i mbliana?
- An cuimhin libh cód an ranga a chur le chéile? An dóigh libh gur éirigh go maith leis an rang an cód a choinneáil i rith na bliana? Cén fáth nó cén fáth nár éirigh linn?
- Dá mbeadh an cód seo á cur le chéile agaibh anois, an bhfuil aon rud breise ar mhaith libh a chur san áireamh? An bhfuil aon rud ar mhaith libh a thógáil amach?
- Cad a chabhraigh libh cód an ranga a choinneáil?

## GNÍOMHAÍOCHT

### LÉIRIÚ ATHCHUIMHNE

- Mínigh do na páistí gurb é an tasc a bheidh acu ná achoimre a chur i láthair ar a bhfuil foghlamtha acu in *I nGrá Dé* i mbliana. Is féidir leo úsáid a bhaint as focail, pictiúir agus/nó saothar ealaíne san achoimre.
- Tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Ag brath ar líon na bpáistí sa rang, roghnóidh gach grúpa téama amháin ar a laghad as an deich dtéama a clúdaíodh i mbliana. Má tá dóthain páiste sa rang, d'fhéadfadh roinnt acu ábhar ó cheann amháin nó níos mó de na ceachtanna séasúracha/breise a roghnú. Déan iarracht a chinntiú nach gclúdaíonn aon ghrúpa na téamaí nó na ceachtanna céanna, ionas go mbeidh an oiread agus is féidir de obair na bliana curtha san áireamh sa cur i láthair.
- Tabhair cuireadh do na páistí tosú agus an/na réimse/réimsí a chlúdóidh siad ina gcur i láthair a roghnú.
- Beidh orthu rogha a dhéanamh freisin faoi mar a dhéanfaidh siad an t-eolas a chlárú, agus seans go mbeidh orthu liosta a dhéanamh de na hábhair a bheidh ag teastáil uathu. B'fhéidir go socróidh siad ar:
  - » Cur i láthair PowerPoint a úsáid
  - » Macasamhlacha a dhéanamh ag úsáid taos súgartha, marla, cré, srl.
  - » Cairteacha balla a dhéanamh
  - » Colláis a dhéanamh
- Inis do na páistí cé mhéad ama a bheidh acu don léiriú seo.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht seo críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid léirithe a chur i láthair don rang.

## PAIDIR

**Múinteoir:** Agus muid ag bailiú ag deireadh na scoil-bliana, cuimhnímid go mbíonn Dia i láthair i gcónaí linn agus go bhfuil sé ag iarraidh orainn fás i ngrá leis. I rith na bliana seo chualamar glaoch Dé chugainn. Is é ár bhfreagra ná: *Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.*
**Gach duine:** Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.

**Múinteoir:** Chualamar glaoch Dé sna scéalta ón Sean-Tiomna: scéalta faoi Mhaois agus an pobal Giúdach.
**Gach duine:** Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.

**Múinteoir:** Chualamar glaoch Dé chuig Eoin Baiste agus chuig na deisceabail sna scéalta ón Tiomna Nua.
**Gach duine:** Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.

**Múinteoir:** Chualamar glaoch Dé chuig ár sinsear sa ré Ceilteach, agus chuig deisceabail Íosa sa lá atá inniu ann.
**Gach duine:** Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.

**Múinteoir:** Chuala ár dtuismitheoirí glaoch Dé nuair a thug siad sinn chuig Sacraimint an Bhaiste. Cloisimid glaoch leanúnach Dé inniu bheith dílis dár ngealltanais Baiste. Cloisimid glaoch Dé freisin i Sacraimint an Athmhuintearais, san Eocairist, agus i Sacraimint Ola na nEaslán.
**Gach duine:** Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.

**Múinteoir:** Cloisimid glaoch Dé san Aithne Nua a thug Íosa dúinn. Is cuimhin linn focail Íosa: 'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As

sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile' (Eoin 13:34-35).
**Gach duine:** Moladh don Tiarna, Dia Iosrael.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, go leanaimid ar aghaidh ag freagairt do ghlaoch chun maireachtáil mar do dheisceabail. Iarraimid do ghrásta é seo a dhéanamh i gcónaí, trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN MÉID IS CUIMHIN LINN

- Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 97 agus 98 dá leabhair. Tabhair cuireadh dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna ar feadh cúpla nóiméad agus féachaint an féidir leo a thabhairt chun cuimhne cén scéal a dhéanann gach pictiúr tagairt dó.
- Ansin labhair leis an rang faoi na cuimhní atá acu a bhaineann leis na scéalta éagsúla. Tabhair cuireadh dóibh na scéalta is fearr a thaitin leo a lua agus a rá cén fáth ar thaitin siad leo.
- Ansin tochail níos doimhne trí iad a spreagadh chun an méid a d'fhoghlaim siad faoi Dhia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh ó aon cheann de na scéalta seo a roinnt.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a roinnt cad é mar a spreag na scéalta seo iad chun fás *I nGrá Dé*.

## GNÍOMHAÍOCHT

### NA CUIMHNÍ IS FEARR

Tabhair cuireadh do na páistí na cuimhní is fearr leo ó obair na bliana a chlárú, agus conas a bhraitheann siad a d'fhás siad *I nGrá Dé* i rith na bliana, trí na habairtí seo a chríochnú ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach:

- Ba é an t-amhrán/scéal/dán is fearr liom ná ...
- Ba í an ghníomhaíocht is fearr liom ná ...
- Ba í an phaidir is fearr liom ná ...
- Rud amháin an-tábhachtach a d'fhoghlaim mé ná ...
- Braithim gur fhás mé *I nGrá Dé* i mbliana mar ...

## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair aire dod' anáil ag dul isteach agus ag fágáil do chorp ... Anois, gabh buíochas le Dia as a bheith in éineacht leat. Éist le Dia a rá leat, 'Tá grá agam duit, táim in éineacht leat i gcónaí, tá tú an-luachmhar liom'... Mothaigh grá Dé duit ... Bíodh a fhios agat go bhfuil Dia ag faire ort le grá. Lig do ghrá Dé do chroí a líonadh ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí deis ag na páistí breathnú siar ar an méid a d'fhoghlaim siad i rith na bliana – trí urnaí, machnamh, ceol, comhrá agus íomhánna. Tá na scéalta, dánta, amhráin, íomhánna agus paidreacha is fearr leo tugtha chun cuimhne acu. Tá siad tar éis guí agus machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris i bhfianaise luachanna an tSoiscéil, agus tá siad tar éis foghlaim conas glaoch Dé a fhreagairt mar dheisceabail ghrámhara d'Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COINNEAL A BHAINEANN LE I nGRÁ DÉ

- Tosaigh trí spreagadh a thabhairt do na páistí cuimhneamh ar na siombailí éagsúla a d'fhéach siad orthu i rith na bliana, trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo a chur orthu:
  - Cén tsiombail a d'úsáideamar le labhairt faoin dTríonóid Bheannaithe?
  - Cad iad na siombailí a úsáidtear i Sacraimint an Bhaiste? I Sacraimint Ola na nEaslán? I Sacraimint an Athmhuintearais? I Sacraimint na hEocairiste?
- Ansin iarr ar na páistí téamaí na bliana seo a liostú mar cheannteidil ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach. Abair leo an tríú cuid den leathanach faoi gach ceannteideal/teideal téama a fhágáil bán. Ansin iarr orthu a gcuid siombailí féin a dhearadh sa spás seo chun a bhfuil i gceist ag gach téama a léiriú, m.sh. d'fhéadfadh an chros Cheilteach an Chríostaíocht Cheilteach a léiriú; b'fhéidir go seasfadh umar Baiste do Sacraimint an Bhaiste; d'fhéadfadh cros, bás Íosa a thabhairt chun cinn.
- Anois tabhair amach cóip de theimpléad na coinnle (thíos) do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí an tsiombail is fearr leo ón ngníomhaíocht thuas a chóipeáil ar theimpléad na coinnle, agus a gcuid oibre a mhaisiú.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: I nGrá Dé

**Nóta:** *Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile, do thuismitheoirí/caomhnóirí nó do dhaoine eile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga.*

- **Ullmhúchán:** (*B'fhéidir nach mbeidh gá le cuid den ullmhúchán thíos más sa séipéal a bheidh an tseirbhís urnaí*)
  *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
  *A chinntiú go n-áirítear saothar ealaíne na bpáistí leis na coinnle, cód an ranga agus ar a laghad ceann amháin de na 'Léirithe Athchuimhní' sa spás urnaí.*
  *Roghnaigh dáréag léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
  *Roghnaigh ceathrar páiste chun na nithe seo a leanas a ardú agus a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse: coinneal an ranga, uisce coisricthe, an Bíobla Naofa, cros chéasta/cros/cros Cheilteach.*

  *Comhartha na Croise*

  **Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Inniu an lá chun gairdeas a dhéanamh agus chun buíochas a ghabháil le Dia as an bhliain iontach a bhí againn inár scoil (*ainm na scoile*). Táimid buíoch as gach duine a tháinig anseo inniu chun ceiliúradh a dhéanamh linn. Ar dtús, bíodh nóiméad againn chun cuimhneamh go bhfuil Dia i láthair linn agus coinneal an ranga á lasadh againn.

*Lasann an múinteoir an choinneal.*

Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do shúile a dhúnadh. Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Déan iarracht díriú ar rithim d'análaithe go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... Cuimhnigh go bhfuil an Spiorad Naomh in éineacht leat chun cabhrú leat maireachtáil ar nós Íosa, grá a roinnt cosúil le hÍosa agus guí ar nós Íosa. Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**Dalta 1:** *Ardaíonn coinneal an ranga agus tógann go dtí an spás urnaí í*

**Léitheoir 1:** Tugaimis aire dár gcoinneal ranga agus í á lasadh. (*Lasann an múinteoir an choinneal*.) Lasamar an choinneal seo gach seachtain i rith na scoilbhliana, chun láithreacht Dé inár measc a chur in iúl dúinn. Lenár guth taobh istigh, gabhaimis buíochas le Dia as a bheith in éineacht linn i gcónaí.

*Tabhair cúpla nóiméid le haghaidh machnaimh.*

**Dalta 2:** *Ardaíonn an babhla uisce coisricthe agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Léitheoir 2:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas an uisce agus as bronntanas an chruthaithe. Tá a fhios againn gur bronntanas luachmhar é an t-uisce. Déanaimid sinn féin a bheannú le huisce coisricthe - siombail an Bhaiste.

*Tabhair cuireadh do na páistí a theacht, duine i ndiaidh a chéile, chun iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.*

**Dalta 3:** *Ardaíonn an Bíobla Naofa agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Léitheoir 3:** Briathar inspioráide Dé atá sa Bhíobla. Chualamar go leor scéalta i mbliana ón tSean-Tiomna agus ón Tiomna Nua. Chuidigh na scéalta seo linn a thuiscint go n-iarrann Dia ar dhaoine, tascanna áirithe a dhéanamh. Tugann Dia an grásta do dhaoine freagra a thabhairt ar a ghlaoch agus fanann sé leo go deo.
A Dhia ár nAthair, cabhraigh linn glaoch do ghrá a fhreagairt i gcónaí, trí ghníomhartha grá a dhéanamh dár dteaghlaigh agus dár gcairde.

**Dalta 4:** *Ardaíonn an chros agus tógann go dtí an spás urnaí í*

**Léitheoir 4:** Cuireann an chros, cros chéasta Íosa in iúl dúinn, ar a bhfuair sé bás ar Chalvaire. Le linn an Charghais ghuíomar na focail seo le chéile: *Seo é crann na Croise*. Guímis na focail sin arís anois.
**Gach duine:** Seo é crann na Croise.

**Léitheoir 5:** Tá sé in am dúinn anois casadh chuig Dia agus a insint dó go bhfuil brón orainn as ár bpeacaí. Is cuimhin linn gur iarr Íosa orainn a iompú ónár bpeacaí agus creid sa Soiscéal.

*Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal agus an deasghnáth seo a dhéanamh faoi thrí:*

**Iompaigh, iompaigh, iompaigh** (*Brúigh lámha oscailte uait faoi thrí ar an bhfocal 'iompaigh'*)
**ón bpeaca**. (*Cuir na lámha ar do chroí, lámh chlé ar bharr na láimhe deise*)
**Bí ciúin**, (*Cuir do chorrmhéar ar do bhéal, ag déanamh comhartha ciúnais*)
**bí socair**, (*Seas go socair le lámha taobh leat*)
**agus déan guí laistigh**. (*Lámha le chéile ag guí*)
**Cas ar Dhia, cas ar Dhia**. (*Sín amach na géaga agus oscail do lámha faoi dhó ar an bhfocal 'cas'*)
**Déan aithrí, bí trócaireach agus mair go lúcháireach**. (*Lámha le chéile*)

**Múinteoir:** Guímis *An Gníomh Dóláis* anois.

**Gach duine:** *An Gníomh Dóláis* (A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht ...)

**Léitheoir 6:** Éistimis anois le sliocht ó Íseáia, fáidh.
*Anois, seo mar a deir an Tiarna, do Chruthaitheoirse, a Iosrael: "Ná bíodh eagla ort, óir tá tú fuascailte agam; ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú. Mar is luachmhar thú i mo shúile, is mór liom thú agus is mór é mo chion ort. Ná bíodh eagla ort, mar tá mise leat."* (Ís 43:1, 4-5)

**Múinteoir:** Tóg nóiméad anois agus dún do shúile. Fócas ar do anáil. Bíodh a fhios agat go bhfuil Dia in éineacht leat. Éist le Dia ag rá leat, '*Is luachmhar thú i mo shúile, is mór liom thú agus is mór é mo chion ort.*' Oscail do shúile agus le do ghuth taobh istigh gabh buíochas le Dia.

**Léitheoir 7:** D'fhoghlaimíomar cé chomh tábhachtach is atá sé moladh a thabhairt do Dhia. Tabharfaimid moladh dó anois.
**Gach duine** (*can*): Iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Seasaimis anois chun fáilte a chur roimh an Soiscéal.
**Gach duine:** (*can*) Alleluia.

**Múinteoir:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás.
**Gach duine:** (*Agus* Comhartha na Croise *á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*)**:** Glóir duit, a Thiarna.
*'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin'* (Lúcás 10:27).

**Múinteoir:** Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

- *Tabhair cuireadh do na páistí suí síos. Dáil amach saothar ealaíne na bpáistí a bhaineann leis na coinnle.*

  **Múinteoir:** Tóg do choinneal i do lámh agus breathnaigh uirthi. Tóg nóiméad le machnamh a dhéanamh ar:
  Na siombailí a tharraing tú uirthi ...
  Féach ar gach siombail agus cuir i gcuimhne duit féin an méid a deir sé leat faoi Dhia an tAthair, faoi Íosa, faoin Spiorad Naomh, faoi Mhuire, agus faoi na sacraimintí.

*Tabhair cúpla nóiméid le haghaidh machnaimh.*

**Múinteoir:** B'fhéidir gur mhaith le roinnt daoine, brí a siombail a roinnt leis an rang ...

*Tabhair am don chomhroinnt.*

**Múinteoir:** Tugaimis cuireadh anois don Spiorad Naomh teacht isteach inár gcroí agus ceann de na paidreacha a d'fhoghlaimíomar a rá chuige.
**Gach duine:** Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan ...
*Tabhair cuireadh do leanbh an obair ealaíne a bhaineann leis na coinnle a bhailiú i gciseán agus í a fhágáil sa spás urnaí.*
*Tabhair cuireadh do gach duine atá i láthair seasamh.*

**Múinteoir:** Guímis ar son riachtanais na cruinne.

**Léitheoir 8:** Guímis ar son ár bPápa agus ceannairí na hEaglaise, go mbeidis faoi threoir an Spioraid Naoimh i gcónaí. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.


**Léitheoir 9:** Guímis ar son pobal uile an domhain, go n-oibreoidh siad i gcónaí ar son na síochána agus an cheartais. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 10:** Guímis ar son siúd atá ag fulaingt; na sluaite atá brúite faoi ag cogadh, ag foréigean agus ag gach cineál bochtaineachta. Guímis gur féidir linn cabhrú leo trí thacú le heagraíochtaí mar Trócaire, Cumann na Leanaí Misinéireachta agus carthanachtaí áitiúla eile. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 11:** Guímis ar son na daoine go léir a fuair bás i mbliana agus a raibh aithne againn orthu, go raibh suaimhneas síoraí acu. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 12:** A Dhia ghrámhair, ag críoch ár scoilbhliana, táimid buíoch díot as do chuid bronntanais go léir dúinn. Gabhaimid buíochas leat, ach go háirithe, as bronntanas an chreidimh, an dóchas agus an grá. Go dtabharfaidh an Spiorad Naomh cabhair dúinn na bronntanais seo a úsáid go ciallmhar. Iarraimid é seo trí idirghabháil na Maighdine Muire agus trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.



# Paidreacha

**Comhartha na Croise**
In ainm an Athar,
agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

**Glóir don Athair**
Glóir don Athair,
agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh,
Mar a bhí ó thús,
mar atá anois
agus mar a bheas go brách,
le saol na saol. Áiméan.

**Paidir na Maidine**
A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**Paidir na hOíche**
A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan.

**Altú roimh Bhia**
Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

**Altú tar éis Bia**
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

**Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta**
A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

**An Phaidir**
Ár nAthair, atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**Sé do Bheatha, a Mhuire**
Sé do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

**Paidir don Tríonóid Naofa**
Moladh don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh,
An Triúr ina aon.

**Paidreacha chuig an Spiorad Naomh**
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.

Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.
Agus las ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid,
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.

A Dhia, a mhúin croíthe na bhfíréan
Le solas an Spioraid Naoimh,
Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a bheith críonna go fíor,
Agus gairdeas a dhéanamh i gcónaí ina shólás,
Trí Chríost, ár dTiarna. Áiméan.

**Fáilte an Aingil**
Tháinig aingeal an Tiarna le scéala chun Muire,
Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh.
*Sé do bheatha, a Mhuire…*
Féach, mise banóglach an Tiarna,
Go ndéantar liom de réir d'fhocail.
*Sé do bheatha, a Mhuire…*
Agus ghlac an Briathar colainn dhaonna,
Agus chónaigh sé inár measc.
*Sé do bheatha, a Mhuire…*
Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé
Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.

A Thiarna,
Líon ár gcroíthe le do ghrá,
Agus faoi mar a nocht tú dúinn trí aingeal
Teacht do Mhic i gcolainn dhaonna,
Treoraigh sinn, dá bhrí sin, trína fhulaingt agus a bhás
Go glóire a aiséirí,
Mar is é a mhaireann agus a rialaíonn in éineacht leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
Aon Dia, trí shaol na saol. Áiméan.

**Cúram don Domhan**
A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú an talamh, an spéir agus na farraigí dúinn.
Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt don domhan, ní hamháin don lá atá inniu ann, ach do na haoiseanna atá le teacht freisin.
Ná milleadh aon phlean ná obair againne áilleacht do chruthaithe.
Seol do Spiorad chugainn chun cabhrú linn aire a thabhairt don domhan agus don chruthú ar fad.
Áiméan.

**Paidir ar an mBíobla a oscailt**
Beannaigh mé, a Dhia, ionas
nuair a osclaím an Bíobla seo
go n-osclóidh mé m'intinn agus mo chroí
do do Bhriathar.
Go gcothaí sé mé
faoi mar a chothaigh sé Íosa.
Áiméan.

**Paidir ar an mBíobla a dhúnadh**
Beannaigh mé, a Dhia,
agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
go gcoinneoidh mé do Bhriathar
i mo chroí agus i m'intinn
faoi mar a rinne Íosa.
Áiméan.

**Cré na nAspal**
Creidim i nDia,
an tAthair uilechumhachtach,
Cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a Aonmhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
a d'fhulaing páis faoi Phointias Píoláit,
a céasadh ar an gcros, a fuair bás agus a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomh-Eaglais Chaitliceach,
i gcomaoin na Naomh,
i maithiúnas na bpeacaí,
in aiséirí na colainne,
agus sa bheatha shíoraí. Áiméan.

**An Magnificat**
Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.
Óir rinne an té atá cumhachtach nithe
móra dom agus is naofa a ainm.
Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin
dóibh seo ar a mbíonn a eagla.
Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;
Líon sé lucht an ocrais le nithe fónta,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dár n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

**An Memorare**
Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar,
nár chualathas trácht ar éinne riamh
a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d'iarr cabhair ort
ná a d'impigh d'idirghuí is gur theip tú air.
Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin, rithimse chugat,
a Mhaighdean na maighdean is a Mháthair.
Is chugatsa a thagaim, is os do chomhair a sheasaim,
i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó a Mháthair an Aonmhic, ná diúltaigh do m'urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus freagair iad.
Áiméan.

**Paidir ar son na Marbh**
Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

**Paidir le Moladh Ard**
A Thiarna, molaimid anam (ainm) do sheirbhíseach, i do láthair;
i bhfianaise an domhain seo tá sé/sí marbh anois;
ach os do chomhair go maire sé/sí beo go deo.
Maith dó/di na peacaí a rinne sé/sí trí laige an duine
agus as ucht do ghrá tabhair suaimhneas síoraí dó/di.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Lúireach Phádraig**
Críost liom.
Críost romham.
Críost i mo dhiaidh.
Críost ionam.
Críost ar mo lámh dheas.
Críost ar mo lámh chlé.
Críost i mo chuideachta is cuma cá dtéim.
Críost mar chara agam, anois is go buan. Áiméan.

**Gníomh Dóláis**
A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

**Paidir ag iarraidh Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom
cuimhneamh ar na huaireanta
nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm.
Cabhraigh liom brón a bheith orm
agus iarracht eile a dhéanamh. Áiméan.

**Paidir tar éis Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat faoi
mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhraigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile.
Cabhraigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa orm.
Áiméan.

**Paidir roimh Chomaoineach Naofa**
A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.
Áiméan.

**Paidir tar éis Comaoineach Naofa**
A Thiarna Íosa, gráim agus adhraim thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór. Áiméan.

**Paidir Thurais**
Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae. Áiméan.

**Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta**
**M**ise ag Íosa
**I**s Íosa agamsa
**'S** amhlaidh do leanaí an domhain
**E**isean
**Á**r múineadh is ár
**N**eartú chun guí agus roinnt ár gcuid lena chéile go sroichfimid an bheatha shíoraí. Áiméan.

# Paidreacha don Eocairist

## NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

**Sagart:** In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
**Pobal:** Áiméan.

**Beannachtaí**
**Sagart:** Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
**Nó**
Grásta libh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost.
**Nó**
Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Gníomh Aithrí A**
Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
*(ag bualadh a n-uchta deir siad:)*
trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin.
*(Leanann siad orthu:)*
Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

**Gníomh Aithrí B**
**Sagart:** Déan trócaire orainn, a Thiarna.
**Pobal:** Óir pheacaíomar i do choinne.
**Sagart:** Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.
**Pobal:** Agus tabhair dúinn do shlánú.

**A Thiarna, déan trócaire**
**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.
**Sagart:** A Chríost, déan trócaire.
**Pobal:** A Chríost, déan trócaire.
**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

**Kyrie Eleison**
**Sagart:** Kyrie, eleison.
**Pobal:** Kyrie, eleison.
**Sagart:** Christe, eleison.
**Pobal:** Christe, eleison.
**Sagart:** Kyrie, eleison.
**Pobal:** Kyrie, eleison.

**An Ghlóir**
Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú;
móraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard,
a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair.
Áiméan.

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

*I ndiaidh na Léachta*
**Léitheoir:** Briathar an Tiarna.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

*Roimh an Soiscéal*
**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.
**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A. ...
**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

*Ag deireadh an tSoiscéil*
**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.
**Pobal:** Moladh agus onóir duit, a Thiarna Íosa. (i rith an Charghais)

**Guí an Phobail (An Ghuí Chomhchoiteann)**
**Léitheoir:** A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.
***Nó***
**Léitheoir:** Guímis chun an Tiarna.
**Pobal:** A Thiarna, éist lenár nguí.

## LIOTÚIRGE NA hEOCAIRISTE

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an t-arán seo a ofrálaimid duit: toradh na talún agus saothar lámha an duine, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: toradh na finiúna agus saothar lámha an duine, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** A phobal Dé, guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Pobal:** Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

**Dialóg na Preafáide**
**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.
**Sagart:** Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
**Pobal:** Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
**Sagart:** Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
**Pobal:** Is ceart agus is cóir sin.

**Sanctus**
Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.
**Rúndiamhair an Chreidimh (Ardmholadh Cuimhneacháin)**
**Sagart:** Rúndiamhair an chreidimh.
**Pobal:** Táimid ag fógairt do bháis, a

Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.

***Nó:***

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

***Nó:***

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

***Nó:***

Mo Thiarna agus mo Dhia.

## DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

**An Phaidir**

**Sagart:** Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Pobal:** Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

**Sagart:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

**Pobal:** Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

**Comhartha Síochána**

**Sagart:** Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Sagart:** Ofrálaigí comhartha síochána dá chéile.

**Agnus Dei**

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

**Cuireadh chuig Comaoineach Naofa**

**Sagart:** Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

**Pobal:** A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

**Ag Glacadh Comaoineach**

**Sagart:** Corp Chríost.

**Pobal:** Áiméan.

## NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.

**Pobal:** Agus le do spiorad.

**Sagart:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.

**Pobal:** Áiméan.

**Gnás Scaipthe**

**Sagart:** Imígí, tá an tAifreann thart.

***Nó:***

Imígí le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.

***Nó:***

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

***Nó:***

Imígí faoi shíocháin.

**Pobal:** Buíochas le Dia.

# Téama 1: Dia

## Ceacht 1: Ag Tosú Arís.
## Ceacht 2: Is é Dia an Grá. Tá grá ag Dia dúinn.
## Ceacht 3: Creidim.

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Tá Dia uileolach, uilechumhachtach
- Tá grá ag Dia dom agus tá aithne phearsanta aige orm
- Tugann Dia bronntanais speisialta dúinn a léiríonn a ghrá
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn
- Is é Dia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh
- Is é Dia an Tríonóid i dtrí phearsa. Ní roinneann siad diagacht eatarthu féin ach ina n-aonar is ionann gach pearsa agus Dia ina iomláine
- Nuair a deir Críostaithe 'Creidim i nDia', ciallaíonn siad go bhfuil briathra, oibreacha, geallúintí agus aitheanta Dé ar eolas acu agus go bhfuil muinín acu astu

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Is é Íosa an Dara Pearsa Diaga den Tríonóid Ró-Naofa
- Bhí Íosa diongbháilte ina dhearcadh nach leor go dtabharfaí aitheantas dá theagasc ach go mairfimid dá réir

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Chuir an tAthair agus an Mac an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith níos cosúla le Dia
- Treoraíonn an Spiorad Naomh an Eaglais agus tugann aire di
- Fanfaidh an Spiorad Naomh linn go deo
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh le Críostaithe Dea-Scéal Íosa a scaipeadh ar bhealaí difriúla
- Tugann an Spiorad Naomh grásta do phobal uile Dé

**Muire**

- Treoraíonn Muire chuig Íosa sinn i gcónaí

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Creideann Giúdaigh i nDia. Ba Ghiúdach é Íosa

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú*

- Salm 18:1-3. Is é Dia mo Charraig
- Salm 23. Is é an Tiarna m'Aoire

*Saol Poiblí Íosa*

- Eoin 13:34-35. Aithne Nua
- 1 Eoin 4:7-8. Is é Dia an Grá
- Eoin 20:19-23. Taispeánann Íosa é féin dá dheisceabail

### MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is freagairt ar ghrá Dé é adhradh a dhéanamh agus a bheith umhal d'aitheanta Dé

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Glóir don Athair
- Paidir chun na Tríonóide
- Cré na nAspal
- An Phaidir

*Paidreacha Breise*

- Freagraí an Aifrinn
- Sailm 23, 104

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Ba chóir go bhforbródh daltaí feasacht, eolas, tuiscint agus meas ar phríomhtheagasc na Críostaíochta ar Dhia (An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh), ar Íosa Críost, agus ar an Bhíobla; agus bheith ábalta an Bíobla a léirmhíniú agus é a nascadh leis an saol. Luaitear tagairtí as na scrioptúir mar threoir don mhúinteoir. Má thugtar tagairtí do Shoiscéal amháin, is féidir úsáid a bhaint as sleachta cosúla as na Soiscéil eile.

**Dia agus an Bíobla**

*c. Conradh Dé lena chine tofa.*

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí: Éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé i leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

**Beatha Íosa**

*f. Ministreacht Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.

*h. An Deascabháil agus An Chincís.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí: Na scéalta a bhaineann leis na himeachtaí thíos a mheabhrú agus a phlé.

- Coimisiúnú na ndeisceabal - Matha 28:16-20.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

1. Tús agus fás.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhóráltacht**

2. Féinmheas.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.

*d. Meas ar an timpeallacht.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú, a thug Dia dúinn mar thíolacadh.

# Ceacht 1: Ag Tosú Arís

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tosaímid trí dhíriú ar scoilbhliain nua, lena dheiseanna agus a sceitimíní. Céim thábhachtach is ea gach bliain nua ar thuras na leanaí agus is maith an rud é sin a admháil.

I mbliana, mar a tharla sna blianta roimhe seo, leanaimid ar aghaidh ag cur in iúl do na páistí go bhfuil Dia leo ag an chéim thábhachtach seo ina saol. Tá Dia i gcónaí in éineacht leo, tá aithne dhílis aige orthu, agus ní bhíonn sé riamh i bhfad uathu i réimse eile. Ach go fírinneach, tá an domhan ina mairimid lán de láithreacht Dé. Teastaíonn uainn go mbeadh a fhios ag na páistí go dtugann Dia aire do gach duine acu go pearsanta agus gan uaidh ach an rud is fearr dóibh. Thug Dia bronntanais do gach duine againn mar chomharthaí a ghrá dúinn. Cabhraímid go háirithe leis na páistí a chreidiúint gur i nDia amháin 'a mhaireann agus a ghníomhaíonn siad'.

Sa cheacht seo cabhraímid leis na páistí cód ranga don bhliain a chur i láthair. Tugaimid dúshlán dóibh smaoineamh ar an bhfáth go bhfuil sé tábhachtach cóid nó socraithe a bheith acu chun an chaoi ina iompraíonn daoine iad féin a rialú. Tabharfaidh siad chun chuimhne gur cheiliúir Íosa an Suipéar Déanach lena chairde (*I nGrá Dé* Naíonáin Shóisearacha/B1, Téama 6; Naíonáin Shinsearacha/B2, Téama 7; Rang a hAon/B3, Téama 7; agus Rang a Dó/B4, Téama 7). Múinimid do na páistí gur thug Íosa cód maireachtála dá dheisceabail ag an Suipéar Déanach agus bhí súil aige go leanfadh siad an cód seo agus go mbeadh grá acu dá chéile.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Deisceabal:** Duine de lucht leanúna Íosa.
- **Aithne:** Dlí.
- **Conradh:** Socrú/comhaontú.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cairt de Chód an Ranga
- Stiallacha páipéir chun an Slabhra Grá a dhéanamh

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN SCOILBHLIAIN NUA

Déan comhrá leis na páistí faoi thosú an scoilbhliain nua, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a bhraitheann sé a bheith ag tosú le scoilbhliain nua?
- Cad a bhfuil sibh ag tnúth go mór leis?
- An bhfuil aon rud ann a bhfuil sibh neirbhíseach faoi ag tús na scoilbhliana nua seo?

Ansin léigh an scéal 'Ar Ais ar Scoil' faoi conas a chuir grúpa leanaí tús le scoilbhliain nua.

## SCÉAL

**Ar ais ar Scoil**

Mí Mheán Fómhair atá ann arís agus táimid ar ais go dtí am scoile! Shocraigh na páistí isteach sna seomraí ranga nua. Bhraith gach rud nua. Bhí éidí nua, málaí nua agus leabhair nua acu, agus bhí fiú daltaí nua ann.

Chuir an t-Uasal Ó Laoire fáilte roimh na cailíní agus na buachaillí ar ais go dtí Scoil Naomh Aodháin ar feadh bliain eile agus thug sé cuireadh dóibh a gcuid scéalta a roinnt faoi laethanta saoire an tsamhraidh. Mhol sé ansin gur chóir dóibh cód ranga don bhliain a chur le chéile.

'Cad is cód ranga ann?' D'iarr Seárón.

Chuir Iúd a lámh in airde agus thug an t-Uasal Ó Laoire sméideadh cinn ina threo. Mhínigh Iúd, 'Sílim go bhfuil sé cosúil le plean ar an gcaoi a n-iompóidh na páistí iad féin sa rang i rith na bliana ... cineál sraith rialacha.'

Gháir an t-Uasal Ó Laoire agus dúirt, 'Maith an buachaill. Sin é díreach é. Is sraith rialacha nó cód iompair é don bhliain atá amach romhainn agus a n-aontaímid ar fad leo.'

Ansin thug an t-Uasal Ó Laoire cuireadh do na páistí, na rudaí a mheas siad gur cóir a bheith ina gcód ranga a ainmniú. Duine i ndiaidh a chéile nocht na páistí a gcuid smaointe de réir a chéile ... gan a bheith ag rith, gan a bheith ag béicíl, gan a bheith ag labhairt gan cead, gan scéalta a insint ...

'Moltaí an-mhaith,' a dúirt an t-Uasal Ó Laoire, agus ansin dúirt sé, 'ach an bhféadfaimis iad a rá ar bhealach níos dearfaí? Arbh fhéidir linn na rudaí a dhéanfaimid seachas na rudaí nach ndéanfaimid a ainmniú?'

Chuidigh Barra go tapa agus dúirt sé, 'Ba chóir dúinn siúl seachas rith sa seomra ranga agus sa phasáiste.'

Ansin, duine i ndiaidh a chéile, nocht na páistí a gcuid smaointe maidir le hiompar dearfach sa seomra ranga don bhliain amach rompu.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- An gceapann sibh gur maith an rud é cód ranga a bheith ann agus athbhreithniú a dhéanamh air gach bliain? Cén fáth nó cén fáth nach maith an rud é?
- Cad é an rud is tábhachtaí, dar libh, gur cóir a bheith i gcód ranga?

**Déan aire na bpáistí a dhíriú chuig leathanach 4 dá leabhar.**

## PAIDIR

**Ullmhú:** *Tá focail Salm 23 ar fáil ar líne agus féadfar iad a thaispeáint nuair is cuí ar an gclár bán idirghníomhach. Roghnaigh léitheoirí chun na véarsaí a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á soilsiú*): Agus ár gcoinneal á soilsiú tá a fhios againn go bhfuil Dia i láthair linn. Thug Dia mórán bronntanais dúinn mar chomharthaí a ghrá dúinn.

Tugaim cuireadh daoibh anois bhur súile a dhúnadh. Tóg nóiméad agus tabhair aire dod' anáil. De réir mar a bhíonn tú ag análú, smaoinigh ar an ngrá go léir a thairgeann Dia duit. Nuair a bhíonn tú ag análú amach, samhlaigh duit féin go bhfuil tú ag fáil réidh leis an méid a chuireann buairt agus imní ort. (*Tabhair an treoir seo arís cúpla uair*.)

Glac do shuaimhneas, agus a fhios agat go bhfuil Dia leat, ag tabhairt aire duit i gcónaí, is cuma cén áit a bhfuil tú nó cad atá á dhéanamh agat. Tá a fhios againn go bhfuil Dia cosúil le haoire maith agus go dtugann sé aire dúinn díreach mar a thugann aoire maith aire dá chaoirigh.

Nuair atá tú réidh, oscail na súile agus tabhair aire don gcoinneal atá ar lasadh. Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i gcónaí linn.

Anois éistimid le roinnt véarsaí ó Salm 23, 'Sé an Tiarna m'Aoire'. Is é an freagra ná: *'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm.*

**Gach duine:** 'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm.

**Léitheoir 1:** 'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm. Cuireann sé féin i mo luí mé i móinéar féir ghlais. Seolann sé ar imeall an uisce mé mar a bhfaighim suaimhneas.
**Gach duine:** 'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm.
**Léitheoir 2:** Seolann sé ar shlí na fíréantachta mé mar gheall ar a ainm.
**Gach duine:** 'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm.
**Léitheoir 3:** Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol; i dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe.
**Gach duine:** 'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm.
**Múinteoir:** Dia ár nAthair, tugaimid glóir duit agus sinn ag guí an *Glóir don Athair* le chéile ag baint úsáid as na gothaí a d'fhoghlaimíomar sa chlár *I nGrá Dé* níos luaithe.
**Gach duine:** Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh. (*lámha le chéile ag guí*)
Mar a bhí ó thús, (*Cas agus sín an lámh chlé ar chlé*)
Mar atá anois, (*Sín na lámha i dtreo an urláir*)
Mar a bheas go brách, (*Cas agus sín an lámh dheas ar dheis*)
Le saol na saol. (*Ardaigh na lámha agus tarraing ciorcal san aer leo*)
Áiméan. (*lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### CÓD RANGA A CHUR LE CHÉILE

Téigh ar ais  ar an scéal 'Ar Ais ar Scoil' inar chuir na paistí agus an múinteoir a gcód ranga le chéile. Inis do rang go bhfuil siad chun a gcód ranga féin a chur le chéile i mbliana. Déan comhrá gairid leis na páistí faoin bhfáth go mbeadh sé sin ina smaoineamh maith. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna orthu:

- Conas a chabhróidh cód ranga linn, dar libh? An dóigh libh gur cóir go mbeadh an cód ranga céanna ag gach rang sa scoil? Cén fáth nó cén fáth nach cóir?
- Nuair a thosaímid ag smaoineamh ar ár gcód ranga, an bhfuil aon rud foghlamtha againn cheana féin a chabhróidh linn? Cad é sin?
- An cuimhin libh rud ar bith a dúirt Íosa a chabhróidh linn?

Ansin tabhair cuireadh do na páistí grúpaí beaga a dhéanamh. Tabhair bileog páipéir do gach grúpa agus tabhair cuireadh dóibh sé ní a liostáil a bheadh oiriúnach don chód ranga. Tar éis do gach grúpa cabhrú, spreag na páistí a bheith páirteach agus deich ní a roghnú a bheadh oiriúnach don chód ranga.

Déan comhrá leis na páistí faoin tábhacht a bhaineann leis an méid a bhfuil déanta acu agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Cad a chabhróidh lenár gcód ranga oibriú?
- Má thugann gach duine onóir don chód ranga, cén difríocht a dhéanfaidh sé sin?
- An féidir libh smaoineamh ar bhealaí eile, ar fhocail eile, chun cur síos a dhéanamh ar chód ranga agus ar an méid a léiríonn sé? (m.sh. comhaontú, rialacha) Cuimhnigh go n-úsáidtear na téarmaí 'cúnant' nó 'conradh' chun cur síos a dhéanamh ar shraith rialacha a aontaíonn daoine a choinneáil. Foghlaimeoimid níos mó faoi na téarmaí seo níos déanaí amach anseo i mbliana.
- Cad iad na háiteanna eile seachas an seomra ranga/an scoil ina mbíonn rialacha le fáil? (m.sh. leabharlann, linn snámha) An gceapann sibh gur smaoineamh maith é chun sraith rialacha a chur le chéile do na háiteanna éagsúla a dtugann daoine cuairt orthu? Cén fáth nó cén fáth nach smaoineamh maith é?
- Cén difríocht a dhéanfadh sé in aon cheann de na háiteanna sin mura raibh rialacha nó cóid ann? An rud maith nó drochrud é gan aon rialacha a bheith ann? Cén fáth?
- Dá bhféachfá ar chód ranga, conas a bheadh a fhios agat gur bhain sé le scoil Chaitliceach? Cén chaoi a bhféadfadh sé a bheith difriúil le cód ranga ó

chineál eile scoile?

- An gceapann sibh go mbeidh sé deacair oraibh rialacha ár gcód ranga a choimeád? Cén fáth nó cén fáth nach mbeidh sé deacair?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AN NUA-AITHNE

Chuir Dia an tAthair a Mhac, Íosa, chun cónaí inár measc ionas go bhféadfadh sé grá Dé a thaispeáint dúinn ina ghníomhartha. Theastaigh ó Íosa go ndéanfadh a lucht leanúna/a dheisceabail, aithris ar an gcaoi inar thug sé grá do dhaoine eile. Bhí a fhios ag Íosa go bhfillfeadh sé ar Dhia, a Athair, go luath ar neamh, agus mar sin thug sé cód dá dheisceabail go bhféadfaidís a leanúint nuair nach mbeadh sé leo a thuilleadh go pearsanta. Rinne Íosa é seo tar éis dó cosa a dheisceabal a ní ag an Suipéar Déanach. Ghlaoigh sé aithne nua ar an gcód seo. Theastaigh uaidh go leanfadh a chuid deisceabail le grá a thabhairt dá chéile ar an mbealach a thaispeáin sé dóibh.

Sula léann tú an sliocht ó na Scrioptúir, cuir i gcuimhne do na páistí gur tugadh deisceabail ar na daoine a lean Íosa nuair a bhí sé ar domhan, agus gur deisceabail Íosa iad féin, freisin.

**An Nua-Aithne (Eoin 13:34-35)**
'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.'



Tar éis duit an sliocht Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé dó ar thug Íosa an Nua-Aithne?
- Cad a iarrann an Nua-Aithne ar dheisceabail Íosa?
- Cén fáth a dteastaíonn ó Íosa go mbeadh grá ag a dheisceabail dá chéile?
- Cad a theastaíonn ó Íosa go mbeadh ar eolas ag daoine eile faoina dheisceabail?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat gur cód maith é an Nua-Aithne? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cén chiall a bheadh sa chód seo do dhuine a lean é i ndáiríre? Cén tionchar a bheadh aige ar a saol?
- An dóigh leat go raibh a fhios ag deisceabail Íosa go raibh grá aige dóibh? Conas a bhí a fhios acu?
- Cén cineál duine a bheadh ina dheisceabal d'Íosa? Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh orthu?
- An gceapann tú go bhféadfaí 'deisceabal Íosa' a thabhairt ortsa? Cén fáth nó cén fáth nach bhféadfaí?

**Dírigh aire na bpáistí go dtí leathanach 5 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### TUGAIGÍ GRÁ DÁ CHÉILE

Tá neart pictiúr a bhaineann le daoine ag taispeáint grá dá chéile agus gan grá a thaispeáint dá chéile ar fáil ar líne gur féidir leat a thaispeáint ar an gclár bán idirghníomhach. Tabhair cuireadh do na páistí a rá cad atá ag tarlú i ngach pictiúr agus ansin tarraing agus scaoil na pictiúir ionas gur féidir iad a chur sna catagóirí 'Grámhar' nó 'Gan a bheith Grámhar'.

Ar chríochnú na gníomhaíochta, déan comhrá leis an páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Go dtí seo, d'fhoghlaimíomar faoin tábhacht a bhaineann le cód ranga a bheith againn. An féidir libh cuimhneamh ar cad air a d'aontaíomar inár gcód ranga? An bhfuil sé éasca oraibh cloí leis an méid a d'aontaíomar air? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé éasca?
- Thug Íosa an Nua-Aithne dá dheisceabail mar theastaigh uaidh go mbeadh grá acu dá chéile. Sna pictiúir, cé hiad na daoine a thugann grá dá chéile mar a d'iarr Íosa ar a lucht leanúna? Cé nach bhfuil ag taispeáint meas agus grá?
- Cad iad na cineálacha rudaí a rinne Íosa le taispeáint dóibh conas grá a thabhairt dá chéile?
- Cé a thug faoi deara gur lucht leanúna Íosa ab ea na deisceabail?

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Cuimhnigh ar na focail seo a dúirt Íosa lena dheisceabail, 'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, tugaigí grá dá chéile.' Tá na focail chéanna á rá ag Íosa chugatsa anseo, faoi láthair. Éist leis agus d'ainm á glaoch aige. Deir sé, 'tugaigí grá dá chéile.' Le do ghuth istigh, abair le hÍosa más maith leat freagra a thabhairt ar a chuireadh chun é a leanúint. Iarr ar Íosa cabhrú leat. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí.

**Grá**
Dúirt Íosa, 'Gráigí a chéile
Amhail a ghráigh mise sibh.'
Más mian leat grá a roinnt
Tosaigh sa bhaile! (Seo leideanna duit.)

An cat a bheathú ar maidin
Dul amach leis an gcú ag siúl
An tsiopadóireacht a iompar go'n chistin
(Gan gearán ná ardú na súl!)

D'obair bhaile déanta go luath
(Gan í fágtha go ham dul a luí!)
Ná himigh go tapa ó bhéilí
(Ach fan le haghaidh caint agus spraoi!)

Do sheomra 'bheith glan agus slachtmhar
(Gan éadaí ar fud an urláir!)
Ná habair 'Úúú, 'bhfuilimid fós ann?'
(Bheul, naoi nó deich n-uaire, más gá!)

Bí réadúil. Níl aon duine foirfe!
Is minic gur mór an crá sinn.
Déan an méid ar féidir leat.
(Anois, amach leat, a mhadra – seo linn!)

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 6 dá leabhar.**



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tugann scoilbhliain nua deis agus sceitimíní dúinn uile. Tá Dia linn gach céim den bhealach. Tugann Dia aire do gach duine againn go pearsanta, mar a thugann aoire maith aire dá chaoirigh.

Chuir Dia, an tAthair, a Mhac, Íosa, le bheith linn ionas go mbeadh doimhneacht grá Dé dúinn ar eolas againn. Nuair a bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun filleadh ar a Athair ar neamh, thug sé Aithne Nua dá dheisceabail: go mbeadh grá acu dá chéile faoi mar a bhí grá aige dóibh. Bheadh a ngrá dá chéile mar chomhartha go raibh Íosa á leanúint acu. Nuair a bhíonn grá agus meas againn dá chéile, léirímid freisin gur deisceabail Íosa sinn. Grá i ngníomh is ea Nua-Aithne Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### GNÍOMHARTHA GRÁMHARA

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoin bhrí a bhaineann le bheith ina dheisceabal d'Íosa. Labhair faoin mbealach ina mhair Íosa le daoine eile, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad iad na gníomhartha grámhara a rinne Íosa?
- Tugann Íosa cuireadh dúinn gníomhartha grámhara a dhéanamh dá chéile. Smaoinigh go ciúin ar cad is brí leat gníomhú mar a iarrann Íosa.
- Cad iad na gníomhartha grámhara gur féidir leat a dhéanamh sa bhaile, ar scoil, le do chairde, i do chomharsanacht nó paróiste? (m.sh. is féidir liom éisteacht le mo mhúinteoir, is féidir liom bheith ag faire amach do dhaoine eile, is féidir liom cabhrú sa bhaile, Is féidir liom an rud a iarrtar orm a dhéanamh, is féidir liom mo chuid buanna a roinnt, srl.)
- Cad a d'fhéadfaimis a chur le cód an ranga lena thaispeáint go bhfuil Aithne Nua Íosa cloiste againn?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### SLABHRA GRÁ A DHÉANAMH

- Tabhair stiall páipéir do gach páiste.
- Tabhair cuireadh dóibh scríobh ar thaobh amháin den pháipéar gníomh grámhar go bhféadfaidís a dhéanamh i rith na seachtaine, agus ar an dtaobh eile paidir ghearr ag iarraidh ar Íosa cabhrú leo an gníomh grámhar a dhéanamh.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh slabhra a dhéanamh ag nascadh na stiallacha go léir le chéile, Slabhra Grá an ranga.



## PAIDIR

**Ullmhú:** *Iarr ar na páistí suí ar a gcathaoireacha timpeall an spáis urnaí. Cuir an slabhra grá sa spás urnaí. Tá an sliocht le léamh ar fáil thíos agus is féidir é a thaispeáint ag an am cuí ar an gclár bán idirghníomhach.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Agus sinn ag bailiú inniu cuimhnímid go bhfuil Dia i láthair linn. Agus tú ag féachaint ar ár slabhra grá, tabhair chun cuimhne méid ghrá Dé duit. Dá mbeadh gníomhartha grá á dhéanamh againn go minic do dhaoine eile nach mór an grá a bheadh ann ar fud an domhain! Nuair a dhéanaimid gníomhartha grá dá chéile táimid ag maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn. Dúnaigí bhur súile anois agus cuimhnigh gurb é an chéad chéim le bheith ina dheisceabal ag Íosa ná tosú san áit ina bhfuil tú faoi láthair. Éistigí anois le focail Íosa: 'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile.' Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

Anois, éistimis leis an sliocht as an Soiscéal de réir Eoin, inar thug Íosa an aithne nua dá dheisceabail. Ba thosach nua é seo do na deisceabail. Inniu, tá Íosa ag tabhairt deis do gach duine againn tosach nua a dhéanamh.

**Léitheoir:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.
*Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile. (Eoin 13:34-35)*


**Múinteoir:** Go ciúin, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, iarr ar Íosa cabhrú leat gníomhartha grá a dhéanamh gach lá. Cuirimid deireadh lenár n-urnaí anois ag canadh le chéile.

**Gach duine** (*ag canadh*)**:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as an ngrá a léiríonn tú gach lá dúinn. Cabhraigh linn grá a thabhairt dár dteaghlaigh agus dár gcairde leis an ngrá céanna. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 2: Is é Dia an Grá. Tá grá ag Dia dúinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Fásann leanaí, agus go deimhin daoine fásta, nuair a bhíonn a fhios acu go bhfuil grá ag duine éigin dóibh. Múineann an traidisiún Críostaí gurb é Dia foinse an ghrá ar fad. Chruthaigh Dia sinn agus gach rud atá ann as grá. Cothaíonn grá Dé gach rud atá ann. Deir an chéad Litir ó Naomh Eoin é seo go soiléir: 'Is é Dia an grá' (1 Eoin 4:8). Cuirfidh go leor leanaí eolas ar ghrá Dé trí ghrá a dtuismitheoirí agus daoine eile timpeall orthu. Feicfidh siad grá Dé freisin sa chúram a léirítear sa domhan cruthaithe mórthimpeall orthu.

Sa cheacht seo cuirimid na páistí i láthair, ar bhealach an-simplí, le Rúndiamhair na Tríonóide Beannaithe. Comaoineach de thriúr is ea Dia agus iad i gcaidreamh grámhar: an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Sin é an fáth gur féidir linn a rá 'Is é Dia an Grá!'

Rinne a lán daoine, cosúil le healaíontóirí, dealbhóirí, íocónagrafadóirí agus diagairí, iarracht an Tríonóid a shamhlú nó a mhíniú, ach is rúndiamhair í an Tríonóid Naofa nach féidir a mhíniú go hiomlán choíche. Ní rúndiamhair an Tríonóid ar an mbealach céanna le scéal bleachtaireachta, ach is fírinne í go leanaimid á scrúdú ar feadh ár saol agus go dtiocfaimid ar thuiscint níos doimhne uirthi, gan í a thuiscint go hiomlán riamh. Mhúin Naomh Pádraig muintir na hÉireann faoin ngaol atá ann idir Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh trí úsáid a bhaint as íomhá na seamróige.

Gach uair a ghearraimid *Comhartha na Croise* orainn féin agus a deirimid *Glóir don Athair*, glaoimid ar ainmneacha na Tríonóide, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Chuir Dia an tAthair a Mhac, Íosa, chun cónaí inár measc ar domhan. Thóg Íosa ár nádúr daonna air féin agus thaispeáin dúinn conas grá a roinnt agus conas maireachtáil. Tar éis bhás agus aiséirí Íosa, chuir Dia an Spiorad Naomh chugainn chun cúnamh agus treoir a thabhairt dúinn.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Rúndiamhair:** rud nach féidir linn a thuiscint go hiomlán.
- **Rúndiamhair na Tríonóide Naofa:** tá trí phearsa in aon Dia amháin: Athair, Mac agus Spiorad Naomh.
- **Íobairt:** Bainimid úsáid as an téarma seo chun cur síos a dhéanamh ar ghníomh ghrámhar a dhéanann duine do dhuine eile gan smaoineamh orthu féin. Bíonn costas i gceist le híobairt.
- **Íocón:** sórt ealaíne atá ann. Is ón nGréigís a thagann an focal 'íocón'. Íomhá nó pictiúr is brí leis.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar A4, pinn luaidhe daite, marcóirí nó criáin do gach páiste
- Cairt le haghaidh 'Grúpobair'
- Ubh chrua bruite agus íomhá de sheamróg
- Snáitheanna as ábhair éagsúla, m.sh. olann, téad, ribín, leathar, leaistic
- Cóip de theimpléad seamróige (thíos) do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOIN NGRÁ

Scrúdaigh réamheolas na bpáistí faoi ghrá a fháil agus faoi ghrá a roinnt le daoine eile ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Ar léigh tú leabhar nó scéal nó ar fhéach tú ar scannán ina raibh grá ag na carachtair dá chéile? Conas a bhí a fhios agat go raibh grá acu dá chéile?

Déan comhrá faoin ngrá a roinneann teaghlaigh lena chéile agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a mhothaigh tú go raibh grá ag duine éigin duit? Cén fáth go raibh cúrsaí amhlaidh? Cé hiad na daoine a chreideann tú go bhfuil grá acu duit? Cén fáth a chreideann tú go bhfuil grá acu duit?
- Conas a léiríonn daoine i do theaghlach grá dá chéile? Déan cur síos ar rud éigin a rinne tú chun a léiriú do dhuine éigin i do theaghlach go raibh grá agat dóibh.
- Déan cur síos ar rud éigin a rinne duine éigin i do theaghlach duitse a thaispeáin go raibh grá acu duit.
- An mbíonn sé deacair riamh rudaí a dhéanamh do dhaoine eile a léiríonn go bhfuil grá agat dóibh? An féidir leat smaoineamh ar a am nuair a rinne tú gníomh grámhar do dhuine i do theaghlach, cé go raibh sé deacair é a dhéanamh?
- Cad a thugtar air nuair a dhéanann duine gníomh grámhar do dhuine eile gan smaoineamh orthu féin? (íobairt) Tabhair chun chuimhne scéal nó scannán a chonaic tú, ina rinne na carachtair íobairt ar son a chéile. Déan cur síos ar an íobairt sin.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 7 agus 8 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### CAIRT FAOIN DTRÍONÓID

- Tabhair isteach an ghníomhaíocht seo trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi na trí phearsa atá sa Tríonóid Naofa: Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil an triúr seo ag maireachtáil i gcaidreamh grámhar, ach níl ann ach aon Dia amháin.
- Ar chairt, líon isteach an méid atá ar eolas ag na páistí faoi Dhia. Is dócha go gcuimhneoidh siad ar an méid atá ar eolas acu faoi Dhia mar Chruthaitheoir, an té a chruthaigh gach rud as grá; faoi conas a sheol Dia an tAthair a Mhac, Íosa, chugainn chun cónaí inár measc; agus is dócha go gcuimhneoidh siad ar roinnt íomhánna ar Dhia, m.sh. an tAoire Maith. Beidh scéalta faoi Íosa mar ghasúr agus faoina chuid teagasc ar eolas acu freisin, agus gur leighis sé agus gur thug sé maithiúnas do dhaoine. Is dócha go gcuimhneoidh siad freisin gur sheol Íosa an Naofa Spiorad chun cabhrú lena lucht leanúna agus chun iad a threorú.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

## PAIDIR

**Ullmhú:** *Mínigh do na páistí go n-úsáidfidh siad dathanna le linn na hurnaí inniu chun cabhrú leo smaoineamh ar an ngrá a bhfuil taithí acu air ina saol. Tosaigh le comhrá a dhéanamh faoin dtaithí atá acu ar an ngrá, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:*

- *Cathain a bhraith tú go raibh grá ag duine eile duit?*
- *An bhfuil focal agat chun cur síos a dhéanamh ar an mothúchán? An bhfuil dath agat chun cur síos a dhéanamh ar an mothúchán?*
- *Cathain a cheapann tú gur thaispeáin tú do dhuine eile go raibh grá agat dóibh?*

*Ansin tabhair bileog de pháipéar A4 agus pinn luaidhe daite, marcóirí nó criáin do gach leanbh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Tugaim cuireadh daoibh a bheith ciúin i dtreo is gur féidir libh éisteacht leis an gceol machnamhach atá ag seinm sa chúlra.

*Cuireann an múinteoir ceol machnamhach ag seinm.* Nuair atá tú réidh, bain úsáid as na pinn luaidhe daite, na marcóirí nó na criáin chun léiriú daite a dhéanamh ar an ngrá atá i do shaol.

Cuimhnigh ar am nuair a bhraith tú grá ó dhuine éigin eile. Cad a tharla gur bhraith tú mar sin? Bain úsáid as dath chun cur síos a dhéanamh ar an mothúchán. Tarraing pictiúr nó déan dearadh a chuireann an grá sin i gcuimhne duit.

Bhí grá ag Dia duit sular rugadh tú. Tá d'ainm ar eolas ag Dia agus is speisialta tú ina aghaidh.

Níl grá ag Dia duit mar thoradh ar rud ar bith a dhéanann tú nó nach ndéanann tú. Ach tá grá ag Dia duit toisc go bhfuil tú ann. An féidir leat grá Dé duit a léiriú trí úsáid a bhaint as dath nó dathanna de do rogha, nó trí phictiúr nó dearadh a tharraingt?

Féach ar do phictiúr. An maith leat é? An bhfuil rud éigin ann ar mhaith leat a rá le Dia? B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia maidir leis na bealaí ar fad a bhfuil grá aige duit.

N'fheadar an bhfuil rud éigin á rá ag Dia leat anois. Smaoinigh ar feadh nóiméid ar an méid a d'fhéadfadh Dia a bheith ag rá leat.
*Nuair a chríochnaíonn na páistí a gcuid saothair ealaíne agus an machnamh, cuir deireadh leis an gceol machnamhach agus tabhair cuireadh dóibh a gcuid bileoga a chur sa spás urnaí. Críochnaigh leis an urnaí seo:*

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as comharthaí do ghrá ar domhan agus inár saol. Cabhraigh linn áilleacht nádúrtha an domhain, a chruthaigh tú, a thuiscint agus a bheith buíoch as do ghrá, a thagann chugainn trí do chruthú. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### FAOIN TRÍONÓID NAOFA

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá trí phearsa in aon Dia amháin: an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Tá gach duine den triúr comhionann leis an mbeirt eile. Maireann an triúr seo i gcaidreamh grámhar lena chéile agus tugtar an Tríonóid Bheannaithe orthu. Is breá leis an Athair an Mac agus is breá leis an Mac an tAthair, agus is é an Spiorad Naomh a ngrá dá chéile. Is comaoineach é Dia de thriúr a mhaireann in aontacht grámhar; is é seo an fáth gur féidir linn a rá gurb é Dia an Grá. Is rúndiamhair dár gcreidimh é seo nach mbeimid choíche in ann a thuiscint go hiomlán.

Sa domhan ina mairimid feicimid nithe fisiciúla ar bhealach tríthoiseach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil airde áirithe, doimhneacht agus leithead áirithe ag gach rud. An féidir leat rudaí sa timpeallacht a ainmniú a bhfuil airde, doimhneacht agus leithead acu? Breathnaigh thart ar na daoine sa seomra ranga seo. An bhfuil siad tríthoiseach?

Níl taithí againn ar Dhia i mbealach tríthoiseach. Ní féidir linn Dia a fheiceáil, a mhothú ná a theagmháil faoi mar is féidir linn daoine eile a fheiceáil, a mhothú agus a theagmháil.

Múineann an Eaglais Chaitliceach go maireann Dia go síoraí i dtriúr: an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Is rúndiamhair í seo nach mbeimid riamh in ann a thuiscint go hiomlán. Tá iarracht déanta ag go leor daoine rúndiamhair na Tríonóide a thuiscint agus cabhrú le daoine eile í a thuiscint. Mar shampla, d'úsáid Naomh Pádraig an tseamróg, lena trí dhuilleog, le cuidiú le muintir na hÉireann an gaol idir trí phearsa na Tríonóide a thuiscint. Cé gur planda amháin é an tseamróg, tá sé déanta de thrí dhuilleog éagsúla. Cad is cuimhin leat faoi Naomh Pádraig agus faoi chonas a mhúin sé na daoine faoi Dhia?

Breathnaigh thart arís ar do chomhdhaltaí. An bhfuil siad go léir mar a chéile nó an bhfuil siad difriúil? Ainmnigh cuid de na rudaí a dhéanann na páistí go léir inár seomra ranga difriúil óna chéile. Cad iad na focail a bheadh in úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí seo? (m.sh. uathúil agus ar leith)

Tá trí phearsa in aon Dia amháin. Tá gach ceann de na daoine seo uathúil agus leithleach. Tá Dia an tAthair, a chruthaigh an domhan ann; Dia an Mac, Íosa, a tháinig ar domhan chun a thaispeáint dúinn méid an ghrá atá ag Dia dúinn, agus chun a thaispeáint dúinn conas grá a roinnt; agus Dia an Spiorad Naomh, atá linn anois chun cabhrú linn maireachtáil agus grá a roinnt mar a d'iarr Íosa orainn. Nuair a mhairimid agus nuair a roinnimid grá ar nós Íosa tugaimid grá Dé do dhaoine eile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### BRÁISLÉAD NA TRÍONÓIDE

- Tabhair cuireadh do na páistí bráisléad na Tríonóide a dhéanamh a léiríonn an coincheap trí-in-aon. Iarr orthu trí shnáithe a úsáid as ábhair éagsúla, m.sh. olann, téad, ribín, leathar, leaistic.
- Glac trí shnáithe dhaite dhifriúla de cheann amháin de na hábhair. Ceangail na píosaí le chéile ag an deireadh. Ansin déan na snáitheanna a fhí le chéile. Ceangail snaidhm ag an deireadh eile nuair a bhíonn an bráisléad críochnaithe agus ansin ceangail na deirí le chéile.
- Tabhair cuireadh do na páistí chun comhrá a dhéanamh faoi conas a dhéanann an trí shnáithe bráisléad amháin. Spreag iad chun an bráisléad seo a chaitheamh i rith na seachtaine.



## AG COMHRÁ

### FAOIN CHOINCHEAP TRÍ-IN-AON

Tá iarracht déanta ag go leor daoine chun an coincheap trí-in-aon, faoi mar a bhaineann sé leis an dTríonóid Naofa, a mhíniú. Agus an obair seo á dhéanamh acu baineann siad úsáid as siombailí. Seo roinnt samplaí:

- **Ubh:** Taispeáin ubh chrua bruite do na páistí. Tabhair cuireadh dóibh a fheiceáil go bhfuil trí chuid san ubh. Is é an bhlaosc an chéad chuid. Buail an ubh agus bain an bhlaosc. Is é an chuid bán (an t-albaimín) an chéad chuid eile. Anois gearr an ubh ina dhá leath agus feicfidh siad an buíocán, atá buí. Ubh amháin atá ann, cé go bhfuil trí chuid ann. Cuir ceisteanna orthu ar nós: An dóigh libh gur siombail mhaith don Tríonóid atá in ubh? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- **Seamróg:** Bhain Naomh Pádraig úsáid as an tseamróg, lena trí dhuilleog, chun cabhrú leis míniú a thabhairt ar rúndiamhair na Tríonóide. Cé gur planda amháin í an tseamróg, tá trí dhuilleog éagsúla aici. Cuir ceisteanna orthu ar nós: Cad is cuimhin leat faoi theagasc Naomh Pádraig ar an tseamróg? An dóigh libh gur siombail mhaith é an tseamróg don Tríonóid Naofa? Cén fáth nó cén fáth nach ea?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 7 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### MO ÍOMHÁNNA DEN TRÍONÓID NAOFA

- Tabhair cuireadh do na páistí a n-íomhánna féin den Tríonóid Naofa a tharraingt sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach. Spreag iad le smaoineamh siar ar na rudaí atá ar eolas acu faoi Dhia an tAthair, faoi Íosa agus faoin Spiorad Naomh. Iarr orthu díriú ar cháilíocht amháin nó saintréith de gach duine acu agus iarracht a dhéanamh an cháilíocht nó an tréith sin a léiriú ina gcuid íomhánna.
- Nuair a bheidh a saothar ealaíne críochnaithe acu, tabhair cuireadh dóibh smaoineamh ar a bhfuil tarraingthe acu ar dtús agus ansin a gcuid oibre agus an bhrí a bhaineann leis a roinnt le dalta eile.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do dhaltaí éagsúla a saothar a roinnt leis an rang iomlán.

**Dírigh aire na bpáistí chuig an íomhá de íocón Rublev ar leathanach 8 dá leabhar.**

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'IS É DIA AN GRÁ'

Tosaigh agus comhrá a dhéanamh leis na páistí faoin dTríonóid Naofa. Is pobal de thriúr é Dia na Tríonóide – Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh – a bhfuil grá acu dá chéile. Scríobh Naomh Eoin faoi conas is ionann Dia agus an grá.

**Is é Dia an Grá (1 Eoin 4:7-8)**
'A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá. An té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia. An té nach dtugann grá, ní aithníonn sé Dia, mar is é Dia an Grá.'

Tar éis duit an véarsa seo ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad is ainm eile ar Dhia ag tosú leis an litir 'G'?
- Cad a deir Naomh Eoin a dhéanfaidh duine nuair a bhfuil aithne acu ar Dhia?
- Conas a dhéanann Naomh Eoin cur síos ar Dhia?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Dar le Naomh Eoin, conas is féidir le duine aithne a chur ar Dhia?
- An bhfuil sé éasca nó deacair aithne a chur ar Dhia? Cén fáth?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 8 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Cuimhnigh go bhfuil Dia i láthair linn agus go bhfuil grá ag Dia do gach duine againn, díreach mar atá grá ag pearsana na Tríonóide dá chéile ... Is é Dia an Grá...

Cuimhnigh conas a bhí an lá seo duit ó dhúisigh tú ar maidin. Glac nóiméad le machnamh a dhéanamh. An raibh duine éigin foighneach leat? ... Ar thug duine éigin barróg duit? ... Ar mhol duine éigin tú? ... An raibh duine éigin cineálta leat? ... An raibh duine éigin fíor leat? ... Ar thug duine éigin maithiúnas duit? ... Ar chabhraigh duine éigin leat nuair a bhí gá leis? ... Nuair a ghníomhaigh daoine mar seo bhí siad ag roinnt grá Dé leat.

Anois b'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar Dhia, le do ghuth inmheánach, cabhrú leat fás níos mó agus níos mó ina ghrá. B'fhéidir gur mhaith leat freisin, buíochas a ghabháil le Dia, le do ghuth inmheánach, as a ghrá. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### AN TRÍONÓID NAOFA AGUS URNAÍ

- Déan comhrá leis na páistí faoi urnaí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo: Conas is fearr leat urnaí a dhéanamh? An bhfuil paidir ann is fearr leat? An ainmníonn tú daoine agus tú ag guí? Cé leis/léi is mó a ghuíonn tú?
- Tabhair cuireadh do na páistí na paidreacha a aithint a luann trí phearsa na Tríonóide: Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Cuir ceisteanna cosúil le: Cad iad na focail a thabharfadh le fios go bhfuil tú ag guí chuig an Athair, an Mac nó an Spiorad Naomh? Déan agus roinn liosta focal a bhainfeadh go sonrach le gach pearsa den Tríonóid Naofa.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AN CAIRT FAOIN DTRÍONÓID NAOFA

Muna raibh an cairt thuas críochnaithe agaibh, glac seans anois chun é a chríochnú.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is pobal daoine é Dia: an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Maireann an triúr ar leith seo i gcomaoineach grámhar lena chéile. Is rúndiamhair an Tríonóid Bheannaithe nach dtuigfimid go hiomlán go deo. Tá an triúr diaga uile comhionann lena chéile agus tá siad aontaithe i ngrá. Guímid chuig an Tríonóid Naofa nuair a ghuímid *Comhartha na Croise, Glóir don Athair* agus *an Phaidir don Tríonóid Naofa*. Tá iarracht déanta ag go leor ealaíontóirí an Tríonóid Naofa a léiriú ina gcuid oibre.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### MO PHAIDIR DON TRÍONÓID NAOFA

- Téigh ar ais ar an méid atá ar eolas ag na páistí faoin dTríonóid Naofa: Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Abair leo go bhfuil siad chun a bpaidreacha féin don Tríonóid Naofa a scríobh. Spreag iad le smaoineamh a dhéanamh ar an méid ba mhaith leo a rá ina n-urnaí chuig an Athair, chuig Íosa agus chuig an Spiorad Naomh.
- Ansin tabhair cóip den tseamróg do gach páiste (féach an teimpléad thíos). Iarr orthu a bpaidreacha a scríobh ar an tseamróg agus iad a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid paidreacha a chur sa spás urnaí.




## PAIDIR

**Ullmhú:** *Tabhair cuireadh do na páistí na gothaí seo a leanas a úsáid nuair a ghuíonn siad an freagra 'Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad, An Triúr san Aon':*
Moladh don Athair, (*Le lámha sínte amach, bosa na láimhe oscailte go dtí an taobh*)
Moladh don Mhac, (*Le lámha sínte os cionn an chinn*)
Moladh don Spiorad, An Triúr san Aon. (*Lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Tagaimid le chéile in ainm na Tríonóide, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh, agus gabhaimid buíochas le Dia as a chuid grá dúinn. Is é an freagra ar ár n-urnaí inniu (*ag baint úsáid as gothaí*) ná: Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad, An Triúr san Aon.

**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad, An Triúr san Aon.
**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as an domhan a chruthú agus as bronntanas na beatha a thabhairt dúinn agus as gach rud cruthaithe, nithe a léiríonn do ghrá. Tugaimid glóir do Dhia agus sinn ag guí.
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad, An Triúr san Aon.
**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia an tAthair as Íosa ár Slánaitheoir a sheoladh chugainn. Gabhaimid buíochas le hÍosa, Mac Dé, as grá an Athar a léiriú dúinn. Tugaimid glóir do Dhia agus sinn ag guí.
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad, An Triúr san Aon.
**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia an tAthair agus lena Mhac, Íosa, as an Spiorad Naomh a sheoladh chugainn, agus a tháinig isteach inár saol ag an mBaisteadh. Tugaimid glóir don Spiorad agus sinn ag guí.
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad, An Triúr san Aon.
**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as grá a thabhairt dúinn uile. Gabhaimid buíochas leat as do chuid bronntanais. Iarraimid bronntanas do ghrásta chun cabhrú linn iontas agus mistéireach gach rud a chruthaigh tú a aithint agus a thuiscint.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Creidim

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo d'fhoghlaim na páistí gurb é Dia an Cruthaitheoir agus gur maith an rud é moladh agus buíochas a thabhairt do Dhia as a ghrá neamhchoinníollach, a shaothair iontacha sa chrúthú agus an bheatha ar fad sa domhan nádúrtha (*I nGrá Dé* Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4). D'fhoghlaim na páistí freisin conas caidreamh a dhéanamh le Dia mar thuismitheoir grámhar a thugann cosaint agus aire do gach duine acu.

I gCeacht 2 den téama seo cuireadh na páistí in aithne na Tríonóide agus in aithne don rúndiamhair gur aon Dia amháin atá ann cé go bhfuil trí phearsa i gceist – an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh – atá i gcaidreamh grámhar lena chéile. Insíonn Naomh Eoin dúinn: 'Is é Dia an Grá'.

Anseo i gCeacht 3 leanann na páistí ar aghaidh ag iniúchadh ar Dhia mar Chruthaitheoir agus ar a ghrá don domhan. Foghlaimeoidh siad conas a gcreideamh i nDia a chur in iúl trí *Chré na nAspal* agus scríobhfaidh siad a gcré féin.

## EOCHAIRFHOCAIL

**RCh:** Roimh Chríost
**Cré:** dearbhú creidimh

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileoga A4 le haghaidh 'Mo Chré Phearsanta'
- Cúig fhótachóip den teimpléad den chéad chuid de *Chré na nAspal* (thíos)

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI A BHEITH CREIDMHEACH AGUS NEAMHCHREIDMHEACH

Déan comhrá leis na páistí faoi a bheith creidmheach agus neamhchreidmheach ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An gcreideann tú gach rud a deir gach duine?
- Cathain is dóichí go gcreidfidh tú rud éigin a deir duine?
- Ar chuala tú rud ar bith le déanaí a fuair tú deacair a chreidiúint?
- Liostáil cuid de na rudaí a gcreideann tú fút féin, faoi dhaoine eile a bhfuil aithne agat orthu, faoin domhan, faoin bhfoireann is fearr leat, faoin scoil seo, faoi rudaí a thaitníonn leat agus rudaí nach dtaitníonn leat, srl.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### MO CHRÉ PHEARSANTA

- Tabhair bileog A4 do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí cré phearsanta a scríobh. Mínigh dóibh gur liosta de na rudaí a chreidimid atá i gcré. Iarr orthu an leathanach a mhaisiú agus teideal a thabhairt dó.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe acu, tabhair cuireadh do roinnt acu a bhfuil scríofa acu a roinnt leis an rang.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Inniu, tabharfaimid buíochas le Dia as na daoine go léir agus as na nithe go léir ina gcreidimid. Mar fhreagra bainimid úsáid as líne ó Salm 104: *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa!*

**Gach duine:** *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa!*
**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas as daoine a chreidimid go bhfuil grá acu dúinn, daoine a thugann aire dúinn, daoine a chosnaíonn agus a threoraíonn sinn. Iarraimid ar Dhia iad go léir a líonadh lena ghrá. Tóg sos anois agus smaoinigh ar na daoine sin ... Guímis.
**Gach duine:** *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa!*
**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas as iontas agus áilleacht gach a chruthaigh Dia, agus creidimid gur comharthaí a ghrá mór dúinn iad go léir. Tóg sos anois agus smaoinigh ar áilleacht an chruthaithe ... Guímis.
**Gach duine:** *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa!*
**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat as Íosa, a tháinig chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt.
**Gach duine:** *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa!*
**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat as an Spiorad Naomh, a chuir Íosa chun neart a thabhairt dá lucht leanúna a chuid oibre a chur chun cinn.
**Gach duine:** *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa!*
**Múinteoir:** Tugaimid moladh do Dhia, Athair, Mac agus Spiorad Naomh, agus an *Phaidir don Tríonóid Naofa* á rá againn le chéile.
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad Naomh, an Triúr san Aon. Áiméan.
**Iomann deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

Téigh ar ais ar an méid a dúirt na páistí faoi a bheith creidmheach agus neamhchreidmheach, níos luaithe.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### FAOI A BHEITH MUINÍNEACH AGUS CREIDMHEACH

Léigh gach ceann de na cásanna thíos. Ina measc scrúdaíonn na páistí go mbíonn sé níos éasca a bheith creidmheach nuair a bhíonn muinín ann.

**Ag dul chuig cluiche**

Bhí Seán agus Pól ag siúl abhaile ón scoil lá amháin. Dúirt Seán, 'Táim ag dul go dtí an cluiche mór Dé Domhnaigh seo chugainn!' 'Ó,' a d'fhreagair Pól, 'cé leis a bhfuil tú ag dul?' 'Táim ag imeacht liom féin,' arsa Seán. 'Ní chreidim thú,' arsa Pól.



Déan comhrá faoin eachtra ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén chuid den scéal nár chreid Pól?
- Cén fáth, dar leat, nár chreid sé é?
- Cad ba cóir a tharlú chun go gcreidfeadh sé an méid a dúirt Seán?

Ansin iarr ar na páistí bealaí éagsúla a mholadh chun an scéal a chríochnú.

**Lindsey agus a Cara**

Dé Sathairn a bhí ann agus bhí Lindsey ag dul chun an tráthnóna a chaitheamh lena cara Cora. Sular fhág a máthair Lindsey ag teach Cora, d'fhiafraigh sí, 'An bhfuil gach rud atá uait agat?' 'Tá,' a d'fhreagair Lindsey, agus dúirt sí, 'Is breá liom a bheith ag súgradh i dteach Cora.' 'Ceart go leor,' arsa a máthair, 'feicfidh mé tú nuair a fhillfidh mé ag a cúig a chlog. Bíodh spraoi agat.'



Déan comhrá faoin eachtra ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An dóigh leat gur chreid Lindsey go bhfillfeadh a máthair mar a gheall sí? Cén fáth go gceapann tú é sin?
- Cad a chuidíonn le duine rud éigin nó duine éigin a chreidiúint, dar leat?

**Dírigh na páistí chuig leathanach 10 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

Iarr ar na páistí an ghníomhaíocht a rinne siad an tseachtain seo caite a thabhairt chun cuimhne, nuair a chomhordaigh siad na rudaí ar fad atá ar eolas acu faoi Dhia: Athair, Mac agus Spiorad Naomh.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair chun cuimhne an chré phearsanta a scríobh tú ... Cuimhnigh ar na rudaí go léir a chreideann tú fút féin ... faoi na daoine a bhfuil grá acu duit ... faoi Dhia an Cruthaitheoir ... faoi Íosa ... faoin Spiorad Naomh. Roghnaigh pearsa amháin den Tríonóid Naofa ... Anois tabhair chun cuimhne rud amháin speisialta faoin bpearsa sin... Le do ghuth inmheánach, abair leis an duine, a roghnaigh tú, an méid a chreideann tú fúthu ... Anois iarr ar Dhia cabhrú leat fás sa chreideamh. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### AMLÍNE: AISÉIRÍ, DEASGHABHÁIL, CINCÍS

- Déan comhrá leis na páistí faoi imeachtaí bheatha Íosa tar éis an Aiséirí ar Dhomhnach Cásca. Déan tagairt don Deasghabháil agus don Chincís.
- Bain úsáid as réamh-eolas na bpáistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat: Ar fhan Íosa ar domhan lena chairde tar éis an Aiséirí? An cuimhin le héinne cad a tharla i ndiaidh an Aiséirí? (D'fhill Íosa ar ais ar neamh le bheith le Dia an tAthair)


Tugtar *Cré na nAspal* ar an gcré atá á scrúdú againn faoi láthair, toisc go meastar go dtugann sí achoimre dílis ar chreideamh na nAspal. Is í an tsiombail ársa Bhaiste í, ó Eaglais na Róimhe. Éiríonn an t-údarás mór atá aici as an bhfírinne seo: is é Creideamh na hEaglaise Rómhánach í, Suí Pheadair, ceannaire na nAspal.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

Sular fhill Íosa ar a Athair ar Lá na Deasgabhála, d'iarr sé ar a dheisceabail an méid a mhúin sé dóibh a mhúineadh do na daoine. Léimid faoi seo sa Soiscéal de réir Naomh Matha.

**D'iarr Íosa ar a lucht leanúna labhairt le daoine eile faoi (Matha 28:19-20)**

Dúirt Íosa lena dheisceabail, 'Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, taim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.'



Seiceáil tuiscint na bpáistí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a d'iarr Íosa ar a dheisceabail a dhéanamh?
- Conas a mhothaigh na deisceabail tar éis d'Íosa slán a fhágáil leo?
- Cé hiad deisceabail Íosa inniu?
- Conas a dúirt Íosa go gcuideodh sé lena dheisceabail an méid a d'iarr sé orthu a dhéanamh? I bhfocail eile, cé a chabhróidh linn maireachtáil cosúil le hÍosa, grá a roinnt cosúil le hÍosa agus guí cosúil le hÍosa? (An Spiorad Naomh)
- Cad a cheapann tú a mhúin na haspail agus na deisceabail eile na daoine faoi Íosa? Faoin méid a rinne Íosa? Faoin méid a dúirt Íosa? Faoi céarbh é Íosa?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 11 dá leabhair.**

Faoi dheireadh rinne na haspail liosta de na rudaí a bhí ar eolas acu a bheadh le cloisteáil, le cuimhneamh agus le creidiúint ag na daoine. Tá an liosta seo i bhfoirm urnaí a dtugtar *Cré na nAspal* uirthi agus guíonn lucht leanúna Íosa an urnaí céanna fós inniu. Guímis an chéad chuid den phaidir sin le chéile anois. Liostaíonn an chuid seo na rudaí a chreidimid faoi Dhia an tAthair agus faoi Íosa, agus ina luaimid ár gcreideamh sa Spiorad Naomh. Foghlaimeoimid an chuid eile den phaidir níos déanaí sa bhliain.

**Cré na nAspal**
Creidim i nDia,
an tAthair uilechumhachtach,
Cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a Aon-Mhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
a d'fhulaing páis faoi Phointias Píoláit,
a céasadh ar an gcros, a fuair bás agus a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh ...

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna á n-úsáid agat:

- Cad é an rud is tábhachtaí, i do bharúil, ar theastaigh ó na haspail go gcreidfeadh na daoine faoi Dhia?
- Cé mhéad de na rudaí ar liostaigh siad faoi Dhia an tAthair agus faoi Íosa is féidir leat cuimhneamh orthu?
- An gceapann tú gurb iad seo na rudaí a chuirfeá sa Chré?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Ar mhaith leat aon rud eile a chur le do chré phearsanta anois?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 12 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### CRÉ NA NASPAL

- Tóg cúig fhótachóip den teimpléad a bhaineann leis an chéad chuid de *Chré na nAspal* (thíos) agus gearr gach ceann i stiallacha.
- Eagraigh an rang i gcúig ghrúpa. Tabhair beart de na stiallacha páipéir ar a bhfuil scríofa na línte ó *Chré na nAspal* do gach grúpa.
- Iarr ar na páistí na línte a chur san ord ceart.
- Is féidir leat stopuaireadóir a úsáid lena fheiceáil cén grúpa is féidir leis *Cré na nAspal* a chur san ord ceart go gasta.
- Ansin cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo orthu: An dóigh libh go bhfuil an chré seo oiriúnach do Chríostaithe sa lá atá inniu ann? An bhfuil aon rud eile a chuirfeá léi?

# Mairimis ...


## CAD A MHÚIN TÚ?

Ráiteas creidimh lucht leanúna Íosa is ea *Cré na nAspal*. Sa chré admhaímid ár gcreideamh i nDia an tAthair, ina Mhac, Íosa, agus sa Spiorad Naomh.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CREIDIM ...

- Tabhair cuireadh do na páistí nóiméad a ghlacadh chun cuid de na rudaí a thabhairt chun cuimhne a chreideann siad i ndáiríre faoi Dhia an tAthair, faoi Íosa agus faoin Spiorad Naomh.
- Ansin iarr orthu líníocht a dhéanamh ar bhileog páipéir le ceann de na creidimh sin a léiriú. Is féidir leo dath a úsáid más mian leo.
- Tabhair cuireadh do na páistí a saothar ealaíne críochnaithe a chur sa spás urnaí.



# Seirbhís Urnaí

Téama: Dia

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, iarr ar na páistí suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcuid cathaoireacha a iompú i dtreo an spáis urnaí.*
- *Cinntigh go bhfuil cros chéasta/cros, coinneal agus Bíobla sa spás urnaí.*
- *Taispeáin cód an ranga sa spás urnaí nó in aice leis.*
- *Roghnaigh seisear léitheoir.*
- *Tá na sleachta le léamh ar fáil thíos agus is féidir iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh triúr pháiste leis na rudaí seo a leanas a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse: an slabhra grá; paidreacha pearsanta na bpáistí chuig an Tríonóid Naofa; cóip de Leabhar na bPáistí:* I nGrá Dé.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Inniu, gabhaimid buíochas le Dia as gach rud a d'fhoghlaimíomar ó thús na scoilbhliana nua. Tabharfaimid ár siombailí chuig an spás urnaí. Ar dtús, bímis ciúin agus agus cuimhnigh go bhfuil Dia i láthair inár measc agus ár gcoinneal á lasadh.

*Lasann an múinteoir an choinneal.*

Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh. Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Déan iarracht díriú ar rithim d'análaithe go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... Tá Dia ag iarraidh go mbeadh a fhios agat go bhfuil grá aige duit agus go bhfuil sé ag tabhairt aire duit mar a thugann aoire aire dá chaoirigh ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**Dalta 1:** *Ardaíonn sé/sí slabhra an ghrá in airde agus cuirtear sa spás urnaí é.*

**Léitheoir 1:** Léiríonn an slabhra grá a rinneamar le chéile, conas a dhéanfaimid iarracht gníomhartha grá a dhéanamh dár dteaghlaigh agus dár gcairde gach lá. Nuair a fheicimid an slabhra seo cuimhnímid gur chuir Dia an tAthair, Íosa chugainn chun a ghrá a thaispeáint dúinn. Nuair a bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun bás a fháil agus chun filleadh ar a Athair ar neamh, thug sé cód le leanúint dá dheisceabail. Thug sé an Aithne Nua ar an gcód seo. Mhúin an Aithne Nua seo dá dheisceabail conas ba cheart dóibh grá a thabhairt dá chéile. Thug Íosa an Aithne Nua seo dúinn freisin. Le chéile, léimis agus smaoinímis ar an Aithne Nua seo anois, atá ar fáil sa Soiscéal de réir Naomh Eoin.

**Gach duine:** *Dúirt Íosa, "Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile."* (Eoin 13:34-35)

**Dalta 2:** *Ardaíonn sé/sí na teimpléid seamróige in airde, ar a bhfuil paidreacha pearsanta na bpáistí chuig an Tríonóid Naofa scríofa, agus tógtar chuig an spás urnaí iad.*

**Léitheoir 2:** Cuireann na seamróga seo i gcuimhne dúinn go bhfuil trí Phearsa san Aon Dia amháin: Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Glaotar an Tríonóid Naofa ar an dtrí Phearsa. Trí Phearsa ar leith iad a chónaíonn i gcaidreamh grámhar. Is é Dia an tAthair ár gCruthaitheoir. Is é Íosa Críost Aon Mhac Dé. Ba é Íosa a thug an Aithne Nua dúinn grá a thabhairt dá chéile. Cuidíonn Dia - an Spiorad Naomh dúinn, cuimhneamh a dhéanamh ar fhocail Íosa. Le chéile, guímis an *Phaidir don Tríonóid Naofa*.

**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Moladh don Athair, moladh don Mhac, moladh don Spiorad Naomh, an Triúr san Aon.

**Dalta 3:** *Ardaíonn sé/sí Leabhar na nDaltaí ón tsraith* I nGrá Dé *in airde agus tógtar go dtí an spás urnaí é.*

**Léitheoir 3:** Nuair a deirimid *Cré na nAspal* táimid ag rá go gcreidimid i nDia: an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Cuimhnímid go maireann an trí Phearsa seo - an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh - i gcaidreamh grámhar lena chéile. Is mian leo a ngrá a roinnt linn. Guímis cuid de Chré na nAspal le chéile anois.

**Gach duine:** (*Léigí an chéad chuid de* Chré na nAspal *le chéile ón gclár bán.)*

**Múinteoir:** Guímis anois chuig Dia.

**Léitheoir 4:** Guímis ar son ár bPápa, go leanfaidh sé ar aghaidh ag múineadh faoi Bhriathar Dé agus faoi ghrá Dé do gach duine. A Thiarna, éist linn.

**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímis ar son ár dteaghlaigh agus ár gcairde, go mbeidh grá againn dá chéile i gcónaí - faoi mar a d'iarr Íosa orainn a dhéanamh. A Thiarna, éist linn.

**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 6:** Guímis go dtiocfaimid níos gaire le Dia agus go mbeimid níos grámhaire cosúil leis. Go gcuimhneoimid i gcónaí ar thrí Phearsa na Tríonóide - an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh - a bhfuil cónaí orthu i gcaidreamh grámhar lena chéile. A Thiarna, éist linn.

**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** B'fhéidir go bhfuil daoine éigin ann gur mhaith leat guí a dhéanamh ar a son, le do ghuth inmheánach, ag an am seo ... A Thiarna, éist linn.

**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.


**Múinteoir:** Guímis anois mar a mhúin ár Slánaitheoir dúinn a dhéanamh.

**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, coinnigh sinn slán sábháilte i rith na scoilbhliana seo. Cabhraigh linn cuimhneamh a dhéanamh ar an Aithne Nua gur mhúin Íosa dá dheisceabail. Insíonn an Aithne Nua seo dúinn grá a thabhairt dá chéile. Trínár ngníomhartha go mbeimid mar dheisceabail ag Íosa. Déanaimid ár n-urnaí trí Íosa, ár gcara.

*Comhartha na Croise*

**Iomann Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.



# Cré na nAspal

| |
|---|
| Creidim i nDia, |
| an tAthair uilechumhachtach, |
| Cruthaitheoir neimhe agus talún, |
| agus in Íosa Críost, a Aon-Mhacsan, ár dTiarna, |
| a gabhadh ón Spiorad Naomh, |
| a rugadh ó Mhuire Ógh, |
| a d'fhulaing páis faoi Phointias Píoláit, |
| a céasadh ar an gcros, a fuair bás agus a adhlacadh, |
| a chuaigh síos go hifreann, |

| |
|---|
| a d’éirigh an treas lá ó mhairbh, |
| a chuaigh suas ar neamh, |
| atá ina shuí ar dheis Dé an tAthair uilechumhachtach; |
| as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh. |
| Creidim sa Spiorad Naomh ... |

# Téama 2: An Bíobla

## Ceacht 1: Tús eolais ar an mBíobla
## Ceacht 2: Múineann an Bíobla dúinn faoi Dhia

### ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

#### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**
- Thug an Spiorad Naomh treoir do na daoine a scríobh leabhair an Bhíobla
- Is leabharlann de leabhair é an Bíobla
- Is é an Bíobla an t-ainm a thugtar ar na Scrioptúir Naofa do Chríostaithe; Tá scríbhinní ann ón Sean Tiomna, scríbhinní atá sácráilte do na Giúdaigh
- Tá daichead a sé leabhar do Chaitlicigh sa Sean Tiomna a dhéileáileann le foilsiú Dé roimh theacht an tSlánitheora, Íosa Críost
- Sa Sean-Tiomna tá an Peintiteoch, na Leabhair Stairiúla, leabhair na hEagna, agus leabhair na bhFáithe

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú*
- Salm 95
- Salm 18:1-3. Is é Dia mo Charraig
- Salm 23. Is é an Tiarna m'Aoire
- Salm 131. Ar nós an linbh atá bainte den chíoch
- Seanfhocail: 8:11, 12:15, 28:7

#### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Liotúirge**
- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise, ina ndéantar ceiliúradh ar bhás agus Aiséirí Chríost-cúis ár slánaithe. Bailíonn baill na hEaglaise le chéile, go hiondúil i séipéal, chun páirt a ghlacadh sa liotúirge le chéile. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh le hÍosa chun Dia ár nAthair rud a aontaímid le Dia agus lena chéile. Is féidir le comharthaí, siombail, focail agus gníomhartha, amhráin agus ceol agus ealaín sácráilte a bheith mar chuid den cheiliúradh liotúirgeach

**Paidreacha**

*Urnaí Fhoirmeálta*
- Comhartha na Croise
- Glóir don Athair

*Paidreacha Breise*
- Freagraí ó na Sailm: Salm 18:2; 31:14-15; 95:1-5, 7; 131:3

#### MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**
- Is é an grásta an cúnamh a thugann Dia dá dhaoine chun a ghlaoch a fhreagairt

### ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

#### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Dia agus an Bíobla

*a. Briathar Dé.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:
- Ábhar agus struchtúr an Bhíobla a iniúchadh agus a fhiosrú.
- Tuiscint a bheith acu go bhfuil cineálacha éagsúla litríochta sa Bhíobla.
- Eolas a fháil ar na háiteanna ina n-úsáidtear an Bíobla agus ina mbíonn sé faoi urraim.

#### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*c. Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:
- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.

#### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhóráltacht**

*b. Meas ar a chéile.*

Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:
- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.
- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.

# Ceacht 1: Tús eolais ar an mBíobla

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Thug cláir roimhe seo sa tsraith *I nGrá Dé* (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4) rogha ar fáil do na páistí maidir le scéalta ón mBíobla ón tSean Tiomna agus ón Tiomna Nua.

D'fhoghlaim na páistí gur leabhar naofa é an Bíobla agus gur chóir é a láimhseáil le meas i gcónaí, agus tá roinnt sleachta as léite acu. D'fhoghlaim siad freisin gur Giúdach ab ea Íosa agus go raibh sé an-eolach ar go leor de na scéalta sa Bhíobla.

Is é an Bíobla an t-ainm a thugtar ar Scrioptúir Naofa an phobail Chríostaí. Tá Scrioptúir Naofa na nGiúdach le fáil sa tSean Tiomna freisin. Briathar Dé atá sa Bhíobla. Spreag an Spiorad Naomh scríbhneoirí an Bhíobla chun an méid a scríobh a theastaigh ó Dhia a mbeadh ar eolas ag daoine faoi agus go raibh sé ag iarraidh caidreamh a dhéanamh leo.

Tá an Bíobla aistrithe go tuilleadh teangacha – níos mó ná aon leabhar eile. Tagann an focal 'bíobla' ón bhfocal ársa Gréigise biblia, focal a chiallaíonn 'leabhair'. Is cosúil gur leabhar amháin atá sa Bhíobla ach i ndáiríre leabharlann atá ann. Tá 73 leabhar sa Bhíobla.

Tá dhá chuid sa Bhíobla: an Sean Tiomna agus an Tiomna Nua. Tá an Sean Tiomna, na Scrioptúir Eabhraise, sácráilte do na Giúdaigh. Tugann sé cuntas ar bheatha mhuintir Iosrael agus ar a gcaidreamh le Dia sular rugadh Íosa. Bhí Íosa ann lena Athair ó thús aimsire. Is é Íosa an dara pearsa den Tríonóid Naofa, an Mac. Chuir Dia an tAthair, Íosa ar domhan mar leanbh chun a bheith cosúil linne agus chun sinn a mhúineadh faoi na rudaí ar theastaigh ó Dhia a bheadh ar eolas againn.

Tugann Gníomhartha na nAspal cuntas ar shaol Íosa agus scrúdaíonn sé cuid de theagaisc Íosa agus a lucht leanúna sa luath-Eaglais, i ndiaidh Deasghabhála Íosa go dtí an Athair.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Cine Tofa Dé:** na hIosraeilítigh

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Do Bhíobla féin agus Bíobla do na páistí go léir sa rang
- Cárta bán simplí gearrtha i stiallacha dronuilleogacha chun leabharmharcanna a dhéanamh

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### FAOI LEABHAIR

Déan comhrá leis na páistí faoi leabhair agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat:

- An maith leat leabhair a léamh? Cén cineál leabhar an maith leat a léamh?
- Cá bhfuil an áit is fearr leat le léamh? Ar thug tú cuairt ar an leabharlann? Inis dúinn conas mar a bhí sé.
- Cé a oibríonn sa leabharlann? Cad iad na himeachtaí a d'fhéadfadh tarlú sa leabharlann? Cén cineál leabhar a bheadh sa leabharlann? Cén fáth gur áit thábhachtach sa phobal is ea an leabharlann?
- Cén cineál timpeallachta is fearr a oireann do leabharlann? Cén fáth gur smaoineamh maith a bheadh ann cárta ballraíochta leabharlainne a bheith ag duine? An féidir leat smaoineamh ar ghrúpaí daoine ar mhaith leo úsáid a bhaint as an leabharlann?

## AG COMHRÁ

### FAOI CHUAIRT NA BPÁISTÍ CHUIG AN LEABHARLANN

Déan comhrá leis na páistí faoina gcuairt ar an leabharlann ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad é an rud is suimiúla faoin gcuairt ar an leabharlann?
- Ar fhoghlaim sibh aon rud nua?
- Ar mhaith libh cuairt a thabhairt ar an leabharlann arís? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith libh?
- An dóigh libh go mbeadh sé suimiúil bheith ag obair sa leabharlann? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé?
- An féidir libh smaoineamh ar chúiseanna go dtugann daoine cuairt ar an leabharlann?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu beidh ár n-urnaí ó Leabhar na Salm san Sean-Tiomna. Tabharfaimid moladh do Dhia as na rudaí móra a rinne sé dúinn agus úsáidfimid na focail a scríobh an salmaire. Is é an freagra ná: *Téanam agus canaimis don Tiarna!*
**Gach duine:** Téanam agus canaimis don Tiarna!

**Múinteoir:** *Téanam agus canaimis don Tiarna! Déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe!* (Salm 95:1)
**Gach duine:** Téanam agus canaimis don Tiarna!

**Múinteoir:** *Druidimis ina láthair le haltú buíochais; déanaimis pléaráca dó le hamhráin mholta.* (Salm 95:2)
**Gach duine:** Téanam agus canaimis don Tiarna!

**Múinteoir:** *Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna… Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne… Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.* (Salm 95:3, 4, 5)
**Gach duine:** Téanam agus canaimis don Tiarna!

**Múinteoir:** *Óir is é ár nDia é, agus is sinne pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe. Á, dá n-éistfeadh sibh inniu lena ghlór.* (Salm 95:7-8)
**Gach duine:** Téanam agus canaimis don Tiarna!

**Múinteoir:** Tabharfaimis glóir do Dhia anois agus an *Glóir don Athair* á rá againn.
**Gach duine:** (*le gothaí*) *Glóir don Athair.*

**Múinteoir: A** Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as comharthaí do láithreachta inár saol. Cabhraigh linn, le do ghrásta, comharthaí do ghrá inár saol a thabhairt faoi deara agus cuir in iúl dúinn na daoine is mó a dteastaíonn cúram uathu. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOIN MBÍOBLA

Tosaigh trí dhul ar ais ar an méid atá ar eolas ag na páistí cheana féin faoin mBíobla ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad is cuimhin leat faoin mBíobla?
- Cad é an scéal is fearr leat as an mBíobla? An scéal é faoi Íosa nó faoi rud éigin a tharla sular rugadh Íosa?

## COMHAD FÍRICÍ

### LEABHARLANN ATÁ SA BHÍOBLA

Mínigh do na páistí gur Briathar Dé atá sa Bhíobla. Ciallaíonn sé sin gur spreag an Spiorad Naomh na daoine a scríobh an Bíobla chun an méid ar theastaigh ó Dhia a rá linn, a roinnt linn. Ní leabhar amháin atá sa Bhíobla. Leabharlann atá ann ina bhfuil 73 leabhar. Creideann Críostaithe gurb é an leabhar is tábhachtaí a scríobhadh riamh.

Tugtar na Scrioptúir Naofa ar an mBíobla freisin. Ciallaíonn an frása 'scrioptúir naofa' 'scríbhinní naofa'.

Is é príomhtheachtaireacht an Bhíobla ná go bhfuil grá ag Dia dúinn agus ba mhaith leis fanacht gar dúinn go deo. Nuair a léimid na Scrioptúir Naofa cloisimid Dia ag caint linn agus ag tabhairt cuireadh dúinn é a leanúint agus maireachtáil cosúil le hÍosa.

Is é Íosa, Mac Dé, an dara pearsa den Tríonóid Naofa agus tá sé ann ón tús.

Ag am ar leith sa stair, sheol Dia an tAthair a Mhac, Íosa, mar leanbh le maireachtáil inár measc ar domhan agus a bheith cosúil linn. Ba é misean Íosa ná a thaispeáint dúinn méid an ghrá a bhí ag Dia dúinn agus chun sinn a mhúineadh conas maireachtáil agus conas grá a roinnt mar a iarrann Dia orainn a dhéanamh.

Mínigh do na páistí go bhfuil an Bíobla roinnte i ndhá chuid - na leabhair sa tSean-Tiomna agus na leabhair sa Tiomna Nua. Insíonn an Sean-Tiomna faoi mhuintir Dé sular rugadh Íosa. Tá daichead a sé leabhar sa tSean-Tiomna, an chéad chuid den Bhíobla.

Tá 27 leabhar sa Tiomna Nua agus is é an dara cuid den Bhíobla é. Insíonn sé dúinn faoi shaol Íosa agus faoina lucht leanúna, nó deisceabail.

Gach Domhnach ag ceiliúradh an Aifrinn, tógtar an Chéad Léacht agus an Salm as an tSean Tiomna. Tógtar an Dara Léacht agus an Soiscéal as an Tiomna Nua. I rith Séasúr na Cásca, tógtar an Chéad agus an Dara Léacht araon as an dTiomna Nua.

Tá ceithre chuid sa Sean-Tiomna:

- **An Peintiteoch:** Seo é an chéad chuid den tSean-Tiomna agus tá cúig leabhar ann. Is anseo a léimid faoi Chruthú an domhain, faoi Ádhamh agus Éabha, agus faoi stair mhuintir Iosrael ón tús. (Fiafraigh de na páistí an cuimhin leo rud ar bith faoi scéal Ádhaimh agus Éabha.)
  Sa Peintiteoch cloisimid freisin faoi Naoi, Maois agus Abrahám agus faoi mar a tarrtháladh pobal Dé ón sclábhaíocht san Éigipt. Cloisfidh sibh cuid de na scéalta seo níos déanaí sa chlár.
- **Na Leabhair Stairiúla:** Seo é an dara chuid den tSean-Tiomna. Is anseo a léimid faoi stair na nGiúdach ón am a tháinig siad go dtí an Tír Tairngire, Iosrael. Léimid faoi dhaoine cáiliúla a mhair roimh Chríost ar nós Rút, Samúéil, Dáiví agus Sól. (Cuir i gcuimhne na bpáistí gur chuala siad cheana féin faoi Dháiví. Fiafraigh díobh an féidir leo scéal ar bith a thabhairt chun cuimhne faoi Dháiví.) Uaireanta mhair na daoine go maith. Uaireanta eile rinne siad dearmad faoi Dhia agus chuaigh siad ar a mbealach féin. Thug Dia seans eile dóibh i gcónaí trí cheannaire ciallmhar a sheoladh chucu chun a thaispeáint dóibh cad ba mhian le Dia go ndéanfaidís.
- **Leabhair na hEagna:** Seo í an tríú chuid sa Sean-Tiomna. Insíonn na leabhair seo dúinn conas maireachtáil agus conas Dia a adhradh. Tá na sailm agus go leor scríbhinní eile le fáil sna leabhair seo. (Fiafraigh de na páistí an

cuimhin leo aon cheann de na sailm.)

- **Leabhair na bhFáithe:** Seo é an ceathrú chuid sa Sean-Tiomna. Labhraíonn fáidh ar son Dé. Dúirt na fáithe chuig cine tofa Dé an méid a theastaigh Dia uathu le déanamh. Gheall siad freisin go dtabharfadh Dia aire dá mhuintir agus go seolfadh sé Slánaitheoir chucu, a thabharfadh grá agus síochán don domhan. Tá Irimia agus Íseáia i measc na bhfáithe.

Seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:


- Cén fáth gur leabhar speisialta é an Bíobla?
- Cén fáth go ndeir daoine go bhfuil an Bíobla cosúil le leabharlann?
- Cad iad an dá chuid den Bhíobla?
- Cé mhéad leabhar atá sa Sean Tiomna? Agus sa Tiomna Nua?
- Cén chuid den Bhíobla ina bhfaighfeá scéalta faoi Íosa?
- Cén scéal ón mBíobla is fearr leat? An as an Sean-Tiomna nó an Tiomna Nua é?
- Cad a cheapann tú atá Dia/Íosa ag rá leat sa scéal sin?
- Cén t-ainm eile atá ar an mBíobla?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 14 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CEAP CLÚDACH DON BHÍOBLA

I do chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach, ceap agus dathaigh clúdach don Bhíobla. Ba chóir go léireodh do chlúdach nach leabhar amháin é an Bíobla, ach bailiúchán de leabhair dhifriúla, agus go bhfuil dhá chuid ann, an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua.





## GNÍOMHAÍOCHT CHEIRDE

### DÉAN LEABHARMHARC CIALLMHAR

Sula dtosaíonn na páistí ag déanamh a gcuid leabharmharcanna, tabhair chun cuimhne leo na codanna den Sean Tiomna: an Peintiteoch, na Leabhair Stairiúla, Leabhair na hEagna agus Leabhair na bhFáithe. Mínigh go bhfuil go leor ráitisí ciallmhara i Leabhair na hEagna faoi rudaí is mian le Dia go mbeadh ar eolas againn.

Léigh na focail seo as Leabhar na Seanfhocal, atá ar cheann de Leabhair na hEagna, agus déan comhrá faoi cad a chiallaíonn siad:

- 'Mar is luachmhaire an eagna ná péarlaí.' (Seanfhocail 8:11)
- 'Fónann an fial dó féin; ach goineann an duine cruálach é féin.' (Seanfhocail 11:17)
- 'Bíodh aird agat ar an Tiarna cibé cúrsa ar a mbíonn tú, agus féachfaidh sé chuige go mbeidh do chosáin réidh.' (Seanfhocail 3:6)
- 'Éireoidh an fial saibhir; an té a thugann deoch, gheobhaidh sé deoch.' (Seanfhocail 11:25)
- 'An té a thugann freagra ionraic, pógann sé do bheola, geall leis.' (Seanfhocail 24:26)
- 'Má bhíonn peacaigh do do mhealladh, a mhic ó, ná géill dóibh.' (Seanfhocail 1:10)







Anois tabhair cuireadh do na páistí ceann amháin de na nathanna thuas as Leabhar na Seanfhocal a roghnú agus é a úsáid chun leabharmharc a dhéanamh. Is féidir leo a roghnú ansin cé leis/léi ba mhaith leo a leabharmharc a thabhairt.

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí.

**Insíonn an Bíobla dúinn**
Insíonn an Bíobla dúinn
gur chruthaigh Dia an Domhan,
agus faoi theacht an Aingil Gaibriéil
chuig Muire le nuacht faoi chlann;
faoi Íosa, a chothaigh daoine ocracha,
a chiúnaigh an mhuir stoirmiúil,
a leag lámh ar Bhartaiméas dall
agus a thug ar ais radharc a shúl.
Mar a leagadh Góla go híseal –
leag Dáiví é le tabhall agus cloch.
Mar a chum Dáiví na sailm
agus é ag seinm ar an gcruit.
Faoi Eoin Baiste a bhailigh na sluaite,
thart air féin san abhainn, an Iordáin,
agus, ar ndóigh, faoi theagasc Íosa
'Is mise Solas an Domhain!'

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 15 dá leabhar.**

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tugtar na Scrioptúir Naofa ar an mBíobla freisin. Spreag an Spiorad Naomh údair an Bhíobla. Tagann an focal 'bíobla' ón bhfocal Gréigise *biblia*, a chiallaíonn 'leabhair'. Tá dhá chuid sa Bhíobla: an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua. Tá 73 leabhar sa Bhíobla, daichead a sé acu sa Sean-Tiomna agus fiche is a seacht sa Tiomna Nua.

Tá leabhair an tSean-Tiomna roinnte i gceithre chatagóir: an Peintiteoch, na Leabhair Stairiúla, Leabhair na hEagna agus Leabhair na bhFáithe. Insíonn an Sean-Tiomna scéal phobal Dé roimh bhreith Íosa. Insíonn an Tiomna Nua dúinn faoi shaol Íosa agus faoina lucht leanúna.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### DÁN ACRASTACH

- Iarr ar na páistí dán acrastach a scríobh faoin mBíobla ina leabhair don Oideachas Reiligiúnach. Séard is dán acrastach ann ná dán ina dhéanann an chéad litir i ngach líne focal áirithe a litriú. Don ghníomhaíocht seo úsáidfidh na páistí litreacha an fhocail BÍOBLA chun an dán a chumadh.
- Tosaigh agus cuireadh a thabhairt do na páistí focail agus frásaí atá ar eolas acu faoin mBíobla a glaoch amach. Ansin iarr orthu litreacha an fhocail BÍOBLA a scríobh go hingearach ar leathanach sa chóipleabhar, ag fágáil dóthain spáis do na ráitis a chumfaidh siad a thosaíonn leis na litreacha seo. Spreag iad lena gcuid dánta féin a chumadh faoin mBíobla ag úsáid focail nó frásaí a thosaíonn leis na litreacha B, Í, O, B, L agus A.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Cuirimid tús lenár n-urnaí inniu leis na focail seo ó Salm 31: *Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna; Is tú mo Dhia. Tá m'anam ag brath ort.*

*Guímis na focail sin le chéile anois.*

**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna; Is tú mo Dhia. Tá m'anam ag brath ort.

**Múinteoir:** Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a dhúnadh anois agus smaoinigh ar ghrá Dé duit féin agus faoi na rudaí maithe a rinne Dia duit. Thug sé daoine grámhara duit; thug sé cairde le himirt leo duit agus bia le n-ithe. Thug sé an domhan álainn duit chun cónaí ann agus taitneamh a bhaint as. Tá a fhios agat go mbíonn Dia i gcónaí ag tabhairt aire duit. Níl deireadh le cúram Dé duitse. Sula n-osclaíonn tú do chuid súl, b'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia. Nuair atá tú réidh, oscail do chuid súl.

Cuirimis críoch lenár n-urnaí anois agus an *Glóir don Athair* á rá againn.

**Gach duine:** (*le gothaí*) *Glóir don Athair.*

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Múineann an Bíobla dúinn faoi Dhia

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Trí bheith ag léamh, ag machnamh agus ag guí ó na Scrioptúir, cuirtear deiseanna ar fáil do na páistí chun níos mó eolais a fháil faoi Dhia agus chun fás ina gcaidreamh leis. De réir mar a chruthaíonn siad íomhá de Dhia mar dhuine a bhfuil grá aige dóibh agus a chosnaíonn iad, foghlaimíonn siad chun muinín a bheith acu i nDia, a gCruthaitheoir, agus faoina chúram dóibh i gcónaí. Foghlaimíonn siad gur sheol Dia an tAthair a Mhac, Íosa, chun a thaispeáint dóibh conas maireachtáil mar phobal Dé ar domhan, agus gur mian le Dia go mbeidís ina gcónaí leis go deo ar neamh.

Nuair a bhí Íosa ina ghasúr léigh sé agus d'éist sé le scéalta ón Sean-Tiomna agus chuala sé a thuismitheoirí ag caint faoi Dhia freisin. Bhí sé de nós in aimsir an tSean-Tiomna go ndéanfadh daoine na sailm a ghuí. Is cuid lárnach de shaol urnaí na nGiúdach, bheith ag guí na sailm. Léigh Íosa agus ghuigh sé na sailm freisin.

Soláthraíonn na sailm teanga dúinn inar féidir linn sinn féin a chur in iúl do Dhia nuair atáimid áthasach nó brónach, muiníneach nó eaglach, buíoch, feargach, i ngá le rud éigin, nó más maith linn moladh agus buíochas a ghabháil leis. Tugadh na páistí isteach ar chuid de na sailm roimhe seo sa Chlár *I nGrá Dé* (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2 agus Rang a hAon/B3).

Is féidir Sailm a chanadh mar iomainn nó a aithris mar dánta. Tá céad caoga sailm ann i Leabhar na Salm sa Sean-Tiomna. Creidtear gur scríobhadh go leor acu ag Rí Dháiví. Gach uair a théimid ar Aifreann cloisimid salm le linn Liotúirge an Bhriathair.

An tseachtain seo cabhróimid leis na páistí aithne níos fearr a chur ar Dhia agus a gcaidreamh leis a dhoimhniú trí na sailm a léamh.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Leabhar na Salm:** leabhar ón Sean-Tiomna a bhfuil dánta, paidreacha agus iomainn ann.
- **Slánaitheoir:** duine a shábhálann
- **Salmaire:** duine a scríobh Leabhar na Salm.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Irisí, ábhair ealaíne agus ceardaíochta, péinteanna, criáin, srl.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI DHIA

Déan comhrá leis na páistí faoi Dhia ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó
ceisteanna cosúil leo:

- Cé hé Dia?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar Dhia?
- Dá roghnófá dath le cur síos a dhéanamh ar Dhia, cén dath a bheadh ann?
- Cá bhfuil Dia le fáil?
- Conas is féidir leat insint do dhuine éigin faoi Dhia?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### RÓLGHLACADH

- Tabhair cuireadh do na páistí beirteanna a dhéanamh: duine acu le ról tuismitheora a ghlacadh agus ról páiste a ghlacadh ag an duine eile.
- Tabhair cuireadh don pháiste i ról an tuismitheora a insint don pháiste eile cad ba mhaith leo go mbeadh ar eolas acu faoi Dhia. Ansin aisiompaigh na róil.
- Abair leis na páistí go bhfuil siad chun smaoineamh inniu ar bhealaí le cur síos a dhéanamh ar Dhia gan focail a úsáid.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### IS É DIA ...

- Roinn na páistí i ngrúpaí don obair seo. Cuir éagsúlacht ábhar ar fáil dóibh le haghaidh obair thógála, péinteáil, dealbhóireacht, srl. Is féidir irisí agus ábhair ón domhan nádúrtha a chur san áireamh freisin. Déan iarracht rudaí a chur san áireamh a chuideoidh leis na páistí fuaim agus gluaiseacht a dhéanamh.
- Tabhair chun cuimhne conas a rinne na páistí cur síos ar Dhia níos luaithe, m.sh. Is é Dia ár nAthair; tá grá ag Dia dúinn cosúil le máthair nó athair; chruthaigh Dia sinn; chruthaigh Dia an domhan; cosnaíonn Dia sinn; tugann Dia aire dúinn; tugann Dia maithiúnas dúinn, srl.
- Mínigh dóibh anois go bhfuil siad chun cur síos a dhéanamh ar Dhia agus ábhair ealaíne agus ábhair cheardaíochta á n-úsáid acu in ionad focail.
- Nuair a bheidh an cleachtadh críochnaithe ag na páistí, déan comhrá leo faoina bhfuil déanta acu agus cad is brí leis. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo orthu:

›› Cad a theastaigh uait go léireodh do shaothar ealaíne faoi Dhia?
›› An ndearna gach duine an rud céanna? Cad ba chúis le sin?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 17 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Táimid bailithe le chéile inniu chun buíochas a ghabháil agus moladh a thabhairt do Dhia, a rinne rudaí iontacha dúinn. Chruthaigh Dia sinn, tá grá aige dúinn agus tugann sé cúram dúinn. Tugann Dia cuireadh dúinn  muinín a bheith againn as i gcónaí. Tháinig Mac Dé, Íosa, inár measc chun a thaispeáint dúinn conas grá a thabhairt agus chun a insint dúinn go mbeadh sé linn i gcónaí go dtí deireadh ré. Mar fhreagra bainimid úsáid as an líne seo ó Salm 131: *Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche!*

**Gach duine:** *Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche!*

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as an bheatha agus an domhan a thabhairt dúinn. Guímis.
**Gach duine:** *Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche!*

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as ár dteaghlaigh, ár gcairde agus ár gcomharsana. Guímis.
**Gach duine:** *Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche!*

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as éisteacht lenár n-urnaí. Guímis.
**Gach duine:** *Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche!*

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as Íosa a thabhairt dúinn chun a thaispeáint dúinn conas grá a roinnt. Táimid buíoch freisin as grá an Spioraid Naoimh inár gcroíthe. Guímis.
**Gach duine:** *Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche!*

**Múinteoir:** Guímis le chéile ag baint úsáid as Salm 18.
**Gach duine:** *Mo Dhia thú, mo charraig is dídean dom.*

**Múinteoir:** Cuirimis críoch lenár n-urnaí anois agus an *Glóir don Athair* á rá againn.
**Gach duine:** (*le gothaí*) *Glóir don Athair.*

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ÍOMHÁNNA DE DHIA SNA SAILM

Ceann de na leabhair sa Sean-Tiomna is ea Leabhar na Salm. Paidreacha a bhí sna sailm a ghuigh daoine chuig Dia le linn aimsir an tSean-Tiomna. I measc na sailm bhí paidreacha buíochais le Dia as a ghrá, a chúram agus a chosaint; bhí paidreacha ann ina raibh brón ar dhaoine as na rudaí míchearta a rinne siad; paidreacha moladh do Dhia as a chruthú ba ea cuid eile; agus paidreacha inar iarr na daoine na rudaí a bhí uathu ba ea cuid eile fós. Faighimid go leor focail agus íomhánna éagsúla ag cur síos ar Dhia sna sailm.

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar an méid is cuimhin leo faoi na sailm. Cuir ceisteanna ar nós:

- Cé a scríobh iad? (Dáiví: Naíonáin Shinsearacha/ B2, T1, C3; Rang a hAon/B3, T5, C2)
- Cathain is féidir linn éisteacht le salm nó salm a ghuí? (Ag Liotúirge an Bhriathair ag an Aifreann)

I Salm 23 déanann Dáiví cur síos ar Dhia mar aoire. Deir sé:

*Is é an Tiarna m'aoire:*
*ní bheidh aon ní de dhíth orm.*
*Cuireann sé féin i mo luí mé*
*i móinéar féir ghlais.*
*Seolann sé ar imeall an uisce mé*
*mar a bhfaighim suaimhneas.*

Déan comhrá leis na páistí faoi íomhá Dé mar aoire. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo orthu:

- Cad a dhéanann aoire?
- Cén fáth ar úsáid Dáiví íomhá aoire chun cur síos a dhéanamh ar Dhia?
- Cad a deir an salm seo faoi Dhia?

I Salm 31:15-16, 20 scríobh Dáiví:

*Ach is ort atá mo sheasamh, a Thiarna,*
*deirim: "Is tú mo Dhia."*
*Tá m'anam ag brath ort, saor mé*
*ón namhaid is ó chách ar mo thóir.*
*Nach lánmhar an mhaitheas atá i dtaisce agat*
*don dream lenarb eagal tú.*

Seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a deir Dáiví faoi Dhia sna línte seo?
- Cad iad na nithe céanna atá ráite faoi Dhia i ngach sailm díobh seo?
- An gceapann tú go mbíonn sé deacair muinín a bheith agat as Dia uaireanta? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn sé?
- An bhfuil muinín agat as Dia?

I Salm 18:3 scríobh Dáiví:

*Mó ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú,*
*mo charraig thú, mo dhaingean is mo shlánaitheoir.*
*Mo Dhia thú, mo charraig is dídean dom,*
*mo sciath, adharc mo shlánaithe, mo dhún.*

- Cé a bhfuil aithne agat orthu gur féidir leat brath orthu? Cén fáth gur féidir leat brath orthu?
- Cad is sciath ann? Cén fáth a cheapann tú go ndearna Dáiví cur síos ar Dhia mar sciath? An gceapann tú gur a bealach maith é le cur síos a dhéanamh ar Dhia? Cén fáth nó cén fáth nach bealach maith é?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 17 dá leabhar, áit a bhfaighidh siad Salm 23 agus roinnt línte ó Sailm 18 agus 31.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo, nó focail cosúil leo, á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan machnamh ar fhocail Dháiví. Samhlaigh Dáiví ... Bhí faitíos air roimh a chuid naimhde agus d'iompaigh sé chuig Dia chun cabhair a fháil uaidh. Cosnaíonn agus sábhálann Dia tusa, freisin, aon uair a bhíonn tú buartha nó i mbaol, agus tá sé ag iarraidh ort cabhair a iarraidh air. An iarrfaidh tú cabhair air? Sula n-osclaíonn tú do shúile, b'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia, le do ghuth istigh, as a bheith in éineacht leat i gcónaí, ag cosaint agus ag tabhairt aire duit. Nuair a bheidh tú réidh, oscail do shúile.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### AN MÉID A MHÚINEANN NA SAILM DÚINN FAOI DHIA

Déan comhrá leis na páistí faoi na línte a chuala siad agus a léigh siad as na sailm. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo orthu:

- Cad iad na línte ó na sailm is cuimhin leat? Cén líne is fearr leat?
- An n-úsáidfeá ceann de na focail nó frásaí a chuala tú ó na sailm chun cur síos a dhéanamh ar Dhia, nó an roghnófá focail éagsúla le cur síos a dhéanamh air? Cén fáth go roghnófá an focal/na focail sin?

Ansin iarr ar na páistí abairt a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach ag tosú leis na focail 'Tá Dia cosúil le …' agus an leathanach a mhaisiú.



# Mairimis ...


## CAD A MHÚIN TÚ?

Is féidir le híomhánna Dé, mar atá léirithe ag Rí Dháiví sna sailm, cabhrú linn ár gcaidreamh le Dia a dhoimhniú. Cibé íomhá a úsáidimid do Dhia, tá a fhios againn gurb é an té a thugann grá agus aire dúinn i gcónaí. Tugann sé cuireadh dúinn brath ar a ghrá dílis seasmhach.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### MO SALM

- Déan comhrá leis na páistí faoi na focail agus na híomhánna a d'úsáid Dáiví chun cur síos a dhéanamh ar Dhia. Ansin tabhair cuireadh dóibh a salm féin a scríobh ag cur síos ar a ngaol le Dia agus ar a n-íomhá féin de Dhia sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach. B'fhéidir gur mhaith leo an salm a thosú leis na focail 'Is é an Tiarna ...'
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe acu, tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a salm a roinnt leis an rang.



# Seirbhís Urnaí

Téama: An Bíobla

**Nóta:** *Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile, do thuismitheoirí/caomhnóirí nó do dhaoine eile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga.*

- **Ullmhúchán:** (*B'fhéidir nach mbeidh gá le cuid den ullmhúchán thíos más sa séipéal a bheidh an tseirbhís urnaí*)
- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros agus coinneal sa spás urnaí. Taispeáin póstaer a 2.*
- *Roghnaigh naonúr léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh páiste amháin chun an Bíobla Naofa a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse.*
- 
- *Comhartha na Croise*
- 
- **Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.
- 

**Múinteoir:** Inniu, agus ár gcoinneal á lasadh againn tá a fhios againn go bhfuil Dia anseo linn.

*Lasann an múinteoir an choinneal.*

Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh. Bí socair agus ciúin. Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Tugaim cuireadh duit é seo a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... agus éist leis an méid atá le rá ag Dia ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**Dalta 1:** *Ardaíonn sé/sí an Bíobla Naofa in airde agus cuirtear sa spás urnaí é.*

**Léitheoir 1:** Le linn na seachtaine seo caite, d'fhoghlaimíomar fíricí nua faoin mBíobla, Briathar Dé. Smaoinigh ar fhíric amháin a d'fhoghlaim tú. An chuimhin leat go bhfuil dhá chuid sa Bhíobla: an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua? An féidir leat cuimhneamh ar cé mhéad leabhar atá sa tSean-Tiomna agus sa Tiomna Nua? An cuimhin leat cén fáth go bhfuil dhá chuid sa Bhíobla? D'fhoghlaimíomar gur spreag an Spiorad Naomh na daoine a scríobh an Bíobla. Fuaireamar amach gur leabharlann leabhar é an Bíobla. Léimis roinnt véarsa anois as Leabhar na Seanfhocal.

**Léitheoir 2:** *'Is luachmhaire an eagna ná péarlaí.'* (Leabhar na Seanfhocal 8:11)

**Múinteoir**: Is bronntanas an-speisialta é an eagna. Bronntanas feasa atá ann. Deir an scríbhneoir gur fearr é ná péarlaí. Smaoinigh ar phéarlaí agus cé chomh luachmhar is atá siad. Tá eagna níos luachmhaire ná péarlaí.

*Tabhair deis do na páistí a gcuid smaointe a roinnt.*

**Léitheoir 3:** *Fónann an fial dó féin; ach goineann an duine cruálach é féin.* (Leabhar na Seanfhocal 11:17)

**Múinteoir:** Smaoinigh ar uair nuair a bhí tú cineálta le duine eile. Conas a d'fhreagair siad? Cén chaoi a bhraith tú ansin? Smaoinigh ar uair nuair nuair nach raibh tú cineálta le duine éigin. Cén chaoi a d'fhreagair siad? Cén chaoi a bhraith tú ansin?

*Tabhair deis do na páistí a gcuid smaointe a roinnt.*

**Léitheoir 4:** *Má bhíonn peacaigh do do mhealladh, a mhic ó, ná géill dóibh.* (Leabhar na Seanfhocal 1:10)

**Múinteoir:** Smaoinigh ar roinnt rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh ach go bhfuil a fhios agat nár chóir duit a dhéanamh.

*Tabhair deis do na páistí a gcuid smaointe a roinnt.*

**Léitheoir 5:** *An té a thugann freagra ionraic, pógann sé do bheola, geall leis.* (Leabhar na Seanfhocal 24:26)

**Múinteoir:** An gcuireann tú an fhírinne in iúl i gcónaí, fiú nuair a bhíonn a fhios agat nár mhaith leis an duine eile an méid atá le rá agat? An mbíonn

tú ag súil go n-inseoidh daoine eile an fhírinne duit?

*Tabhair deis do na páistí a gcuid smaointe a roinnt.*

**Léitheoir 6:** Foghlaimímid níos mó faoi Dhia nuair a théimid i ngleic le Briathar Dé sa Bhíobla. Léimis anois roinnt línte ó Salm 18, agus sinn ag creidiúint go dtugann Dia aire dúinn i gcónaí.

**Gach duine: Salm 18:**
**Duan Caithréime Dháiví**
*Mó ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú,*
*mo charraig thú, mo dhaingean is mo shlánaitheoir…*
*Scairt mé ar an Tiarna i mo ghátar,*
*agus d'iarr mé cúnamh ar mo Dhia…*
*Is é is sciath go dearfa*
*do chách a thriallann chuige…*
*Óir thug tú cathréimeanna do do rí,*
*agus nocht tú do ghrá do d'ungthach,*
*do Dháiví agus dá shliocht go brách.*

**Gach duine** (*le gothaí*)**:** *Glóir don Athair*

**Múinteoir:** Guímis. An freagra atá inniu againn ná: *Cuir do dhóchas sa Tiarna,*
*anois agus choíche.*

**Léitheoir 7:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as do chúram leanúnach. Cabhraigh linn ár ngrá a thaispeáint duit féin agus muinín a bheith againn ionat.

**Gach duine:** Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche.

**Léitheoir 8:** A Dhia ár gCosantóir, gabhaimid buíochas leat as an ngrá agus as an gcúram a thaispeáin tú dúinn trí Íosa a chur chugainn, agus léirigh sé dúinn conas grá a thabhairt duitse agus dá chéile.

**Gach duine:** Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche.

**Léitheoir 9:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as an Spiorad Naomh a chur chugainn, agus a chabhraíonn linn maireachtáil mar Íosa, grá a roinnt mar Íosa agus guí ar nós Íosa. Cabhraigh linn muinín a bheith againn i do ghrá agus i do chúram.

**Gach duine:** Cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche.

**Múinteoir:** Ceann de na rudaí a d'iarr Íosa ar a dheisceabail a dhéanamh ná guí chuig Dia ár nAthair. Nuair a thagaimid le chéile ag an Aifreann guímid *An Phaidir*. Seasaigí anois agus guímis mar a dhéanaimid ag an Aifreann nuair a deir an sagart: 'Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá...'

**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair atá ar neamh...)

**Múinteoir:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn. Iarraimid é seo trí Íosa ár gcara.

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Iomann deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

# Téama 3: Íosa

Ceacht 1: Eoin Baiste
Ceacht 2: Íosa, an Múinteoir
Ceacht 3: Íosa, an Fear Leighis
Ceacht 4: Sacraimint Ola na nEaslán

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn
- Glaonn Dia ar dhaoine agus freagraíonn siad é (gairm bheatha)

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- D'iarr Íosa ar dhaoine aithrí a dhéanamh agus an Dea-Scéal a chreidiúint, is é sin, teacht Ríocht Dé
- Tugann Íosa cuireadh dúinn glacadh le grá an Athar agus ansin ár saol a chaitheamh dá réir

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Tugann an Spiorad Naomh grásta do phobal uile Dé

**Muire**

- Choinnigh Dia Muire slán ó pheaca (Giniúint Mhuire gan Smál)

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Cabhraíonn na Soiscéil linn glacadh le hÍosa le lán-chreideamh agus a theagasc a chur i bhfeidhm inár saol féin

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú*

- Salm 70:1. Ag iarraidh cúnamh ar Dhia

*Saol Poiblí Íosa*

- Lúc 3:3-6:15-6. Eoin Baiste
- Mth 6:1-18. Bí aireach agus tú ag cleachtadh do chuid cráifeachta
- Mc 7:32-37. Leigheas an bhodhráin
- Mc 8:22-26. Leigheas an daill

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Liotúirge**

- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise, ina ndéantar ceiliúradh ar bhás agus Aiséirí Chríost-cúis ár slánaithe. Bailíonn baill na hEaglaise le chéile, go hiondúil i séipéal, chun páirt a ghlacadh sa liotúirge le chéile. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh le hÍosa chun Dia ár nAthair rud a aontaímid le Dia agus lena chéile. Is féidir le comharthaí, siombail, focail agus gníomhartha, amhráin agus ceol agus ealaín sácráilte a bheith mar chuid den cheiliúradh liotúirgeach
- Is é Íosa Críost, ár Slánaitheoir, a threoraíonn an liotúirge
- Tógann na heaspaig, na sagairt agus na deochaine áit Chríost ag treorú urnaí agus adhradh

**Urnaí**

- Thug Íosa comhairle dá lucht leanúna gan a urnaí a úsáid mar bhealach chun daoine eile a laghdú

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Paidir na Maidine
- An Phaidir
- An Ghlóir
- Sé do Bheatha, a Mhuire
- Hail Mary

*Paidreacha Breise*

- Freagraí an Aifrinn
- Freagraí ó na Sailm: Salm 70:4
- Urnaí na Cúig Mhéar
- Oscail mo chluasa
- A Mhuire Lourdes, guigh orainn
- Ungadh na n-Easlán
- Paidir an Bhaiste: *Ephphatha*

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Dathanna na n-éidí eaglasta a úsáidtear ar an Domhnach i rith na séasúr éagsúla den bhliain liotúirgeach: Glas-Tráth Saor na Bliana; Corcra-Aidbhint agus an Carghas, Sacraimint an Athmhuintearais; Dearg- Aoine an Chéasta, An Chincís, Domhnach na Pailme, An Cóineartú; Bán- An Nollaig, Déardaoin na Comaoineach, An Cháisc, Pósadh, Baisteadh

**Sacraimintí**

- Is coinne speisialta le hÍosa aiséirithe í an sacraimint
- Is grásta speisialta ón Spiorad Naomh é an 'grásta sacraimintiúil' a thugann Críost dúinn i ngach sacraimint
- Déanaimid peaca nuair a dhiúltaímid grá a thabhairt do Dhia agus dár gcomharsa agus nuair nach dtaispeánaimid meas ar chruthú Dé mar a mhúin Íosa dúinn a dhéanamh
- Seacht sacraimint na hEaglaise Caitlicí: An Baisteadh, An Cóineartú, An Eocairist, Sacraimint an Athmhuintearais, Ungadh na n-easlán, An Pósadh agus Ord Beannaithe
- Is sacraimintí leighis iad Sacraimint an Athmhuintearais agus Ungadh na n-Easlán
- Bhí grá speisialta ag Íosa do na heasláin
- In Ungadh na n-Easlán leagann Críost 'lámh' orainn chun sinn a leigheas
- Ceiliúrann Ungadh na n-Easlán láithreacht Chríost iontu siúd atá an-tinn agus faigheann siad neart, dóchas agus síocháin dá bharr
- Ní cheadaítear ach do shagart (nó do easpag) Ungadh na n-Easlán a thabhairt. Ba chóir go spreagfaí daoine atá an-tinn fios a chur ar an sagart chun an sacraimint a fháil
- I sacraimint na n-Easlán déantar clár éadain agus lámha an easláin a ungadh agus iarrann an ceiliúraí grásta speisialta na sacraiminte don té atá á ungadh

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Tá sé de dhualgas ar dhaoine daonna an dlí morálta a leanúint, a spreagann iad chun an rud ceart a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint. Cloiseann siad an dlí seo ina gcoinsias
- Bealach amháin a chabhraíonn leis an gcoinsias an t-eolas cruinn a fháil ná trí mhachnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Beatha Íosa

*d. Mac Dé.*

Ba chóir do mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Cloisteáil faoi choincheapa amhail gealltanas agus tairngreacht – Míocá 5:2-5; Íseáia 7:14.

*f. Ministreacht Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Scéal bhaisteadh Íosa a mheabhrú - Lúcás 3:21-22.
- Tús tuisceana a fháil ar an ábhar suntais a bhí ann maidir le cuid de na deisceabail a fuair gairm bheith ina ndeisceabail - Marcas 1:16-20.
- Scéalta faoin dóigh ar chuidigh Íosa le daoine a bhí san anás a mheabhrú agus machnamh a dhéanamh orthu - Marcas 2:1-12; Matha 8:1-3.
- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*c. Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.
- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.
- A aithint go bhfuil ionaid adhartha ar leith ann nach mór urraim a bheith againn dóibh.

# Ceacht 1: Eoin Baiste

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Bhí Eoin Baiste ina chol ceathrair le hÍosa. Ba iad Eiliosaibeit agus Zachairias a thuismitheoirí. Is féidir linn a rá go bhfuil Eoin Baiste cosúil le droichead idir an Sean-Tiomna agus Tiomna Nua. D'aithin sé Íosa mar an Meisias a gealladh agus chuir sé é sin in iúl do na daoine. Sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo (Naíonáin Shínsearacha/B2 agus Rang a Dó/B4) thugamar Eoin Baiste isteach mar fháidh, teachtaire a sheol Dia, agus cuimhnímid ar a theachtaireacht i rith na hAidbhinte gach bliain. Luaigh Eoin focail an fháidh Íseáia, fáidh a sheol Dia i bhfad sular rugadh Íosa. D'fhógair Íseáia an Dea-Scéala go raibh an Meisias ag teacht.

Sa cheacht seo déanann na páistí iniúchadh ar theagasc Eoin Baiste. Thaistil Eoin timpeall ar cheantar abhainn na hIordáine agus an Dea-Scéala a fhógairt do gach duine lena mbuailfeadh sé: Iompaígí ó bhur bpeacaí agus glacaigí an baisteadh. Cabhraímid leis an páistí chun an teachtaireacht seo a aithint mar Dea-Scéala dóibh féin freisin. Milleann an peaca ár gcaidreamh le Dia agus le daoine eile. Deir Eoin dúinn go bhfuil Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn nuair a dhéanaimid ár bpeacaí a admháil agus a rá go bhfuil brón orainn.

Dúirt Eoin leis na daoine go mbaisteadh sé iad le huisce, ach go raibh duine níos treise ná é ag teacht a bhaisteadh iad leis an Spiorad Naomh. Ba é Íosa an duine sin. Baistear sinn isteach i gclann Dé agus is ansin a fhaighimid bronntanas an chreidimh. Cuidíonn ár dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ár gcairde as Críost, ár dteaghlaigh agus ár sagairt linn maireachtáil de réir ár gcreideamh. Is sinne teachtairí Dé freisin ar féidir linn an Dea-Scéala a fhógairt.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Meisias:** Focal Eabhraise a chiallaíonn 'duine ungtha'. Glaoitear 'Meisias' ar Íosa chomh maith le 'Slánaitheoir'.
- **Fáidh:** duine a labhraíonn ar son Dé.
- **Déan aithrí:** casadh chun Dé agus do pheacaí a bheith maite.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosaí de pháipéar bán A4 le go ndéanfaidh na páistí meigeafón
- Páipéar don phóstaer: 'Dea-Scéala'

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### FAOI FHÓGRAÍ A DHÉANAMH

Déan comhrá leis na páistí maidir le cathain agus cén fáth a dhéanann daoine fógraí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth a ndéanann daoine fógraí? Cathain a chloiseann tú fógraí á ndéanamh de ghnáth?
- Cé a dhéanfadh fógra anseo sa scoil? Cad faoi a bheadh an fógra?
- Má bhíonn daoine amuigh faoin aer, cad a d'fhéadfaí a úsáid chun go gcloisfeadh daoine eile an fógra? Dá mbeadh duine ar stáitse, cad a d'fhéadfaidís a úsáid?

Ansin léigh an scéal 'Fógra Tábhachtach'.

## SCÉAL

**Fógra Tábhachtach**

Bhí na páistí tar éis teacht le chéile don gcruinniú seachtainiúil i Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias nuair a bhain an príomhoide, an t-Uasal Ó Faoláin, an clog agus dúirt sé go raibh fógra tábhachtach aige le déanamh. Stop na páistí, a bhí ag caint go bríomhar lena chéile suas go dtí an bpointe sin, go tobann chun an méid a bhí le rá aige a chloisteáil.

Shiúil an t-Uasal Ó Faoláin ar an stáitse agus d'fhógair sé, 'Tá an-ádh orainn anseo sa scoil toisc go bhfuil an t-Uachtarán ag teacht go dtí ár mbaile an mhí seo chugainn agus tabharfaidh sé cuairt ar ár scoil.' D'éirigh gáir mholta mhór sa halla. Lean an t-Uasal Ó Faoláin, 'Is cuairt an-tábhachtach é seo dár mbaile ach go háirithe dár scoil. Beidh go leor le déanamh againn chun ullmhú don chuairt agus beidh gach duine agaibh páirteach i bhfáiltiú ár nUachtaráin.



Beidh an cór agus an fhoireann peile páirteach agus cuirfimid taispeántas ealaíne ar fáil. Beimid ag iarraidh ar gach rang rud éigin speisialta a dhéanamh, agus táimid ag súil go gcabhróidh gach duine. Nuair a bheidh an cruinniú seo thart, beidh do mhúinteoirí ag caint libh faoin méid gur féidir linn a dhéanamh chun an ócáid seo a cheiliúradh.'

Bhí na páistí ar bís chun dul ar ais go dtí a gcuid seomraí ranga chun tús a chur le hullmhúcháin don ócáid mhór.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth ar ghlaoigh an t-Uasal Ó Faoláin an clog?
- Cad a rinne na páistí nuair a ghlaoigh an t-Uasal Ó Faoláin an clog?
- Cé a rinne an fógra? Cad a bhí san fhógra?
- Cad a bhí ar na páistí le déanamh anois?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar libh, go raibh an t-Uachtarán, ag teacht chun an bhaile?
- Cad a dhéanann tú nuair a chloiseann tú go bhfuil duine ar tí fógra a dhéanamh?
- Smaoinigh ar fhógra tábhachtach a chuala tú. An dea-scéal nó drochscéal a bhí ann?
- An ndearna tú fógra riamh sa bhaile nó dod' chairde? Cad a d'fhógair tú?
- Ba é an fógra is fearr a chuala an domhan riamh ná go raibh Íosa ag teacht. Cén tionchar a bhí ag an bhfógra sin nuair a chuala na daoine é don chéad uair?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 19 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu táimid chun smaoineamh ar fhógra tábhachtach a chuir Dia chugainn.

Tugaim cuireadh duit do shúile a dhúnadh agus lig do do chorp a bheith socair agus ciúin ... Tabhair aire do do anáil, anáil na beatha, ag bogadh isteach agus amach as do chorp ... Seo bronntanas na beatha duit ó Dhia. Gabh buíochas go ciúin le Dia ...

Ní hamháin gur thug Dia bronntanas na beatha dúinn. D'fhógair sé go bhfuil grá aige do gach duine againn go hiomlán, in ainneoin rud ar bith. Smaoinigh go ciúin ar sin ... Tá grá ag Dia duit anois, díreach mar atá tú ...

B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as a ghrá ... Cuirfimid deireadh lenár n-urnaí agus *Paidir na Maidine* a rá le chéile.

**Gach duine:** *Paidir na Maidine* (A Dhia, tá grá agat dom ...)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA


### TEACHTAIREACHT EOIN BAISTE

Sular rugadh Íosa, bhí na daoine ag fanacht le teacht an Meisias a shaorfadh iad óna naimhde. Roghnaigh Dia Eoin Baiste mar a theachtaire féin chun an Dea-Scéala a fhógairt dá mhuintir, go raibh Íosa, an Meisias, ag teacht. Téigh ar ais ar an méid atá ar eolas ag na páistí faoi Eoin Baiste agus na ceisteanna seo, nó ceisteanna cosúil leo, á n-úsáid agat:

- Cérbh iad tuismitheoirí Eoin Baiste? (Eiliosaibeit, col ceathar Mhuire, agus Zachairias)
- Cén gaol a bhí ann idir Eoin Baiste agus Íosa?
- An cuimhin leat aon rud faoi theachtaireacht Eoin Baiste? (Chuaigh Eoin Baiste amach sa bhfásach agus d'iarr sé ar na daoine ullmhú d'Íosa, an té a bhí le teacht. Dúirt sé leis na daoine aithrí a dhéanamh agus baisteadh a fháil.)
- Anois léigh 'Eoin Baiste ag Fógairt Aithrí'.

**Eoin Baiste ag Fógairt Aithrí (Lúcás 3:3, 15-16)**

Agus ghabh sé ar fud na tíre go léir timpeall na Iordáine ag fógairt bhaiste aithrí chun peacaí a mhaitheamh. Ó bhí an pobal ar fionraí, agus cách ag macnamh ina gcroí i dtaobh Eoin, go mb'fhéidir gurbh é an Críost é. D'fhreagair Eoin á rá leo uile: 'Táimse do bhur mbaisteadh le huisce, ach tá an té ag teacht atá níos treise ná mé, nach fiú mé iall a chuarán a scaoileadh; baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh agus le tine.'



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a dúirt Eoin leis na daoine?
- Cé a dúirt Eoin a bhaistfeadh na daoine le huisce? Cé a bhaisteadh iad leis an Spiorad Naomh?
- Theastaigh ó Eoin go mbeadh a fhios ag na daoine nuair a dhéanfadh Íosa iad a bhaisteadh, go mbeadh bronntanas an Spioraid Naoimh acu.

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a bhí ar na daoine a dhéanamh chun go mbeadh a bpeacaí maite acu?
- Cad é an sacraimint a fhaigheann daoine inniu nuair is mian leo maithiúnas as a gcuid peacaí a fháil?
- Ní fhaca Eoin Baiste é féin mar an té is mó. Cé a dúirt Eoin a bheadh níos treise ná é féin?
- N'fheadar cad a bhí i gceist ag Eoin Baiste nuair a dúirt sé an méid seo faoi Íosa: 'Ní fiú mé iall a chuarán a scaoileadh'?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 20 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD


Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh Eoin Baiste ag labhairt na focail seo chugat go pearsanta: 'Iompaigh ó do pheacaí, glac leis an mbaisteadh, agus maithfidh Dia do pheacaí.' Tá Dia ag tabhairt cuireadh duit anois éisteacht go cúramach leis an dteachtaireacht sin. Seo é arís: 'Iompaigh ó do pheacaí, glac leis an mbaisteadh, agus maithfidh Dia do pheacaí.' I gciúnas do chroí fiafraigh díot féin, 'An ndearna mé nó an ndúirt mé aon rud a ghortaigh mo chairdeas le Dia, le daoine eile nó leis an gcruthú?' … tugann Dia cuireadh duit anois a insint dó go bhfuil brón ort as aon rud mícheart a rinne tú agus maithiúnas a iarraidh air. Is féidir leat a rá le Dia go ndéanfaidh tú fíor iarracht gan é seo a dhéanamh arís. Gabh buíochas le Dia agus éist leis ag glaoch ort le d'ainm agus ag rá leat 'Tá grá agam duit'. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile agus guímis an *Gníomh Dóláis* le chéile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### MEIGEAFÓN A DHÉANAMH

- Tabhair bileog bhán de pháipéar A4 do gach páiste. Beidh téip ghreamaitheach ag teastáil ó na páistí freisin.
- Treoracha chun an meigeafón a dhéanamh:
  - » Ar thaobh amháin den bhileog scríobh an frása 'Dúirt Eoin Baiste …'.
  - » Ar an dtaobh eile, ar bharr agus síos an imeall, scríobh na focail seo a dúirt Eoin Baiste: 'Iompaigh ó do pheacaí.'
  - » Ansin rollaigh an leathanach go scaoilte mar a thaispeántar sa léaráid chun cruth cóin a chruthú, nó 'meigeafón'.
  - » Úsáid téip ghreamaitheach chun an páipéar a dhaingniú sa chruth sin.
- Roghnaigh áit sa seomra ranga le 'Cúinne na gCainteoirí' a léiriú. Iarr ar na páistí smaoineamh ar roinnt dea-scéala atá cloiste acu le déanaí agus ba mhaith leo a fhógairt. Tabhair cuireadh do pháistí teacht go dtí 'Cúinne na gCainteoirí' chun a gcuid fógra a dhéanamh.
- Cuir na 'meigeafóin' sa spás urnaí chun iad a úsáid níos déanaí.




## GNÍOMHAÍOCHT

### ORDÓGA THUAS, ORDÓGA THÍOS!

Iarr ar na páistí cé acu de na ráitis seo a leanas a d'úsáid Eoin Baiste - 'Ordóga thuas!' le haghaidh ráitis dhílis agus 'Ordóga thíos!' mar ráitis bhréagacha.

- 'Bí baiste.'
- 'Déanaim tú a bhaisteadh le hola.'
- 'Déanaim tú a bhaisteadh le huisce.'
- 'Tá duine éigin ag teacht a thabharfaidh Dea-Scéala duit.'
- 'Nílim maith go leor chun a chlóca a iompar.'
- 'Ullmhaigh an domhan don Tiarna.'
- 'Tá duine éigin ag teacht atá níos treise ná mise.'
- 'Níl mé maith go leor chun iall a chuarán a scaoileadh.'
- 'Ullmhaigh an teach don Tiarna.'
- 'Déanfaidh sé sibh a bhaisteadh leis an Spiorad Naomh agus le tine.'

## AG COMHRÁ

### FAOI THEACHTAIREACHT EOIN BAISTE

Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh maidir le haon difríocht a rinne teachtaireacht Eoin Baiste don mhuintir a chuala í. Tabhair cuireadh dóibh a shamhlú an méid a déarfadh Eoin Baiste linn sa lá atá inniu ann.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí cónaí ar Eoin Baiste sa bhfásach. D'iarr Dia ar Eoin a fhógairt do na daoine go raibh Íosa ag teacht. Dúirt Eoin, 'Iompaígí ó bhur bpeacaí, bígí baiste, agus maithfidh Dia bhur bpeacaí daoibh.' Dea-Scéala ba ea é seo do na daoine. Is Dea-Scéala dúinne freisin é!

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### PÓSTAER LE DEA-SCÉALA

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur sheol Dia Eoin Baiste chun an Dea-Scéala a fhógairt. Tá gá le daoine fós ag Dia chun an Dea-Scéala céanna a thabhairt isteach inár domhan inniu. Tugann a lán daoine Dea-Scéala Dé dúinne inniu – ár dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ár sagairt, ár múinteoirí.

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna á n-úsáid agat:

- An cuimhin libh roinnt daoine aitheanta ón am atá thart a thug Dea-Scéala Dé do mhuintir a gcuid ama – daoine ar nós na naoimh, a mhúin daoine eile faoi Íosa? B'fhéidir gur tháinig roinnt de na daoine sin ónár gceanntar féin.
- Ainmnigh duine amháin a cheapann tú a thugann Dea-Scéala Dé do dhaoine eile inniu.
- Ar thug tú Dea-Scéala ghrá Dé riamh do dhuine eile?

Ansin spreag na páistí le bheith ag obair le chéile chun póstaer a dhéanamh, a léiríonn 'Dea-Scéala don Lá Inniu'.

## MACHNAMH SA CHÓIPLEABHAR

- I do chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach scríobh faoi na hamanna, i rith na seachtaine seo caite, nuair a chonaic tú duine éigin ag tabhairt Dea-Scéala Dé duitse nó do dhuine eile.
- Anois scríobh faoin gcaoi ina dtabharfaidh tú Dea-Scéala ghrá Dé do dhuine éigin i rith na seachtaine seo chugainn.

## PAIDIR

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
  *Bíodh na meigeafóin i lár.*
- *Cuir coinneal ar lasadh gar do na meigeafóin. Más féidir, bain úsáid as coinneal baiste. Cuir babhla de uisce coisricthe sa spás chomh maith.*
- *Roghnaigh triúr léitheoir.*
- *Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh triúr pháiste chun na nithe seo a leanas a ardú le linn na seirbhíse: an Bíobla Naofa; póstaer Eoin Baiste; agus an póstaer ranga 'Dea-Scéala don Lá Inniu'.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu, táimid ag ceiliúradh an Dea-Scéala a d'fhógair Eoin Baiste do na Giúdaigh. Dúirt sé, "Cas ar shiúl ó bhur bpeacaí agus bígí baiste, agus maithfidh Dia bhur bpeacaí daoibh." Inniu, cuimhnímid ar chuid de Dhea-Scéala Dhé inár saol féin.

**Dalta 1:** *Ardaíonn an Bíobla Naofa*

**Léitheoir 1:** Chruthaigh Dia an domhan agus thug sé gach rud dúinn - ach go háirithe bronntanas na beatha.

**Dalta 2:** *Ardaíonn an póstaer de Eoin Baiste*

**Léitheoir 2:** Chuir Dia go leor daoine chugainn, Eoin Baiste san áireamh, chun Dea-Scéala ghrá Dé dúinn a fhógairt.

**Dalta 3:** *Ardaíonn an póstaer ranga 'Dea-Scéala don Lá Inniu'*

**Léitheoir 3:** Tugann go leor daoine Dea-Scéala ghrá Dé chuig daoine eile sa lá atá inniu ann.

**Múinteoir:** Dún do shúile. Smaoinigh ar bhealach amháin a thabharfaidh tú Dea-Scéala ghrá Dé do dhuine éigin an tseachtain seo. Iarr ar Dhia a ghrásta a thabhairt duit chun cabhrú leat é seo a dhéanamh.

*Tabhair seans do na páistí machnamh ciúin a dhéanamh.*

**Múinteoir:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach iad siúd a thugann Dea-Scéala do dhaoine eile.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Íosa, an Múinteoir

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá roinnt scéalta cloiste cheana féin ag na páistí faoi Íosa sa chlár *I nGrá Dé* (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4). Tá a fhios acu gur rugadh Íosa isteach sa chreideamh Giúdach, gur fhás sé aníos cosúil le haon leanbh eile ag an am, gur chónaigh sé lena theaghlach, ghuigh sé, chuaigh sé ar scoil, chuala sé agus léigh sé scéalta as na Scrioptúir Eabhraise (an Sean Tiomna) agus gur fhreastal sé ar an tsionagóg. Tá a fhios acu, freisin, gur cheiliúir sé féilte agus féastaí na nGiúdach, agus go raibh grá aige do Dhia an tAthair agus gur ghuigh sé chuige.

Chuir Dia an tAthair a Mhac, Íosa, ar domhan chun Dea-Scéala a ghrá a mhúineadh do dhaoine. D'fhógair Íosa do na daoine gur tháinig sé chun iad a mhúineadh, a leigheas agus chun peacaí a mhaitheamh. Trí chumhacht Dé ag obair ann, leighis Íosa daoine agus mhaith sé a bpeacaí dóibh. Mhúin Íosa daoine is cuma cén áit a dtáinig sé orthu – ar na cnoic, sa tsionagóg nó ina dtithe féin. Tá teagasc Íosa scríofa sa Bhíobla agus leanann sé ag múineadh inniu tríd an Bhíobla. Díreach mar a tharla fadó ó shin, creideann go leor daoine inniu ina theachtaireacht agus déanann siad iarracht maireachtáil dá réir sin.

Ba é *rabbi* an teideal a tugadh do mhúinteoir a bhí ag múineadh sa tsionagóg, nuair a bhí Íosa ar domhan. Ba shaineolaí é an *rabbi* ar an dTórá, Scrioptúir Bheannaithe na nGiúdach, d'fhéadfadh sé cinneadh a dhéanamh ar chásanna dlí Giúdacha, agus d'fhéadfadh sé paidreacha na nGiúdach a threorú. Ciallaíonn an teideal *rabbi* 'mo máistir'. Cloistear an teideal seo go minic nuair a dhéantar tagairt d'Íosa — teideal a bhronn na daoine air nuair a chuaigh a theagasc i bhfeidhm go mór orthu.

Bhí cúram ar leith ag Íosa do dhaoine a mhair ar imeall na sochaí. Leigheas sé daoine fiú ar an tSabóid agus d'ith sé le peacaigh. Mhúin sé dá lucht leanúna aire a thabhairt do riachtanais daoine eile, go háirithe do dhaoine bochta agus leochaileacha. Treoirphlean is ea a theagasc don chaoi ina mairimid mar Chríostaithe sa lá atá inniu ann.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Sionagóg:** Foirgneamh ina dtagann daoine Giúdacha le chéile le guí agus le foghlaim.
- **Troscadh:** Nuair a bhíonn troscadh á dhéanamh ag daoine ní itheann siad an bia agus ní ólann siad na deochanna a thaithníonn leo.
- **Carthanacht:** ag cabhrú leo siúd atá i ngátar.
- **Raibí:** Ceannaire reiligiúnach Giúdach.
- **Scrolla:** rolla páipéir a scríobhtar air.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- **Nithe a bheidh ag teastáil uait:** Fótachóip den teimpléad láimhe (thíos) do gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE MÚINTEOIREACHT AGUS FOGHLAIM

Déan comhrá leis na páistí faoi scileanna nua a fhoghlaim ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Ar fhoghlaim tú conas marcaíocht ar rothar, conas cluichí nua a imirt, conas stróc nua a dhéanamh ag snámh? Cad iad na rudaí nua atá foghlamtha agat i mbliana nach raibh ar eolas agat cheana? Cé a mhúin tú?
- Ar mhúin tú rud éigin nua d'aon duine riamh? Cén chaoi a raibh sé sin?
- Cad é an rud is deacra a bhí ort foghlaim riamh?
- Cé hiad na daoine go léir a mhúineann tú?
- An gceapann tú go bhfuil sé éasca nó deacair rudaí nua a mhúineadh do dhaoine? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Le linn an Aifrinn a cheiliúradh, tugann an sagart cuireadh do na daoine a bhíonn bailithe le chéile *An Phaidir* a rá. Inniu, bainimid úsáid as líne amháin ón *bPaidir* mar fhreagra lenár n-urnaí: 'Go naofar d'ainm', frása a chiallaíonn 'Go dtabharfar ómós dod' ainm'. Le chéile, cuirimis ár lámha in airde os cionn ár gcinn, agus sinn ag rá 'Go naofar d'ainm'.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as an gcumas a thug sé dúinn rudaí nua a fhoghlaim. Gabhaimid buíochas le Dia as ár n-oideachas. Gabhaimid buíochas le Dia as ár scoil, áit a mbainimid úsáid as na bronntanais agus na buanna a thug Dia dúinn. Gabhaimis buíochas leis an Tiarna Dia.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** As ár n-intinn a chuidíonn linn foghlaim.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** As ár gcroíthe a chuidíonn linn grá a roinnt.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** As ár ngrá don fhoghlaim.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** As ár ngrá don bheatha.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** As na daoine a chabhraíonn linn foghlaim sa bhaile agus ar scoil.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** As na leabhair agus na hacmhainní teicneolaíochta a chabhraíonn linn foghlaim.
**Gach duine:** Go naofar d'ainm.

**Múinteoir:** Guímis le chéile ag baint úsáid as na focail a mhúin Íosa dá dheisceabail.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh...)

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI ÍOSA

Déan comhrá leis na páistí faoin méid a gcuimhníonn siad faoi Íosa ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- Cad é an scéal is fearr leat faoi Íosa go dtí seo?
- Ba mhúinteoir é Íosa. Cad iad na scéalta faoi Íosa ag múineadh daoine gur féidir leat cuimhneamh orthu?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Chuir Dia an tAthair a Mhac, Íosa, chun cónaí ar domhan, ionas go bhféadfadh sé an Dea-Scéala a fhógairt agus na daoine a mhúineadh faoi ghrá Dé agus faoi mar ba chóir dóibh grá a thabhairt dá chéile. Nuair a bhí Íosa tríocha bliain d'aois, tar éis d'Eoin Baiste é a bhaisteadh, thosaigh sé ar a mhinistreacht phoiblí. Thosaigh sé ag múineadh na daoine, iad a leigheas agus a bpeacaí a mhaitheamh dóibh. Agus é seo á dhéanamh aige, thóg Íosa, Mac Dé, Dea-Scéala ghrá Dé do mhuintir a ré.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TEAGASC ÍOSA MAIDIR LE GUÍ

Mhúin Íosa go leor rudaí do na daoine. Is iomaí lá a chaith sé ag labhairt le daoine ar na cnoic, faoin tuath, cois na farraige agus in áit ar bith inar bhailigh daoine. Lá amháin mhúin Íosa na deisceabail faoi urnaí agus conas ba chóir dóibh guí. Dúirt Íosa leo nár cheart dóibh go bhfeicfeadh daoine eile iad ag guí. B'shin é an fáth go ndúirt sé gur cheart dóibh guí go príobháideach, agus ní toisc go mbeadh náire orthu guí go poiblí. Mhúin sé dóibh freisin faoin tábhacht a bhain le troscadh. Tá na teagaisc seo ó Íosa le fáil sa Soiscéal de réir Naomh Matha.

**Teagasc Íosa maidir le Guí (Matha 5:1-2; 6:5-14)**

Nuair a chonaic sé na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:



*'Mar an gcéanna nuair a bhíonn sibh ag guí, ná bígí ar nós na mbréagchráifeach, mar is breá leo siúd seasamh suas sna sionagóga nó ag cúinní na sráideanna agus guí a dhéanamh mar a mbeidh radharc ag cách orthu. Deirim libh go fírinneach, tá a dtuarastal faighte cheana féin acu. Ach tusa, nuair a bhíonn tú chun guí, téigh isteach i do sheomra, dún an doras ort féin, agus guigh chun d'Athar atá ansiúd faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat...Seo, mar a dhéanfaidh sibhse guí: Ár nAthair, atá ar neamh...'*

Tar éis duit an sliocht ón mBíobla a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cá ndúirt Íosa leis na deisceabail dul chun guí don Athair? Cén fáth go ndúirt sé leo guí go príobháideach?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cá nguíonn tú? An gceapann tú go gcaithfidh tú a bheith in áit ar leith chun guí a dhéanamh?
- An bhfuil sé tábhachtach duit am faoi leith a bheith agat le haghaidh urnaí? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé? Cén phaidir is fearr leat?

- Cathain a ghuíonn tú go príobháideach? Cathain a ghuíonn tú le daoine eile?
- Cén fáth a gceapann tú nach dtugann Dia dúinn i gcónaí an méid a iarraimid air san urnaí? D'fhéadfadh sé a bheith cosúil le conas nach dtugann do thuismitheoirí duit an méid a iarrann tú, i gcónaí?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 22 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT URNAÍ

### URNAÍ NA CÚIG MHÉAR

Mhúin Íosa dá dheisceabail conas *An Phaidir* a ghuí. Leanann Íosa ag múineadh dúinn conas guí inniu trínár dtuismitheoirí, ár múinteoirí, ár sagairt agus trí dhaoine eile.

Mhúin an Pápa Proinsias do dhaoine guí agus *Urnaí na Cúig Mhéar* a úsáid. Tabhair cuireadh do na páistí *Urnaí na Cúig Mhéar* a fhoghlaim agus é a ghuí.




**Urnaí na Cúig Mhéar**

- Tugann *Urnaí na Cúig Mhéar* cuireadh dúinn ár méara a úsáid mar áis chun guí ar son daoine eile. **Ordóg:** guí ar son iad siúd is gaire duit.
- **Corrmhéar:** guí ar son tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, sagairt agus iad siúd a thugann treoir duit tríd an saol.
- **Méar láir:** guí ar son ceannairí san Eaglais agus sa Stát.
- **Méar an fháinne:** guí ar son iad siúd atá lag agus tinn.
- **Lúidín:** guí ar do shon féin.

Seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth gur chuimhin leat guí ar son an teaghlaigh agus do chairde nuair a fhéachann tú ar d'ordóg?
- Cén mhéar a chuireann i gcuimhne duit guí ar son uachtarán na tíre? An féidir leat an t-Uachtarán a ainmniú?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cé dóibh a ghuíonn tú? Cén fáth?
- An ndéanfá guí ar son na ndaoine ar fad atá luaite in *Urnaí na Cúig Mhéar*? Cén fáth nó cén fáth nach ndéanfá guí ar a son?
- Cé eile a ndéanfá guí ar a son? An ndéanann sé aon difríocht má guímid?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### M'URNAÍ NA CÚIG MHÉAR

- Tabhair cóip den teimpléad láimhe (thíos) do gach páiste agus iarr orthu paidir ghearr a scríobh ar gach ceann de na méara, de réir na treoirlínte a d'fhoghlaim siad thuas.
- Iarr orthu an lámh a dhathú agus ansin í a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí na lámha atá gearrtha amach a chur sa spás urnaí.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 24 dá leabhar.**

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TEAGASC ÍOSA MAIDIR LE TROSCADH

**Teagasc Íosa maidir le Troscadh (Matha 6:16-18)**

D'fhan Íosa ina shuí lena dheisceabail ar an gcnoc. Lean sé á múineadh. Dúirt sé:

*'Nuair a dhéanann sibh troscadh, ná bígí gruama mar a bhíonn na bréagchráifigh... go mba léir do chách iad a bheith ina dtroscadh. Ach tusa, nuair a bhíonn tú ag déanamh troscaidh, cuir ola ar do cheann agus nigh d'aghaidh, agus ná bíodh a fhios ag daoine go bhfuil tú i do throscadh, ach beidh a fhios ag d'Athair atá i láthair faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat.'*

Tar éis duit an sliocht ón mBíobla a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad is brí le troscadh?
- Cén fáth go gcuirfeadh daoine aghaidh bhrónach orthu féin chun a thaispeáint do dhaoine eile go raibh siad ina dtroscadh?
- Cad a dúirt Íosa faoin Athair?
- Cén fáth, dar leat, go ndúirt Íosa gur cheart do dhaoine a bheith ina dtroscadh go príobháideach?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cathain a dhéanann Críostaithe troscadh? (Le linn an Charghais; Spreagann an Eaglais freisin go mbeadh daoine ina dtroscadh ar an Aoine agus nuair a théann siad ar oilithreacht; mar shampla, áit oilithreachta a bhaineann le Naomh Pádraig is ea Loch Dearg i gContae Dún na nGall. Ní iarrann an Eaglais ar pháistí troscadh a dhéanamh.)
- Cén cineál daoine iad bréagchráifigh?
- An bhfuil difríocht ann idir troscadh agus aiste bia, dar leat? Cén luach a d'fhéadfadh a bheith ag an dtroscadh? Cén fáth a ndéanann daoine troscadh inniu, dar leat?
- Ar chuala tú riamh trácht ar dhaoine a dhéanann troscadh ar feadh fiche ceathair uair an chloig? Cén fáth a ndéanann siad é?
- Spreagtar daoine de chreidimh eile chun troscadh a dhéanamh freisin. An cuimhin leat ainm na Míosa Naofa i bhféilire na nIoslamach nuair a bhíonn siad ina dtroscadh? (Ramadan)

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 23 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh go raibh tú i láthair leis na daoine ar an gcnoc nuair a bhí Íosa á dteagasc faoin urnaí agus faoin dtroscadh. Dúirt Íosa leo guí agus troscadh go príobháideach. Smaoinigh ar an bhfáth go ndúirt Íosa leo na rudaí seo a dhéanamh go príobháideach ... An mbeadh sé níos éasca guí chuig Dia go príobháideach, gan aon rud ag cur isteach ort? Nuair a bheidh tú réidh, oscail do shúile.

## DÁN

I gcultúr na nGiúdach tugadh *rabbi* ar Íosa, focal a chiallaíonn 'múinteoir'.

**Íosa an Múinteoir**

Ar shuigh siad ar stólta
Fadó, fadó ó shin
Iad ag foghlaim cosúil linn?
Níor shuigh, ar chnoc a shuigh siad
Istigh faoi sheanchrainn.
Ar mhúin a Múinteoir dóibh
Conas suimiúchán ar chlár
Conas litriú agus scríobh?
Níor mhúin, ach conas cách a ghrá.
Ar bhuail an clog
I lár an lae
Agus obair na maidine déanta?
Níor bhuail, ach le beathú ghrá acu,
Bhí bia ag na céadta.
Múinteoir ab ea Íosa
Chuir Dia chugainn é,
Agus líon sé croí is ceann na ndaoine
Leis na ceachtanna a thug sé.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad cuid de na rudaí a mhúin Íosa do na daoine?
- Cé a chuir Íosa le bheith i measc an phobail?

Ansin tochail níos doimhne ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- Cá gcloisfeadh daoine teagasc Íosa inniu?
- Ainmnigh cuid de theagaisc Íosa a chuala tú.
- An raibh Íosa go maith mar mhúinteoir, dar leat? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 24 dá leabhar.**

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

'Rabbi' an t-ainm a tugadh ar mhúinteoir sa Phalaistín, sa chéad haois. Tugadh 'Rabbi' ar Íosa. Mhúin sé daoine cibé áit a bhfuair sé iad bailithe le chéile – amuigh faoin aer, ina dtithe nó sa tsionagóg. Chuir Dia, an tAthair, Íosa ar domhan chun Dea-Scéala a ghrá dúinn a mhúineadh. Mhúin Íosa do na daoine conas guí agus conas troscadh a dhéanamh. Múineann Íosa sinn fós inniu tríd an mBíobla agus trí dhaoine, ar nós ár dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, múinteoirí agus sagairt.

## GNÍOMHAÍOCHT

### BAIN TRIAIL AS RUD ÉIGIN NUA

- Spreag na páistí le smaoineamh ar rud éigin gur mhaith leo a mhúineadh chuig duine éigin sa bhaile. Mar shampla, b'fhéidir nach ndearna aon duine sa bhaile rud éigin as origami riamh, nó b'fhéidir go bhfuil cluiche á imirt sa chlós súgartha nach bhfuil ar eolas acu sa bhaile.
- Iarr ar na páistí treoracha a scríobh ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach don ghníomhaíocht a roghnaíonn siad féin. Ansin spreag iad leis na treoracha seo a thógáil abhaile leo agus iad a úsáid le rud nua a mhúineadh do dhuine éigin sa bhaile. Spreag iad le nóta a scríobh faoi chonas a d'éirigh leo.




## PAIDIR

**Ullmhúchán:** *Bailigh na páistí i gciorcal. Cuir an gearradh amach de Urnaí na Cúig Mhéar ón ngníomhaíocht, i lár an chiorcail mar fhócas don urnaí. Tá na léachtaí le fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Mar a bhailímid, tá a fhios againn go bhfuil Dia linn. Chuir Dia a Mhac Íosa chugainn chun a mhúineadh dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Mhúin Íosa sinn lena chuid gníomhaíochtaí chomh maith leis na focail a labhair sé. Leanann sé leis an múineadh sin tríd an mBíobla. Éistimis inniu le cuid de na rudaí sin a mhúineann Íosa dúinn sa Soiscéal de réir Naomh Mata. Is é an freagra i ndiaidh na léachtaí ná: Moladh duit, a Chríost.

**Léitheoir 1:** Mhúin Íosa: *Ach tusa, nuair a bhíonn tú chun guí, téigh isteach i do sheomra, dún an doras ort féin, agus guigh chun d'Athar atá ansiúd faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat.* (Matha 6:6)
Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Léitheoir 2:** Mhúin Íosa: *"Nuair a dhéanann sibh troscadh, ná bígí gruama mar a bhíonn na bréagchráifigh … go mba léir do chách iad a bheith ina dtroscadh. Deirim libh go fírinneach, tá a dtuarastal faighte cheana féin acu. Ach tusa, nuair a bhíonn tú ag déanamh troscaidh, cuir ola ar do cheann agus nigh d'aghaidh, agus ná bíodh a fhios ag daoine go bhfuil tú i do throscadh, ach beidh a fhios ag d'Athair atá i láthair faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat."* (Matha 6:16-18)
Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Múinteoir:** Críochnóimid ár n-urnaí agus buíochas a ghabháil le hÍosa as gach rud a mhúin sé dúinn. Déanfaimid é seo go lúcháireach agus an dán 'Íosa an Múinteoir' á léamh le chéile againn.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Íosa, an Fear Leighis

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá roinnt ama caite ag na páistí ag foghlaim faoi Íosa mar mhúinteoir. An tseachtain seo múinfimid leo gur thug Dia misean eile d'Íosa freisin, chun na heasláin a leigheas. Beidh roinnt scéalta faoi Íosa mar fhear leighis cloiste ag na páistí roimhe seo sa chlár *I nGrá Dé* (Naíonáin Shinsearacha/B2 agus Rang a Dó/B4). An tseachtain seo déanfaidh siad iniúchadh ar dhá scéal leighis ó shaol Íosa.

Seans go raibh taithí ag na páistí ar leigheas ina saol féin, cé go mb'fhéidir nach bhfuil siad eolach ar theanga an leighis. Déanfaimid iad a chur in aithne do choincheap an leighis go simplí. B'fhéidir go bhfuil taithí acu ar titim agus a nglúin agus a lámha a ghortú, agus gur tháinig leigheas ar na hinnilt seo sa deireadh. Beidh taithí acu ar chúram múinteora nó tuismitheora nuair a bhí siad tinn nó scanraithe. Is é Íosa a léiríonn dúinn conas cúram domhain a thabhairt dóibh siúd atá tinn agus dóibh siúd atá i ngátar. Tríd an gcúram grámhar a thug sé do na heasláin agus do na daoine a bhí i ngátar, léirigh sé grá Dé dúinn. Tar éis a gcuid teagmháil le hÍosa, fuair an fear a bhí bodhar agus an fear a bhí dall leigheas uaidh. Ba Dea-Scéala é seo siar in aimsir Íosa agus is Dea-Scéala fós é sa lá atá inniu ann.

Ní ionann leigheas agus biseach. Nuair atá duine leigheasta ciallaíonn sé de ghnáth go bhfuil an tinneas a bhí orthu imithe go hiomlán. Is féidir, áfach, le leigheas tarlú ar roinnt bealaí. Is féidir le duine a bhíonnnn an-tinn a thabhairt go dtí an tsíocháin inmheánach, rud a chuireann ar a gcumas a bheith níos suaimhní lena gcuid tinneas. Níor leigheas Íosa na daoine go léir a bhí tinn, ach na daoine tinne ar bhuail sé leo mhothaigh siad cumhacht chneasaithe a ghrá. Sa tslí chéanna inniu, nuair a bhíonn daoine ag guí le haghaidh leighis, b'fhéidir nach leigheas iomlán ar an tinneas a fhaigheann siad, ach leigheas níos doimhne laistigh dá gcroí. Ceann de na bealaí ina thagann leigheas Íosa chuig a lucht leanúna inniu ná trí Shacraimint Ola na nEaslán, a scrúdóimid sa chéad cheacht eile.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Eafatá:** 'Oscail go leathan!'
- **Misean:** nuair a iarrtar ort dul go háit eile chun tasc áirithe a dhéanamh.
- **Míorúilt:** obair neamhghnách a rinne Íosa trí chumhacht Dé.
- **Ceartas:** cothromas. Is ceart déileáil le gach duine go cothrom le hómós.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Scaifeanna do gach páiste a ghlacann páirt i gcleachtadh na ndallóg
- Leathanach A4 do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LENÁR GCÉADFA A ÚSÁID

Déan comhrá leis na páistí faoina gcéadfaí agus cé chomh tábhachtach is atá siad, ag úsáid ceisteanna cosúil le:

- An féidir leat na cúig chéadfa a ainmniú? (radharc, éisteacht, blas, boladh agus teagmháil)
- Cé acu de do chéadfaí a cheapann tú nár mhaith leat a chailliúint? Cén fáth?
- Roghnaigh ceann ar bith de do chéadfaí agus abair conas a chuidíonn sé leat taitneamh a bhaint as an saol agus teagmháil a dhéanamh le daoine eile.

Ansin tabhair isteach scéal Helen Keller, a chaill a éisteacht agus a radharc trí bhreoiteacht nuair a bhí sí ina leanbh.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 25 dá leabhar.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá sé tábhachtach a bheith tuisceanach go bhféadfadh go mbeadh páistí ann agus lagú céadfach acu.

## PAIDIR

**Ullmhúchán:** *Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na léachtaí le fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu gabhaimid buíochas le Dia as bronntanas ár gcuid céadfaí. Tá daoine difriúla in ann a gcuid céadfaí a úsáid agus a cheiliúradh ar bhealaí éagsúla. Breathnaigh thart timpeall ort féin agus smaoinigh ar an gcaoi a chuidíonn bronntanas na gcéadfaí le daoine boladh ... blas ... teagmháil ... féachaint ... éisteacht ... Tá an freagra inniu don urnaí tógtha ó Salm 145: '*Is mór é an Tiarna*!' Guímis.
**Gach duine:** Is mór é an Tiarna!

**Léitheoir 1:** As bronntanas an radhairc.
**Gach duine:** Is mór é an Tiarna!

**Léitheoir 2:** As bronntanas na héisteachta.
**Gach duine:** Is mór é an Tiarna!

**Léitheoir 3:** As bhronntanas an bhlais.
**Gach duine:** Is mór é an Tiarna!

**Léitheoir 4:** As bronntanas an bholaidh.
**Gach duine:** Is mór é an Tiarna!

**Léitheoir 5:** As bronntanas na teagmhála.
**Gach duine:** Is mór é an Tiarna!

**Múinteoir:** Go n-úsáidfimis ár gcéadfaí i gcónaí chun cabhrú le daoine eile agus le moladh a thabhairt do Dhia. Tabharfaimid moladh agus buíochas le Dia anois agus an *Gloria* á rá againn.
**Gach duine:** *Gloria* (Glóir do Dhia sna harda ...)

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE


### AG LÍNÍOCHT LE PÚICÍN

Tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht nach mbeidh siad in ann radharc na súl a bheith acu. Fiafraigh de na páistí, a thabharfaidh páirt sa ghníomhaíocht seo, a scairf a thógáil amach agus é a cheangal go réidh timpeall a gcinn ionas go gclúdóidh siad a súile. Chun atmaisféar a chruthú sa seomra, seinn roinnt ceol machnamhach agus spreag na leanaí chun a bheith ciúin.

Tabhair bileog páipéir A4 do gach páiste agus fiafraigh dóibh a gcuid samhlaíochta a úsáid chun rud éigin a ainmneoidh tú a tharraingt, m.sh. crann nó teach, fad is atá an púicín á caitheamh acu. Ní féidir leo ach an rud atá á tarraingt acu a shamhlú.

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe acu, iarr orthu an púicín a bhaint agus féachaint ar a bhfuil tarraingthe acu.

Ansin, tabhair cuireadh do roinnt páistí a bpictiúr a thaispeáint don rang agus labhairt faoin ngníomhaíocht.




Ina dhiaidh sin, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a mhothaigh tú agus tú ag tarraingt do phictiúr? Cén difríocht a bheadh sa phictiúr mura mbeadh púicín á caitheamh agat?
- An féidir leat cur síos a dhéanamh ar conas a bheadh an saol agat mura raibh tú in ann a fheiceáil?
- N'fheadar conas is féidir leat meas a léiriú dod' chéadfaí?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### DUINE BODHAR Á LEIGHEAS AG ÍOSA

Bhuail Íosa le go leor daoine a bhí tinn nó a raibh míchumais de chineálacha éagsúla acu agus é ag imeacht ó áit a áit. Bhí daoine ann, mar shampla, a bhí ar lagamhairc nó dall, lagéisteachta nó bodhar, gan a bheith in ann labhairt, nó daoine a raibh pairilis orthu i ngéag amháin nó níos mó, bhí lobhra ar chuid acu - cineál de ghalar craicinn. Cheap na daoine a mhair ag an am sin nuair a bhí daoine tinn nó faoi mhíchumas, go raibh Dia ag cur pionós orthu. Theastaigh ó Íosa go mbeadh a fhios ag daoine narbh amhlaidh a bhí an cás. Thug Dia an chumhacht do Íosa leigheas a thabhairt dóibh siúd a bhí tinn, agus tugtar míorúiltí ar na leighis seo.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 26 dá leabhar.**

**Duine bodhar á leigheas ag Íosa**
**(Marcas 7:32-35)**
Agus thug siad [chuig Íosa] duine bodhar a raibh bascadh ar a chaint agus d'iarr siad air a lámh a chur air… chuir sé a mhéara ina chluasa, le seile as a bhéal bhain sé lena theanga, agus, ag breathnú suas ar neamh dó, rinne sé osna agus dúirt leis: "Eafatá!" – focal a chiallaíonn: "Osclaítear thú." Agus osclaíodh a chluasa láithreach, agus scaoileadh an sreangán dá theanga agus labhair sé i gceart… Agus bhí ionadh saoil orthu ag rá: "Rinne sé gach aon ní go maith."



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a thug na daoine chuig Íosa?
- Cad a rinne Íosa don fhear a bhí bodhar? Cad iad na focail a dúirt Íosa?
- Cad a chiallaíonn an focal *Eafatá*?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur chreid na daoine in Íosa?
- Nuair a leigheas Íosa an fear, míorúilt a bhí ann. Cén fáth go bhféadfadh Íosa é sin a dhéanamh?
- An eol duit aon mhíorúiltí eile a rinne Íosa?
- An dóigh leat gur chreid Íosa go raibh an fear seo bodhar toisc go raibh sé á phionósú ag Dia? Cén fáth nó cén fáth nár chreid sé?
- Chuidigh Íosa leis an bhfear seo a fhulaingt a shárú. Conas a d'fhéadfadh Íosa cabhrú leat aon uair a bheifeá ag fulaingt?
- Ar ghlaoigh do mhamaí, do dhaid, do chaomhnóir nó do mhúinteoir ort riamh agus lig tú ort nach raibh tú in ann iad a éisteacht nó iad a fheiceáil? Cén fáth nó cén fáth nach ndearna tú é sin riamh?
- An bhfaca tú riamh rud éigin a raibh gá leis a athrú agus thug tú neamhaird air? Cén fáth?
- An gceapann tú gur féidir linn a bheith dall agus bodhar uaireanta cé gur féidir linn a fheiceáil agus a chloisteáil? Mínigh.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### LEIGHEASANN ÍOSA DUINE DALL

Sa Soiscéal de réir Mharcais léimid freisin faoi mar a leigheas Íosa fear dall.

**Duine dall á leigheas ag Íosa (Marcas 8:22-25)**
Tháinig siad go dtí Béatsáide, agus bhí daoine a thug fear dall chuige agus rinne siad achainí air baint leis. Rug sé ar láimh ar an dall agus sheol as an mbaile é, ...agus ar leagan a lámh air d'fhiafraigh de: "An bhfeiceann tú aon ní?"... Ansin leag sé a lámha ar a shúile arís... agus bhí radharc glan aige ar gach uile ní.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a thug an fear a bhí dall chuig Íosa?
- Cad a rinne Íosa?
- Conas a bhí a fhios ag an bhfear gur leigheasadh é?
- Conas a mhothaigh an fear, dar leat, nuair a d'fhéadfadh sé feiceáil arís? Conas a d'fhéadfadh a shaol a bheith athraithe, dar leat?
- Cad a d'fhéadfadh an fear a rá le hÍosa tar éis dó a bheith leigheasta?
- Cad a déarfá le hÍosa dá mbeifeá ann?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 26 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan iarracht a shamhlú go raibh tú i measc an tslua nuair a tháinig an fear a bhí dall ar ais agus go raibh sé in ann gach rud a fheiceáil. An bhfuil aon rud ann ba mhaith leat a fhiafraí den bhfear? An bhfuil aon chuid de do chorp féin a theastaíonn leigheas uaidh? B'fhéidir gur ghortaigh tú cuid de do chorp, nó b'fhéidir go bhfuil slaghdán ort, scornach tinn agat nó pian i do bholg, nó b'fhéidir gur ghortaigh duine éigin do mhothúcháin. Más mian leat, is féidir leatsa freisin leighis a iarraidh ar Dhia. Gabh buíochas leis as bronntanas an leighis a thugann compord do go leor daoine. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### RÓL-IMIRT

- Iarr ar na páistí oibriú ina mbeirteanna. Ligfidh páiste amháin i ngach péire orthu féin gurb iad an fear a bhí dall nó an fear a bhí bodhar. Cara acu a bheidh sa páiste eile. Insíonn an té a bhí leigheasta ag Íosa an scéal don chara faoin méid a tharla.
- Tabhair cuireadh do roinnt péirí a ndrámaí a roinnt leis an rang.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sheol Dia an tAthair Íosa chun Dea-Scéala a ghrá a thabhairt do gach duine. Ceann de na bealaí inar thug Íosa an Dea-Scéala leis ná trí na heasláin a leigheas. Leigheas Íosa fear a bhí dall agus fear a bhí bodhar. Leag sé a lámha orthu chun iad a leigheas.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACNAMHACH

### SCRÍOBH PAIDIR

*Beidh léarscáil an domhain nó cruinneog ag teastáil uait le haghaidh na dara cuid den ghníomhaíocht seo.*

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar dhuine éigin ina dteaghlaigh a bhfuil leighess de dhíth orthu. D'fhéadfadh an duine seo a bheith ag mothú brónach nó uaigneach nó b'fhéidir go bhfuil siad tinn go fisiciúil. Tabhair cuireadh do na páistí paidir a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach ag iarraidh ar Dhia leigheas a thabhairt don duine sin. D'fhéadfaidís an paidir a thosnú mar seo: 'A Dhia ghrámhair …'.
- Nuair a bheidh an tasc seo críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a gcuid paidreacha a léamh.
- Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar áiteanna ar domhan, sa lá atá inniu ann, ina bhfuil cogadh, foréigean, ocras, easpa dídine agus cineálacha eile de bhochtaineacht. Tabhair cuireadh do na páistí teacht ar na háiteanna seo ar an léarscáil nó ar an gcruinneog. Cuir i gcuimhne dóibh go bhféadfadh roinnt den fhulaingt seo a bheith ag tarlú ina dtír féin nó fiú ina gceantar féin. Bíonn leigheas ag teastáil ó dhaoine sna cásanna seo.

## PAIDIR

**Ullmhúchán:**

- *Abair do na páistí go bhfuil siad chun éisteacht leis an dá scéal leighis arís, Íosa ag cur leigheas ar an bhfear a bhí dall agus ar an bhfear a bhí bodhar. Fad is atá na páistí ag éisteacht, déanfaidh siad na gothaí seo:*
  - » *Gach uair a luaitear an focal 'cluas', cuirfidh na páistí a lámha thart ar a gcluasa.*
  - » *Gach uair a luaitear an focal 'súil/súile', sínfidh na páistí an chorrmhéar i dtreo a súile.*
  - » *Gach uair a luaitear an focal 'croí', cuirfidh na páistí an lámh dheas ar a gcroí.*
- *Roghnaigh beirt léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

*Lasann an múinteoir an choinneal.*

**Múinteoir:** Agus muid ag breathnú ar an gcoinneal lasta, cuireann sé in iúl dúinn gurb é Íosa solas an domhain. Ullmhaímid chun ár gcluasa a oscailt chun Briathar Dé a chloisteáil. Is é an freagra ar an gcéad léacht ná: *'Oscail mo chluasa A Thiarna, agus cabhraigh liom do ghuth a chloisteáil.'* Cuimhnigh ar an ngotha a d'fhoghlaim tú a úsáid, gach uair a deir tú nó a chloisteann tú an focal 'cluasa'.

**Léitheoir 1:** *Agus thug siad chuige duine bodhar a raibh bascadh ar a chaint agus d'iarr siad air a lámh a chur air. Thug sé i leataobh ón slua é ar leithligh agus chuir a mhéara ina chluasa, le seile as a bhéal bhain sé lena theanga, agus, ag breathnú suas ar neamh dó, rinne sé osna agus dúirt leis: "Eafatá!" – focal a chiallaíonn: "Osclaítear thú." Agus osclaíodh a chluasa láithreach, agus scaoileadh an sreangán dá theanga agus labhair sé i gceart. Agus d'ordaigh sé dóibh gan a insint do dhuine ar bith, ach dá ghéire a d'ordaigh sé dóibh is ea ba mhó a bhí siad á fhógairt, agus bhí ionadh saoil orthu ag rá: "Rinne sé gach aon ní go maith: thug sé éisteacht do bhodhráin agus caint do bhalbháin."* (Marcas 7:32-37)

**Gach duine:** Oscail mo chluasa *(gotha)*, A Thiarna, agus cabhraigh liom do ghuth a chloisteáil.

**Múinteoir:** Maidir leis an gcéad léacht eile, cuimhnigh ar an ngotha a d'fhoghlaim tú a úsáid nuair a deir tú nó a chloisteann tú an focal 'súil/súile'.

**Léitheoir 2:** *Tháinig siad go dtí Béatsáide, agus bhí daoine a thug fear dall chuige agus rinne siad achainí air baint leis. Rug sé ar láimh ar an dall agus sheol as an mbaile é, chaith sé seile ar a shúile agus ar leagan*

*a lámh air d'fhiafraigh de: "An bhfeiceann tú aon ní?" D'ardaigh seisean a shúile agus dúirt: "Feicim daoine, ach samhlaím gur crainn iad ag siúl." Ansin leag sé a lámha ar a shúile arís agus bhreathnaigh an dall go géar agus rinneadh slán arís é agus bhí radharc glan aige ar gach uile ní.* (Marcas 8:22-25)
**Gach duine:** Oscail mo shúile *(gotha)* a Thiarna, agus cabhraigh liom féachaint le súile *(gotha)* atá grámhar.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, cabhraigh linn ár gcroí (*gotha*) a oscailt ionas gur féidir linn grá a thabhairt cosúil le hÍosa agus gach rud a dhéanamh go maith. Abair i mo dhiaidh: *'Oscail mo chroí a Thiarna, agus cuidigh liom grá a thabhairt cosúil leat*.' Cuimhnigh ar an ngotha a d'fhoghlaim tú a úsáid nuair a deir tú nó a chloisteann tú an focal 'croí'.
**Gach duine:** Oscail mo chroí *(gotha)* a Thiarna, agus cuidigh liom grá a thabhairt cosúil leat.

**Múinteoir:** Cuirimid críoch lenár n-urnaí inniu, agus an phaidir ón Aifreann a thugann glóir do Dhia, a rá le chéile. Tugtar an *Gloria* ar an bpaidir seo.
**Gach duine:** *Gloria* (Glóir do Dhia sna harda ...)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Sacraimint Ola na nEaslán

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Beidh taithí ag na páistí ar an dtinneas ina saolta féin agus i saolta a mbaill teaghlaigh agus cairde. Chuala na páistí cuid de na scéalta leighis ó shaol Íosa. Sa lá atá inniu ann tugann Íosa Aiséirithe aire dóibh siúd atá tinn agus buaileann siad leo i Sacraimint Ola na nEaslán. Déantar an sacraimint seo a cheiliúradh le daoine d'aon aois atá go dona tinn.

An tseachtain seo múinimid do na páistí gur ceann de dhá Shacraimint Leighis í Sacraimint Ola na nEaslán, agus gurb é an ceann eile ná Sacraimint an Athmhuintearais. Tugann gach sacraimint deis bualadh le Críost, áit a dtugtar grásta ar leith. I Sacraimint Ola na nEaslán, déanann Críost teagmháil leis an duine atá tinn ar bhealach ar leith agus faigheann an duine breoite neart, leigheas spioradálta agus uaireanta leigheas fisiciúil. Bíonn deis ann freisin don duine breoite a gcuid peacaí a bheith maite agus a bheith réitithe le Dia. Deir an *Irish Catholic Catechism for Adults* (lch 285) an méid seo a leanas faoi Shacraimint Ola na nEaslán:

> *When the Sacrament of the Sick is given, the hoped-for effect is that, if it be God's will, the person be healed of physical illness. But even if there is no physical healing, the primary effect of the Sacrament is a spiritual healing by which the sick person receives the Holy Spirit's gift of peace and courage to deal with the difficulties that accompany serious illness or the frailty of old age ... Also, a sick person's sins are forgiven if he or she was not able to go to Confession prior to the celebration of the Sacrament of the Anointing of the Sick.*

Áiríonn deasghnátha Ola na nEaslán paidreacha, sleachta ón mBíobla, agus ungadh le hOla na nEaslán.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An Ghiniúint gan Smál:** Bhí Muire coinnithe slán ó gach smál de pheaca an tsinsir ó chéad nóiméad a coimpeartha i leith.
- **Sacraimint:** Comhartha sofheicthe de bhronntanas dofheicthe is ea sacraimint; is cruinniú speisialta í le hÍosa Aiséirithe.
- **Sacraimint Ola na nEaslán:** Faigheann duine atá go dona tinn nó i mbaol báis de bharr breoiteachta nó seanaoise an tSacraimint seo.
- **Ola na nEaslán:** An ola olóige bheannaithe a úsáidtear i Sacraimint Ola na nEaslán.
- **Oilithreacht:** Turas go dtí áit atá tábhachtach ó thaobh reiligiúin de.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Léarscáil a thaispeánann suíomh Lourdes
- Bileog páipéir A4 do gach páiste
- Bosca bróg folamh nó bosca eile dá leithéid le haghaidh gach grúpa de cheathrar páiste
- Dealbh nó pictiúr de Mhuire Lourdes

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI LOURDES

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Thaispeáin Muire í féin do Bernadette Soubirous i Lourdes, in oirdheisceart na Fraince, sa bhliain 1858. Tugann a lán daoine cuairt ar Lourdes inniu mar oilithrigh mar go gcreideann siad gur áit leighis í Lourdes. Beidh cur amach ag roinnt páistí ar Lourdes. Beidh cuairt tugtha ag go leor dá seantuismitheoirí ar Lourdes. Seans gur thug cuid de na páistí cuairt ar Lourdes mar gheall ar a dtinnis féin nó mar gheall ar tinneas ina gcuid teaghlaigh. Seans gur chuidigh deartháireacha agus deirfiúracha atá níos sine ná na páistí sa rang le hoilithreacht i Lourdes.

Déan comhrá leis na páistí faoi Lourdes agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad atá ar eolas agaibh faoi Lourdes? An bhfuil aithne agaibh ar aon duine a bhí ann? An bhfuil a fhios agaibh ar chúis ar bith go dtugann daoine cuairt ar Lourdes? (Is áit leighis í Lourdes)
- Faighimid go léir leigheas ar bhealaí éagsúla. Má ghortaíonn tú do ghlúin, tagann biseach air de réir a chéile. Má bhíonn obráid ag duine, tagann biseach ar an gcréacht.
- Cé hiad na daoine a oibríonn leo siúd atá tinn chun cabhrú leo leigheas a thabhairt dá gcoirp?
- Ar leigheasadh do chorp riamh?

Taispeáin do na páistí cá bhfuil Lourdes i gcomparáid le hÉirinn ar léarscáil nó ar chruinneog.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 28 agus leathanach 30 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Agus sinn ag guí inniu tugaimis chun chuimhne daoine atá tinn agus iad siúd a thugann aire dóibh. Guímis chuig Muire, a threoraíonn sinn chuig a Mac, Íosa, i gcónaí. Is é an freagra ná: A Mhuire Lourdes, guigh orainn.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** Ar son máithreacha agus aithreacha, nó caomhnóirí, seanmháithreacha agus seanaithreacha.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** Ar son páistí atá breoite.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** Ar son siúd a thugann aire do na daoine atá tinn.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** Ar son dochtúirí agus altraí.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** Ar son gach duine atá breoite nó i bpian.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** A Mhuire, a Mháthair Dé agus ár Máthair, guímid gur féidir linn do shampla de chreideamh agus de ghrá a leanúint. Tabhair chuig do Mac, Íosa, sinn agus muid ag guí ...
**Gach duine:** 'S é do bheatha, a Mhuire...

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BHEITH TINN

Bhí grá ar leith ag Íosa do dhaoine a bhí tinn. Déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad is cuimhin libh faoi na scéalta inar leighis Íosa an fear a bhí dall agus an fear a bhi bodhar? Cad a rinne Íosa i ngach cás?

Abair leis na páistí gur Sacraimint Leighis í Sacraimint Ola na nEaslán. Leanann Íosa ag tabhairt leigheas dúinn i Sacraimint Ola na nEaslán. Sa sacraimint seo gníomhaíonn an sagart i bpearsa Íosa. Is féidir le Sacraimint Ola na nEaslán a cheiliúradh le linn Aifrinn nó taobh amuigh den Aifreann.

## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan iarracht díriú ar do chuid análaithe agus a bheith socair
... Tabhair scéal Lourdes chun chuimhne ... Muire ag taispeáint í féin do Bernadette Soubirous ... Anois samhlaigh an líon mór daoine atá tinn a thaistealaíonn go Lourdes le dóchas go leigheasfar iad óna dtinneas. Smaoinigh ar am nuair a bhí tú tinn agus nuair a bhí tú in ísle bhrí. Go ciúin, cuimhnigh ar na daoine a thug aire duit ... Le do ghuth istigh, b'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar Dhia na daoine sin a bheannú ... B'fhéidir gur mhaith leat freisin a iarraidh ar Mhuire Lourdes aire a thabhairt dóibh siúd go léir atá tinn agus dá gcúramóirí ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 29 dá leabhar.**

## DEASGHNÁTH OLA NA NEASLÁN

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá go leor scéalta sa Sean-Tiomna faoi dhaoine a bheith ungtha le hola. Mar shampla, rinneadh Dáiví a ungadh sular deineadh rí de. Thug sé seo le fios dó gur roghnaíodh é le haghaidh misean speisialta. Sa lá atá inniu ann, tarlaíonn ungadh i roinnt de na sacraimintí. Ag an Oirniú, déantar sagairt agus easpaig a ungadh mar chomhartha ar a misean. Úsáidtear ungadh freisin i Sacraimint an Bhaiste agus sa Chóineartú. Tá dhá Shacraimint Leighis ann: Sacraimint Ola na nEaslán agus Sacraimint an Athmhuintearais. Is comhartha é an t-ungadh, i Sacraimint Ola na nEaslán, ar leigheas Chríost don duine tinn.

Seo a leanas cur síos ar cad a tharlaíonn nuair a dhéantar Sacraimint Ola na nEaslán a cheiliúradh taobh amuigh den Aifreann.

Éisteann gach duine atá bailithe le chéile le Briathar Dé. De ghnáth, déanann an sliocht a léitear cur síos ar chúram Íosa do dhaoine a bhí tinn.

Guíonn gach duine ar son an duine atá tinn.

Go ciúin, leagann an sagart a lámha ar cheann an duine atá tinn.

Tógann an sagart Ola na nEaslán, cuireann sé a mhéar isteach san ola agus gearrann sé Comhartha na Croise ar éadan an duine atá tinn. Deir sé:
**Sagart:** Tríd an ungadh naofa seo agus trína chaointrócaire féin go gcuidí an Tiarna leat le grásta an Spioraid Naoimh.
**Pobal:** Áiméan.

Cuireann an sagart a mhéar isteach san ola arís agus gearrann sé Comhartha na Croise ar lámha an duine atá tinn. Deir sé:
**Sagart:** An Tiarna a shaor ó do pheacaí thú, go leigheasa agus go slánaí sé thú.
**Pobal:** Áiméan.

Ansin guíonn an sagart go dtabharfaidh Dia

suaimhneas don duine atá tinn. Cuireann sé i gcuimhne don phobal go bhfuil Íosa Aiséirithe in éineacht leo chun suaimhneas agus neart a thabhairt dóibh.

**Pobal:** Á nAthair ...

Ag deireadh beannaíonn an sagart gach duine.

Ansin seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo, nó ceisteanna cosúil leo, á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat cén sacraimint eile atá ann ina úsáidtear uisce coisricthe?
- Conas a dhéanann an sagart an duine tinn a ungadh?
- Cén fáth, dar leat, a leagann an sagart a lámha ar an duine tinn?
- Cén chuid eile de chorp an duine a dhéanann an sagart a ungadh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Is cruinniú speisialta é an tSacraimint le hÍosa Aiséirithe. An bhfuair tú aon sacraimintí? (Baisteadh, Athmhuintearas, Eocairist) An bhfuil aon sacraimintí eile ar eolas agat?
- Ar thug tú faoi deara cén comhartha a dhéanann an sagart leis an ola ar na lámha agus ar an éadan?
- An bhfuil aon scéal ón mBíobla ar eolas agat inar ungadh duine le hola?
- Cad iad na sacraimintí eile ina úsáideann an sagart ola? An bhfuil aon úsáidí eile d'ola ar eolas agaibh?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CÁRTA BISIGH

- Déan comhrá leis na páistí faoi dhaoine a bhfuil aithne acu orthu atá tinn sa bhaile nó san ospidéal. B'fhéidir gur baill teaghlaigh, daoine scothaosta nó comharsana atá i gceist.
- Tabhair bileog A4 do gach páiste agus fiafraigh dóibh cárta a dhearadh do dhuine de na daoine seo. Tabhair cuireadh dóibh teachtaireacht le dea-scéala a scríobh ar an gcárta.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh do roinnt daoibh a gcártaí a thaispeáint don rang agus a mhíniú cén fáth a ndearna siad iad.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcártaí críochnaithe a fhágáil sa spás urnaí.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tugann go leor daoine cuairt ar Lourdes, toisc gur meastar gur áit leighis í. Ba i Lourdes a thaispeáin Muire í féin do Bernadette Soubirous, atá ina naomh anois. Naomh Bernadette a thugtar uirthi.

Leigheas Íosa daoine a bhí tinn. Ba dea-scéal é seo dóibh siúd go léir a fuair leigheas. Inniu, tá an Dea-Scéala céanna le fáil ag gach duine toisc go leanann Críost ag tabhairt leigheas dóibh siúd atá tinn nuair a bhuaileann sé leo i

Sacraimint Ola na nEaslán. Is féidir le daoine an sacraimint seo a fháil ag aois ar bith, ach is mó a fhaigheann daoine scothaosta agus daoine atá an-tinn í. Ceann de dhá Shacraimint Leighis is ea Sacraimint Ola na nEaslán. Is í an tSacraimint Leighis eile ná Sacraimint an Athmhuintearais.

## GNÍOMHAÍOCHT

### BOSCA LEIGHIS

- Tabhair bosca do gach grúpa de cheathrar páiste, m.sh. a bosca bróg nó bosca eile dá leithéid, agus tabhair cuireadh dóibh é a mhaisiú. Iarr ar na páistí a gcuid féin a ainmniú 'Bosca Leighis'.
- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar dhóigheanna ina bhféadfaidís cabhrú le duine atá tinn mothú níos fearr, m.sh. d'fhéadfaidís gníomh grá a dhéanamh trí bhláthanna a thabhairt, cuairt a thabhairt ar dhuine, paidir a rá, srl.
- Tabhair bileog páipéir do gach páiste agus iarr orthu teacht ar smaoineamh amháin, é a scríobh síos agus ansin é a chur sa Bhosca Leighis.
- Spreag na páistí a ngníomh grá a dhéanamh don té atá tinn an tseachtain seo.



# Seirbhís Urnaí



**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh seisear páiste chun na nithe seo a leanas a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse: meigeafón; an póstaer a bhaineann leis an Dea-Scéala; bosca Trócaire; teimpléad Urnaí na Cúig Méar; dealbh nó íomhá den Mhaighdean Muire; uisce coisricthe.*

*Comhartha na Croise*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia inniu as na daoine a chuir sé chugainn chun a thaispeáint dúinn conas an Dea-Scéala a fhógairt. Seolann Dia gach duine againn ar an misean céanna freisin. Tá sé ag brath orainn agus cabhraíonn sé linn an obair a dhéanamh. Is féidir linn muinín a bheith againn as.

Ach anois bímis socair agus ciúin. Ar dtús, tabhair chun chuimhneamh go bhfuilimid i láthair Dé agus an choinneal á lasadh againn. (*Lasann an múinteoir an choinneal*.) Cuireann solas na coinnle i gcuimhne dúinn gurb é Íosa solas an domhain.

Nuair atá tú réidh, dún na súile. Bí eolach ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Tugaim cuireadh duit é seo a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... agus éist leis an méid atá le rá ag Dia ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an meigeafón agus don pháiste atá ag iompar an póstaer 'Dea-Scéala don Lá Inniu' na nithe seo a ardú i dtreo is gur féidir le gach duine iad a fheiceáil, agus ansin iad a iompar chuig an spás urnaí.*

**Léitheoir 1:** Ba é Eoin Baiste, fáidh, a d'fhógair do na daoine go raibh Íosa ag teacht. Labhair sé leis na daoine, ag rá, "Cas ar shiúl ó do pheacaí agus bí baiste, agus maithfidh Dia do pheacaí duit." Iarrtar orainn freisin, ár bpeacaí a dhiúltú agus beidh maithiúnas againn ó Dhia. Ar feadh nóiméid déanaimis machnamh ar an bhfógra a rinne Eoin Baiste chuig na daoine. Guímis ar ár son féin, go mbeimid réidh i gcónaí chun Dea-Scéala ghrá Dé a fhógairt. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

*Tabhair cuireadh don bpáiste le hUrnaí na Cúig Méar a ardú i dtreo is gur féidir le gach duine é a fheiceáil, agus ansin é a iompar go dtí an spás urnaí.*

**Léitheoir 2:** Chuir Dia an tAthair Íosa chugainn chun an Dea-Scéala a fhógairt. Rinne Íosa é seo ar go leor bealaí. Bhí Dia an tAthair agus an Spiorad Naomh in éineacht le hÍosa i gcónaí. Mhúin Íosa na daoine, ní hamháin sna sionagóga, ach in áit ar bith ar bhuail sé leo – sna páirceanna, in aice leis an loch, ina dtithe nó ar bharr cnoic. Mhúin Íosa na daoine faoi urnaí agus faoi throscadh. Léimis le chéile an méid a deir Íosa faoin urnaí sa Soiscéal de réir Naomh Matha.

**Gach duine:** *Ach tusa, nuair a bhíonn tú chun guí, téigh isteach i do sheomra,*
*dún an doras ort féin, agus guigh chun d'Athar atá ansiúd faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat... Seo mar a dhéanfaidh sibhse guí: 'Ár nAthair, atá ar neamh...'* (Matha 6:6, 9)

**Múinteoir:** Fócas ar feadh nóiméid ar an gcoinneal lasta agus ansin dún na súile. Éist leis an méid atá Íosa ag iarraidh ort a dhéanamh nuair atá tú ag guí ... Samhlaigh tú féin ag dul isteach i do sheomra anois agus ag guí chuig d'Athair ag baint úsáid as *An Phaidir* a mhúin Íosa dúinn. Guigh *An Phaidir* anois le do ghuth taobh istigh.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an mBosca Trócaire, é a ardú i dtreo is gur féidir le gach duine é a fheiceáil, agus ansin é a iompar chuig an spás urnaí.*

**Léitheoir 3:** Iarrann Íosa orainn troscadh a dhéanamh freisin. Nuair a bhíonn daoine ag déanamh troscaidh, staonann siad ó bhia agus ón deoch a thaithníonn leo. Déanann Caitlicigh troscadh Céadaoin an Luaithrigh agus ar Aoine an Chéasta. Déanann Moslamaigh agus Giúdaigh

troscadh freisin. Is minic a dhéanann daoine troscadh nuair a théann siad ar oilithreachtaí chomh maith. Ní gá le páistí óga nó le daoine atá breoite troscadh a dhéanamh. Léimis anois an méid a dúirt Íosa sa Soiscéal de réir Naomh Matha, faoin dtroscadh.

**Gach duine:** *Nuair a dhéanann sibh troscadh, ná bígí gruama mar a bhíonn na bréagchráifigh... chun go mba léir do chách iad a bheith ina dtroscadh... Ach tusa, nuair a bhíonn tú ag déanamh troscaidh, cuir ola ar do cheann agus nigh d'aghaidh, agus ná bíodh a fhios ag daoine go bhfuil tú i do throscadh, ach beidh a fhios ag d'Athair atá i láthair faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat.* (Matha 6:16-18)

**Múinteoir:** Fócas arís ar an gcoinneal lasta, ag cuimhneamh go bhfuil Dia i láthair inár measc. Dún do shúile agus tabhair aire do do chuid análaithe ... Éist leis an méid atá Íosa ag múineadh faoin dtroscadh ... 's é sin staonadh ó rudaí a thaithníonn leat. Samhlaigh ar rud éigin go bhféadfá staonadh uaidh, rud éigin ar mhaith leat an t-airgead póca a chaitheamh air, nó an t-am ba mhaith leat a chaitheamh ag déanamh rud éigin a mbainfidh tú taitneamh as ... Anois, samhlaigh staonadh ón am sin ... nó rud éigin difriúil a dhéanamh leis an airgead póca sin ionas go bhféadfá cabhrú le daoine eile ... An gceapann tú go bhféadfá troscadh a dhéanamh ar an mbealach seo? Le do ghuth ciúin, déan comhrá le hÍosa faoi na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh agus faoi cé chomh deacair nó chomh éasca a bheadh sé ort.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an dealbh/íomhá de Mhuire Lourdes é a ardú i dtreo is gur féidir le gach duine é a fheiceáil, agus ansin é a iompar chuig an spás urnaí.*


**Léitheoir 4:** Chomh maith le bheith ina mhúinteoir an-mhaith, chuaigh Íosa i measc na ndaoine ag leigheas an méid a bhí tinn. Bhí sé ag iarraidh cabhrú leo cibé bealach a d'fhéadfadh sé. Leigheas sé daoine a bhí dall agus bodhar. Thug Dia an chumhacht d'Íosa é seo a dhéanamh.

Thaispeáin Muire í féin do Naomh Bernadette i Lourdes agus tá a fhios againn gur áit speisialta leighis é Lourdes dóibh siúd atá tinn. Guímis anois ar son na ndaoine breoite go léir a théann ar oilithreacht go Lourdes, go mbeadh taithí acu ar chúram agus ar leigheas Íosa. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an uisce coisricthe é a ardú i dtreo is gur féidir le gach duine é a fheiceáil, agus ansin é a iompar chuig an spás urnaí.*

**Léitheoir 5:** Tá go leor daoine breoite ann i láthair na huaire. Tiocfaidh biseach ar cuid mhaith acu tríd an gcomhairle leighis a gheobhaidh siad ó dhochtúirí, altraí agus ó chúramóirí. Mar sin féin, ní thiocfaidh biseach ar gach duine. Ach is féidir le gach duine breoite Sacraimint Ola na nEaslán a fháil, rud a thabharfaidh leigheas agus síocháin dóibh. Guímis inniu ar son easpaig agus sagairt a ungann daoine breoite, go dtabharfaidís leigheas agus compord trí Shacraimint Ola na nEaslán. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as an lá inniu. Gabhaimid buíochas leat as an ngrá iontach a léiríonn tú dúinn i gcónaí. Gabhaimid buíochas leat as do Mhac, Íosa, agus as a Mháthair, Muire. Go gcúdaí an Spiorad Naomh linn do ghrá a thaispeáint i gcónaí tríd an gcaoi a thugaimid grá dá chéile. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.



# Téama 4: An Aidbhint agus An Nollaig

Ceacht 1: Bronntanas an Ama
Ceacht 2: Tugann Muire cuairt ar Eiliosaibeit
Ceacht 3: Glóir do Dhia sna hArda!

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Chabhraigh a gcreideamh le daoine in am an ghátair
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Tugann Íosa síocháin don domhan

**Cruthú an Domhain**

- Is neacha spioradálta iad na hAingil a adhrann Dia gan staonadh agus déanann siad freastal ar phleananna Dé chun neacha eile a shábháil

**Muire**

- Tugann an Eaglais grá speisialta do Mhuire an Mhaighdean Bheannaithe, Máthair Dé

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa: Breith agus Óige Íosa**

- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil
- Lúc 1:39-45. Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit
- Lúc 2:1-20. An Nollaig

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- An Choróin Mhuire (Na Rúndiamhra Sólásacha)
- Sé do Bheatha, a Mhuire
- Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta
- Fáilte an Aingil
- Sliocht ón Magnificat

*Paidreacha Breise*

- Tar, a Thiarna Íosa
- Glóir do Dhia sna harda!

**An Bhliain Liotúirgeach**

- I rith na bliana Liotúirgí taistealaíonn teaghlach na hEaglaise le hÍosa trí mhór eachtraí a shaoil
- Tá an bhliain Liotúirgeach roinnte i séasúir: Aidbhint, An Nollaig, Tráth Saor na Bliana, An Carghas, An Cháisc
- I rith na bliana Liotúirgí tugann ár nEaglais aitheantas do shaoil na naomh agus na mairtíreach agus déantar iad a cheiliúradh
- Dathanna na n-éidí eaglasta a úsáidtear ar an Domhnach i rith na séasúr éagsúla den bhliain liotúirgeach: Glas-Tráth Saor na Bliana; Corcra-Aidbhint agus an Carghas, Sacraimint an Athmhuintearais; Dearg- Aoine an Chéasta, An Chincís, Domhnach na Pailme, An Cóineartú; Bán- An Nollaig, Déardaoin na Comaoineach, An Cháisc, Pósadh, Baisteadh
- D'fhan clann Dé go dóchasach le teacht Dé ina measc
- Aidbhint agus an Nollaig: i rith na séasúr seo bíonn an Eaglais ag ullmhú chun lá breithe Íosa a cheiliúradh
- Is é Séasúr na hAidbhinte (ceithre sheachtain) tús na bliana Eaglasta
- Féilire na hAidbhinte
- Nós an mhainséir agus an scéal faoin gcéad mhainséar (Naomh Proinsias i nGreccio)
- Féile Liotúirgeach Mhuire: Máthair Dé

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Beatha Íosa

*e. Breith agus óige Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Déantar Breith Íosa a Fhógairt (Lúcás 1:26-38)
- Tugann Muire cuairt ar Eiliosaibeit (Lúcás 1:39-45)
- Na hAoirí agus na hAingil (Lúcás 2:1-20)

# Ceacht 1: Bronntanas an Ama

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Múineann Leabhar Ecclesiastes, sa tSean-Tiomna, nach mór dúinn fanacht go foighneach le gluaiseacht an ama. Chruthaigh Dia am do gach rud agus
tarlaíonn gach rud ina chuid ama féin. Is bronntanas é an t-am, tugtha dúinn faoi shaoirse ag Dia. Gabhann am thart go leanúnach agus athruithe in éineacht leis. Gluaiseann bliain amháin isteach i mbliain eile agus deirtear nach bhfanann am do dhuine ar bith.

Ní mór do dhaoine imeacht ama a mharcáil agus déanann siad é seo ar bhealaí éagsúla. Is gnách, sa chuid seo den domhan, chun fáilte a chur roimh tús na bliana nua ar an 1ú Eanáir. Tosaíonn an scoilbhliain nua i mí Mheán Fómhair. Glaotar an Bhliain Liotúirgeach ar bhliain na hEaglaise. Tosaíonn bliain nua na hEaglaise ar an gcéad Domhnach den Aidbhint. Marcálann sé imeacht ama le séasúir agus féastaí chun beatha, bás agus aiséirí Íosa a cheiliúradh. Tá eolas cheana féin ar shéasúr na hAidbhinte ag na páistí ón gclár *I nGrá Dé* níos luaithe (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4).
Is dócha gurb é Lá na Bliana Nua an lá saoire poiblí is mó a cheiliúrtar ar fud an domhain, cé go bhfuil roinnt difríochtaí sa chaoi ina dhéantar é a cheiliúradh i gcultúir éagsúla. Tá Féilire na Síne bunaithe ar an mbliain ghealaí, agus mar sin athraíonn dáta na bliana sin gach bliain. Marcáiltear imeacht an ama freisin le laethanta breithe, laethanta saoire agus na séasúir, agus iad ar fad á gceiliúradh ar bhealaí éagsúla de réir an chultúir.

An tseachtain seo déanfaidh na páistí iniúchadh ar na séasúir atá sa Bhliain Liotúirgeach agus léargas a fháil ar an gcaoi ina dhéantar na séasúir seo a cheiliúradh. Foghlaimeoidh siad go dtugann an Eaglais onóir do Mhuire, Máthair Dé, ar Lá Caille (Lá na Bliana Nua). Ar an lá sin spreagann an Eaglais na daoine chun guí ar son na síochána freisin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An Liotúirge:** paidir phoiblí phobal na hEaglaise.
- **An Bhliain Liotúirgeach:** sraith na séasúr a cheiliúrtar i mbliain na hEaglaise.
- **Teachtaireacht an Aingil:** Chuir Dia an tAingeal Gaibriéil chuig Muire chun a fhógairt di go mbeadh sí mar Mháthair Dé.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Fleasc na hAidbhinte
- Póstaer uimh. 4: Féilire liotúirgeach
- Cóipeanna de na luaschártaí (thíos)
- Leathanach A4 do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE HAM AG IMEACHT

Déan comhrá leis na páistí faoi am agus conas a imíonn sé ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a cheiliúrann daoine ar fud an domhain an Bhliain Nua? Ar fhéach tú riamh ar na ceiliúrthaí ar an dteilifís? Cad a chonaic tú? Cad a bhíonn á ceiliúradh ag daoine ag tús na bliana nua?
- Uaireanta ag tús na bliana nua socraíonn daoine ar rud éigin difriúil nó speisialta a dhéanamh i rith na bliana atá le teacht. Tugtar 'ag déanamh rúin na hathbhliana' ar seo. An gcuireann sé seo rud ar bith i gcuimhne daoibh a rinneamar ag tús na scoilbhliana seo? (cód ranga) An ndearna tú rúin na hathbhliana riamh? Céard a bhí ann? Ar choinnigh tú iad? Cén fáth a ndéanann daoine rúin nua don bhliain nua, meas tú?
- Conas atá ag éirí linn lenár gcód ranga?
- Conas a roinntear an bhliain? (míonna) Conas a choinnímid súil ar na míonna agus iad ag imeacht? (féilire) Cén mhí atá ann anois? Conas atá na míonna roinnte? (seachtainí) Cé mhéad seachtain atá in aghaidh na míosa? Conas a bheadh cúrsaí mura mbeadh na míonna nó na seachtainí againn? Cad a bheadh deacair faoi sin? Roinntear an bhliain freisin i séasúir. An féidir libh na séasúir a ainmniú?
- Smaoinigh ar fhocail a d'fhéadfá a úsáid le cur síos a dhéanamh ar na séasúir éagsúla. Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an earrach? samhradh? fómhar? geimhreadh?
- Seo séasúr na hAidbhinte. Cén fáth go gceapann sibh go mbeadh an focal 'feitheamh' oiriúnach chun cur síos a dhéanamh ar an Aidbhint?

Taispeáin féilire do na páistí agus féach ar an míonna agus na seachtainí atá air. Tabhair cuireadh dóibh teacht ar an áit ina bhfuilimid faoi láthair.

## CLUICHE

### MÍONNA NA BLIANA

- Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal.
- Duine i ndiaidh a chéile, glaonn gach páiste amach mí na bliana, agus glaonn páiste eile amach tréith na míosa sin nó rud éigin a bhaineann leis an mhí sin (m.sh. laethanta fada grianmhara; duilleoga ag titim; mo bhreithlá; laethanta saoire scoile; ceiliúradh na Nollag, srl).
- Lean ar aghaidh leis an gcluiche go dtí go mbíonn deis ag gach páiste ainm míosa a ghlaoch amach agus chun rud éigin a bhaineann siad leis an mhí sin a ainmniú.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AN AIDBHINT

Mínigh do na páistí go bhfuil séasúir ag bliain na hEaglaise díreach mar atá ag an mbliain ar an bhféilire. Is é an chéad séasúr i mbliain na hEaglaise ná an Aidbhint. Cuir ceisteanna ar na páistí chun a fháil amach an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin Aidbhint.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 31 dá leabhar.**

## PAIDIR

**Ullmhúchán:** *Taispeáin Fleasc na hAidbhinte (nó íomhá de) sa spás urnaí. Roghnaigh triúr léitheoir. Tá na léachtanna ar fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Maireann séasúr na hAidbhinte ar feadh ceithre sheachtain. Le linn séasúr na hAidbhinte bímid ag fanacht go foighneach chun breith Íosa a cheiliúradh um Nollaig. Lasaimid an chéad choinneal ar Fhleasc na hAidbhinte anois agus sinn ag fanacht le breith Íosa inár gcroíthe um Nollaig. Fanaimid le foighne, le dóchas agus le grá. Is é an freagra ar an urnaí ná: *Tar, a Thiarna Íosa*. Guímis.
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa.

**Léitheoir 1:** A Íosa, múin dúinn conas a bheith foighneach agus sinn ag fanacht le do bhreith inár gcroíthe um Nollaig. Guímis ...
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa.

**Léitheoir 2:** A Íosa, múin dúinn conas creidiúint i do ghealltanas a bheith linn i gcónaí. Guímis ...
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa.

**Léitheoir 3:** A Íosa, léirigh dúinn conas grá a thabhairt dá chéile faoi mar a thug tú grá dúinn uile. Guímis ...
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas an ghrá agus as bronntanas na beatha. Iarraimid ar Mhuire cuidiú linn am a bheith againn guí chugat agus tú a mholadh as na bronntanais iontacha sa chruthú a thug tú dúinn. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir:** Guímis ...
**Gach duine:** 'S é do bheatha, a Mhuire...

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI AM A THOMHAS

Déan comhrá leis na páistí faoi am a thomhas ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Tá bealaí éagsúla ann ina ndéanaimid am a thomhas. Cad a úsáidimid chun a thaispeáint dúinn cé mhéad den lá scoile a bhíonn imithe? (cloig, uaireadóirí) Cad a insíonn dúinn nuair a bhíonn sé in am éirí ar maidin? (gile na maidine, aláram) Cad a úsáideann daoine chun na bealaí ina ndéanfaidh siad a gcuid ama a chaitheamh i rith na seachtainí agus míonna amach rompu, a chlárú? (féilirí, dialanna, féilirí pleanála)
- An bhfuil a fhios ag éinne cad is méadranóm ann? (gléas a thomhaiseann luas píosa ceoil)
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach imeacht ama a thomhas? Cad is brí le 'am a chur amú'? Conas a úsáidfeá am ionas nach gcuirfeá amú é?
- Cathain a bhí ort am a chaitheamh ag fanacht le rud éigin le tarlú? An raibh sé sin deacair? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé? Déan cur síos ar na mothúcháin a bhíonn agat nuair a bhíonn ort feitheamh.
- An é an t-am céanna é ar fud an domhain? An bhfuil aithne agat ar aon duine atá ina chónaí i dtír eile, áit a bhfuil an t-am difriúil ón dtír seo? Cén t-am den lá nó den bhliain is fearr leat? Cén fáth?

## DÁN

Tabhair isteach an dán seo do na páistí chun leanúint ar aghaidh leis an díospóireacht faoi imeacht ama.

**An Crann** Lasmuigh dem' Fhuinneog
An crann lasmuigh dem' fhuinneog
Atá lán de bhláthanna earraigh
Bíonn sé glas i rith an tsamhraidh
Go séidtear iad chun cladaigh
I gceathanna móra órga
Ag casadh tríd an aeir
Agus na géaga fágtha lomtha
Iad nocht is fuar faoin spéir.

An crann lasmuigh dem' fhuinneog
I ndorchadas na hoíche
Gan bláthanna ná duilleoga
Bíonn geal um Nollaig le soilse
Ag glioscarnach sna géaga
Áit a bhfuil siad fite sníofa
Cosúil le réaltaí thar an stábla
Fadó i mBeithil Iúda!

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 33 dá leabhair.**

## AG COMHRÁ

### FAOI IMEACHTAÍ SUNTASACHA I SAOL ÍOSA

Tabhair cuireadh do na páistí príomhimeachtaí i saol Íosa a ainmniú. Féach an féidir leo an t-ord inar tharla na himeachtaí éagsúla a lua.

Déan na freagraí a thugann na páistí a chlárú ar chairt nó ar an mbord. Beidh cuid nó gach ceann díobh seo a leanas luaite:

- Dúirt an tAingeal Gaibriéil le Muire go mbeadh sí ina Máthair d'Íosa
- Rugadh Íosa i stábla i mBeithil
- Thosaigh Íosa ag múineadh na ndaoine
- Ghlaoigh sé ar roinnt fear le bheith mar aspail
- Leigheas sé go leor daoine
- Bheannaigh sé na páistí
- D'inis sé scéalta (parabail)
- Rinne sé míorúiltí
- Chuaigh sé go Iarúsailéim chun Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh
- D'ith sé an Suipéar Déanach in éineacht lena haspail
- Céasadh é ar Aoine an Chéasta
- D'ardaigh Dia Íosa chun beatha nua ar Dhomhnach Cásca
- Deascabháil Íosa suas ar neamh
- Chuir Íosa an Spiorad Naomh chuig a dheisceabail

Tugtar *An Bhliain Liotúirgeach* ar bhliain na hEaglaise agus tá sé roinnte i séasúir a leanann beatha, bás, Aiséirí agus Deascabháil Íosa. Taispeáin an póstaer den Fhéilire Liotúirgeach. Is féidir é a léiriú ar an gclár bán freisin.

Cuir i gcuimhne na bpáistí cad a tharlaíonn le linn gach séasúr agus tabhair faoi deara dathanna na n-éidí a chaitheann an sagart le linn na séasúr éagsúla:

- **Aidbhint:** Am ullmhúcháin do theacht Íosa (Vialait nó corcra)
- **An Nollaig:** Breith Íosa (Bán)
- **Tráth Saor na Bliana:** Múineann agus leigheasann Íosa (Glas)
- **Carghas:** Am troscadh agus urnaí (Vialait nó corcra)
- **Triduum:** (Trí lá ó Dhéardaoin na Comaoineach go dtí Domhnach Cásca) (Caitear éidí bhána Déardaoin na Comaoineach, dearg ar Aoine an Chéasta agus bán Domhnach Cásca)
- **Déardaoin na Comaoineach:** Roinn Íosa an Suipéar Déanach lena dheisceabail (Bán)
- **Aoine an Chéasta:** Fuair Íosa bás ar an gCrois (Dearg)
- **An Cháisc/An Aiséirí:** D'ardaigh Dia an tAthair Íosa ó mhairbh (Bán)
- **Deascabháil:** D'fhill Íosa ar a Athair ar neamh (Bán)
- **An Chincís:** Teacht an Spioraid Naoimh (Dearg)
- **Tráth Saor na Bliana:** Múineann agus leigheasann Íosa (Glas)

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó a leithéid de cheisteanna:

- An dóigh libh gur rud maith é Bliain Liotúirgeach a bheith againn? Cén fáth nó cén fáth nach maith an rud é?
- Cé acu de shéasúir na Bliana Liotúirgeacha is mó a thaitníonn leat a cheiliúradh? Cén fáth?

## GNÍOMHAÍOCHT TIMPEALLÁIN

### AN BHLIAIN LIOTÚIRGEACH

- Déan fótachóip de na luaschártaí (thíos) roimh ré ionas go mbeidh go leor agat do gach péire páiste.
- Tosaigh le cuidiú leis na páistí cuimhneamh ar na séasúir sa Bhliain Liotúirgeach.
- Ansin roinn an rang ina dhá chuid. Bíodh leath den rang i gciorcal ar an dtaobh istigh agus an leath eile i gciorcal seachtrach timpeall ar an gcéad cheann. Tugann na páistí sa chiorcal istigh aghaidh amach i dtreo na bpáistí sa chiorcal seachtrach atá os a gcomhair.
- Tabhair na luaschártaí do na páistí sa chiorcal istigh. Ní mór dóibh siúd atá sa chiorcal seachtrach an freagra ceart a sholáthar. (m.sh. deir an luaschárta, 'Aoine an Chéasta'. Freagraíonn an leanbh 'Fuair Íosa bás ar an gCros'.)
- Nuair a sholáthraíonn tú an comhartha (m.sh. bualadh bos), bogann na páistí sa chiorcal seachtrach céim amháin ar dheis, agus fanann na páistí sa chiorcal istigh sa suíomh céanna. Dá bhrí sin, le gach gluaiseacht, tá gach páiste ina seasamh os comhair duine nua atá i seilbh chárta éagsúil, agus beidh freagra difriúil ag teastáil uathu. Ar an mbealach seo beidh deis ag na páistí ainm a chur ar na séasúir liotúirgeacha go léir agus an nasc atá acu le beatha Íosa.

# GNÍOMHAÍOCHT

### AMLÍNE A DHÉANAMH

Iarr ar na páistí amlíne a dhéanamh ag cur na príomhimeachtaí i saol Íosa in ord agus á nascadh leis an Bhliain Liotúirgeach.

# AN SCRIOPTÚR NAOFA

### DÉANTAR BREITH ÍOSA A FHÓGAIRT

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Le linn séasúr na Nollag, ar an 1ú Eanáir, Lá Caille, ceiliúrann an Eaglais féasta speisialta in ómós do Mhuire, Máthair Dé. Tugtar Sollúntacht Mhuire, Máthair Dé, ar an bhféasta seo. Déantar an lá seo a cheiliúradh ocht lá tar éis na Nollag. Tá an uimhir ocht suntasach mar gheall ar an gcleachtas san Eaglais ársa an Nollaig a cheiliúradh ar feadh ocht lá. Tá an teideal 'Máthair Dé' ar an dteideal is airde riamh a tugadh d'aon duine daonna. Is í Muire Máthair Íosa, an dara pearsa den Tríonóid Naofa. Ceiliúrann go leor daoine sollúntacht Mhuire, Máthair Dé, ar an 1ú Eanáir trí fhreastal ar an Aifreann. Is féidir linn buíochas a ghabháil le Dia as Muire a thabhairt dúinn mar Mháthair. Spreagann an Eaglais daoine chun guí ar son na síochána ar an gcéad lá den Athbhliain, freisin.

**Déantar Breith Íosa a Fhógairt (Lúcás 1:26-38)**

Chuir Dia an t-aingeal Gaibriéil go cathair sa Ghailíl darbh ainm Nazarat . Bhí teachtaireacht aige do mhaighdean a bhí luaite le fear de theaghlach Dháiví darbh ainm Iósaef. Agus b'é ab ainm don mhaighdean, Muire. Agus ar theacht isteach chuici dúirt: 'Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe thú idir mhná.' Ach bhí buaireamh uirthí de chionn na cainte agus bhí sí ag machnamh cén sort beannachadh é seo. Ach dúirt an t-aingeal léi: 'Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia. Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air...' Dúirt Muire: 'Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail.' Agus d'imigh an t-aingeal uaithi.



Tar éis duit an sliocht as an mBíobla a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén teachtaireacht a thug an tAingeal Gaibriéil do Mhuire?
- Cé a chuir an t-aingeal chuig Muire?
- Cén freagra a thug Muire don aingeal?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Chonaic Muire í féin mar sheirbhíseach Dé. Chuir Dia an tAingeal Gaibriéil chun a iarraidh ar Mhuire a bheith ina máthair dá Mhac, agus shocraigh Muire go raibh sí chun an méid a d'iarr Dia uirthi a dhéanamh. Cad a cheapann tú a dhéanann daoine, a fhéachann orthu féin mar sheirbhísigh Dé, ar domhan sa lá atá inniu ann?
- Mhair Muire i gcultúr nach raibh súil ag an bpobal go ndéanfadh mná cinntí tábhachtacha. Bhí an-misneach aici agus ba neamhghnách an méid a rinne sí agus í ina cailín óg ag an am sin. N'fheadar cén chaoi a raibh Muire nuair a d'fhág an t-aingeal í. Cad iad na dúshláin a bhí roimpi amach? Cén chaoi a d'fhreagair a teaghlach? Cén chaoi a d'fhreagair Iósaef?
- Cad a chiallaíonn sé a bheith i do sheirbhíseach le Dia, meas tú? An bhfeiceann tú tú féin mar sheirbhíseach Dé, mar a rinne Muire? Cén fáth nó cén fáth nach bhfeiceann tú tú féin?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 32 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### DÉANTAR BREITH ÍOSA A FHÓGAIRT

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú ina mbeirteanna agus an scéal 'Breith Íosa a Fhógairt' a chur i láthair mar dhráma. Glacfaidh páiste amháin ról an Aingil Gaibriéil agus an páiste eile ról Mhuire.
- Ansin iarr ar chuid acu an dráma a chur i láthair don rang.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid anois. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh conas a mhothaigh Muire nuair a chonaic sí an t-aingeal agus nuair a chuala sí a theachtaireacht ... bhí a fhios ag Muire go raibh grá ag Dia di agus go raibh rogha aici ... ach theastaigh uaithi an méid a d'iarr Dia uirthi a dhéanamh toisc go raibh muinín aici as Dia ... Bíodh a fhios agat go bhfuil grá ag Dia duitse freisin. Cad a d'fhéadfadh Dia a iarraidh ort a dhéanamh anois? ... Conas a fhreagróidh tú? Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Gluaiseann an t-am ar aghaidh agus tá sé tábhachtach gluaiseacht an ama a chlárú. Am ceiliúrtha is ea teacht na Bliana Nua. Cláraíonn an Eaglais Chaitliceach gluaiseacht an ama sa Bhliain Liotúirgeach. Roinntear an Bhliain Liotúirgeach i séasúir éagsúla a leanann beatha, bás agus Aiséirí Íosa. Tosaíonn an Bhliain Liotúirgeach leis an Aidbhint. I rith na hAidbhinte, agus muid ag ullmhú chun breith Íosa a cheiliúradh um Nollaig, cuimhnímid ar fhógra an Aingil Gaibriéil chuig Mhuire go raibh sí le bheith ina Máthair do Mhac Dé, Íosa. Déanaimid féile na teachtaireachta a cheiliúradh ar an 25ú Márta.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COINNLE NA HAIDBHINTE

- Tabhair leathanach A4 do gach páiste.
- Tabhair chun chuimhne leis na páistí gur tráth í an Aidbhint le haghaidh ullmhú don Nollaig. Iarr orthu na focail ar féidir leo cuimhneamh orthu agus a bhaineann leis an Aidbhint, a rá.
- Tabhair cuireadh do na páistí imlíne de choinneal a tharraingt ar an leathanach agus focail a scríobh ar an choinneal is fearr a dhéanann cur síos ar an Aidbhint.
- Ansin iarr orthu dath a chur timpeall na coinnle ag baint úsáid as dath na hAidbhinte (vialait nó corcra).
- Tabhair cuireadh do na páistí a saothar ealaíne 'Coinneal Aidbhinte' a chur sa spás urnaí.



## PAIDIR

*Tabhair cuireadh do bheirt pháiste an comhrá a léamh idir An t-Aingeal Gaibriéil agus Muire ó Lúcás 1:26-38. Tá na focail ar fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Agus muid ag bailiú chun urnaí le chéile, tugaimis aire ar an gcoinneal, ar Fhleasc na hAidbhinte, a lasadh agus éisteacht leis an gcomhrá a tharla idir an t-Aingeal Gaibriéil agus Muire. Chuir Dia an t-aingeal chuig Muire chun a iarraidh uirthi a bheith ina Máthair Dé.

**An t-Aingeal Gaibriéil:** *Agus ar a theacht isteach chuici dúirt [an t-aingeal]: "Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe tú idir mná." Ach bhí buaireamh uirthi de chionn na cainte, agus... dúirt an t-aingeal léi: "Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia. Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air. Beidh sé mór, agus glaofar Mac an Té is airde air, agus tabharfaidh an Tiarna Dia dó ríchathaoir Dháiví a athair... agus ní bheidh deireadh lena ríocht."*

**Muire:** *"Conas a bheidh seo amhlaidh, agus gan cuid agam d'fhear chéile?"*

**An t-Aingeal Gaibriéil:** *"Tuirlingeoidh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an té is airde ina scáil anuas ort, agus sin é an fáth a mbeidh an leanbh naofa; glaofar Mac Dé air."*

**Muire:** *"Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail."*

**Múinteoir:** Déanaimis machnamh ar feadh nóiméid ar Mhuire agus ar an gcaoi, trí ghlacadh le toil Dé, go raibh sí ina banóglach ag an Tiarna. Éist le Dia ag iarraidh ort, freisin, a bheith ina sheirbhíseach. Inis le Dia faoi bhealach amháin ina mbeidh tú ina sheirbhíseach ... nó inis dó, b'fhéidir, nach bhfuil tú réidh fós chun bheith ina sheirbhíseach ... (*Sos*)

Cuirimis críoch lenár n-urnaí inniu agus *'Sé do bheatha, a Mhuire...* a ghuí le chéile.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Tugann Muire cuairt ar Eiliosaibeit

## SULA DTOSAÍONN TÚ

An tseachtain seo cloisfidh na páistí scéal faoin gcuairt a thug Muire ar a col ceathrar Eiliosaibeit. Beidh na páistí eolach ar an scéal seo ón gclár *I nGrá Dé* roimhe seo (Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4).

Cuireann scéal na Cuairte béim ar áthas Mhuire agus í ar tí cuairt a thabhairt ar Eiliosaibeit i gcathair in Iúdáia. D'inis an tAingeal Gaibriéil le Muire go mbeadh leanbh ag a col ceathrar Eiliosaibeit freisin, agus go dtabharfaí Eoin (Eoin Baiste) air. Bhí Eiliosaibeit níos sine ná Muire agus bhí cónaí uirthi i bhfad ar shiúl uaithi. Thaistil Muire i bhfad thar réimse deacair chun cuairt a thabhairt ar Eiliosaibeit. Guífidh na páistí an Dara Rúndiamhair Shólásach den Choróin Mhuire, 'Cuairt Mhuire ar Naomh Eiliosaibeit'.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An Chuairt:** Cuairt a thug Muire ar a col ceathrar Eiliosaibeit (Lúcás 1:39-45).
- **Beannaithe:** Focal a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar dhuine atá speisialta mar gheall ar an gceangal atá acu le Dia.
- **An Choróin Mhuire:** Paidir speisialta do Mhuire.
- **Deichniúr:** Ciallaíonn sé 'deich'. 'Séard atá i ndeichniúr den *Choróin Mhuire* ná *Ár nAthair* amháin, *'Sé do bheatha, a Mhuire* deich n-uaire agus *Glóir don Athair* amháin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Léarscáil na hÉireann a thaispeánann na príomhchathracha agus na bailte móra
- Cártaí bána do gach páiste
- Paidrín do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE CUARTAÍOCHT

Tosaigh agus comhrá a dhéanamh leis na páistí faoi dhaoine ag tabhairt cuairt ar a chéile ar chúiseanna éagsúla, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó as ceisteanna cosúil leo:

- An féidir leat smaoineamh ar na fáthanna go dtugann daoine cuairt ar a chairde agus ar a mhuintir?
- Cá háit a bhféadfadh daoine cuairt a thabhairt ar dhaoine eile nuair a bhíonn siad tinn?
- Inis dúinn faoi chuairt thaitneamhach a rinne tú chuig duine éigin le déanaí. Cén fáth go ndearna tú an chuairt? Cad a bhí taitneamhach faoi? An gceapann tú gur bhain an duine eile taitneamh as freisin? Cén fáth nó cén fáth nár bhain siad?

Ansin léigh an scéal 'Cuairt ar Theach Altranais sa Chloigín Gorm'.

## SCÉAL

### Cuairt ar Theach Altranais sa Chloigín Gorm

Bhí na páistí ina seomra ranga ag caint faoin Nollaig agus an méid a bhí le tarlú. Bhí sé ar intinn acu cuairt a thabhairt ar an séipéal sa pharóiste áitiúil chun cleachtadh a dhéanamh ar dhráma agus ar charúil na Nollag.

Chuir Emily a lámh in airde agus dúirt sí leis an múinteoir agus leis an rang go raibh a seanathair, a chan i gcór an pharóiste, an-tinn san ospidéal agus go raibh sé á aistriú go dtí an Teach Altranais sa Chloigín Gorm anois. Ansin dúirt Julian, 'Ó, tá mo shin-sheanmháthair i dTeach Altranais sa Chloigín Gorm freisin. Tugaimid cuairt uirthi gach Domhnach agus iarrann sí orm amhrán a chanadh di. An Domhnach seo caite, chan mé na hamhráin Nollag a d'fhoghlaimíomar agus thaitin siad go mór léi.'

Ansin léim Caoimhe in airde agus dúirt sí, 'Tá smaoineamh agam! An bhféadfaimis go léir dul ar cuairt chuig an teach altranais agus ár n-amhráin a chanadh le chéile agus dráma na Nollag a chur ar siúl do na daoine ann?'

'Bheadh sé sin go hiontach,' a dúirt Seán. 'Bheadh an-áthas ar mo sheanathair,' arsa Emily.

Cheap múinteoir Mac Oitir gur moladh an-mhaith a bhí sa mhéid seo agus dúirt sí leis na páistí go ndéanfadh sí caint leis an bpríomhoide agus na socruithe riachtanacha a dhéanamh don chuairt.

Rinne siad comhrá le chéile ansin faoin gcuairt agus faoi na hamhráin srl. Mhol Mícheál roinnt maisiúcháin Nollag a dhéanamh do na cónaitheoirí agus mhol duine éigin eile cártaí Nollag a dhéanamh dóibh. Bhí go leor smaointe ar fáil, agus bhí gach duine ar bís.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén sórt ullmhúcháin a bhí á dhéanamh ag na páistí don Nollaig sular moladh dóibh cuairt a thabhairt ar an dteach altranais?
- Cad a mhol Caoimhe? An gceapann tú gur smaoineamh maith a bhí ann? Cén fáth nó cén fáth nárbh ea?
- Cén séasúr den Bhliain Liotúirgeach ina tharlaíonn na himeachtaí sa scéal seo?
- An rud oiriúnach a bhí ann go dtabharfadh na páistí cuairt ar an dteach altranais le linn shéasúr na Aidbhinte? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé oiriúnach?
- Cad iad na daoine a bhféadfá cuairt a thabhairt orthu agus tú ag ullmhú do cheiliúradh na Nollag?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 34 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Cuimhnigh go bhfuil Dia linn i gcónaí. Tá Dia linn anois. Smaoinigh ar na daoine go léir a thugann tú cuairt orthu ag amanna éagsúla: do chairde, do mhaimeo nó daideo, duine éigin atá tinn … Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar dhuine eile a bhfuil fíorghá le cuairt acu, b'fhéidir roimh na Nollag? … B'fhéidir gur mhaith le do mhamaí nó d'athair nó do sheantuismitheoir tú a thabhairt ar cuairt chuig duine atá ina chónaí leo féin nó chuig duine éigin i dteach altranais. Smaoinigh faoi conas a d'fhéadfá cabhrú leis an duine sin taitneamh a bhaint as do chuairt … B'fhéidir go bhféadfá bronntanas nó cárta a dhéanamh dóibh, nó amhrán nó dán a roghnú a bhféadfá a canadh nó a aithris. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TUGANN MUIRE CUAIRT AR EILIOSAIBEIT

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur fhógair an tAingeal Gaibriéil do Mhuire, ag Teachtaireacht an Aingil, go raibh a col ceathrar Eiliosaibeit, a raibh cónaí uirthi i bhfad ar shiúl in Iúdáia, ag iompar clainne freisin. Ar an scéala seo a chloisteáil aici, bheartaigh Muire an turas fada go Iúdáia a dhéanamh chun cuairt a thabhairt ar a col ceathrar.

**Tugann Muire Cuairt ar Eiliosaibeit (Lúcás 1:39-45)**

Chuir Muire chun bóthair sna laethanta sin agus d'imigh go deifreach faoi dhéin na gcnoc go dtí cathair in Iúdáia, agus chuaigh isteach i dteach Zachairias agus bheannaigh d'Eiliosaibeit. Agus tharla, nuair a chuala Eiliosaibeit beannú Mhuire, gur bhog an naíonán ina broinn. Dúirt Eiliosaibeit de ghlór ard: 'Is beannaithe thú idir mhná, agus is beannaithe toradh do bhroinne. Agus conas a tharla seo domsa, máthair mo Thiarna a theacht chugam? Óir féach, nuair a chuaigh glór do bheannaithe i mo chluasa, bhíog an naíonán i mo bhroinn le háthas. Agus is méanar di seo a chreid go gcomhlíonfaí na nithe a dúradh léi ón Tiarna.'



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad é an dea-scéal a theastaigh ó Mhuire a insint dá col ceathrar Eiliosaibeit?
- Cé a dúirt go raibh Muire 'beannaithe idir mhná'?
- Cad a tharla d'Eiliosaibeot nuair a bheannaigh Muire í?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An cuimhin leat ainm an linbh a bhí ag Eiliosaibeit agus Zachairias? (Eoin)
- An cuimhin leat an teachtaireacht a thug Eoin do na daoine san fhásach?
- Cad a insíonn an chuairt seo dúinn faoi Mhuire? Faoi Eiliosaibeit?
- Dá dtarlódh an eachtra seo inniu, an mbeadh bealach eile cumarsáide ann idir Muire agus Eiliosaibeit? Cad a d'fhéadfadh le Muire a dhéanamh seachas a bheith ag taisteal achar den tsórt sin? Cad í an difríocht atá ann idir teachtaireacht a chur chuig duine agus dul go pearsanta chun iad a fheiceáil?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 34 agus 35 dá gcuid leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD


Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan iarracht Muire a shamhlú ag teacht chuig teach Eiliosaibeit agus Zachairias ... Bhí Muire agus Eiliosaibeit ar bís faoi na leanaí a bhí á n-iompar acu. Bhí a fhios ag Eiliosaibeit gurb é leanbh Mhuire an Meisias, a bhí ag teacht chun a mhuintir a shábháil. Nuair a thiocfaidh deireadh le séasúr na hAidbhinte seo, déanfaimid breithlá Íosa a cheiliúradh. B'fhéidir gur mhaith leat cúpla focal a rá go ciúin le hÍosa anois … b'fhéidir a rá leis cé mhéad atá tú ag tnúth len é a fháiltiú isteach i do chroí ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### MÓIBÍL FAOI THEACHTAIREACHT AN AINGIL

- Tabhair cuireadh do na páistí focail a ghlaoch amach a chreideann siad a bhfuil baint acu le Teachtaireacht an Aingil (m.sh. áthas, grá, beannaithe, cuairt, Íosa, Eoin, Eiliosaibeit, Zachairias, Muire, Iósaef).
- Tabhair cárta bán do gach páiste. Iarr orthu íomhá a tharraingt ar thaobh amháin den chárta a léiríonn príomhghné den scéal seo, agus ar an dtaobh eile ceann de na focail a scríobh a bhfuil baint aige leis an scéal. Ansin cuir poll ag barr gach cárta agus chroc iad ar chrochadán cótaí, ar féidir é a chrochadh sa spás urnaí nó in aice leis an spás urnaí.




## GNÍOMHAÍOCHT MHAPÁLA

### TURAIS ÉAGSÚLA I GCOMPARÁID LENA CHÉILE

- Dírigh aire na bpáistí chuig an léarscáil ar leathanach 35 dá leabhar, a thaispeánann an bealach a d'fhéadfadh Muire a thógáil ó Nazarat go dtí tír na gcnoc in Iúdáia, - tuairim is céad caoga ciliméadar.
- Anois féach ar léarscáil na hÉireann a thaispeánann na príomhchathracha agus na bailte móra. Ag baint úsáid as an AA Route Planner ar líne, tomhas céad caoga ciliméadar idir roinnt cathracha nó bailte in Éirinn chun teacht ar an achar a bhí ar Mhuire a thaistil.

Nuair a bheidh an ghníomhaíocht mhapála críochnaithe agat, tabhair cuireadh do na páistí scéalta a roinnt faoi thurais atá déanta acu, b'fhéidir le teaghlach, gaolta nó cairde. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo orthu:

- Cén t-ainm a bhí ar an áit ar thaistil tú chuici agus cén fáth a ndeachaigh tú ann?
- Cé chomh fada uait a bhí sé?
- Conas a bhain tú an áit amach agus cá fhad a thóg an aistear?
- Conas a chuir tú an t-am thart ar an turas? An raibh tú tuirseach nó an raibh spraoi agat?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a bhí turas Mhuire cosúil le nó difriúil ón dturas a rinne tú?
- Cén fáth go raibh turas Mhuire níos deacra ná do cheann?
- Toisc go raibh Muire sásta turas fada a dhéanamh chun cuairt a thabhairt ar a cara, cad a nochtann sé sin duit faoin saghas duine ba ea Muire?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### MUIRE AGUS EILIOSAIBEIT AG COMHRÁ LE CHÉILE

- Iarr ar na páistí bailiú ina mbeirteanna, le páiste amháin ag glacadh ról Mhuire agus an páiste eile i ról Eiliosaibeit.
- Iarr orthu an comhrá a tharla a léiriú nuair a tháinig Muire go teach Eiliosaibeit.
- Tabhair cuireadh do chuid de na páistí an radharc seo a léiriú don rang ar fad.
- Ansin iarr ar na páistí na róil a athrú. An uair seo, cumann siad an comhrá a d'fhéadfadh a tharla nuair a bhí Muire ag imeacht chun filleadh ar a teach féin. Arís, tabhair cuireadh do chuid de na páistí an radharc a léiriú don rang ar fad.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a chuala Muire go raibh a col ceathrar Eiliosaibeit ag súil le leanbh freisin, chuaigh sí ar an turas fada ó Nazarat go tír na gcnoc in Iúdáia chun cuairt a thabhairt uirthi. Ceaptar gur de shiúlóid nó ag taisteal ar asal a rinne Muire. Nuair a bhuail Muire agus Eiliosaibeit lena chéile, bhí siad araon ar bís agus lán le lúcháir.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AG CUIMHNEAMH AR GHRÁ DÉ

Nuair a thug Muire cuairt ar a col ceathrar Eiliosaibeit, thug sí bronntanas an ghrá di. Beannaíonn Dé sinn uile gach lá le bronntanas an ghrá.

- Smaoinigh ar na comharthaí go léir de ghrá Dé duit atá le feiceáil i do shaol faoi láthair. Cláraigh iad seo ar bhileog A4 agus cuir i do sheomra leapa é chun cuimhne a dhéanamh ar Ghrá Dé duit gach uile lá.

## PAIDIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é an Dara Rúndiamhair Shólásach den *Choróin Mhuire* ná Cuairt Mhuire ar Naomh Eiliosaibeit. D'fhoghlaim na páistí faoi na Rúndiamhra Sólásacha agus na Rúndiamhra Dólásacha níos túisce sa chlár *I nGrá Dé*.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu guímis deichniúr den *Choróin Mhuire* chun machnamh a dhéanamh ar chuirt Mhuire chuig a col ceathrar Eiliosaibeit in Iúdáia. Bhí Muire agus Eiliosaibeit araon ag iompar clainne.

**Múinteoir agus Páistí:** Guígí *Ár nAthair* amháin, *'Sé do bheatha, a Mhuire* deich n-uaire agus *Glóir don Athair* amháin.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Glóir do Dhia sna hArda!

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Nuair a thagann deireadh le séasúr na hAidbhinte bíonn séasúr na Nollag ann. Ag an Aifreann athrófar éide an tsagairt ó corcra/vialait go bán. Leanann séasúr na Nollag ar feadh dhá lá déag, go dtí ceiliúradh Lá Fhéile Ár dTiarna. I go leor séipéil beidh an coinneal bán ar lasadh ag Aifreann Bhigil na Nollag agus ag an Aifreann ar Lá Nollag chun a chuir i gcuimhne dúinn go bhfuil Íosa beirthe inár gcroíthe. Beidh scéal na Nollag le cloisteáil againn á léamh ón Soiscéal de réir Lúcáis. Cuimhníonn Críostaithe i ngach áit ar theacht Íosa dhá mhíle bliain ó shin le teachtaireacht na síochána, an ghrá agus an lúcháir do chách.

Insíonn na Soiscéil dúinn nach raibh aon seomra ann do Mhuire agus do Iósaef sa teach ósta áitiúil, agus mar sin de rugadh Íosa i stábla i mBeithil. Chabhraigh Iósaef le Muire agus chuir an bheirt acu a muinín i nDia. An tseachtain seo cloisfidh na páistí scéal na Nollag arís, scéal a chuala siad cheana féin sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4). Cuirimid an bhéim an tseachtain seo ar ról na n-aingeal agus ar ról na n-aoirí sa scéal. Dúirt aingeal leis na haoirí gan eagla a bheith orthu agus thug sé an Dea-Scéala faoi bhreith Íosa dóibh. Ansin tháinig cór iontach de aingil i láthair, ag canadh moltaí do Dhia.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Aingeal:** teachtaire ó Dhia.
- **Lá féile:** lá atá in áirithe do fhéile reiligiúnach.
- **Breith ár dTiarna:** breith Íosa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Fleasc Aidbhinte (Gheobhaidh tú treoracha le haghaidh fleasc Aidbhinte a dhéanamh ar an idirlíon. Is féidir leat fleasc Aidbhinte a cheannach freisin)
- Mainséar na Nollag (Is féidir leat é seo a dhéanamh trí bhosca bróg a chlúdach i bpáipéar dubh siúcra agus roinnt tuí nó roinnt crepe buí a chur ar an dtaobh istigh.)
- Teimpléad d'aingeal (thíos), doily páipéir, páipéar A4, siosúr agus gliú do gach páiste
- Paidrín do gach páiste

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### COGAIR NOLLAG

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun cluiche a imirt ar a dtugtar 'Cogair Nollag', ina gcuirfidh siad teachtaireacht ar aghaidh ó dhuine go chéile. Má tá líon mór sa rang, roinn iad i ndhá nó trí ghrúpa.

Is é téama an lae inniu ná 'dea-scéal'. Tabhair cuireadh do na páistí roinnt samplaí de dea-scéalta a chumadh faoin Nollaig go bhféadfadh siad a chur ar aghaidh. Ansin lean ar aghaidh leis an gcluiche mar seo a leanas:

- Tabhair cuireadh do na páistí suí ar a gcathaoireacha i gciorcal.
- Déan cinneadh ar dea-scéala agus cogar sé isteach i gcluas an chéad pháiste, ansin cuirfidh an páiste sin an dea-scéala ar aghaidh chuig an bpáiste in aice leis/léi. (Bí cinnte gan an teachtaireacht a athrá nuair a bheidh sé tugtha agat don chéad pháiste. Scríobh an teachtaireacht ar phíosa páipéir ionas gur féidir leat é a thaispeáint do na páistí nuair a bhíonn an cluiche thart.)
- Cuireann an dara páiste an teachtaireacht ar aghaidh chuig an bpáiste in aice leo, agus mar sin leanann sé timpeall an chiorcail.
- Deir an páiste deireanach a fhaigheann an teachtaireacht an teachtaireacht os ard. An í an teachtaireacht cheart í? Cén fáth go bhfuil cúrsaí amhlaidh?

Ar deireadh, déan measúnú ar an méid a tharla ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An raibh tú in ann an teachtaireacht a chloisteáil go soiléir? Conas a chabhraigh sé sin, nó nár chabhraigh sé?
- Conas a mhothaigh tú nuair nach raibh tú in ann an teachtaireacht a chloisteáil athuair?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad a d'fhoghlaim tú ón gcluiche seo?
- Conas a cuireadh an Dea-Scéal faoi bhreith Íosa ar an gcéad Nollaig ar aghaidh?
- Conas a chuirtear an Dea-Scéala faoin Nollaig ar aghaidh sa lá atá inniu ann? (na sleachta ag an Aifreann, cártaí Nollag/r-cártaí, mainséar na Nollag, na meáin shóisialta, srl.)
- Cén teachtaireacht ba cheart do chártaí Nollag, dar leat, aird a tharraingt air um Nollaig?
- An bhfuil ach teachtaireacht amháin ann faoin Nollaig nó an bhfuil roinnt teachtaireachtaí ann? Cad iad?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 37 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Bímid ag ullmhú don Nollaig le linn séasúr na hAidbhinte. Is séasúr feithimh í an Aidbhint. Is é an freagra ar an urnaí ná: Tar, a Thiarna Íosa!
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa!

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as Muire, a bhí sásta a bheith ina banóglach agat. D'aontaigh sí le bheith ina Máthair d'Íosa.
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa!

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as Iósaef, a sheas taobh le Muire agus a thug tacaíocht di i gcónaí. Go dtabharfaimis tacaíocht dóibh siúd a mbíonn ár gcúnamh uathu, i gcónaí.
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa!

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as Muire agus Iósaef a roghnú chun aire a thabhairt d'Íosa. Iarraimid ort beannacht a thabhairt dár máithreacha agus dár naithreacha, dár seantuismitheoirí agus dóibh siúd a thugann aire dúinn.
**Gach duine:** Tar, a Thiarna Íosa!

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### NA HAOIRÍ AGUS NA HAINGIL

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** I mbliana i scéal na Nollag dírímid ar ról na n-aingeal agus ar ról na n-aoirí. D'fhógair na haingil an Dea-Scéal a theastaigh ó Dhia go gcloisfeadh na daoine.

**Na hAoirí agus na hAingil (Lúcás 2:8-18)**
Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada. Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo: "Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu – is é Críost an Tiarna é – i gcathair Dháiví. Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar."

Agus bhí go tobann, mar aon leis an aingeal, cuallacht de shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá: "Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!" Agus nuair a d'imigh na haingil uathu sna flaithis, dúirt na haoirí le chéile: "Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn."

Agus d'imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Iósaef, agus an naíonán ina luí sa mhainséar. Agus ar a fheiceáil dóibh, d'inis siad an ní a dúradh leo mar gheall ar an leanbh seo. Agus các a chuala, b'ionadh leo na nithe a dúirt na haoirí leo.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a bhí ar siúl ag na haoirí sna páirceanna?
- Cén fáth a raibh eagla orthu, dar leat?
- Cén teachtaireacht a bhí ag an aingeal do na haoirí?
- Cá ndeachaigh na haoirí nuair a chuala siad an nuacht?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cé a thug an teachtaireacht don aingeal, dar leat, le tabhairt do na haoirí?
- An féidir leat a shamhlú cad a dúirt na haoirí lena chéile nuair a d'imigh na haingil uathu?
- An dóigh leat gur chreid na haoirí an Dea-Scéala a dúirt an aingeal leo? Cén fáth nó cén fáth nár chreid siad?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 38 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh agus an radharc seo a shamhlú. An oíche atá ann agus tá na haoirí sna páirceanna ag tabhairt aire dá gcuid caoirigh. Tagann eagla orthu nuair a fheiceann siad aingeal ... ach deir an t-aingeal leo, 'Ná bíodh eagla oraibh!' Ar chuala tú éinne agus na focail seo á rá acu roimhe seo? ... Is iomaí uair a dúirt Dia lena mhuintir gan eagla a bheith orthu, mar go mbeadh sé i gcónaí leo. Éist le Dia ag rá leat anois agus é ag glaoch ort le d'ainm, 'Ná bíodh eagla ort!' Gabh buíochas le Dia as a gheallúint dúinn, nach gá go mbeadh eagla orainn, mar go mbíonn sé i gcónaí linn. Nuair a bhíonn sibh réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### AINGEAL A CHRUTHÚ

- Tabhair cóip den teimpléad den aingeal (thíos) do gach páiste, doily páipéir, leathanach A4 agus gliú.
- Tabhair cuireadh dóibh aingeal a chruthú tríd an ciorcal (don cheann) a ghearradh amach, an triantán (don chorp), agus an doily a ghearradh ina dhá leath (do na sciatháin).
- Ansin iarr ar na páistí gliú a úsáid chun na píosaí a ghreamú don leathanach A4.
- Ar deireadh, iarr ar na páistí na focail mholta a chan na haingil ar an gcéad oíche Nollag a scríobh: 'Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!'.
- Spreag na páistí a 'aingil' a thabhairt abhaile leo agus Dea-Scéala na Nollag a roinnt lena muintir.




## SCÉAL

### An Chéad Mhainséar

Ba é Naomh Proinsias Assisi a chuir an chéad mhainséar Nollag i láthair sa bhliain 1223. Tharla sé seo in Greccio san Iodáil, áit atá leathbhealach idir Assisi agus an Róimh. Seo mar a tharla:

Bhí cónaí in Greccio ar fhear darbh ainm Eoin, a bhí cairdiúil le Proinsias. Dúirt Proinsias leis go mba mhaith leis an Nollaig a cheiliúradh ar bhealach speisialta in Greccio – gur theastaigh uaidh dráma beag a dhéanamh faoin stábla i mBeithil an oíche a rugadh Íosa.

Rinne Eoin an méid a d'iarr Proinsias air agus, le cabhair ó dhaoine áitiúla, chuir sé an seit le chéile in aice leis an séipéal. Bhí asal agus ainmhithe eile ann, agus roinnt féar mar leapachas.

Oíche Nollag, tháinig Proinsias agus a chompánaigh - na Bráithre, agus fir agus mná na háite go léir le chéile, chun breith Íosa a cheiliúradh. Thug siad coinnle agus tóirsí leo chun an oíche a shoilsiú. Ghlac fir agus mná na háite páirt Mhuire, Iósaef, an leanbh Íosa, na haoirí agus an Triúr Saoithe. Beithil nua a bhí in Greccio an oíche sin nuair a rinne siad an tAifreann a cheiliúradh le chéile.

Ó shin i leith, scaip an nós Beithil a athchruthú i mbailte ar fud an domhain. Bíonn an-éileamh anois ar mhainséar na Nollag, le dealbha de na daoine sa scéal, in eaglaisí, i scoileanna, in ospidéil, in ionaid oibre agus in ionaid siopadóireachta.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén plean a bhí ag Naomh Proinsias?
- Cén fáth ar chuir siad ainmhithe san áireamh sa radharc?
- Cén fáth ar thug na daoine tóirsí agus coinnle leo?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Bhí Naomh Proinsias ag iarraidh go mbeadh eolas ag daoine faoi bhreith Íosa. An ndéarfá an Dea-Scéala faoi Bhreith Íosa le daoine eile sa lá atá inniu ann? Cén fáth nó cén fáth nach ndéarfá?
- An cuimhin leat na focail a chan na haingil ar an oíche a rugadh Íosa?
- Cad iad na smaointe a thagann isteach i d'intinn nuair a fheiceann tú mainséar na Nollag?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 39 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### MÍM NA NOLLAG

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear, ag brath ar líon na bpáistí.
- Iarr orthu mím a dhéanamh ar an méid a tharla ar an oíche gur rugadh Íosa. Beidh orthu cinneadh a dhéanamh cé a thógfaidh páirt Mhuire, páirt Iósaef, páirt an linbh Íosa agus na carachtair eile, ag brath ar líon na bpáistí.
- Iarr orthu éadaí nó prapaí a thabhairt isteach le húsáid ag an ngníomhaíocht seo, ar féidir leo é a chur i láthair don rang ar lá deiridh na seachtaine.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a thagann deireadh le séasúr na hAidbhinte tagann séasúr na Nollag. I rith séasúr na Nollag déanaimid ceiliúradh ar bhreith Íosa agus cuirimid fáilte arís chuige inár gcroíthe. Ar an oíche a rugadh Íosa i stábla i mBeithil, tháinig aingil i láthair aoirí chun Dea-Scéala bhreith Íosa a insint dóibh. Sa bhliain 1223 in Greccio san Iodáil, chruthaigh Naomh Proinsias radharc faoi bhreith Íosa i mBeithil, trí mhainséar beo a dhéanamh. Ón am sin i leith tá an nós ann mainséar a thógáil i dtithe Críostaí agus in áiteanna poiblí eile.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AN MAINSÉAR A THABHAIRT CHUN CHUIMHNE

- Tabhair cuireadh do na páistí smaointe a roinnt faoin méid a dhéanfaidh siad chun cuimhneamh ar bhreith Íosa um Nollaig. (Mar shampla, cabhrú le mainséar a shocrú sa bhaile, pictiúir de bhreith Íosa a léiriú sa bhaile, cuairt a thabhairt ar an mainséar sa séipéal áitiúil, páirt a ghlacadh ag canadh carúl, srl.)
- Spreag iad lena gcuid smaointe a chur i ngníomh.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Aidbhint agus an Nollaig

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, Fleasc na hAidbhinte agus mainséar sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh ochtar léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh ceathrar páiste chun na nithe seo a leanas a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse: paidrín, dealbh de Mhuire ón mhainséar, an mhóibíl a bhaineann le Cuairt Mhuire ar Naomh Eiliosaibeit, dealbh den leanbh Íosa ón mhainséar.*

*Comhartha na Croise*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.
**Múinteoir:** Táimid an-ghnóthach faoi láthair agus muid ag ullmhú agus ag fanacht go foighneach le teacht na Nollag. Bíonn sé deacair orainn a bheith foighneach. Sin é an fáth go bhfuilimid chun sos a ghlacadh anois agus machnamh a dhéanamh. Is é an chéad Domhnach den Aidbhint tús bliain na hEaglaise, agus mar sin tá deis againn tosú arís.

Ar dtús, tabharfaimis chun chuimhne go bhfuil Dia i láthair linn agus muid ag lasadh na coinnle [na gcoinnle] ar Fhleasc na hAidbhinte. (*Lasann an múinteoir an choinneal [na coinnle]*)

Fócas ar an gcoinneal [na coinnle] lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh. Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Déan iarracht díriú ar rithim d'análaithe go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... Tá Dia ag iarraidh go mbeadh a fhios agat go bhfuil grá aige duit agus go bhfuil sé ag tabhairt aire duit mar a thugann aoire aire dá chaoirigh ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**Léitheoir 1:** Samhlaigh, tá tús curtha againn le bliain nua! Tharla sé seo nuair a lasamar an chéad choinneal ar Fhleasc na hAidbhinte. Ag deireadh na hAidbhinte beidh cúig choinneal ar lasadh ar an bhFleasc, ceithre cinn le haghaidh ceithre seachtaine na hAidbhinte agus an cúigiú ceann le haghaidh Lá Nollag. Léiríonn lasadh na gcoinnle dúinn go bhfuil an t-am ag dul thart. Seo a leanas roinnt a mhúineann Leabhar Cóheilit, ón tSean-Tiomna dúinn, faoi imeacht an ama:
*Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir:*
*tráth breithe, tráth báis,*
*tráth curtha síl, tráth bainte fómhair,*
*tráth maraithe, tráth leighis,*
*tráth leagtha, tráth tógála,*
*tráth goil, tráth gáire,*
*tráth caointe, tráth rince...*
*tráth tosta, tráth cainte. (Cóheilit 3:1-4, 7)*

**Léitheoir 2:** Tugtar bronntanas an ama do gach duine againn. Is féidir linn am a úsáid go maith nó is féidir linn am a chaitheamh. Tá go leor rudaí le déanamh againn gach lá. Bhí go leor le déanamh ag Íosa gach lá freisin. Cuimhníonn an Eaglais ar imeachtaí shaol Íosa trí chuimhneamh a dhéanamh orthu sa Bhliain Liotúirgeach.

**Léitheoir 3:** Nuair a cheiliúraimid imeachtaí shaol Íosa, ní hamháin go ndéanaimid smaoineamh ar Íosa ach cuimhnímid freisin ar a theaghlach, a ghaolta agus a chairde. Le linn na hAidbhinte agus na Nollag cuimhnímid go háirithe ar Mhuire, Iósaef, Eiliosaibeit agus Zachairias.

**Múinteoir:** Tóg cúpla nóiméid anois le cuimhneamh ar do theaghlach, do chairde agus do ghaolta.

**Dalta 1:** *Ardaíonn dealbh Mhuire ón mháinséar in airde agus tógann go dtí an spás urnaí í.*

**Léitheoir 4:** Bhí Muire buartha ar dtús nuair a chuala sí gur roghnaigh Dia í chun bheith ina máthair d'Íosa. Ach dúirt an t-aingeal léi go mbeadh an Spiorad Naomh léi chun cuidiú léi. D'inis Muire le Dia gurb í a banóglach agus go raibh sí toilteanach an méid a d'iarr sé a dhéanamh.

**Múinteoir:** Is féidir le séasúr na Nollag a bheith an-ghnóthach do theaghlaigh. Tugaim cuireadh duit anois cúpla nóiméid a ghlacadh chun smaoineamh ar conas is féidir leat cabhrú sa bhaile le cuid de hullmhúcháin na Nollag.

**Dalta 2:** *Ardaíonn an paidrín in airde agus tógann go dtí an spás urnaí é.*

**Léitheoir 5:** Bhí áthas ar Mhuire nuair a chuala sí go raibh leanbh á iompar ag a col ceathrar, Eiliosaibeit. Thaistil sí go teach Eiliosaibeit in Iúdáia chun cuairt a thabhairt uirthi. Bhí Eiliosaibeit níos sine ná Muire, agus mar sin bhí imní ar Mhuire go mbeadh cabhair ag teastáil uaithi. D'fhan Muire le hEiliosaibeit ar feadh cúpla mí.

**Múinteoir:** Chuaigh Muire i gcabhair lena col ceathrar, cé go raibh sí féin ag iompar clainne. B'fhéidir go bhfuil duine éigin ann a bhfuil aithne agat féin agus ag do theaghlach orthu, atá tinn nó uaigneach nó ina chónaí leo féin, a d'fhéadfá cuairt a thabhairt orthu i rith laethanta saoire na Nollag. Labhair le do theaghlach faoi sin nuair a théann tú abhaile inniu.

**Léitheoir 6:** Nuair a d'fhill Muire ar Nazarat tar éis cuairt a thabhairt ar Eiliosaibeit, bhí sé gar don am a leanbh féin a bheith aici. Éistimis anois leis an gcúntas ón Soiscéal de réir Lúcáis ar an méid a tharla an lá a rugadh Íosa.

**Léitheoir 7:** *Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada. Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo: "Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea*
*-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu – is é Críost an Tiarna é – i gcathair Dháiví. Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus*
*é ina luí i mainséar."*

*Agus bhí go tobann, mar aon leis an aingeal, cuallacht de shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá: "Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!" Agus nuair a d'imigh na haingil uathu sna flaithis, dúirt na haoirí le chéile: "Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn."*

*Agus d'imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Iósaef, agus an naíonán ina luí sa mhainséar. Agus ar a fheiceáil dóibh, d'inis siad an ní a dúradh leo mar gheall ar an leanbh seo. Agus cách a chuala, b'ionadh leo na nithe a dúirt na haoirí leo.* (Lúcás 2:8-18)

**Dalta 3:** *Ardaíonn an mhóibíl a bhaineann le Cuairt Mhuire ar Naomh Eiliosaibeit in airde, agus tógann go dtí an spás urnaí í.*

**Léitheoir 8:** Is cuimhin linn breithlá Íosa gach bliain trí choinnle agus soilse a lasadh, mainséar a mhaisiú agus maisiúcháin Nollag a chur in airde. Déanaimid an crann Nollag a mhaisiú agus bíonn bia speisialta againn lá Nollag. Tugaimid bronntanais dá chéile chun cuimhneamh a dhéanamh ar na bronntanais a thug na saoithe don leanbh Íosa.

**Dalta 4:** *Ardaíonn an dealbh den leanbh Íosa ón mhainséar in airde, agus tógann go dtí an spás urnaí í.*

**Múinteoir:** Séasúr atá sa Nollaig chun bronntanais a thabhairt agus a fháil. Séasúr síochána, áthais agus grá atá ann chomh maith. Is é seo spiorad na Nollag. Glac sos agus smaoinigh ar an mbronntanas gur mhaith leat a thabhairt d'Íosa sa mhainséar i mbliana ...

*Ceadaigh cúpla nóiméid tost.*

**Múinteoir:** Déanaimis comhartha na croise in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Gabhaimid buíochas le Dia as a Mhac, Íosa a chur chugainn. Abair an freagra seo i mo dhiaidh: *'Glóir do Dhia sna harda*!'
**Gach duine:** Glóir do Dhia sna harda!

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as an aingeal a labhair leis na haoirí agus a dúirt, 'Ná bíodh eagla oraibh!', agus a thug dea-scéala faoi bhreith Íosa dóibh freisin, ag rá, 'rugadh Slánaitheoir daoibh inniu – is é Críost an Tiarna é – i gcathair Dháiví!
**Gach duine:** Glóir do Dhia sna harda!

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as na haingil a mhúin dúinn conas glóir a thabhairt do Dhia trí a bheith ag canadh. Ar an oíche a rugadh Íosa chan siad, 'Glóir do Dhia sna harda, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!'
**Gach duine:** Glóir do Dhia sna harda!

**Múinteoir:** Guímis le chéile an *Phaidir chuig an Aingeal Coimhdeachta*.

**Gach duine:** An *Phaidir chuig an Aingeal Coimhdeachta* (A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht ...)

**An t-amhrán deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach

*Comhartha na Croise*

Aoine an Chéasta
Fuair Íosa bás ar an gCrois

Domhnach Cásca
D'ardaigh Dia an tAthair
Íosa ó mhairbh i gcorp glórmhar


Lá Nollag
Rugadh Íosa

Déardaoin na Comaoineach
Roinn Íosa an Suipéar Déanach
lena chairde

Domhnach na Pailme
Tháinig Íosa isteach in Iarúsailéim
ag marcaíocht ar asal

Deascabháil Ár dTiarna
Deascabháil Íosa ar neamh

An Chincís
Tháinig an Spiorad Naomh anuas ar
na deascabail



# Téama 5: Conradh Dé agus Ár bhFreagairt

Ceacht 1: Chuir Dia glaoch ar Mhaois. Cuireann Dia glaoch ormsa
Ceacht 2: Múineann na hAitheanta dúinn conas Grá agus Seirbhís a thabhairt
Ceacht 3: Le chéile, is féidir linn aire a thabhairt don domhan
Ceacht 4: Ag freagairt ghlaoch Dé

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Tá Dia uileolach, uilechumhachtach
- Baineann Críostaithe úsáid as urnaí agus gníomhartha chun a gcreideamh i nDia a chleachtadh (ag maireachtáil/ag tabhairt fianaise don chreideamh)

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Chuir an tAthair agus an Mac an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith níos cosúla le Dia
- Is é an grásta ná láithreacht obair an Spioraid Naoimh ionainn. Teastaíonn bronntanas an ghrásta uainn agus faighimid é ar bhealach speisialta trí urnaí a dhéanamh agus nuair a ghlacaimid na sacraimintí

**Cruthú an Domhain**

- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chruthaigh sé an domhan agus sinne inár gcónaí ann le go mbeimid in ann a shaol agus a ghrá a roinnt

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Giúdachas: Creideann Giúdaigh i nDia. Ba Ghiúdach é Íosa. Bíonn lá speisialta Dé acu ó dhul faoi na gréine ar an Aoine -go dul faoi na gréine ar an Satharn. Lá scíth í an tSabóid nuair a dhéantar adhradh agus bíonn béile teaghlaigh acu. Ag dul go dtí an sionagóg chun adhradh a dhéanamh. Sionagóga Éireannacha

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Leis an gconradh mhúnlaigh Dia a dhaoine agus nocht a Dhlí dóibh trí Mhaois

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú*

- Eacs 1–2. Faró agus na hIosraelítigh; Óige Mhaoise
- Eacs 3:1-22. Glaonn Dia ar Mhaois; ainm Dé
- Eacs 19:3-8. Conradh Shíonáí; pobal tofa Dé
- Eacs 20-1-17; Deot 5:1-22; Eacs 19:3-8. Na Deich nAitheanta
- Salm 148. Iomann molta cosmach

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- An Fhaoistin Choiteann
- Glóir don Athair

*Paidreacha Breise*

- Freagraí an Aifrinn
- Salm 148
- An Phaidir Mhisinéireachta
- Paidir Thurais
- Ag Glaoch ar an gCruinne Moladh a thabhairt do Dhia
- Paidir don Domhan

**An tAifreann**

*Struchtúr an Aifrinn*

- Sna Deasghnátha Tosaigh, bailíonn an pobal le chéile. Gníomh Aithrí

### MORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is freagairt ar ghrá Dé é adhradh a dhéanamh agus a bheith umhal d'aitheanta Dé
- Tugann Dia bronntanais agus tallanna dúinn le húsáid ar son a ghlóire, ár bhfás féin agus ar mhaithe le daoine eile agus chun aire a thabhairt don chruthú

- Nuair a úsáidimid na tallanna a thug Dia dúinn, tagann méadú ar an gcosúlacht atá againn le Dia
- Cuireann Dia a mhuinín sa chine daonna oibriú ar son Ríocht Dé ar domhan
- Is comharthaí de ghrá Dé iad mo bhronntanais

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Tugann Dia an tsaoirse dúinn rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc-comhartha den ghrá atá aige dúinn. Tugtar saor-thoil ar seo
- Teastaíonn cabhair Dé (grásta) uainn chun an tsaoirse sin a úsáid ar bhealach freagrach
- Tá ról an-tábhachtach ag an urnaí sna cinntí a dhéanaimid
- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis m.sh. grámhar, truachroíoch, trócaireach

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Is é an grásta an cúnamh a thugann Dia dá dhaoine chun a ghlaoch a fhreagairt
- Tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile
- Tá gach duine daonna teoranta, lochtach agus dá bhrí sin thaispeáin Dia a mhór-ghrá dúinn trína theagaisc a léiríonn an difríocht idir ceart agus mícheart (ar dtús sa Sean Tiomna áit a bhfuil sé seo léirithe go soiléir sna Deich nAitheanta) agus arís i dteagasc Íosa agus Eipistilí an Tiomna Nua. Lean an Eaglais an sampla diaga seo i gcónaí agus rinne iarracht an difríocht idir ceart agus mícheart a shoiléiriú
- Is iad na Deich nAitheanta croílár Dlí Dé
- Thug Dia na haitheanta dá dhaoine tofa chun cabhrú leo a bheith dílis do ghrá Dé
- Is treoirlínte chun Dia a ghráú iad an chéad trí aithne; Is treoirlínte iad na seacht n-aitheanta eile chun grá a thabhairt dúinn féin agus do dhaoine eile
- Treoraíonn na haitheanta sinn chun cinntí morálta a dhéanamh

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Tá an dínit céanna tuillte ag gach duine toisc go bhfuil siad cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé
- Glaonn Dia ar fhear agus ar bhean a bheith mar mhaoir ar chruthú an domhain
- Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don chruthú, toisc gur bronntanas ó Dhia do na glúnta ar fad atá ann
- Tá meas tuillte ag gach duine, neamhaireach ar a chúlra reiligúnach, sóisialta nó eitneach
- Cuir san áireamh: Scéalta faoi eagraíochtaí a thugann aire do na bochtáin: Trócaire.

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

*b. Cruthú agus Titim*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iontas agus éagsúlacht an Chruthaithe a fhiosrú.
- Fáil amach faoi na héachtaí atá bainte amach ag cruthaitheacht an duine agus machnamh a dhéanamh orthu.
- Fiosrú faoin dóigh a mbaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht chruthaitheach.

*c. Conradh Dé lena chine tofa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí:

- Na scéalta ar na daoine is mó le rá sa Sean-Tiomna a úsáid lena fháil amach cad is conradh ann, m.sh. Abrahám: Geineasas 12:1-5. Geineasas 17:1-9 agus Maois: Eacsadas 3:1-10, Eacsadas 17:1-16.
- Éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé i leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhóráltacht**

*c. Meas ar Dhia.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta le saol an lae inniu.

# Ceacht 1: Chuir Dia glaoch ar Mhaois. Cuireann Dia glaoch ormsa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is gné dár saol laethúil é 'glaoch'. Ón am a dhúisímid go dtí an t-am a théimid a codladh glaoimid ar a chéile. Uaireanta cloisimid daoine eile ag glaoch orainn agus uaireanta ní chloisimid iad, go háirithe nuair nach mbímid ag éisteacht. Glaonn an tuismitheoir ar an leanbh. Glaonn an leanbh ar an dtuismitheoir. Glaonn an múinteoir ar na páistí sa rang ar chúiseanna éagsúla i rith an lae. Glaonn an dochtúir agus an fiaclóir ar dhaoine as an seomra feithimh. Uaireanta glaotar orainn agus ár n-ainmneacha á úsáid, amanna eile úsáidtear uimhreacha. An té a ghlaotar orthu bíonn siad saor chun an glaoch a fhreagairt nó neamhaird a dhéanamh air.

Glaonn Dia ar dhaoine ar bhealaí éagsúla. Ó na scéalta ón tSean-Tiomna, sa chlár *I nGrá Dé*, beidh na páistí eolach ar ghlaoch Dé chuig Dáiví a bheith ina cheannaire ar a phobal. Chuala Dáiví agus d'fhreagair sé glaoch Dé (Naíonáin Shinsearacha/B2). Ón Tiomna Nua tá a fhios ag na páistí gur ghlaoigh Dia ar Mhuire agus gur éist sí agus d'fhreagair sí (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4). Tá a fhios ag na páistí freisin gur ghlaoigh Eoin Baiste ar na daoine chun aithrí a dhéanamh agus chun baisteadh a fháil (Naíonáin Shinsearacha/B2 agus Rang a Dó/B4). Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí faoi ghlaoch Dé chuig Maois chun a Chine Tofa a shaoradh óna sclábhaíocht san Éigipt. Foghlaimeoidh siad freisin go nglaonn Dia orthu, agus nach mór dóibh éisteacht go cúramach lena bhfuil á iarraidh ag Dia orthu.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Na hEabhraigh:** sliochtaigh Abrahám. Pobal Giúdach Iosrael ársa; glaodh Eabhraigh ar mhuintir Iosrael freisin.
- **Treibh Léiví:** ceann de dhá threibh déag Iosrael.
- **Conradh:** comhaontú.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach A4 do gach páiste
- Cuaráin (nó pictiúr de chuaráin)

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GLAOCH A CHUR AGUS GLAOCH A FHÁIL

Déan comhrá maidir le glaoch a chur agus glaoch a fháil mar chuid dár saol laethúil, agus faoin ról atá ag ár n-ainmneacha nuair a ghlaoimid agus nuair a ghlaoitear orainn, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cathain a ghlaonn duine ort i d'ainm? Cén fáth go n-úsáideann tú ainmneacha daoine agus tú ag glaoch orthu? Cén chaoi a bheadh sé mura mbeadh aon ainmneacha againn? Conas a gheobhfá aird duine mura raibh ainm acu?
- Ar ghlaoigh tú ar dhuine riamh agus nár fhreagair siad? Ar tharla sé riamh nár fhreagair tú nuair a ghlaoigh duine éigin ort? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach freagra a thabhairt nuair a ghlaonn duine ort?
- Ar chuala tú na héin ag glaoch riamh? Is féidir le roinnt daoine éin éagsúla a aithint tríd an glaoch atá acu. An mbeifeá in ann éan ar bith a aithint trína ghlaoch?

Ansin tabhair isteach an 'Cluiche Sailéad Glasraí'.

## GNÍOMHAÍOCHT

### CLUICHE SAILÉAD GLASRAÍ

- Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal. Tabhair ainm de cheann amháin de cheithre ghlasra do gach páiste (m.sh. práta, cairéad, oinniún, leitís). Roghnaigh páiste amháin chun seasamh i lár an chiorcail. Ní thugtar ainm ghlasra don pháiste seo.
- Glaonn an páiste sa lár ainm ceann de na glasraí, mar shampla, 'cairéad'. Leis sin malartaíonn na leanaí a bhfuil an t-ainm 'cairéad' acu áiteanna lena chéile.
- Glaonn an páiste sa lár ainm ceann eile den cheithre ghlasra, agus leanann an cluiche ar aghaidh ar an mbealach seo go dtí go nglaotar na hainmneacha den cheithre ghlasra.
- Faoi dheireadh glaonn an páiste i lár 'Sailéad Glasraí' amach, agus bogann gach duine (an páiste sa lár chomh maith) go háit nua sa chiorcal. An páiste deireanach chun spás a aimsiú téann siad i lár agus is iad a ghlaonn ainmneacha na nglasraí amach anois.
- Tar éis na gníomhaíochta, cuidigh leis na páistí machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí ar siúl acu, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo: Cad a bhí ag tarlú le linn an chluiche? Ar glaodh ort? Conas a d'fhreagair tú? An mbeadh aon chluiche ann mura d'fhreagair éinne? Cén fáth nach mbeadh?

Ansin léigh an scéal 'Cuirtear glaoch ar Daragh agus ar CJ'

## SCÉAL

**Cuirtear Glaoch ar Daragh agus ar CJ**

Seachtain Eolaíochta i Scoil Naomh Eoin a bhí ann. Bhí CJ agus Daragh ag obair ar thurgnamh eolaíochta. Tháinig teachtaireacht thar an idirchum ón bpríomhoide, Bean Uí Churnáin, ag iarraidh ar bheirt pháiste roinnt litreacha a thabhairt chuig an Ghaelscoil in aice leo. D'iarr Bean Uí Churnáin ar na páistí sa scoil sin na litreacha a thógáil abhaile leo an tráthnóna sin mar go raibh cuireadh iontu don cheolchoirm i Scoil Naomh Eoin ar an Aoine a bhí le teacht.

D'iarr an tUasal Ó Néill, an múinteoir ranga, ar Daragh agus ar CJ cabhrú leis na litreacha a thabhairt go dtí an Ghaelscoil. 'Ó, ná iarr orm dul,' arsa Daragh, 'Tá an turgnamh seo ró-shuimiúil. Ní féidir liom é a fhágáil anois.'

'Ná bíodh imní ort,' arsa an tUasal Ó Néill leis, 'beidh go leor ama agat chun é a chríochnú nuair a thagann tú ar ais.'

'An bhfuil orm dul?' arsa Daragh.

'Tá,' d'fhreagair an tUasal Ó Néill i nguth láidir.

'Ar aghaidh linn Daragh,' a dúirt CJ, 'a luaithe a théimid, is ea a luaithe a fhillimid ar ais.'

'Ceart go leor,' arsa Daragh go cantalach, 'ach ba mhaith liom nach nglaodh daoine i gcónaí ORM!'



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a bhí ar siúl ag na páistí nuair a tháinig teachtaireacht thar an idirchum?
- Cén fáth nár theastaigh ó Daragh dul?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Ar glaodh ort riamh chun rud éigin a dhéanamh nár glaodh ar éinne eile chun é a dhéanamh? Conas a mhothaigh tú faoi sin?
- An cuimhin leat am nuair a theastaigh uait diúltú nuair a glaodh ort chun rud éigin a dhéanamh – cosúil le Daragh sa scéal? Ar dhiúltaigh tú nó an ndeachaigh tú ar aghaidh agus an rud a dhéanamh ar aon nós? Inis dúinn faoi.
- Cé hiad na daoine a chloiseann tú ag glaoch ort de ghnáth? Ar chuala tú Dia ag glaoch ort, riamh? Conas a d'fhéadfadh sé seo tarlú?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 40 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia anois maidir leis na huaireanta a d'éisteamar agus a chualamar a ghlaoch, daoine eile agus an cruthú a ghrá.

Glas sos anois agus cuimhnigh go ciúin ar na huaireanta nuair a bhí tú spreagtha chun cabhrú le duine éigin a bhí i ngátar … a bheith cairdiúil le duine eile … rud éigin a dhéanamh chun do chúram a thaispeáint don domhan agus do chréatúir Dé … Le do ghuth taobh istigh, iarr ar Dhia cabhrú leat a bheith ar an airdeall i gcónaí chun teacht i gcabhair ar dhaoine eile agus aire a thabhairt don domhan.

Anois glac sos arís agus cuimhnigh ar na huaireanta nuair a roghnaigh tú gan éisteacht le nó glaoch Dé a fhreagairt chun cuidiú leo siúd a bhí i ngátar agus nuair a dhiúltaigh tú do chairdeas a roinnt. B'fhéidir gur thug tú neamhaird ar dhuine a raibh do chabhair nó do chairdeas ag teastáil uathu …

Iarraimid maithiúnas agus trócaire Dé as na huaireanta nuair a chasamar ó Dhia agus nuair nár roinneamar grá le daoine eile. A Thiarna déan trócaire.

**Gach duine:** A Thiarna, déan trócaire.

**Múinteoir:** Iarraimid maithiúnas agus trócaire Dé as na huaire nuair a ghlacamar rud éigin a bhí geallta do dhuine eile. A Chríost, déan trócaire.
**Gach duine:** A Chríost, déan trócaire.

**Múinteoir:** Iarraimid maithiúnas agus trócaire Dé as na huaire nuair a dúramar rud éigin nach raibh fíor, nó nuair a rinneamar iarracht dallamullóg a chur ar dhuine eile. A Thiarna déan trócaire.
**Gach duine:** A Thiarna, déan trócaire.

**Múinteoir:** Cuirimis críoch lenár n-urnaí agus an *Confiteor* a rá.
**Gach duine:** *Confiteor* (Admhaím do Dhia uilechumhachtach …)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### SCÉAL MHAOIS – CUID 1

Blianta fada sular rugadh Íosa, bhí a shinsir, Cine Tofa Dé, ina sclábhaithe san Éigipt. Tugadh Iosraeilítigh orthu óir tháinig siad ó thír Iosrael. San Éigipt tugadh sclábhaithe Eabhraise orthu uaireanta. Le himeacht aimsire mhéadaigh líon na n-Iosraeilíteach san Éigipt agus mar thoradh ar sin bhí imní ar na hÉigiptigh go mbeadh na hIosraeilítigh níos cumhachtaí ná mar a bhí siad féin. Chaith na hÉigiptigh go crua leis na hIosraeilítigh cé nach ndearna siad aon rud mícheart. Roghnaigh Dia agus ghlaoigh sé ar fhear darbh ainm Maois chun clann Iosrael a threorú amach as an sclábhaíocht. Thug Dia aire dá mhuintir agus theastaigh uaidh go dtabharfadh Maois iad go dtí an Tír Tairngire – an tír a gheall Dia a thabhairt dóibh. Tagann scéal Mhaois as Leabhar Eacsadas, ceann de leabhair an Peintiteoch sa Sean-Tiomna.

Cuir scéal Mhaois i láthair na bpáistí. Chuala Maois agus a d'fhreagair sé glao Dé. Scéal fada é seo agus mar sin tá sé roinnte againn i gcodanna gearra. Tosaigh agus an chéad chuid den scéal a léamh.

**Caitear go Crua leis na hIosraeilítigh san Éigipt (Eacsadas 1:8-14, 22)**

*Tháinig rí nua i réim san Éigipt. Agus dúirt seisean lena mhuintir: "Muintir seo Iosrael, féachaigí conas mar a sháraíonn siad sinn i líonmhaire agus i neart. Téanaigí agus bímis glic leo d'fhonn nach méadódh ar a líon." Uime sin chuireadar saoistí saothair os a gcionn chun iad a chloí le hualaí troma... Chuireadar iallach ar mhuintir Iosrael dá bhrí sin seirbhis an éigin a dhéanamh, agus d'fhágadar an saol go searbh acu. [Ar deireadh] thug Faró ordú dá mhuintir go léir: "Gach gin mhic a bhéarfar do na hEabhraigh, caithigí san abhainn é; ach ligigí do na hiníonacha go léir maireachtáil."*

Le linn an ama seo, phós fear agus bean ó threibh Léiví, ceann de dhá threibh déag d'Iosrael, agus bhí buachaill acu. Chuir an mháthair an leanbh i bhfolach ar feadh trí mhí toisc nár theastaigh uaithi go ndéanfaí é a mharú. Seo an cuntas ar an méid a tharla ina dhiaidh sin:

Breith Mhaois (Eacsadas 2:3-10)

*Nuair a chuaigh di é a choimeád faoi cheilt a thuilleadh, fuair sí cléibhín paipíre dó agus chuimil sí bitiúman agus pic de, agus chuir an leanbh ann, agus chuir i measc na n-eileastram ar bhruach na habhann é. Sheas a dheirfiúr i leataobh tamall féachaint cad a dhéanfaí leis.*

*Agus tháinig iníon Faró anuas chun í féin a fholcadh san abhainn... Chonaic sí an cléibhín i measc na n-eileastram agus chuir sí a hionailt ag triall air. D'oscail, d'fhéach, agus chonaic an leanbh fir, agus bhí an leanbh ag gol; bhí trua aici dó agus dúirt: "Leanbh le duine de na hEabhraigh é seo!"*

*Ansin dúirt a dheirfiúr le hiníon Faró: "An rachaidh mé agus buime a ghairm ó i measc na mban Eabhrach chun an leanbh a oiliúint duit?"*

*"Déan," arsa iníon Faró léi, agus d'imigh an cailín agus ghlaoigh ar mháthair an linbh. Agus dúirt iníon Faró léi: "Beir leat an leanbh seo, agus oil dom é, agus ní fhágfaidh mé gan do thuarastal thú." Thóg an bhean an leanbh agus d'oil. Agus d'fhás an leanbh agus thug sí chun iníon Faró é, agus bhí sé amhail mac aici, agus thug sí Maois air, "mar," ar sí, "gur tharraing mé as an uisce é."*



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth ar fhéach na hÉigiptigh ar na hIosraeilítigh mar bhagairt?
- Cén sórt oibre a bhí le déanamh ag na hIosraeilítigh san Éigipt?
- Tá rud éigin a úsáidtear go minic chun leanaí a iompar agus tá sé luaite sa scéal seo. An féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoi cad atá i gceist agam? (ciseán Mhaois/cliabhán caolaigh)

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén cineál duine ba ea iníon an rí, dar leat?
- Cad é do bharúil faoin bplean a bhí ag máthair an linbh - an leanbh a chur i bhfolach agus a hiníon ag féachaint céard a tharlódh leis?
- An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a gcaitear leo mar sclábhaithe ar fud an domhain inniu?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 40 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair aire dod' anáil ag teacht isteach trí do shrón agus amach trí do bhéal ... Tabhair aire, freisin, go bhfuil Dia i láthair leat. Smaoinigh ar na leanaí nuabheirthe go léir ar domhan inniu ... Samhlaigh an t-áthas agus an t-iontas a thugann a léithéid ... Cuimhnigh conas a d'fhreagair an banphrionsa nuair a chonaic sí an leanbh nua sa chiseán... Smaoinigh ar na daoine go léir a raibh áthas orthu nuair a rugadh tú ... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia anois, le do ghuth istigh, as iontas na beatha nua ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### RÓLIMIRT AR SCÉAL MHAOIS


- Roinn na páistí i ngrúpaí de thriúr. Glacfaidh páiste amháin i ngach grúpa ról mháthair Mhaois, páiste eile ról iníon an rí, agus an tríú páiste ról deirfiúr an linbh.
- Tabhair cuireadh do na páistí rólimirt a dhéanamh ar an gcomhrá a d'fhéadfadh a tharlú idir an triúr seo agus iad ag eagrú cúraim an linbh.
- Ansin iarr ar pháistí éagsúla an rólimirt a chur i láthair don chuid eile den rang.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### SCÉAL MHAOIS – CUID II

Tógadh Maois mar Éigipteach, ach de réir mar a d'fhás sé aníos thug sé faoi deara faoi mar a chaith na hÉigiptigh leis na hIosraeilítigh agus bhí sé míshásta faoin méid a chonaic sé. Níor theastaigh uaidh fanacht san Éigipt a thuilleadh.
Faoi dheireadh d'éalaigh sé agus ba aoire é. Seo cuntas ar an méid a tharla ina dhiaidh sin, dar le Leabhar Eacsadas:

**Glaonn Dia ar Mhaois (Eacsadas 3:1-16)**
Bhí Maois ag aoireacht tréad athair a chéile. Sheol sé a thréad go hiarthar an fhásaigh agus tháinig go Horaeb, sliabh Dé. Thaispeáin aingeal an Tiarna é féin dó ansiúd i riocht lasair thine ag teacht as lár toir; d'fhéach sé agus b'shiúd an tor ar lasadh ach gan é á dhó. "Caithfidh mé dul i leataobh," arsa Maois, "agus an radharc iontach seo a fheiceáil – cén fáth a bhfuil an tor gan dó."
Nuair a chonaic an Tiarna é agus é ag dul i leataobh á fheiceáil, ghlaoigh Dia air ón tor: "A Mhaois, a Mhaois!" "Anseo dom," ar sé. "Ná tar níos gaire," arsa [an Tiarna], "bain do bhróga de do chosa óir an ball ar a bhfuil tú i do



...

sheasamh, is talamh naofa é." Agus chlúdaigh Maois a aghaidh mar nár leomhaigh sé féachaint ar Dhia.

Ansin dúirt an Tiarna: "Chonaic mé an cruatan atá ar mo phobal san Éigipt aguschuala mé a screadaíl de bharr a saoistí saothair; is eol dom a bpianta... Téanam mar sin agus cuirfidh mé ag triall ar Fharó thú chun go dtabharfá mo phobal, clann Iosrael, as an Éigipt amach."

Dúirt Maois le Dia: "Cé hé mise a rá is go rachainn ag triall ar Fharó agus clann Iosrael a thabhairt ón Éigipt amach?"

"Beidh mise leat," ar sé, "agus beidh seo mar chomhartha agat air gur mise a sheol thú. Nuair a thabharfaidh tú mo phobal leat amach as an Éigipt, déanfaidh tú Dia a adhradh ar an gcnoc seo."

Ansin dúirt Maois le Dia: "Má théim go clann Iosrael agus a rá leo: 'Dia bhur n-aithreacha a chuir mise chugaibh,' agus go bhfiafraíonn siad díom: 'Cén t-ainm atá air?' Céard a déarfaidh mé leo?"

Dúirt Dia le Maois: "Is mé an té atá ann," agus lean sé air: "agus abair é seo le clann Iosrael: 'An té atá ann is é a sheol chugaibh mé.'"... Chonaic mé a ndearnadh libh san Éigipt; agus chinn mé sibh a thabhairt amach as cruatan na hÉigipte agus isteach i dtír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén rud neamhghnách a chonaic Maois nuair bhí sé ag tabhairt aire do na caoirigh?
- Cad a thug Dia ar an áit ina raibh Maois ina sheasamh?
- Cad iad na háiteanna inár gceantar a bhféadfaimis 'talamh naofa' a thabhairt orthu?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth, dar leat, a raibh Maois in amhras faoina chumas na hIosraeilítigh a shaoradh?
- Cad a dúirt Dia le Maois chun muinín a thabhairt dó?
- Cad a d'fhéadfadh Dia a bheith ag iarraidh ort a dhéanamh inniu?
- Cad a d'fhéadfadh cabhrú leat a bheith muiníneach as an rud a iarrann Dia ort a dhéanamh?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 40 agus 41 dá gcuid leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair aire dod' anáil agus tú ag análú isteach agus amach ... Cuimhnigh go bhfuil Dia leat ... Tá grá ag Dia duit ... Cuimhnigh mar a chuala Maois glaoch Dé ... bhí a fhios ag Maois go raibh sé ar thalamh naofa ... Samhlaigh go bhfuil tú ar thalamh naofa anois toisc go bhfuil Dia i láthair leat ... Éist ... B'fhéidir go mbeadh Dia ag glaoch ort anois? ... Conas a fhreagróidh tú? ... Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### IARR AR MHAOIS!

Meabhraigh leis na leanaí go léir an méid a chuala siad faoi scéal Mhaois go dtí seo.
Ansin inis dóibh go nglacfaidh tusa ról Mhaois ort féin agus tig leo na ceisteanna a chuir ort a chuirfeadh siad ar Mhaois dá mbeadh sé i láthair anseo.
Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe agat, spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an saghas duine ba ea Maois?
- Cathain a bhí ort rud éigin a dhéanamh a fuair tú an-deacair?
- Conas a d'fhéadfadh le scéal Mhaois, misneach a thabhairt duit ag amanna mar sin?

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Caitheadh leis na hIosraeilítigh mar sclábhaithe san Éigipt. Chaith na hÉigiptigh go crua leis na hIosraeilítigh toisc gur chreid siad go raibh na hIosraeilítigh ag éirí róchumhachtach. Mar sin d'ordaigh an Faró go marófaí gach gin mhic a bhéarfaí do na hEabhraigh. D'éirigh le Maois, a rugadh ag an am sin, éalú ón bhás. Lá amháin, roinnt blianta ina dhiaidh sin, nuair a bhí Maois ag tabhairt aire do chaoirigh ar shliabh, labhair Dia leis i riocht lasair thine ag teacht as lár toir. Dúirt Dia le Maois a Chine Tofa, na hIosraeilítigh a threorú, as an Éigipt mar go raibh na hÉigiptigh ag caitheamh go dona leo. Gheall Dia go mbeadh sé in éineacht le Maois. Bhí muinín ag Maois as Dia agus mar sin rinne sé mar a d'iarr Dia air.

## GNÍOMHAÍOCHT

### PAIDIR A SCRÍOBH

- Tabhair bileog páipéir A4 do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh chun smaoineamh ar cad a d'fhéadfadh Dia a bheith ag glaoch orthu a dhéanamh ag an am seo ina saol - b'fhéidir go bhfuil Dia ag glaoch orthu freagra a thabhairt do dhuine a bhfuil gá acu le cabhair, nó a bheith cairdiúil le duine éigin. Spreag iad a bheith oscailte éisteacht le Dia ag labhairt leo.
- Ansin iarr ar na páistí paidir a scríobh ag fiafraí de Dhia cabhrú leo a ghlaoch a chloisteáil.
- Bailigh na paidreacha, a bheidh ag teastáil le haghaidh an urnaí thíos.

## PAIDIR

**Ullmhúchán:**

- *Beidh cuaráin nó pictiúr de chuaráin ag teastáil.*
- *Roghnaigh páiste chun na cuaráin a ardú ag an am cuí.*
- *Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal. Seinn ceol machnamhach agus cuir na paidreacha, a scríobh na páistí, ar éadach urnaí i lár an chiorcail.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu éistimis go ciúin le guth Dé ag labhairt linn. (*Sos*) Is é an freagra ar ár n-urnaí inniu ná an líne sin ón *Phaidir* nuair a deirimid le Dia go ndéanfaimid mar a iarrann sé: *Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh*.
Is iad seo na gothaí a dhéanfaimid gach uair a deirimid na focail seo: (*Cuir do lámha le chéile ag guí in aice leis an gcliabhrach agus an ceann umhlaithe mar a deir tú na focail 'Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh'.)*
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh.

*Ardaíonn an páiste na cuaráin (nó pictiúr de chuaráin).*

**Múinteoir:** Ghlaoigh Dia ar Mhaois. Dúirt sé leis, "Bain díot do chuaráin, tá tú i do sheasamh ar talamh naofa." Dún do shúile anois agus éist le Dia ag glaoch ar d'ainm. Deir Dia leat, 'Tá mé anseo leatsa anois. Tá tú ar thalamh naofa.' Mothaigh láithreacht Dé leat anois, mar a rinne Maois. (*Sos*) D'fhág Maois na caoirigh agus na gabhair ina dhiaidh. Cad a d'fhéadfadh Dia a bheith ag glaoch ort fágáil i do dhiaidh ag an dtráth seo i do shaol? B'fhéidir gurb é do ríomhaire, do ghuthán, an teilifís, rud ar bith a chuireann tú ar seachrán ó éisteacht le Dia. (*Sos*)
Nuair atá tú réidh, oscail na súile. Le chéile, guímis chuig an Tiarna.
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh.

**Múinteoir:** Dúirt Dia le Maois, 'Téigh chuig rí na hÉigipte ionas gur féidir leat mo mhuintir a threorú as a thír.' Deir Dia leat, 'Tá tú chun Dea-Scéala mo ghrá a thabhairt dod' theaghlach agus dod' chairde. '
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh.

**Múinteoir:** Iarrann Dia ort a bheith grámhar i gcónaí. Smaoinigh ar an méid a mbeadh Dia ag iarraidh ort a dhéanamh dod' theaghlach agus dod' chairde. (*Sos*)
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh.

**Múinteoir:** Anois, le do ghuth taobh istigh, inis le Dia, le cabhair a ghrásta, go ndéanfaidh tú iarracht maireachtáil ar nós Íosa. (*Sos*)
**Gach duine** (*le gothaí*)**:** Go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh.

**Múinteoir:** Seasaimis anois agus guímis chuig Dia ár nAthair ar neamh.
Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

**Múinteoir:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

A Athair Ghrámhair, tá tú linn ag tús agus ag deireadh gach rud a dhéanaimid agus a deirimid. Go dtabharfaidh do ghrásta agus do ghrá treoir dúinn inniu agus i gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Múineann na hAitheanta dúinn conas Grá agus Seirbhís a thabhairt

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn a n-óige bhí na páistí ag foghlaim conas gníomhú laistigh de theorainneacha éagsúla. Sa bhaile tá rialacha ann faoi am codlata, faoi a bheith ómósach, am ríomhaire agus teilifíse, am súgartha, am chun obair bhaile a dhéanamh, ag cabhrú sa bhaile, srl. I dTéama 1 den chlár seo do Rang a Trí/B5 d'aontaigh na páistí ar chód ranga agus phléigh siad an tábhacht a bhaineann le rialacha a choinneáil.

Thug Dia na Deich nAitheanta do Mhaois ar Chnoc Shíonáí. Comhaontú nó cúnant ba ea na nAitheanta seo, idir Dia agus a mhuintir. Gheall Dia go mbeadh sé mar Dhia acu, nach dtréigfeadh sé go deo iad, agus go gcosnódh sé iad óna naimhde agus ó gach dochar. Gheall na daoine go ndéanfaidís gach a d'iarr Dia orthu.

Tugadh na Deich nAitheanta seo dúinn ó ghlúin go glúin. Seasann gealltúintí Dé do Mhaois agus don Chine Tofa fós dúinn inniu. Cinntíonn siad grá agus cúram buan Dé dúinn agus múineann siad dúinn conas maireachtáil ar shlí Dé. Achoimre ar Dhlí Ghrá Dé atá sna Deich nAitheanta. Comhaontú, nó cúnant, atá iontu idir Dia agus muintir Dé. Múineann siad dúinn conas grá a thabhairt agus freastal ar Dhia agus conas grá agus freastal ar dhaoine eile.

Sa cheacht seo déanfaimid iniúchadh ar na chéad trí cinn de na hAitheanta, a mhúineann dúinn conas adhradh a thabhairt do Dhia, conas caitheamh le hainm Dé le meas, agus conas grá a thabhairt do Dhia tríd an Domhnach a choinneáil mar lá naofa speisialta.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Adhradh:** Grá agus meas do Dhia a chur in iúl, go háirithe trí urnaí, leat féin nó le daoine eile.
- **Sabóid:** lá adhartha agus lá sosa atá beannaithe i gcultúr na nGiúdach.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóipeanna de na trí theimpléad don gcluiche 'Comórtas Ciorclach'
- Píosa de pháipéar daite do gach páiste
- Trí bhileog A4 ar féidir na chéad trí cinn de na hAitheanta a scríobh

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE COMHAONTUITHE

Déan comhrá leis na páistí faoin bhrí a bhaineann le comhaontú, mar shampla, bíonn níos mó ná duine amháin i gceist i gcónaí; tuigtear go dtabharfaidh an dá thaobh ómós dó, srl. Cuir cód an ranga, a chuir siad le chéile ag tús na bliana seo, i gcuimhne na bpáistí. Cuir ceisteanna cosúil le seo orthu:

- Cad is cuimhin leat faoinár gcód ranga?
- Cé chomh maith agus a choimeádamar é go dtí seo?
- Cad is gá a tharlú chun go leanfadh comhaontú cosúil lenár gcód ranga?
- An féidir leat cuimhneamh ar an bhfocal a úsáidtear go minic sa Bhíobla nuair a bhíonn comhaontú i gceist? (Cúnant)

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 43 dá leabhar.**

## RANN

### SEASAIM LE M'FHOCAL!

Déan comhrá leis na páistí faoin chiall a bhaineann le, 'Seasaim le m'fhocal'.

Ansin tabhair isteach an rann 'Seasaim le m'fhocal' leis na gníomhartha. Seans go mbeidh duine eile de dhíth ort chun cabhrú leat é a léiriú. Tá na focail agus na gníomhartha ar leathanach 45 de Leabhar na bPáistí.

Iarr ar na páistí seasamh ina mbeirteanna agus tabhair cuireadh dóibh chun na focail agus na gníomhartha a athrá i do dhiaidh. Ansin tabhair cuireadh do pháistí éagsúla an rann a rá agus a aithris don rang ar fad.

**Seasaim le m'fhocal!**
Duitse *(buail na lámha ar na glúine)*
a *(buail na lámha le chéile)*
thugaim *(buail do lámha ar lámha do pháirtí)*
mo *(buail do lámha féin le chéile)*
fhocal. *(lámha ar do chroí)*
Sin a *(buail na lámha ar na glúine)*
bhfuil *(lámha sínte amach agus in airde)*
agam. *(lámha níos airde fós)*

An *(buail na lámha ar na glúine)*
nglacfaidh *(buail do dheasóg ar dheasóg do pháirtí)*
tú *(buail na lámha ar na glúine)*
leis *(buail do chiotóg ar chiotóg do pháirtí)*
nó *(buail na lámha le chéile)*
an ndiúltóidh *(buail na lámha ar na glúine)*
tú *(buail do dheasóg ar dheasóg do pháirtí)*
dó? *(buail do chiotóg ar chiotóg do pháirtí)*

Tar éis na gníomhaíochta seo, déan comhrá ar feadh cúpla nóiméid, faoi thaithí na bpáistí féin faoi 'Seasaim le m'fhocal', ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Ar thug tú d'fhocal do dhuine éigin riamh? Déan cur síos ar cén fáth a ndearna tú amhlaidh agus ar sheas tú leis?
- Ar choinnigh tú d'fhocal? Cén fáth nó cén fáth nár choinnigh tú é?
- Ar choinnigh/nár choinnigh aon duine a fhocal leatsa? Conas a mhothaigh tú faoi sin?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu iarrfaimid ar Dhia cuidiú linn cloí leis an méid a deirimid. Tá Dia i gcónaí linn, díreach mar a bhí sé le Maois. Tugann Dia an grásta dúinn, a bhíonn ag teastáil uainn gach lá, nuair a iarrfaimid air é. Tugaimis é sin chun chuimhne agus *An Phaidir* á rá againn.

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh …)

**Múinteoir:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síochán lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

Tabhair chun cuimhne an méid a d'fhoghlaim na páistí sa cheacht roimhe seo faoin gcaoi ar ghlaoigh Dia ar Mhaois chun a bheith i gceannas na nIosraeilíteach agus iad a thabhairt amach as a sclábhaíocht san Éigipt. Gheall Dia go mbeadh sé le Maois agus leis na daoine, agus choinnigh Dia a gheallúint. Chuir Maois a mhuinín i nDia agus rinne sé mar a d'iarr Dia air - stiúraigh sé na daoine, le cúnamh Dé, chun sábháilteachta agus saoirse.

Ansin léigh scéal an chonartha a rinne Dia leis na daoine, trí Mhaois, ag Choc Shíonáí, nuair a sé thug sé na Deich nAitheanta dóibh.

**Conradh Shíonáí (Eacsadas 19:3-8) agus Na Deich nAitheanta (Eacsadas 20:1-11)**

Ansin chuaigh Maois suas chun Dé agus ghlaoigh an Tiarna air ón sliabh á rá: 'Chonaic sibh féin a ndearna mé leis na hÉigiptigh, agus conas mar a thug mé chugam féin sibh. Uime sin má choimeádann sibh mo chonradh beidh sibhse i mo sheilbhse ar leithrigh...' Agus d'fhreagair an pobal go léir d'aonghuth: "A bhfuil ráite ag an Tiarna, comhlíonfaimid." Agus thug Maois freagra an phobail ar ais chun an Tiarna.

Labhair Dia na briathra seo go léir. Dúirt sé: "Mise an Tiarna do Dhia a thug thú amach as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse. Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair... Ná luaigh ainm an Tiarna, do Dhia, le mí-úsáid a bhaint as. Óir an té a luafaidh ainm an Tiarna le mí-úsáid a bhaint as, ní fhágfaidh an Tiarna gan phionós é. Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í. Caithfidh tú sé lá ag obair agus déanfaidh tú do shaothar go léir, ach an seachtú lá, is sabóid é don Tiarna do Dhia. An lá sin ná déan scaob oibre – tú féin ná do mhac, ná d'iníon, ná do dhaor ná do dhaoirseach, ná do stoc ná an deoraí atá faoi do dhíon. Óir is i sé lá a rinne an Tiarna neamh agus talamh agus an fharraige, agus gach a bhfuil iontusan, ach ar an seachtú lá scoir sé ó obair. Uime sin bheannaigh an Tiarna lá na sabóide agus naomhaigh é.



Tar éis duit na sleachta seo ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat:

- Cad é an príomh rud a theastaigh ó Dhia go ndéanfadh na daoine maidir leis an gcúnant a rinne sé leo?
- An féidir libh aon cheann de na rudaí eile, a d'iarr Dia ar na daoine a dhéanamh, a thabhairt chun cuimhne?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- D'iarr Dia ar na daoine adhradh a thabhairt dó féin amháin. Cad is brí le 'adhradh' a thabhairt do Dhia? (Grá agus meas a chur in iúl do Dhia, go háirithe trí urnaí)
- Conas a theastaigh ó Dhia go gcaithfeadh na daoine lena ainm? An gceapann sibh go bhfuil sé tábhachtach caitheamh le hainm Dé le meas? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- Cén fáth a ndúirt Dia gur theastaigh uaidh go gcoinneodh na daoine lá na Sabóide naofa?
- An dóigh libh gur smaoineamh maith é lá amháin i rith na seachtaine a choinneáil 'naofa'? Cén fáth nó cén fáth nach smaoineamh maith é?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 44 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### RÓLIMIRT AR MHAOIS AGUS NA DAOINE

- Tabhair cuireadh do pháiste amháin ról Mhaois a ghlacadh, agus bíodh na páistí eile i ról an tslua daoine a bhí ag bun an tsléibhe nuair a thug Maois na Deich nAitheanta a fuair sé ó Dhia, anuas.
- Insíonn an páiste atá i ról Mhaois an méid a dúirt Dia do na daoine.
- Tabhair cuireadh do na páistí eile freagairt faoi mar a cheapann siad gur fhreagair na daoine.

Ina dhiaidh sin, cuidigh leis na páistí machnamh níos doimhne a dhéanamh ar an eachtra seo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Conas a mhothaigh Maois, meas tú, agus é ag caint leis na daoine?
- Cad iad na smaointe a bhí ag na daoine nuair a chuala siad an méid a d'iarr Dia orthu a dhéanamh?
- An dóigh libh go raibh sé éasca nó deacair ar na daoine maireachtáil le hAitheanta Dé? Cén fáth?
- An dóigh leat go mbeadh sé éasca nó deacair ort maireachtáil leo? Cén fáth?

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméid a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair aire do láithreacht Dé leat anois. Smaoinigh ar chomhaontú nó cúnant a rinne tú le duine éigin ... nó go ndearna duine éigin leatsa. Le do ghuth istigh b'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar Dhia cabhrú leat i gcónaí seasamh le d'fhocal ... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia freisin as a bheith in éineacht leat i gcónaí ... Nuair a bhíonn tú réidh, is féidir leat na súile a oscailt.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS NA CHÉAD TRÍ CINN DE NA hAITHEANTA

Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar an bhfíric go n-iarrann Dia orainn an cúnant céanna a choinneáil, agus a rinne sé lena gCine Tofa, trí na hAitheanta a choinneáil sa lá atá inniu ann.

Tabhair na chéad trí cinn de na hAitheanta chun cuimhne na bpáistí:

1. **'Is mise an Tiarna do Dhia, ná tabhair déithe bréige i mo láthair':** Iarrann an Chéad Aithne seo orainn creideamh a bheith againn san aon fhíor-Dhia amháin agus grá a thabhairt dó thar gach duine/rud eile.
2. **'Ná tabhair ainm an Tiarna do Dhia gan fáth':** Iarrann an dara Aithne seo orainn meas a thabhairt d'ainm Dé.
3. **'Cuimhnigh lá na Sabóide a naomhú':** Cé go gceiliúrann an pobal Giúdach an tSabóid, comhlíonann lucht leanúna Íosa an Aithne seo trí Lá an Tiarna a cheiliúradh, is é sin an Domhnach, an lá nuair a chuimhnímid gur aiséirigh Íosa ó mhairbh. Iarrann an Tríú Aithne orainn an Domhnach a naomhú.

Ansin déan comhrá leis na páistí faoi gach ceann de na hAitheanta ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- **An Chéad Aithne:** Cén chiall a bhainfeadh le creideamh a bheith agat in aon fhíor-Dhia amháin agus grá a thabhairt dó thar aon duine/rud eile?
- **An Dara hAithne:** Baineann tábhacht lenár n-ainmneacha. Tá siad speisialta dúinn amháin. An maith leat é nuair a deir duine éigin d'ainm go feargach? Cén fáth? Conas is maith leat go ndéarfadh duine éigin d'ainm? Tá ainm Dé speisialta freisin. Conas a deir Dia gur chóir dúinn a ainm a úsáid? Conas a d'fhéadfadh duine mí-úsáid a bhaint as ainm Dé?
- **An Tríú hAithne:** Ainmnigh roinnt bealaí inar féidir leat an Domhnach a choimeád mar lá speisialta naofa.

**Dírigh aire na bpáistí chuig 'Le Meabhrú' ar leathanach 44 dá leabhar.**

# GNÍOMHAÍOCHT

## COMÓRTAS CIORCLACH

- Beidh fótachóip de gach ceann de na teimpléid thíos uait don ghníomhaíocht seo.
- Roinn an rang i dtrí ghrúpa agus tabhair gach grúpa ceann amháin de na teimpléid. Tá a ceist scríofa ar gach ceann acu: ‘Conas a thabharfainn adhradh do Dhia?’, ‘Conas is féidir liom meas a bheith agam ar ainm Dé?’, agus ‘Conas is féidir liom lá Dé a choinneáil naofa?’
- Tabhair seasca soicind do na páistí le teacht suas leis an oiread freagraí agus is féidir leo ar a gceist. Iarr ar pháiste amháin na freagraí a chlárú.
- Tar éis seasca soicind, iarr orthu na píosaí páipéir a chur ar aghaidh i dtreo deiseal ionas go mbeidh ceist nua ag gach grúpa le bheith ag obair uirthi.
- Lean ort mar seo go dtí go líonfaidh gach grúpa na teimpléid go léir.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag gach grúpa, tabhair cuireadh do gach grúpa na trí nó ceithre freagra is tábhachtaí ar gach ceist a rangú. Tabhair deis chun na torthaí go léir a roinnt leis an rang.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá comhaontuithe tábhachtach. Comhaontú nó cúnant Dé lena mhuintir atá sna Deich nAitheanta. Cabhraíonn siad linn fás inár ngrá le Dia agus le daoine eile. Thug Dia na Deich nAitheanta do Mhaois agus do na hIosraeilítigh. Gheall clann Iosrael go ndéanfaidís gach rud a d'fhiafraigh Dia díobh. Tugadh na Deich nAitheanta dúinn freisin – is ionann iad agus ár gcúnant le Dia. Baineann na chéad trí cinn de na hAitheanta lenár gcaidreamh le Dia agus conas ba chóir dúinn grá agus meas a thaispeáint do Dhia.

## AG COMHRÁ

### AG COMHRÁ MAIDIR LEIS NA CHÉAD TRÍ CINN DE NA HAITHEANTA

Tosaigh trí mholtaí na bpáistí a thabhairt chun cuimhne faoi conas is féidir leo maireachtáil de réir gach ceann de na chéad trí Aitheanta.

Ansin léigh na cásanna seo a leanas do na páistí agus déan comhrá fúthu ag baint úsáid as na ceisteanna a chuirtear ar fáil nó ceisteanna cosúil leo.

**Cás 1**

Gabhann seanmháthair Phóil thar an séipéal gach lá nuair téann sí chun a páipéar a bhailiú. 'Buailim isteach i gcónaí chun "Dia duit" a rá le Dia,' a dúirt sí le Pól.

- Cén Aithne atá á coimeád ag maimeo Phóil anseo?
- Conas a déarfadh sí 'heileo' le Dia, dar leat, sa séipéal? An mbeadh sí in ann 'heileo' a rá le Dia áit ar bith eile? Cá háit?
- An mbuaileann tú isteach sa séipéal riamh? Cén fáth nó cén fáth nach mbuaileann tú? Ar mhaith leat buaileadh isteach? Cá háit eile a bhféadfá 'heileo' a rá le Dia?

**Cás 2**

Téann Amanda lena teaghlach gach Domhnach chun cuairt a thabhairt ar a daideo atá ina chónaí leis féin faoin tuath.

- Cén Aithne atá á coimeád ag teaghlach Amanda anseo?
- Cén fáth a roghnaíonn siad an Domhnach le cuairt a thabhairt ar dhaideo Amanda, meas tú?
- Cad iad na rudaí eile a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar an Domhnach a bheadh ag teacht leis an Tríú Aithne?
- An bhfuil duine ar bith i do theaghlach a d'fhéadfá roinnt ama a chaitheamh leo ar an Domhnach? Cé hiad?

**Cás 3**

Imríonn Séamas peil leis an gclub áitiúil. Bíonn cluiche i gcónaí ar siúl maidin Dé Domhnaigh toisc nach mbíonn aon scoil ag na páistí. Téann Séamas ar Aifreann i gcónaí lena theaghlach sula dtéann sé go dtí an club.

- Cén Aithne atá á coimeád ag Séamas agus a chlann anseo?
- Cad iad na rudaí speisialta a dhéanann tú le daoine eile ar an Domhnach?

**Cás 4**

Bhí na páistí ag imirt cluiche i gclós na scoile. Ní raibh ag éirí le foireann Shauna. Bhuail Marcas an liathróid go míchúramach agus ghlac an fhoireann eile seilbh ar an liathróid. Bhí fearg ar Shauna. Nuair a scairt sí go feargach ag Marcas, d'úsáid sí ainm Dé i mbealach dímheasúil.

- Cén Aithne a bhris Shauna anseo? Cén fáth go ndearna sí é sin?
- Cén fáth nach bhfuil sé go maith ainm Dé a úsáid i mbealach dímheasúil?
- Conas a mhothaíonn tú nuair a úsáideann daoine d'ainm i mbealach dímheasúil?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### SLABHRA AICME NA NONÓIRÍ

- Beidh stiallacha de pháipéar daite (mór go leor chun abairt a scríobh orthu) agus stáplóir ag teastáil le haghaidh an ghníomhaíocht seo.
- Tabhair ceann amháin de na stiallacha páipéir do gach páiste. Tabhair cuireadh dóibh scríobh ar a bpíosa páipéir bealach amháin ina léireoidh siad go dtugann siad onóir do Dhia.
- Ansin stáplaigh na stiallacha le chéile chun slabhra, ar a dtabharfar 'Slabhra Aicme na nONÓIRÍ', a dhéanamh.
- Taispeáin an 'Slabhra Ranga' sa spás urnaí nó in aice leis.



## PAIDIR

**Ullmhúchán:**

- *Roghnaigh triúr pháiste chun an chéad trí cinn de na hAitheanta a scríobh ar leathanach A4. Le linn an urnaí ardóidh siad na leathanaigh nuair is gá.*
- *Roghnaigh triúr léitheoir. Tá na sleachta ar fáil thíos.*
- *Bailígí timpeall an spáis urnaí.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Go raibh an Tiarna libh.
**Gach duine:** Agus le do spiorad.

**Múinteoir:** Bhí na hIosraeilítigh sásta a fháil amach cad a bhí ag teastáil ó Dhia uathu. D'fhreagair siad: "A bhfuil ráite ag an Tiarna, comhlíonfaimid." Le linn an urnaí seo déanfaimid iarracht éisteacht leis an méid atá Dia ag rá linn inniu. Is é an freagra atá againn inniu ná: 'Seo anseo mé, a Thiarna' (*le hordóga in airde*).
**Gach duine** (*le hordóga in airde*)**:** Seo anseo mé, a Thiarna.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an leathanach ar a bhfuil na focail seo a leanas scríofa, a ardú: 'Is mise an Tiarna do Dhia, ná tabhair déithe bréige i mo láthair.'*

**Léitheoir 1:** A Dhia, cuir do ghrásta chugainn chun cabhrú linn an chéad Aithne a choinneáil agus an chéad áit a thabhairt duitse inár saol. Cabhraigh linn cuimhneamh i gcónaí nach bhfuil aon rud eile chomh tábhachtach leatsa.
**Gach duine** (*le hordóga in airde*)**:** Seo anseo mé, a Thiarna.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an leathanach ar a bhfuil na focail seo a leanas scríofa, a ardú: 'Ná tabhair ainm an Tiarna do Dhia gan fáth.'*

**Léitheoir 2:** A Dhia, dúirt tú le Maois agus leis na daoine go léir urram a thabhairt dod' ainm. Is naofa an t-ainm atá agat. Cabhraigh linn do ainm a úsáid i gcónaí le meas agus le grá.
**Gach duine** (*le hordóga in airde*)**:** Seo anseo mé, a Thiarna.

*Tabhair cuireadh don pháiste leis an leathanach ar a bhfuil na focail seo a leanas scríofa, a ardú: 'Cuimhnigh lá na Sabóide a naomhú.'*

**Léitheoir 3:** A Dhia, chruthaigh tú an domhan i sé lá agus ghlac tú sos ar lá na Sabóide, rud a rinne naofa í. Cabhraigh linn an Domhnach a choimeád naofa i gcónaí.
**Gach duine** (*le hordóga in airde*)**:** Seo anseo mé, a Thiarna.

**Múinteoir:** A Dhia, gheall tú do Mhaois go mbeifeá i gcónaí leis. Tá a fhios againn go bhfuil tú linn freisin. Iarraimid ort do ghrásta a thabhairt dúinn chun cabhrú linn do thoil a dhéanamh i gcónaí.
**Gach duine** (*le hordóga in airde*)**:** Seo anseo mé, a Thiarna.

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, tugaimid glóir agus moladh duit. Go leanaimis dea-shampla Mhaois, a raibh muinín aige asat agus a bhí réidh an méid a d'iarr tú air a dhéanamh i gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Le chéile, is féidir linn aire a thabhairt don domhan

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Chruthaigh Dia an domhan agus na nithe beo go léir ann. Is bronntanais iontacha agus áille iad seo. Molaimid agus gabhaimid buíochas le Dia as a chruthaitheacht. D'aithin daoine i gcónaí gur ceart dúinn moladh agus buíochas a thabhairt le Dia as an gcruthú. Sin é an fáth go mbaineann go leor de na sailm a scríobh Rí Dáiví sa tSean-Tiomna le moladh a thabhairt do Dhia. Is féidir linn moladh agus buíochas a thabhairt do Dhia inniu trí na sailm a léamh agus a guí.

Glaonn Dia orainn a bheith inár maoir mhaithe ar an gcruthú. Chun é sin a dhéanamh ní mór dúinn aire a thabhairt do bhronntanais na cruthaitheachta a thug Dia dúinn. D'fhéadfadh sé seo a iarraidh orainn athruithe a dhéanamh ar an mbealach ina mairimid ar an domhan. Is féidir le clár na Scoileanna Glasa cabhrú linn é seo a dhéanamh.

Sa bhliain 2015 scríobh an Pápa Proinsias an t-imlitir *Laudato Si'*, inar labhair sé leis na daoine go léir ar domhan. Frása Iodáilise is ea na focail *Laudato Si'* a chiallaíonn 'Moladh Leat'. Seo iad na focail oscailte d'iomann a scríobh Naomh Proinsias Assisi. Roghnaigh an Pápa Proinsias ainm Naomh Proinsias Assisi mar a ainm nuair a ceapadh é ina Phápa. Is é fotheideal na litreach ná *Maidir le Cúram a Thabhairt dár mBaile Coiteann*. Agus an frása 'ár mBaile Coiteann' á úsáid, deir an Pápa Proinsias dúinn, cé gur áit chónaithe í an domhan do na daoine go léir, is áit chónaithe freisin í do na feithidí, na héisc, na hainmhithe agus na plandaí, chomh maith leo siúd go léir a thiocfaidh inár ndiaidh.

San imlitir *Laudato Si'* cáineann an Pápa Proinsias stíl mhaireachtála iad siúd, a chomhlíonann riachtanais nó mianta láithreacha ach a ndéanann neamhaird ar na héifeachtaí fadtréimhse ar an domhan. Cáineann an Pápa Proinsias 'díghrádú an chomhshaoil agus méid an téimh domhanda'. Mar thoradh ar an méid seo, iarrann sé ar mhuintir an domhain go léir 'gníomhú go tapa le chéile'.

Sa cheacht seo cuirimid na páistí i láthair le rogha véarsaí as Salm 148, le sliocht ó phaidir Naomh Proinsias Assisi, *Caintíc na nDúl Beo*, agus le cuid de na saincheisteanna a bhaineann leis an dtimpeallacht a thug an Pápa Proinsias aird orthu in *Laudato Si'*. Déanfaidh na páistí scrúdú freisin ar conas is féidir leo a bheith ina maoir ar chruthú Dé trí dhul i ngleic le hiarrachtaí comhshaoil a luaitear i gClár na Scoileanna Glasa.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Caintíc:** iomann
- **Comhshaol:** an timpeallacht ina chónaíonn duine, ainmhí nó planda.
- **Maor:** duine a thugann aire do rud nach leis é.
- **Aeráid:** Na coinníollacha aimsire i gceantar thar thréimhse fada.
- **Imlitir:** litir a scríobh an Pápa chuig na heaspaig san Eaglais Chaitliceach Rómhánach.
- ***Laudato Si'*:** frása Iodáilise a chiallaíonn 'Moladh Leat'; teideal litreach, a scríobh an Pápa Proinsias, chuig pobal an domhain is ea *Laudato Si'*.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Go leor píosaí móra páipéir le haghaidh colláis/póstaeir
- Leathanach A4 do gach péire páiste, agus sean irisí nó cártaí le léaráidí de ghnéithe den chruthú
- Léarscáil den Afraic a thaispeánann an Aetóip
- Cóipeanna de na teimpléid (thíos) don 'Cleachtadh Ciorclach'
- Cloch bheag do gach páiste
- Na ceithre shiombail seo: cruinneog, mír bailithe ar shiúlóid dúlra, bosca Trócaire, Bíobla, chomh maith le haon siombailí eile a chuireann cruthú Dé i gcuimhne na bpáistí

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN DOMHAN, AN BAILE A ROINNIMID LE CHÉILE

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoin dtimpeallacht ina gcónaíonn siad, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad é an timpeallacht?
- Cé a chruthaigh an timpeallacht?
- Cén fáth gur ceart dúinn aire a thabhairt don timpeallacht?

Ansin abair leis na páistí gur scríobh an Pápa Proinsias litir chuig muintir an domhain go léir, ar a dtugtar *Laudato Si'* (a chiallaíonn 'Moladh Leat'), ina bhfuil sé ag caint faoin gcaoi ar chóir dúinn aire a thabhairt don domhan ina mairimid agus ar a bhraithimid, mar a d'iarr Dia orainn a dhéanamh. Ina litir labhraíonn an Pápa faoi thruailliú, faoi dhiúscairt dramhaíola mhíchúramach, faoi athrú aeráide, faoin drochnós atá againn rudaí a chaitheamh amach nuair a bhímid críochnaithe leo agus faoi easpa uisce. Molann an Pápa dúinn go léir aire a thabhairt don domhan, a dtugann sé 'an baile a roinnimid le chéile' air.

Déan scrúdú breise ar seo trí cheisteanna a chur ar nós:

- Conas a chuidíonn úsáid níos lú uisce leis an timpeallacht/an domhan a chosaint?
- Conas a chuidíonn úsáid níos lú cumhachta leis an timpeallacht/an domhan a chosaint ?
- An nglacann do scoil páirt sa chlár Glas scoile? Conas a spreagann an clár Glas sinn chun aire a thabhairt don domhan agus don timpeallacht ina mairimid?
- An féidir leat smaoineamh ar aon bhealaí eile inar féidir linn 'an baile a roinnimid le chéile' a chosaint?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 46 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### SIÚLÓID DÚLRA

**Roimh na siúlóide:**

- Spreag na páistí le bheith feasach ar a gcuid céadfaí: radharc, tadhall, boladh agus éisteacht.

Cuir i gcuimhne dóibh go mbeidh siad ag baint úsáid as a gcéadfaí ar fad ar a siúlóid dúlra.

- Tabhair cuireadh do na páistí a rá cad a d'fhéadfaidís a mhothú ar a siúlóid.
- Mínigh dóibh gur féidir leo bualadh leis an dúlra gan cur isteach air.
- Sula dtosaíonn tú ar an tsiúlóid dúlra b'fhéidir gur mhaith leat samhlaíocht na bpáistí a mhúscailt trí úsáid a bhaint as an liodán seo a leanas. Tabhair cuireadh do na páistí gluaiseachtaí a dhéanamh lena gcoirp a léiríonn an míreanna ón dúlra atá liostaithe sa liodán.

**Múinteoir:** Báisteach bhog ...
**Gach duine:** Cuir áthas orainn.

**Múinteoir:** Dathanna an Domhain ...
**Gach duine:** Cuir áthas orainn.

**Múinteoir:** Ceol na n-éan...
**Gach duine:** Cuir áthas orainn.

**Múinteoir:** Buinneoga óga glasa...
**Gach duine:** Cuir áthas orainn.

**Múinteoir:** Bláthanna agus crainn...
**Gach duine:** Cuir áthas orainn.

**Múinteoir:** Ainmhithe ag féarach ...
**Gach duine:** Cuir áthas orainn.

**I rith na siúlóide:**

- Spreag na páistí le breathnú, mothú, boladh agus éisteacht le háilleacht chruthú Dé go léir timpeall orthu.
- Tabhair cuireadh dóibh samplaí de dhuilleoga, craobhóga, cleití, sliogáin uibheacha briste agus aon rud eile a dtagann siad orthu a bhailiú (ach gan cur isteach nó damáiste a dhéanamh do ghnáthóga nádúrtha, neadacha na n-éan, srl).
- B'fhéidir gur mhaith leo rudaí a chonaic/bholaigh/chuala siad a sceitseáil nó a liostú.

**I ndiaidh na siúlóide:**

- Iarr ar na páistí na rudaí a bhailigh siad, a líníochtaí, agus a scríbhinní a chur sa spás urnaí. Bainfear úsáid astu seo san urnaí ag deireadh na seachtaine.

Spreag na páistí le machnamh agus le labhairt faoin eispéireas a bhí acu ag baint úsáid as na

ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a chonaic, a chuala, a leag tú lámh ar nó a bholaigh tú? Cad a thaitin is mó leat?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An smaoiníonn sibh riamh ar cad as a dtagann na rudaí iontacha go léir sa dúlra, nó cén chaoi a bheadh ar ár ndomhan gan na rudaí sin? Déan iarracht é sin a shamhlú anois!
- An cuimhin libh scéal an chruthaithe ó Leabhar Geineasas? Sa scéal sin chualamar gur thug Dia 'cumhacht ar na héisc, ar na héin, agus ar na hainmhithe go léir' do dhaoine daonna. Agus an méid sin á dhéanamh ag Dia, bhí sé ag tabhairt freagrachta don duine, aire a thabhairt don domhan agus dá chréatúir go léir. An féidir libh cuimhneamh ar an bhfocal a úsáidimid chun a chur in iúl faoi conas a ghlaonn Dia orainn aire agus cúram a thabhairt don domhan agus a chréatúir? (maor)
- Cad is ciall le bheith i do mhaor maith ar an domhan, meas tú?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COLLÁIS NÓ PÓSTAER



- Tabhair cuireadh do na páistí colláis a dhéanamh ag baint úsáid as na míreanna a bhailigh siad ar a siúlóid. Iarr orthu teideal a roghnú dá gcolláis, cosúil le 'Bronntanais ón Dúlra'. Cuir an colláis ar taispeáint sa seomra ranga.

**Nó:**

- Iarr ar na páistí grúpaí de cheathrar a dhéanamh. Dáil píosaí móra páipéir do gach grúpa. Tabhair ceann de na hábhair seo a leanas do gach grúpa: 'Aer', 'Uisce' nó 'Talamh' agus iarr ar na páistí póstaer a dhéanamh a spreagfadh daoine chun aire a thabhairt don chuid sin de chruthú Dé. Cuir na póstaeir ar taispeáint sa seomra ranga.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS NA SAILM

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Chomh maith len iad a ghuí ag an Aifreann, déantar na sailm a ghuí i bPaidir na hEaglaise freisin. I bPaidir na hEaglaise guíonn daoine ar maidin agus sa tráthnóna. Sna paidreacha seo bíonn iomainn, sailm, sleachta as an Scrioptúr, caintící ó na Soiscéil, achainíocha agus an *Phaidir*.

Cuimhnigh leis na páistí an méid a d'fhoghlaim siad faoi na sailm, ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An cuimhin libh cá bhfuil na sailm le fáil?
- Cé a scríobh go leor de na sailm?
- An cuimhin libh ainm aon sailm?
- Cathain a dhéanaimid na sailm a ghuí sa lá atá inniu ann? (ag an Aifreann)

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** I bPaidir na hEaglaise nuair a dhéantar na sailm a rá, is gnách an *Glóir don Athair* a ghuí ag deireadh gach salm.

## SALM 148

Ceann de na sailm a scríobh Dáiví le moladh a thabhairt do Dhia is ea Salm 148. Is féidir linn na focail céanna a úsáid inniu chun moladh a thabhairt do Dhia. Sa salm seo iarrann Dáiví ar an gcruthú ar fad – agus ní ar dhaoine amháin – chun Dia a mholadh.

**Salm 148: Ag Glaoch ar an gCruinne Moladh a Thabhairt do Dhia**
Molaigí an Tiarna!
Molaigí an Tiarna ó na flaithis …
Molaigí é, a aingle Dé …
Molaigí é, a ghrian is a ghealach;
molaigí é, a réaltaí lonracha …
Molaidís ainm an Tiarna!
Le hordú uaidh a cruthaíodh iad …
Molaigí an Tiarna ón talamh …
Molaigí é, a shléibhte agus a chnoca uile,
a chranna toraidh agus a chéadrasa!
A ainmhithe allta agus clóis,
a phéisteanna agus a éanlaith an aeir!
A ríthe agus a náisiúna na cruinne,
a fhlatha an domhain is a bhreithiúna!
A ógánacha agus a chailíní,
a sheanóirí agus a leanaí le chéile,
molaigí ainm an Tiarna!

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 47 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Tabharfaimis moladh do Dhia anois, mar a rinne Dáiví, i bhfocail Salm 148.
**Gach duine:** (*Guigh focail Salm 148 ón gclár bán nó ó Leabhar na bPáistí lch. 47*)

*I ndiaidh an sailm, cabhraigh leis na páistí machnamh a dhéanamh ar an méid atá sa salm trí cheisteanna a chur ar nós:*
Ar tugadh moladh duit riamh? Cén chaoi ar bhraith tú ina dhiaidh?
Ar mhol tú aon duine riamh? Cén fáth go ndearna tú sin?
Ar mhol tú Dia riamh? Cad as ar mhol tú é?
Cad a thaitin leat sa salm a ghuíomar inniu?

**Múinteoir:** Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh.
**Gach duine:** Mar a bhí ó thús, mar atá anois, mar a bheas go brách, le saol na saol. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## TABHAIR CHUN CUIMHNE

Cuimhnigh ar áilleacht chruthú Dé, ar an méid a chonaic na páistí, na nithe a leag siad lámh orthu, a bholaigh siad agus chuala siad ar a siúlóid dúlra agus an méid a bhailigh siad agus a chuir siad ar taispeáint ón dtimpeallacht. Cuir i gcuimhne dóibh nuair a thugann daoine cúram maith don chomhshaol agus do nádúir an domhain thart timpeall orthu, gur maoir maithe iad, mar a ghlaoigh Dia orthu a bheith.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE NAOMH PROINSIAS ASSISI

Bhí grá ag Naomh Proinsias Assisi do Dhia agus do gach a raibh cruthaithe aige. Phléasc sé ag canadh nuair a smaoinigh sé faoi agus nuair a bhreathnaigh sé ar iontais an chruthaithe. Labhair sé faoin ngrian, faoin ngealach, faoi na hainmhithe agus faoi na plandaí go léir, go fiú an ghaoth, an t-aer agus an t-uisce, mar a dheartháireacha agus a dheirfiúracha. Éistimis anois le sliocht as paidir a scríobh Naomh Proinsias dar teideal *Caintíc na nDúl Beo*. Chuir an Pápa Proinsias an phaidir seo san áireamh ina litir faoi aire a thabhairt don domhan, *Laudato Si'*.

Moladh leat, a Thiarna liom, mar aon le gach ar chruthaigh tú,
Go háirithe a Shoilse, an Bráthair Grian,
Óir is é an lá é, agus is tríd a shoilsíonn tú sinn.
Agus é sciamhach agus lonrach le niamhracht mhór,
Go mbeireann sé chugainn, a Ró-Ard, do shamhailse.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón tSiúr Ré is na réaltaí;
Thuas sa spéir a chum tú iad go gléineach, seodmhar, spéiriúil.

Moladh leat, a Thiarna liom, ónár mBráithre, an Ghaoth agus an tAer,
Ó dhoineann is ó shoineann is ó gach síon,
Ós tríothusan a chothaíonn tú gach créatúr dár chruthaigh Tú.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón tSiúr Uisce,
Atá fíorfhóinteach is uiríseal, fíorluachmhar agus glan.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón mBráthair Tine,
Ós trína bhíthin a shoilsíonn tú an oíche,
Agus é chomh hálainn, chomh spleodrach, chomh bríomhar is groí.

Tar éis duit an phaidir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, meas tú, gur labhair Naomh Proinsias Assisi faoin ngrian, faoin ngealach, faoi na réaltaí, uisce, tine, aer agus talamh mar a dheartháireacha agus a dheirfiúracha? Cad a cheapann tú a raibh sé ag iarraidh a chur in iúl dúinn trí sin a dhéanamh?
- Cad é mar a bhí Naomh Proinsias, i do bharúil, ag freagairt glao Dé chun aire a thabhairt don domhan agus dá chréatúir go léir?
- Cén líne den phaidir is fearr leat, agus cén fáth?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### SALM MOLTA AGAM

- Tabhair bileog bhán de pháipéar A4 do gach péire pháiste agus tabhair cuireadh dóibh a salm féin a scríobh agus a mhaisiú ag tabhairt moladh do Dhia.
- Má bhailigh tú irisí ina bhfuil íomhánna ón dúlra, b'fhéidir go dtabharfá cead do na páistí cuid de na pictiúir a úsáid chun a gcuid sailm a mhaisiú.
- Cuir sailm na bpáistí ar taispeáint timpeall an tseomra ranga.

## SCÉAL

Taispeáin léarscáil den Afraic do na páistí agus aimsigh an Aetóip. Ansin léigh scéal Mahlet agus a teaghlach, a chónaíonn san Aetóip.

**Dóchas ag Mahlet agus a Teaghlach**

Tá Mahlet trí bhliain déag d'aois. Cónaíonn sí lena teaghlach i sráidbhaile beag i dTuaisceart na hAetóipe. Shewit is ainm do dheirfiúr Mahlet agus Samúéil is ainm dá deartháir. Is maith le Mahlet dul ar scoil agus is maith léi a bheith ag léamh. Cuidíonn sí lena hathair ar a bhfeirm bheag. Cuireann a teaghlach prátaí, trátaí, sorgam (cineál féir a tháirgeann gráin) agus arbhar Indiach ag fás. Itheann siad cuid de na barraí seo ach díolann siad cuid acu freisin ag an margadh áitiúil chun airgead a thuilleamh. Úsáidtear an t-airgead seo chun síolta a cheannach don chéad séasúr eile, chun leabhair scoile agus rudaí eile a cheannach don teaghlach.

Braitheann teaghlach Mahlet ar an mbáisteach chun a gcuid barraí a chur ag fás. Nuair a bhí athair Mahlet óg bhí go leor báisteach ann, ach anois, mar thoradh ar athrú aeráide, ní thagann an bháisteach chomh minic sin agus mar sin tá sé ag éirí níos deacra barraí a chur ag fás. Bíonn ar Mahlet agus ar a teaghlach siúl i bhfad leis na hainmhithe d'fhonn go leor féar a fháil dóibh. Tá an ithir tirim agus deannachúil agus mar sin tá sé deacair bia a fhás inti. Tá go leor teaghlach eile san Aetóip ag fulaingt díreach mar atá teaghlach Mahlet.

Mar sin féin, tá dóchas ann! Tá Trócaire, le cabhair ó eagraíochtaí carthanúla eile, ag tacú le pobal Mahlet chun córas uisciúcháin a thógáil ionas go mbeidh go leor uisce acu chun a gcuid barraí a fhás. Déanfaidh an córas seo báisteach sna sléibhte a bhailiú agus beidh na daoine in ann é a iompar go dtí an sráidbhaile. Cabhróidh sé seo go mór le muintir an tsráidbhaile. Beidh na páirceanna glas arís, fásfaidh plandaí, agus beidh go leor uisce araon ag ainmhithe agus ag daoine agus beidh siad go léir sláintiúil.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad is maith le Mahlet a dhéanamh nuair a bhíonn sí ar scoil?
- Conas a chuidíonn Mahlet lena hathair nuair a thagann sí abhaile ón scoil?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén tionchar atá ag athrú aeráide ar theaghlach Mahlet?
- Cad a d'fhéadfadh CJ an Bheach a rá faoi Mahlet? An gceapann tú go n-úsáidfeadh Mahlet agus a clann agus a pobal a lán fuinnimh trí fhóin phóca, leictreachas, ríomhairí, srl?
- Conas is féidir linn in Éirinn tacú le hobair Trócaire, agus sa tslí sin freagairt le glaoch Dé a bheith inár maoir ar an domhan.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 47 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Cuimhnigh go bhfuil Dia, an Cruthaitheoir a chruthaigh ár ndomhan iontach agus gach rud ann, i láthair leat anois ... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil leis as bronntanas speisialta amháin sa domhan nádúrtha ... B'fhéidir gur crann ar leith atá i gceist ... nó ainmhí ... nó bláth ... nó iasc ... aithneoidh Dia é toisc gur chruthaigh sé é ... chruthaigh Dia tusa freisin ... Bain taitneamh as an nóiméad seo ag gabháil buíochas le Dia ... Samhlaigh cé chomh sásta is a bhíonn Dia nuair a thugann tú aire dá chruthú ... Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT

### ATHÚSÁID AGUS ATHCHÚRSÁIL

- Tabhair cuireadh do gach páiste smaoineamh ar chúig bhealach ina d'fhéadfaidís míreanna ón mbosca athchúrsála a athúsáid seachas iad a chur amú – agus sa tslí sin cabhrú le cosaint na timpeallachta. Iarr orthu na míreanna a liostáil agus a gcuid moltaí maidir le conas is féidir iad a athúsáid.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid smaointe a roinnt leis an rang – agus lena dteaghlaigh nuair a théann siad abhaile.

## GNÍOMHAÍOCHT

### GNÍOMHAÍOCHT CHIORCLACH

- Beidh fótachóip de gach ceann de na teimpléid thíos ag teastáil don ghníomhaíocht seo.
- Roinn an rang i dtrí ghrúpa agus tabhair ceann amháin de na teimpléid do gach grúpa.
- Tá ceann de na ceisteanna seo a leanas scríofa ar gach teimpléad: Cén fáth ar chóir dúinn breathnú ar an domhan mar ár mbaile coiteann? Cad iad na bealaí maireachtála a dhéanann dochar don timpeallacht? Cad is féidir linn a dhéanamh chun an domhan a chosaint dóibh siúd a bheidh ag teacht inár ndiaidh?
- Tabhair seasca soicind do na páistí leis an oiread freagraí agus is féidir leo ar a gceist, a chur le chéile. Coimeádfaidh páiste amháin cuntas ar na freagraí.
- Tar éis seasca soicind, iarr orthu an píosaí páipéir a chur ar aghaidh i dtreo deiseal ionas go mbeidh ceist nua ag gach grúpa le bheith ag obair uirthi.
- Lean ort mar sin go dtí go mbeidh na ceisteanna go léir freagartha ag gach grúpa.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag gach grúpa, tabhair cuireadh dóibh tábhacht na bhfreagraí a chur in ord.
- Tabhair deis do na páistí a gcuid torthaí a chur i láthair an ranga.

## DÁN

Cuir an dán seo a leanas i láthair na bpáistí.

**Cúram an Domhain**
Thug Dia dúinn an Domhan
Ní le cur faoinár smacht;
Ní bronntanas é i gceart,
Ach tugtha dúinn ar iasacht.
Chun é a choimeád go sábháilte,
Is na foraoisí i gcónaí glas;
An t-uisce soiléir le hól;
Is an t-aer úr, nach deas an blas.
É 'bheith sábháilte do na créatúir
A chónaíonn linne ann;
Ainmhithe na páirce
Is na héin i measc na gcrann.
É 'bheith sábháilte do na páistí
Ag súgradh i rith an lae
Ag snámh i rith an tsamhraidh
Is ag baint taitneamh as an ngaoth.
Thug Dia dúinn an Domhan
Ina mairimid go léir;
Ní linne é le coinneáil,
Ach le gach neach faoin spéir.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 48 dá leabhar.**

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Scríobhadh go leor de na sailm chun moladh a thabhairt do Dhia as an méid a chruthaigh sé, mar shampla Salm 148. Scríobh Naomh Proinsias an phaidir *Caintíc na nDúl Beo* chun moladh a thabhairt do Dhia as a chruthú.

Uaireanta ní thugann daoine aire don domhan mórthimpeall orthu. Ceann de na fadhbanna is tromchúisí atá ag ár bplainéad, sa lá atá inniu ann, ná an t-athrú aeráide, agus bíonn tionchar an-dochar aige seo ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i dtíortha bochta. Ár mí-úsáid de na hacmhainní ar domhan is cúis le hathrú aeráide.

Eagraíocht de chuid na hEaglaise Caitlicí is ea Trócaire, atá mar aidhm aige feabhas a chur ar shaolta na ndaoine i tíortha forbartha. Scríobh an Pápa Proinsias imlitir ag glaoch ar mhuintir an domhain go léir aire a thabhairt don domhan, a dtugann sé 'ár mbaile coiteann' air. Tugann ár rannpháirtíocht sna Scoileanna Glasa deis dúinn obair le chéile mar mhaoir maithe ar chruthú Dé.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### TUGAIMIS MOLADH!

- Tabhair cloch do gach páiste, beag go leor le cur i mbos na láimhe.
- Tabhair cuireadh dóibh Salm 148 a léamh agus an véarsa is fearr leo chun Dia a mholadh as a chruthú, a roghnú.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh an véarsa (nó cuid de) a scríobh ar an gcloch agus í a mhaisiú.
- Is féidir leis na páistí an chloch a thabhairt abhaile leo nó í a chur sa spás urnaí sa seomra ranga.

## PAIDIR

**Ullmhúchán:**

- *Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na sleachta ar fáil thíos.*
- *Roghnaigh ceathrar páiste chun na siombailí seo a leanas a ardú nuair is gá: cruinneog; rud a bailíodh ar shiúlóid dúlra; bosca Trócaire; an Bíobla Naofa.*
- *Cuir siombailí eile sa spás urnaí a thugann cruthú Dé chun chuimhne, m.sh. duilleoga agus craobhóga; na sailm a scríobh na páistí; clocha leis na véarsaí ó Salm 148 a thaitin leis na páistí.*
- *Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Bailímid le chéile inniu le moladh a thabhairt do Dhia as na bronntanais iontacha uile atá againn sa chruthú. Is é an freagra atá ar na sleachta inniu ná: *Tabharfaimid buíochas duit ó chroí, a Thiarna Dia!*

**Dalta 1:** *Ardaíonn sé/sí an chruinneog*

**Léitheoir 1:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as an domhan a chruthaigh tú agus as na daoine, plandaí agus ainmhithe atá ann. Thug tú an cruthú ar fad dúinn toisc go bhfuil grá agat dúinn. Ba mhaith leat go dtabharfaimis aire don chruthú a thug tú dúinn.
**Gach duine:** Tabharfaimid buíochas duit ó chroí, a Thiarna Dia!

**Dalta 2:** *Ardaíonn sé/sí ceann de na nithe a bailíodh ar an tsiúlóid dúlra*

**Léitheoir 2:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as an domhan nádúrtha morthimpeall orainn agus as gach rud a bhraithimid lenár gcéadfaí - súile, cluasa, teanga, srón, agus lámha.
**Gach duine:** Tabharfaimid buíochas duit ó chroí, a Thiarna Dia!

**Dalta 3:** *Ardaíonn sé/sí an bosca Trócaire in airde*

**Léitheoir 3:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as Trócaire agus as gach duine a oibríonn chun cabhrú le daoine a mhaireann i gcoinníollacha níos boichte ná sinne. Cabhraigh linn aire a thabhairt don timpeallacht agus an méid atá againn a roinnt, go háirithe leo siúd atá ar an ngann chuid.
**Gach duine:** Tabharfaimid buíochas duit ó chroí, a Thiarna Dia!

**Dalta 4:** *Ardaíonn sé/sí an Bíobla Naofa in airde*

**Léitheoir 4:** Go raibh maith agat, a Dhia, as do Bhriathar a thabhairt dúinn sa Bhíobla, go háirithe sna Deich nAitheanta, a thugann treoir dúinn maireachtáil mar is mian leat. Tugaimid urraim dod' ainm nuair a úsáidimid é agus sinn ag guí. Taispeáinimid ár ngrá duit ar bhealach speisialta ar an Domhnach nuair a théimid chuig an Aifreann agus nuair a thugaimid aire do gach rud a thug tú dúinn. Tugaimid adhradh duit nuair a ghuímid na sailm agus molaimid thú as bronntanais an chruthaithe.

**Múinteoir:** Críochnóimid ár n-urnaí trí mholadh a thabhairt do Dhia as neamh agus talamh, atá lán dá ghlóir. Déanfaimid é seo trí na focail ón Aifreann a úsáid.

**Gach duine:** Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, iarraimid ort éist lenár n-urnaí inniu. Molaimid thú as do mhaitheas agus as do ghrá agus as iontais an chruithithe. Iarraimid ort do ghrásta a thabhairt dúinn i gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Ag freagairt ghlaoch Dé

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Bhí Dia i láthair i gcónaí i saol daoine. Nuair a thugann Dia cuireadh do dhuine tasc áirithe a dhéanamh, cuidíonn sé leo. Sa téama seo chuala na páistí faoin ghlao a thug Dia do Mhaois, faoi mar a rinne Dia cúnant lena mhuintir trí Mhaois, agus faoi conas a d'fhreagair Maois agus na daoine.

Freagraíonn daoine le glaoch Dé in go leor bealaí. Sa cheacht roimhe seo chuala na páistí faoi Mahlet agus teaghlaigh eile a bhfuil tionchar ag athrú aeráide ar a saoil. Freagraíonn baill de heagraíochtaí ar nós Trócaire agus Cumann na Leanaí Misinéireachta glaoch Dé trí obair chun cabhrú le daoine den tsórt sin. Freagraimid glaoch Dé freisin nuair a chabhraímid leo siúd atá i ngátar in aice linn, nuair a chabhraímid le carthanachtaí cosúil le Trócaire, nó nuair a dhéanaimid beart chun aire a thabhairt don timpeallacht.

Le linn *I nGrá Dé* roimhe seo (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4) d'fhoghlaim na páistí faoi dhaoine le creideamh a chuala agus a d'fhreagair glao Dé i mbealaí éagsúla. An tseachtain seo cloisfidh na páistí faoi níos mó daoine a chuaigh i mbun misean ag obair chun sochaí chóir Chríostaí a thógáil. Cuirfimid i gcuimhne dóibh go bhfuil Dia ag glaoch orthu, freisin, chun dul i mbun an misean céanna laistigh de chúinsí a saoil féin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Críostaí:** duine a leanann Críost.
- **Misinéir:** duine a théann, in ainm Íosa, chun an Dea-Scéala a roinnt.
- **Misean na hEaglaise:** leanúint ar aghaidh le hobair Íosa, a rinne sé nuair a bhí sé ar domhan – Dea-Scéala ghrá Dé a roinnt le daoine.
- **Deoise:** Ceantar geografach de phobail áitiúla (paróistí) faoi aire easpaig.
- **Ard-Deoise:** Ceantar faoi cheannas ardeaspaig.
- **Ardeaglais:** an príomhshéipéal in ard-deoise nó deoise.
- **Na Náisiúin Aontaithe:** eagraíocht idirnáisiúnta a bunaíodh in 1945 chun síocháin, slándáil agus forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn.
- **Mairtíreach:** duine a fhaigheann bás ar son an chreidimh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach A4 do gach páiste agus bileog mhór do gach grúpa
- Leathanach A4 do gach páiste arís
- Luaschártaí

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LENÁR NDOMHAN

Déan comhrá leis na páistí faoi conas, in áiteanna áirithe ar fud an domhain inniu, tá go leor daoine ina gcónaí go síochánta, tá dóthain bia le n-ithe agus uisce glan le n-ól acu, agus ag an am céanna maireann daoine eile i ndálaí bochta nó uafásacha, gan na bunriachtanais is gá chun gnáthshaol a chaitheamh acu, agus go minic bíonn siad faoi smacht ag cogadh agus foréigean.

Cuir i gcuimhne na bpáistí go raibh sé beartaithe ag Dia go mbeadh an domhan ina áit ina bhféadfadh gach duine maireachtáil le chéile go síochánta, áit ina dhéileálfadh daoine lena chéile ar bhealach atá cóir agus cothrom, go roinnfidís a gcuid bronntanais agus earraí go grámhar lena chéile faoi mar a dhéanann Dia linn. Ach ní mar sin atá an domhan do go leor daoine.

Iarrann Dia orainn i gcónaí cabhrú le daoine a chónaíonn ar an ngannchuid. Úsáideann go leor daoine a gcuid bronntanais agus buanna chun cabhrú le daoine eile agus sa tslí sin feabhas a chur ar an domhan.

- An bhfuil rud ar bith ar mhaith leat a athrú ar domhan?
- An cuimhin leat scéal Mahlet agus a teaghlach? Cad atá éagórach faoi na coinníollacha ina maireann siad?
- Cad is féidir le daoine cosúil linne a dhéanamh chun cabhrú leo?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 49 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### ÁR NDOMHAN I bPICTIÚIR

- Tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí beaga. Tabhair bileog mhór de pháipéar bán do gach grúpa agus tabhair leathanach A4 do gach páiste.
- Is é tasc na bpáistí ná léiriú a dhéanamh den domhan mar a fheiceann siad é.
- Tabhair cuireadh do gach páiste clárú a dhéanamh ar a mbileog A4 féin de íomhá amháin nó níos mó, den chaoi ina fheiceann siad an domhan, agus ansin an íomhá/íomhánna a ghearradh amach.
- Ansin tabhair cuireadh do na páistí a gcuid íomhánna a ghreamú ar an mbileog mhór - b'fhéidir laistigh de chiorcal mór a léireoidh an chruinneog.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid 'Ár nDomhan i bPictiúir' a chur sa spás urnaí nó in aice leis.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Guímis inniu ar son pháistí uile an domhain, páistí na scoile seo ina measc. Tá grá ag Dia do gach páiste agus is mian leis a ghrá agus a chairdeas a roinnt leo. Ba mhaith leis go mbeadh gach páiste in ann maireachtáil go síochánta, ag baint taitneamh as bronntanais a chruthú, agus ag baint úsáid as a gcuid bronntanais agus a gcumais féin chun cuidiú le daoine eile agus an domhan a fhorbairt. Guímis *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* le chéile anois.

**Gach duine:**

**Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta**

Mise ag Íosa
Is Íosa agamsa
'S amhlaidh do leanaí an domhain
Eisean
Ár múineadh is ár
Neartú chun guí agus roinnt
ár gcuid lena chéile
go sroichfimid an bheatha shíoraí.
Áiméan.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, guímid gur féidir linn ár ngrá agus ár gcairdeas a roinnt le daoine eile, mar a d'iarr tú orainn - sa bhaile, sa scoil, inár gcomharsanachtaí agus sa domhan mór. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. **Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GLAOCH DÉ A FHREAGAIRT

Spreag na páistí le cuimhneamh ar na daoine, a d'fhoghlaim siad futhu, a d'fhreagair glaoch Dé. Tabhair cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi na daoine sin trí na ceisteanna seo, nó ceisteanna cosúil leo, a chur orthu:

- An cuimhin libh mar a ghlaoigh Dia ar Mhaois agus an méid ar theastaigh uaidh go ndéanfadh sé? Conas a d'fhreagair Maois?
- An cuimhin libh an misean a thug Dia d'Íosa? Cad iad na bealaí inar lean Íosa an misean sin?
- An cuimhin libh aon daoine eile sa Bhíobla ar thug Dia misean dóibh?
- Cad is cuimhin libh faoi Helen Keller, a d'fhreagair glaoch Dé trína dícheall a dhéanamh ceartas a bhaint amach do dhaoine eile?

## SCÉAL

B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do na páistí an méid is cuimhin leo a fhoghlaim faoi Naomh Uinseann de Pól sa cheacht séasúrach 'Ceiliúradh na Naomh' sa chlár do Rang a Dó/B4, sula léann tú an cuntas seo ar a shaol.

### D'fhreagair Naomh Uinseann de Pól glaoch Dé

Rugadh Naomh Uinseann de Pól (1581-1660) sa Fhrainc. Bhí sé oirnithe ina shagart nuair a bhí sé fiche bliain d'aois, agus ón am sin chaith sé go leor ama ag obair i bparóistí saibhre in aice le bPáras. Agus é ag tabhairt cuairt ar mhuintir na bparóistí tháinig sé ar a lán daoine a bhí ina gcónaí i mbochtaineacht. Tháinig sé ar an dtuiscint go raibh sé tábhachtach oideachas a thabhairt dóibh siúd a bhí saibhir sa chreidimh, ionas go n-aithneofaidís glaoch Dé orthu chun cabhrú le daoine eile, ach go háirithe leo siúd a bhí i ngátar.

Thosaigh Uinseann ag eagrú grúpaí daoine i ngach paróiste, a thug sé cuairt orthu, chun cabhair a sholáthar dóibh siúd a bhí i ngátar. Bhí cabhair ag teastáil ó na fir agus ó na mná, ar theastaigh uathu an obair seo a dhéanamh, chun go mbeidís in ann cabhrú leo siúd a bhí breoite agus bocht. Thug Uinseann cuireadh dóibh siúd sa pharóiste a bhí saibhir airgead a sholáthar. Cheap sé bean - Louise de Marillac - mar bhainisteoir iomlán ar an obair (tionscadal) seo. Sa bhliain 1625 bhunaigh Uinseann grúpa sagart, a dtugtar na hUinseannaigh orthu, a raibh mar mhisean acu Dea-Scéala an tSoiscéil a roinnt leo siúd a bhí saibhir agus bocht araon, chomh maith le níos mó sagart a oiliúint.

Ón dtionscadal a bhunaigh Louise de Marillac, d'fhás Iníonacha na Carthanachta sa bhliain 1633, agus i láthair na huaire is é an comhthionól Caitliceach de Shiúracha is mó ar domhan. Bhunaigh Uinseann 'Mná na Carthanachta' freisin - eagraíocht a chuir ar chumas mná saibhre tacú le hobair na Siúracha.

Ansin, sa bhliain 1883, spreag obair Uinsinn mac léinn óg darb ainm Frédéric Ozanam agus seisear fear óg eile, teacht le chéile agus b'é seo an chéad chruinniú de Chumann Naomh Uinseann de Pól. An misean a tugadh dóibh ná cuairt a thabhairt orthu siúd a bhí breoite nó a raibh cónaí orthu i ndrochchoinníollacha agus aire a thabhairt dóibh. Sa lá atá inniu ann, oibríonn na mílte oibrithe deonacha do Chumann Naomh Uinseann de Pól i dtíortha ar fud an domhain, lena n-áirítear Éire, ag leanúint leis an dtraidisiún a thosaigh Frédéric Ozanam agus a chompánaigh.

Tar éis duit an scéal a léamh, spreag na páistí machnamh a dhéanamh agus a gcuid freagraí a roinnt ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Tabhair chun cuimhne cuid de na bealaí inar fhreagair Naomh Uinseann de Pól glaoch Dé?
- D'fhás Cumann Naomh Uinseann de Pól as iarrachtaí grúpa beag mac léinn. Cad an insíonn sé seo duit faoin tionchar agus an chumhacht gur féidir le grúpa beag daoine a bheith acu le feabhas a chur ar an domhan? Conas a spreagann sé seo tusa?

## SCÉAL

Léigh an scéal seo faoi Jean Donovan do na páistí.

**D'fhreagair Jean Donovan glaoch Dé**

Rugadh Jean Donovan (1953-80) i gConnecticut sna Stáit Aontaithe. Nuair a bhí sí fiche bliain d'aois tháinig sí go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh ar feadh bliana i gCorcaigh. Is anseo a bhuail sí leis an sagart Mícheál Ó Crualaoich, a thug cuireadh do Jean agus a cairde freastal ar chruinniú seachtainiúil mac léinn de Léigiún Mhuire, eagraíocht Chaitliceach. Ag gach cruinniú, spreag an Sagart Mícheál na mic léinn, guí ar son agus cabhrú leo siúd a bhí i ngátar. Bhí an sagart é féin tar éis filleadh ó Pheiriú, tír i Meiriceá Theas, áit a d'oibrigh sé mar mhisinéir. D'inis sé leis na mic léinn faoi na daoine i bPeiriú agus mar a d'fhulaing siad mar thoradh ar chogadh agus bochtaineacht, agus chuir sé i gcuimhne dóibh a ndualgas Críostaí, iarracht a dhéanamh nithe a fheabhsú ar domhan.

Thosaigh Jean ag tabhairt cuairt ar dhaoine aosta, orthu siúd a bhí breoite nó faoi mhíchumas intleachta, agus go luath bhí sí cairdiúil leo. Níos déanaí, d'fhill Jean go Meiriceá chun leanúint ar aghaidh lena staidéir. Bhí saol maith agus post maith aici, ach bhraith sí go raibh Dia ag glaoch uirthi rud éigin eile a dhéanamh lena saol. Ina dhiaidh sin dheonaigh sí oibriú le leanaí a bhí ina gcónaí i mbochtaineacht. Thosaigh sí ag léamh agus ag labhairt faoi na Soiscéil.

Lá amháin chonaic Jean bileog ar an gclár fógraí ina séipéal áitiúil a rinne cur síos ar chlár misinéireachta in El Salvador, i Meiriceá Láir, a raibh áit aige le hoibrithe tuatacha cabhrú le daoine a bhí ar an ngann chuid. Bheartaigh Jean láithreach gur theastaigh uaithi páirt a ghlacadh san obair sin.

Nuair a shroich Jean El Salvador, fuair sí amach go raibh sé ar cheann de na háiteanna is boichte ar domhan. Bhí leath den daonra dífhostaithe, agus bhí beagnach gach teaghlach tuaithe ina gcónaí i mbotháin, gan leictreachas, gan pluiméireacht agus gan teas. Ba le cúpla duine an talamh ar fad. Chomh maith leis sin, bhí foréigean agus éagóir pholaitiúil i ngach áit.

Chuidigh Jean i mbealaí éagsúla, lena n-áirítear a scileanna cuntasaíochta a úsáid chun cabhrú leis na buiséid, ag teagasc agus ag súgradh leis na páistí. Chomh maith leis sin, d'aontaigh Jean le daoine eile, cosúil le Oscar Romero, Ardeaspag El Salvador, i bhfeachtas le haghaidh ceartais na ndaoine, chun deireadh a chur le foréigean agus le cearta bunúsacha an duine a bhaint amach. Bhí tuiscint láidir ag Jean gur iarr Dia uirthi dul ann agus bheartaigh sí freagra a thabhairt ar ghlaoch Dé, beart a dhéanamh.

Tar éis duit an scéal a léamh, spreag na páistí machnamh a dhéanamh agus a gcuid freagraí a roinnt ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a spreag Jean chun dul ag obair mar misinéir in El Salvador?
- Cad iad na scileanna agus na buanna a d'úsáid Jean chun an obair seo a dhéanamh?
- Ar mhothaigh tú an glaoch riamh chun cabhrú le daoine eile? Cathain? Conas a d'fhreagair tú?
- Cad iad na scileanna agus na buanna atá agat a d'fhéadfá a úsáid chun cabhrú le daoine eile?
- An féidir leat smaoineamh, agus a roinnt leis an rang, aon bhealach ina bhféadfá ceann amháin nó níos mó de na scileanna agus na buanna atá agat a úsáid, chun cabhrú le duine éigin an tseachtain seo?

## SCÉAL

Léigh scéal Ruby Bridges do na páistí.

**D'fhreagair Ruby Bridges glaoch Dé**

Rugadh Ruby Bridges ar an 8ú Meán Fómhair 1954 i Mississippi, SAM. Tá sí cáiliúil as rud éigin a dhéanann go leor daoine go minic faoi láthair. Chuaigh sí ar scoil. Bhí cuid thábhachtach ag an ngníomh simplí seo sa Ghluaiseacht um Chearta Sibhialta sna Stáit Aontaithe, rud a chabhraigh chun cearta daonna a fheabhsú do dhaoine gorma sa tír sin. Ag an am sin, ní raibh go leor de chearta daonna ag daoine gorma, cosúil le Ruby. Bhí scairdeáin ólacháin faoi leith ag daoine gorma agus ag daoine geala, bhí orthu suí i suíocháin faoi leith ar bhusanna, agus bhí a gcuid scoileanna ar leith acu, ar a dtugtaí scoileanna leithscartha orthu. Agus í ina leanbh óg, chuaigh Ruby chuig naíonra a bhí le haghaidh leanaí gorma amháin.

I 1960 cuireadh iallach ar scoileanna i New Orleans glacadh le leanaí gorma agus geala araon. Ghlach Ruby, chomh maith le leanaí gorma eile ina scoil, scrúdú, féachaint cé acu a rachadh go scoil imeasctha i mí Mheán Fómhair. D'éirigh le Ruby sa scrúdú. Ach níor theastaigh óna hathair go rachadh sí chuig an scoil. Chreid sé nach dtiocfadh athrú ar chúrsaí riamh, nach gcaithfí go cothrom le daoine gorma agus le daoine geala riamh. Bhí a mhalairt de dhearca ag máthair Ruby. Mar bhean ghorm, bhí a fhios aici go gcaithtí go héagórach le mná gorma, d'oibrigh siad go crua agus ní bhfuair siad luach a saothar, ach bhí muinín aici i ngrá agus i gcúram Dé agus bhí a fhios aici go mbeadh Dia in éineacht le Ruby. Chuir sí ina luí ar athair Ruby, ligean do Ruby, dul chuig an scoil imeasctha.

Chláraigh máthair Ruby í, i Scoil William Frantz, i Louisiana. Bhí an teaghlach an-neirbhíseach; bhí a fhios acu go mbeadh daoine ann nár mhaith leo go mbeadh páiste gorm ag freastal ar scoil - áit nach raibh ach páistí geala roimhe sin. Mhúin máthair Ruby di go mbeadh Dia ann i gcónaí chun í a chosaint, agus, nuair a d'fhág sí Ruby lasmuigh den scoil, dúirt sí léi, 'Ná bíodh eagla ort anois!' Agus Ruby agus a máthair ag teacht as an gcarr, scairt daoine agus a ndoirne in airde acu. Nuair a bhí Ruby agus a máthair ina suí in oifig na scoile an mhaidin sin, thóg go leor tuismitheoirí geala a gcuid leanaí ón scoil. Níor mhaith leo go mbeadh a gcuid páistí ag meascadh le páistí gorma. Bhí agóidí taobh amuigh den scoil chomh maith, le tuismitheoirí ag béicíl agus ag iompar plaiceard.

Ar an dara lá a bhí Ruby sa scoil, ní raibh in éineacht léi sa seomra ranga, ach a máthair agus a múinteoir. Ní ligfeadh do thuismitheoir geal ar bith, a gcuid páistí freastal ar an rang. Thug a múinteoir, Bean Mhic Éinrí, cuireadh do Ruby suíochán a ghlacadh agus thosaigh sí ag múineadh an aibítir di. Ar an tríú lá ní dheachaigh máthair Ruby léi. Dúirt sí le Ruby, 'Cuimhnigh, má tá eagla ort, abair do chuid paidreacha. Is féidir leat guí chuig Dia ag am ar bith agus in áit ar bith. Éistfidh sé leat i gcónaí.'

Don chuid eile den bhliain ba í Ruby an t-aon dalta sa rang. Níor cheap príomhoide na scoile agus go leor múinteoirí eile gur chóir Ruby a mhúineadh leis na páistí geala. Ar dtús ní raibh Ruby brónach, ach le himeacht aimsire, cheistigh sí cén fáth nach bhféadfadh sí a bheith leis na páistí eile. Chuidigh Bean Mhic Éinrí le Ruby a thuiscint céard a bhí ag tarlú agus ina dhiaidh sin dúirt Ruby gurb é an ceacht is mó a d'fhoghlaim sí an bhliain sin ná nár cheart dúinn breithiúnas a thabhairt ar dhaoine de bharr dath a gcraiceann riamh.

Rinne Ruby éacht agus í ag dul chuig scoil uile-bhán. Shocraigh sí an bealach do pháistí gorma eile. Blianta ina dhiaidh sin, thuig Ruby an méid a bhí déanta aici.

Tar éis duit an scéal a léamh, spreag na leanaí a bheith páirteach i machnamh agus a gcuid freagraí a roinnt ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a raibh na daoine i bhfabhar daoine geala a scaradh ó dhaoine gorma?
- An bhfaca tú scannán riamh nó ar léigh tú a leabhar riamh nuair a chas tú ar an gcineál seo leithcheal? Cad a tharla ann?
- Cad a tharlódh murar ghlac Ruby an chéad chéim cróga sin?
- Cad a cheapfá a dhéanfá dá ma tusa Ruby?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine inniu nach gcaitear go cothrom leo go minic agus nach dtugtar a gcearta sibhialta dóibh?
- An féidir leat smaoineamh ar roinnt cúiseanna go dtarlaíonn a leithéid?
- An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine atá ag obair le cinntiú go gcaitear le gach duine go cothrom agus le meas?
- Conas is féidir linn a chinntiú nach gcaitear go míchothrom nó go héagórach le héinne inár scoil?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 50 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COMHARTHA ÓMÓIS

Tabhair leathanach bán A4 do gach páiste agus iarr orthu comhartha ómóis a scríobh do na daoine go léir a oibríonn chun feabhas a chur ar an domhan. Spreag na páistí le dathanna agus cruthanna a roghnú lena meas a chur in iúl as an obair a dhéanann na daoine seo.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo, nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Bíodh a fhios agat go bhfuil Dia in éineacht leat ... Tabhair faoi deara go bhfuil Dia ag glaoch ort ... Éist leis á rá leat cé chomh luachmhar is atá tú ... Cad a cheapann tú go bhfuil Dia ag glaoch ort a dhéanamh faoi láthair? Le do ghuth taobh istigh, b'fhéidir gur mhaith leat labhairt le Dia ... Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Chuala na páistí scéalta faoi dhaoine ón am atá thart go dtí an lá atá inniu ann a d'fhreagair glao Dé chun cabhrú le domhan níos fearr a thógáil. Cuireadh i gcuimhne dóibh go mbíonn Dia i gcónaí in éineacht leo siúd a ghlaonn sé. D'fhoghlaim na páistí freisin go bhfuil misean acusan chomh maith. Is féidir leo glaoch Dé, chun an domhan ina gcónaíonn siad a fheabhasú, a chur i láthair trí grá a thabhairt do dhaoine eile.

## GNÍOMHAÍOCHT

### LUASCHÁRTAÍ LE FREAGRAÍ

- Tabhair chun cuimhne leis na páistí conas a mhothaigh daoine cosúil le Ruby Bridges, Vincent de Paul, Frédéric Ozanam, Jean Donovan agus daoine eile glaoch Dé. D'aithin siad bronntanais misnigh agus trua a thug Dia dóibh agus, trí na bronntanais seo, fuair siad bealaí chun glaoch Dé a fhreagairt. Bhain siad úsáid as a gcuid bronntanais chun teagmháil le daoine eile agus chun cabhrú leo.
- Tabhair cuireadh do na páistí cabhrú leat liosta a dhéanamh de na daoine a bhfuil cabhair de dhíth orthu inniu, b'fhéidir mar thoradh ar bhochtaineacht nó uaigneas nó tinneas.
- Ansin spreag iad le smaoineamh ar conas is féidir leo cabhrú leis na daoine seo agus ansin tabhair cuireadh dóibh a gcuid freagraí a scríobh ar luaschártaí.
- Iarr ar na páistí labhairt faoin méid a scríobh siad leis an bpáiste in aice leo.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid luaschártaí a chur sa spás urnaí nó in aice leis.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Conradh Dé agus ár bhFreagairt

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, 'Slabhra Onóracha' an ranga, agus na cairteacha ag léiriú 'Ár nDomhan i bPictiúir' sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh ochtar páiste chun na nithe seo a leanas a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse: An Bíobla Naofa; leathanach leis na focail 'Na Deich nAitheanta' scríofa air; brat uaithne agus/nó brat gorm; bosca Trócaire; cruinneog nó léarscáil den domhan; na 'comharthaí ómóis' a rinne na daltaí.*

*Comhartha na Croise*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia inniu toisc gur ghlaoigh sé orainn a bheith mar dheisceabail ag Íosa. Iarrann Dia i gcónaí ar dhaoine tascanna áirithe a dhéanamh. Ghlaoigh Dia ar Mhaois agus thug sé misean dó. Tugann Dia glaoch do gach duine againn go pearsanta agus tugann sé misean dúinn freisin. Guímis an *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* le chéile agus sinn ag gluaiseacht ón dtorann go dtí an ciúnas.

**Gach duine:** *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* (Mise ag Íosa... féach leathanach 102 den téacsleabhar)

**Múinteoir:** D'fhonn an méid atá Dia ag iarraidh orainn a chloisteáil, ní mór dúinn guí agus éisteacht leis an méid atá le rá aige. Bímis socair agus ciúin anois.

*Seinn ceol machnamhach fad is atá na páistí ag ullmhú chun guí.*

**Múinteoir:** Ar dtús, tabharfaimis chun cuimhne go bhfuil Dia i láthair linn agus muid ag lasadh an choinneal. (*Lasann an múinteoir an choinneal*)

Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh. Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Déan iarracht díriú ar rithim d'análaithe go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... Tá Dia ag iarraidh go mbeadh a fhios agat go bhfuil grá aige duit agus go bhfuil sé ag tabhairt aire duit mar a thugann aoire aire dá chaoirigh ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

Anois déanfaimis machnamh ar bheatha Mhaois, Jean Donovan, Uinseann de Pól, Frédéric Ozanam, Ruby Bridges agus daoine eile a d'éist le glaoch Dé agus a d'fhreagair é. Táimid buíoch as na daoine a oibríonn le Trócaire. Táimid buíoch as gach duine anseo sa seomra linn inniu. Iarrtar orainn cabhrú le daoine a mhaireann le deacrachtaí sa bhaile agus thar lear.

**Dalta 1:** *Ardaíonn sé/sí an Bíobla Naofa in airde agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Léitheoir 1:** I Leabhar Eacsadas léamar go raibh a fhios ag Dia go raibh na hÉigiptigh ag caitheamh leis na hIosraeilítigh mar sclábhaithe. Roghnaigh Dia Maois chun na daoine a shaoradh óna sclábhaíocht. Bhí Maois ag tabhairt aire do chaoirigh agus do ghabhair nuair a bhuail sé le Dia sa tor ar lasadh. Dúirt Dia le Maois: 'Téanam mar sin agus cuirfidh mé ag triall ar Fharó thú chun go dtabharfá mo phobal, clann Iosrael, as an Éigipt amach.' D'aontaigh Maois an méid a d'iarr Dia air a dhéanamh agus gheall Dia cabhair a thabhairt do Mhaois ina mhisean.

**Múinteoir:** Tugann Dia cuireadh duit éisteacht leis anois agus é ag glaoch ar d'ainm, díreach mar a ghlaoigh sé ar Mhaois ón tor ar lasadh ...

*Tabhair cúpla nóiméid do na páistí bheith ag éisteacht go ciúin.*

**Dalta 2:** *Ardaíonn sé/sí an leathanach leis na focail 'Na Deich nAitheanta' scríofa air agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Léitheoir 2:** Nuair a ghlaoigh Dia ar Mhaois rinne sé conradh leis. Gheall sé do Mhaois agus do na daoine go mbeadh sé ina Dhia acu agus go mbeadh siadsan ina mhuintir. Chun cabhrú leo cloí leis an

gconradh, thug Dia na Deich nAitheanta dóibh. Tá na hAitheanta céanna againn inniu. Cabhraíonn na chéad trí cinn de na hAitheanta linn fás i ngrá le Dia, ár nAthair agus ár gCruthaitheoir.

**Dalta 3:** *Ardaíonn sé/sí an brat uaithne agus/nó gorm in airde agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Léitheoir 3:** Labhraíonn Dia le daoine ar bhealaí éagsúla. San aonú haois is fiche, iarrann Dia orainn aire a thabhairt don domhan. Bronntanas luachmhar Dé do gach rud beo atá sa domhan. Tugaimid aire do chruthú Dé trí pháirt a ghlacadh i gcláir na Scoileanna Glasa/Éicea-Scoileanna.

**Múinteoir:** Le do ghuth taobh istigh b'fhéidir gur mhaith leat paidir bhuíochais a rá ar son na daoine go léir a thugann aire don domhan ar bhealaí éagsúla.

*Tabhair cúpla nóiméid do na páistí bheith ag guí go ciúin.*

**Dalta 4:** *Ardaíonn sé/sí na 'comharthaí ómóis' a rinne na daltaí in airde agus tógann go dtí an spás urnaí iad*

**Léitheoir 4:** D'iarr Dia ar go leor daoine, ó aimsir Mhaois i leith, bheith ag obair ar bhealaí éagsúla chun feabhas a chur ar an gcruthú. Tá aithne mhaith againn ar cuid de na daoine sin, agus d'fhoghlaimíomar futhu an tseachtain seo. Níl clú agus cáil ar dhaoine eile ach oibríonn siad ar son an chruthaithe freisin. Tá go leor daoine inár bparóiste féin a oibríonn chun feabhas a chur ar an gcruthú.

**Múinteoir:** Le do ghuth taobh istigh b'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as na daoine a úsáideann a gcuid bronntanais agus buanna ar mhaithe le daoine eile.

*Tabhair cúpla nóiméid do na páistí bheith ag guí go ciúin.*

**Dalta 5:** *Ardaíonn sé/sí an bosca Trócaire in airde agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Léitheoir 5:** Inniu, leanann na daoine a oibríonn le Trócaire, Cumann na Leanaí Misinéireachta agus eagraíochtaí carthanúla eile an obair a rinne Íosa nuair a bhí sé ar domhan. Roinneann siad an Dea Scéala trí aire a thabhairt do dhaoine atá tinn, ocrach, tartmhar, i bpríosún, agus dóibh siúd atá faoi chois.

**Múinteoir:** Le do ghuth taobh istigh b'fhéidir gur mhaith leat guí a dhéanamh ar son daoine a thugann a gcuid ama chun a bheith ag obair in eagraíochtaí carthanúla.

*Tabhair cúpla nóiméid do na páistí bheith ag guí go ciúin.*

**Múinteoir:** Guímis an *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* le chéile.
**Gach duine:** *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* (Mise ag Íosa... féach leathanach 102)

**Dalta 6:** *Ardaíonn sé/sí cruinneog nó léarscáil den domhan in airde agus tógann go dtí an spás urnaí é*

**Múinteoir:** Agus muid ag díriú ar an léarscáil/ cruinneog, cuimhnímid ar pháistí uile an domhain. Guímis ar son leanaí i ngach áit - iad siúd atá áthasach, iad siúd atá brónach, iad siúd a bhfuil go leor deiseanna acu imirt, foghlaim agus guí, agus iad siúd nach bhfuil na deiseanna sin acu. Guímis ach go háirithe ar son na leanaí ar fud an domhain atá ocrach agus tinn agus a bhfuil ár gcabhair ag teastáil uathu. (*Sos*) Guímis...
**Gach duine:** *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* (Mise ag Íosa... féach leathanach 102)

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as grá a thabhairt dúinn agus dár dteaghlaigh. Guímis ar son ár dteaghlaigh. Le do ghuth taobh istigh abair ainm gach ball de do theaghlach agus iarr ar Dhia iad a bheannú. (*Sos*) Guímis...
**Gach duine:** *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* (Mise ag Íosa... féach leathanach 102)

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as ár gcairde. Táimid buíoch as a gcuid cairdeas agus grá. Anois, iarr ar Dhia gach ceann acu a bheannú mar a n-ainmníonn tú iad le do ghuth taobh istigh. (*Sos*) Guímis...
**Gach duine:** *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* (Mise ag Íosa... féach leathanach 102)

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as bronntanas na síochána. Guímis ar son tíortha ar domhan ina bhfuil cogadh agus foréigean iontu agus iarraimid ar Dhia síocháin a thabhairt do na háiteanna sin. (*Sos*) Guímis...
**Gach duine:** *Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta* (Mise ag Íosa... féach leathanach 102)

*Comhartha na Croise*

# 1. Conas a thabharfainn adhradh do Dhia?

# 2. Conas is féidir liom meas a bheith agam ar ainm Dé?

# 3. Conas is féidir liom lá Dé a choinneáil naofa?

# 1. Cén fáth ar chóir dúinn breathnú ar an domhan mar ár mbaile coiteann?

# 2. Cad iad na bealaí maireachtála a dhéanann dochar don timpeallacht?

# 3. Cad is féidir linn a dhéanamh chun an domhan a chosaint dóibh siúd a bheidh ag teacht inár ndiaidh?

# Téama 6: An Phríomhaithne

Ceacht 1: Gráigh Dia. Gráigh do chomharsa
Ceacht 2: An Phríomhaithne mar Chód Maireachtála

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Nuair a deir Críostaithe 'Creidim i nDia', ciallaíonn siad go bhfuil briathra, oibreacha, geallúintí agus aitheanta Dé ar eolas acu agus go bhfuil muinín acu astu
- Baineann Críostaithe úsáid as urnaí agus gníomhartha chun a gcreideamh i nDia a chleachtadh (ag maireachtáil/ag tabhairt fianaise don chreideamh)

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Tháinig Íosa, Mac Dé, ar an saol chun sinn a shábháil. Is é ár Slánaitheoir é, a tháinig chugainn le grá, chun ár bpeacaí a mhaitheamh. Tugann Íosa cuireadh dúinn glacadh le grá an Athar agus ansin ár saol a chaitheamh dá réir
- Chabhraigh Íosa le daoine athrú agus 'bláthú' (iompú)
- Labhair agus d'iompar Íosa é féin le húdarás
- Bhí Íosa diongbháilte ina dhearcadh nach leor go dtabharfaí aitheantas dá theagasc ach go mairfimid dá réir

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Tugann an Spiorad Naomh grásta do phobal uile Dé

**Cruthú an Domhain**

- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chruthaigh sé an domhan agus sinne inár gcónaí ann le go mbeimid in ann a shaol agus a ghrá a roinnt

**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**

- Tugann daoine fianaise do Ríocht Dé agus cabhraíonn siad leis fás trí aire a thabhairt do chruthú Dé, grá a thabhairt do dhaoine eile agus caitheamh leo ar bhealach atá ceart agus cóir

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dé agus é a thuiscint agus freagra a thabhairt air

**An Scrioptúr Naofa**

- An Phríomhaithne (Lúcás 10:27)
- Salm 31

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Déanaimid urnaí nuair bhímid mar lámha Dé agus sinn ag cabhrú le daoine eile (urnaí trí ghníomh)

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- An Phaidir
- An Fhaoistin Choiteann
- Glóir don Athair

*Paidreacha Breise*

- Freagraí an Aifrinn
- Salm 23:6
- Salm 104:1

### MORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is freagairt ar ghrá Dé é adhradh a dhéanamh agus a bheith umhal d'aitheanta Dé
- Tugann Dia bronntanais agus tallanna dúinn le húsáid ar son a ghlóire, ár bhfás féin agus ar mhaithe le daoine eile agus chun aire a thabhairt don chruthú
- Nuair a úsáidimid na tallanna a thug Dia dúinn, tagann méadú ar an gcosúlacht atá againn le Dia
- Is comharthaí de ghrá Dé iad mo bhronntanais

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis m.sh. grámhar,

truachroíoch, trócaireach

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Is é an grásta an cúnamh a thugann Dia dá dhaoine chun a ghlaoch a fhreagairt
- Tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile
- Seo é an riail órga: 'Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh'

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Chonaic Íosa go raibh gach duine luachmhar, speisialta. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCríostaí grá a léiriú do gach duine gan aon eisceachtaí
-

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Dia agus an Bíobla

*b. Cruthú agus Titim.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fáil amach faoi na héachtaí atá bainte amach ag cruthaitheacht
  an duine agus machnamh a dhéanamh orthu.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhoráltacht**

*Féinmheas.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Machnamh ar fhás agus ar fhorbairt a n-intinne agus a gcoirp.
- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta,
  morálta, mothúchánacha agus sóisialta féin.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhearcthaí dearfacha maidir
  lena dtallanna, a saintréithe agus a luachanna féin.

*Meas ar Dhia.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta le saol
  an lae inniu.
- Fiosrú a dhéanamh ar an bhaint atá ag na Deich nAitheanta leis
  an dá aithne a thug Íosa dúinn.



# Ceacht 1: Gráigh Dia. Gráigh do chomharsa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ón gclár *I nGrá Dé* roimhe seo (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4) tuigeann na páistí go nglaonn Dia orthu lena n-ainmneacha agus go dtugann sé cuireadh dóibh maireachtáil de réir a phlean dóibh. Nuair a bhí sé ar domhan thaispeáin Íosa dúinn conas glaoch Dé a fhreagairt – mar a bhain sé le Dia an tAthair agus mar a chaith sé i gcónaí le daoine eile le grá agus le meas. Achoimre ar an mbealach maireachtála seo is ea an parabal faoin Samárach Maith.

Glaonn Dia ar gach duine againn. Cloiseann daoine glaoch Dé ar bhealaí éagsúla. Scrúdaigh na páistí faoi mar a ghlaoigh Dia ar go leor daoine leis na blianta, agus faoi mar a d'fhreagair na daoine sin. I dTéama 5 d'fhoghlaim na páistí faoi ghlaoch Dé chuig Maois agus chuig Muire. In *I nGrá Dé*, i Rang a Dó/B4 d'fhoghlaim siad gur glaodh agus gur roghnaíodh na haspail freisin. Thug Dia na Deich nAitheanta dúinn mar threoir chun cabhrú linn conas maireachtáil. Múineann an chéad trí Aithne dúinn conas ár gcaidreamh le Dia a dhoimhniú. Glaonn na hAitheanta eile orainn gníomhú le grá inár gcaidreamh le daoine eile.

An tseachtain seo scrúdóidh na páistí an Phríomhaithne, le fáil sa Soiscéal de réir Naomh Lúcáis, a deir: 'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin.' (Lúcás 10:27). Seo mar a ghlaotar ar lucht leanúna Íosa maireachtáil.

Nuair a thugaimid grá dúinn féin agus don chomharsa cabhraíonn sé linn 'fás' níos mó i ngrá Dé. Caithfimid caitheamh lenár gcomharsana mar ba mhaith linn go gcaithfidís linn. Ar an mbealach seo beimid níos cosúla le hÍosa agus léireoimid a ghrá.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Comharsa:** Sa Bhíobla ciallaíonn 'comharsa' gach duine.
- **Grásta:** Tagann an focal seo ón bhfocal Gréigise *charis* a chiallaíonn bronntanas.
- **Finné:** Duine a fheiceann imeacht éigin ar siúl.
- **Anam:** Tá anam agus corp ag gach duine. Tá an t-anam síoraí – is é sin, ní fhaigheann sé bás.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Stiallacha páipéir nó cárta le haghaidh leabharmharcanna

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BHEITH GRÁMHAR

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi cad is brí le grá a thabhairt dúinn féin, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén chaoi a bhfuil grá agat duit féin? Cén chuid díot féin a dtugann tú an grá is mó dó?
- Conas a bheadh a fhios ag do chorp go bhfuil grá agat dó?
- Conas a bheadh a fhios ag d'intinn go bhfuil grá agat di?

Anois cuir i gcuimhne na bpáistí go n-iarrann Íosa orainn grá a thabhairt dá chéile. Iarrann sé orainn grá a thabhairt do dhaoine eile mar a thugaimid grá dúinn féin. Faoi mar ba mhaith linn go mbeadh daoine eile ag déileáil linn, sin é an chaoi ar chóir dúinn déileáil leo siúd.

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An dóigh leat gur féidir leat grá a thabhairt do dhaoine eile ar an mbealach ina iarrann Íosa?
- Conas a thaispeánann tú dod' thuismitheoirí, dod' chaomhnóirí, dod' sheanmháthair, daideo, deartháireacha agus deirfiúracha a bhfuil grá agat dóibh uile?
- Conas a thaispeánann tú dod' chairde agus dod' chomharsa béal dorais go bhfuil grá agat dóibh?
- Conas a thaispeánfá do dhaoine i ngátar, do dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu go pearsanta, go bhfuil grá agat dóibh?


## SCÉAL

Taispeáin an pictiúr *Portrait of An Old Man and His Grandson* le Domenico Ghirlandaio ar an gclár bán agus an scéal thíos á léamh agat. Tá an pictiúr le fáil ar líne.

### Uaireanta is gá dúinn Féachaint Arís

Bhí Bean Uí Dhuibh ina múinteoir ealaíne sa scoil áitiúil le blianta fada. Bhí sí ar scor anois ach mhúin sí ranganna ealaíne saor in aisce uair sa tseachtain ina teach féin do na páistí sa cheantar, toisc gur theastaigh uaithi a grá ealaíne a roinnt agus cabhrú le daoine eile saothair ealaíne a thuiscint. Mar thoradh ar seo, d'fhreastail seisear pháiste a ranganna gach seachtain, Jason agus Siobhán ina measc.

Nuair a bhí Jason agus Siobhán ag siúl timpeall teach Bean Uí Dhuibh tráthnóna Dé Máirt, labhair siad faoin taitneamh a bhain siad as na ranganna ealaíne seo. Chuir Bean Uí Dhuibh fáilte rompu agus dúirt sí leo go mbeadh rang ag baint le tuiscint ealaíne acu inniu, mar athrú ar an bpéintéireacht a rinne siad de ghnáth. Ansin thaispeáin sí pictiúr dóibh a chuir sí ar an seastán ealaíne. *Portráid de Shean Fhear agus a Gharmhac*, a bhí péinteáilte in 1490 ag an ealaíontóir Domenico Ghirlandaio, a bhí ann. Dúirt Bean Uí Dhuibh leo go raibh an pictiúr bunaidh ar taispeáint i Músaem an Louvre i bPáras. Ní raibh aon cheann de na páistí riamh sa mhúsaem sin, ach thug Jack agus Amy cuairt ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i mBaile Átha Cliath mar chuid dá dtionscadal samhraidh.



Ansin d'iarr Bean Uí Dhuibh ar na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh agus breathnú go cúramach ar an bpictiúr sula ndearna sí trácht air.

Tar éis duit an scéal a léamh, spreag na páistí chun cúpla nóiméad a ghlacadh ag breathnú ar an bpéinteáil. Ansin aimsigh a gcuid freagraí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na tuairimí a cheapann tú a nocht Jason, Siobhán agus b'fhéidir na páistí eile nuair a d'fhéach siad ar an bpictiúr ar dtús? Cad a thug siad faoi deara ar dtús, meas sibh?
- Conas a mhothaigh tú fein faoin bpictiúr nuair a chonaic tú don chéad uair é?
- Conas a mhothaíonn tú faoi anois, tar éis duit am a chaitheamh ag breathnú air níos cúramaí? An bhfeiceann tú é ar bhealach éagsúil anois? Conas?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén sórt duine é an seanfhear, dar leat? Cén fáth go bhfuil an tuairim sin agat?
- Cén sórt duine é an buachaill óg, dar leat? Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh air?
- Cén teideal a roghnófá don phictiúr, agus cén fáth?
- Cén fáth gur phéinteáil an t-ealaíontóir an pictiúr seo, dar leat?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 52 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Urnaí ag tabhairt moladh agus buíochas le Dia a bheidh againn inniu. Insíonn an freagra don urnaí cé chomh mór is atá Dia, agus focail ó Salm 104 in úsáid: *A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa.*
**Gach duine:** A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa.

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha agus toisc gur chruthaigh tú sinn ar bhealach ar leith.
**Gach duine:** A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as ár gcuid bronntanais agus buanna a thabhairt dúinn. Iarraimid ort cabhrú linn na bronntanais agus na buanna sin a roinnt i gcónaí. Guímid.
**Gach duine:** A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as ealaíontóirí, ceoltóirí, dealbhóirí agus na daoine sin uile a dhéanann saothair ealaíne spreagúil. Cabhraigh linn a gcuid saothar ealaíne a thuiscint ionas gur féidir linn a bheith líonta le hiontas agus áthas.
**Gach duine:** A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa.

**Múinteoir:** Guímis *An Phaidir* le chéile anois.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, tugaimid buíochas duit as sinn a bhailiú le chéile anseo inniu chun guí. Tá súil againn go mbeidh ár n-urnaí taitneamhach leat. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GRÁ A ROINNT LE DAOINE EILE

Tosaigh agus an pictiúr *Portrait of An Old Man and His Grandson* le Domenico Ghirlandaio a thabhairt chun cuimhne. Tabhair cuireadh do na páistí labhairt faoin dóigh inar athraigh an dearcadh a bhí acu ar an bhfear sa phictiúr de réir mar a rinne siad staidéar níos dlúithe air.

Ansin déan comhrá faoi cé chomh deacair agus is féidir é a bheith, uaireanta, grá a thabhairt do dhaoine eile, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An mbíonn sé éasca i gcónaí grá a thabhairt do dhaoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn sé?
- Cad iad na cineálacha daoine is éasca duit grá a thabhairt dóibh? Cén fáth atá le sin?
- Cad iad na cineálacha daoine a mbíonn sé deacair ort grá a thaispeáint dóibh? Cén fáth atá le sin?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad iad cuid de na rudaí faoi dhaoine eile a d'fhéadfadh cabhrú leat grá a thabhairt dóibh? Mar shampla, b'fhéidir go dtabharfá grá do dhuine toisc go raibh siad an-chabhrach leat? Nó gur roinn siad rud éigin leat? Nó gur thug siad dea-scéala duit? Nó toisc gur imir siad leat, nó go raibh siad cineálta leat?

Abair leis na páistí go n-iarrann Íosa orainn grá a roinnt le gach duine mar gur clann Dé iad na daoine go léir, agus nach ceart grá a thabhairt dóibh siúd amháin a thaithníonn linn toisc go bhfuil cuma deas orthu, nó mar gheall ar an méid a dhéanann siad, nó mar gheall ar a bhfuil acu. Teastaíonn ó Íosa go mbeadh grá againn do dhaoine ar a son féin, is cuma cén cuma atá orthu, nó cad as a dtháinig siad, nó cén teanga a labhraíonn siad. Ba cóir dúinn grá a thabhairt dóibh toisc gur daoine a chruthaigh Dia atá iontu. Ansin cuir na ceisteanna seo a leanas orthu:

- An dóigh libh gur furasta é seo a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- An dóigh libh go bhféadfadh difríocht a bheith ann idir conas a fhéachann duine ar an dtaobh amuigh agus conas atá siad ar an dtaobh istigh? Cé acu is tábhachtaí?

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### TUGANN AN PÁPA PROINSIAS EISEAMLÁIR DÚINN

- Abair leis na páistí gur thug an Pápa Proinsias barróg d'fhear a raibh míchumas air agus a bhí ag fulaingt ó ghalar a d'fhág go raibh siadaí pianmhara ag fás thar a chorp ar fad. Vinicio Riva an t-ainm a bhí ar an bhfear. I ndiaidh bualadh leis an bPápa, dúirt an tUasal Riva: 'An rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm faoin bPápa ná gur thug sé barróg dom gan smaoineamh a dhéanamh faoi … Níl mé tógálach, ach ní raibh a fhios sin aige. Chimil sé mo aghaidh ar fad, agus fad is a bhí sé sin á dhéanamh aige níor mhothaigh mé ach grá amháin.'
- Ansin taispeáin an pictiúr (le fáil ar líne) den Phápa Proinsias ag tabhairt barróg do Vinicio Riva, do na páistí.
- Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar conas a lean an Pápa Proinsias glaoch Íosa chun grá a roinnt leis na daoine go léir mar is clann Dé iad na daoine go léir, is comharsana sinn go léir, agus is cuid de theaghlach mór amháin sinn – teaghlach Dé.



- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí labhairt le Dia lena nguthanna istigh agus tú á spreagadh leis na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
  - » Cad a mhothaigh an fear seo nuair a chuaigh an Pápa Proinsias i dteagmháil leis? Náire? Sásta? Ar bís?
  - » Cé a chuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne duit leis an eachtra seo?

- » Conas a chaitheann tú le daoine atá difriúil uait?
- » Cén chaoi a bhféadfá caitheamh le daoine dá leithéid amach anseo?
- » I gciúnas do chroí, gabh buíochas le Dia as bronntanas na beatha. Iarr ar Dhia cabhrú leat grá a thabhairt dóibh siúd a mbíonn sé deacair ort grá a roinnt leo.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AN PHRÍOMHAITHNE

Lá amháin d'fhiafraigh fear d'Íosa cad a bhí le déanamh aige ionas go mbeadh sé le Dia ar neamh. Spreag Íosa an fear chun cuimhneamh ar an méid a bhí sna Scrioptúir agus freagra na ceiste a fháil dó féin. Seo thíos an méid a tharla agus tá sé le fáil sa Soiscéal de réir Lúcáis.

**An Phríomhaithne (Lúcás 10:27)**
D'fhreagair an fear, 'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin.'

'Thug tú an freagra ceart,' d'fhreagair Íosa; 'déan an méid sin agus beidh an bheatha agat.'

Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Conas is cóir dúinn grá a thabhairt do Dhia?
- Cé ar cóir dúinn grá a thabhairt dóibh faoi mar a thugaimid grá dúinn féin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur ar nós:

- Conas is féidir linn grá a thabhairt do Dhia? (Cuimhnigh ar an gcéad trí Aithne)
- Cé dó a raibh Íosa ag tagairt nuair a d'úsáid sé an focal 'comharsa'?
- Cé hiad do chomharsana sa rang seo?
- Conas a léirigh tú riamh do ghrá dod' chomharsa?
- Conas a léirigh do chomharsa grá duitse riamh?
- An aontaíonn tú gur féidir le gach duine a bheith i do chomharsa? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 53 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógail le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Bí ar an eolas go bhfuil Dia i láthair linn go léir anseo sa rang seo ... sa scoil seo ... Tá Íosa ag iarraidh gach duine anseo a mhúineadh conas grá a roinnt ar bhealach nua. Tá sé ag iarraidh ort grá a thabhairt dod' chomharsa mar a thugann tú grá duit féin. Anois, le do ghuth istigh, labhair le Dia faoi conas is féidir leat grá a thabhairt duit féin ... agus faoi conas is féidir leat grá a thabhairt dod' chomharsa.. Smaoinigh ar an difríocht a dhéanfaidh sé sin dod' shaol agus do na ndaoine a roinneann tú grá leo ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### LEABHARMHARC A DHÉANAMH

- Tabhair cuireadh do na páistí na focail a dúirt Íosa, faoi ghrá a thabhairt don chomharsa faoi mar a thugann tú grá duit féin, a thabhairt chun cuimhne.
- Tabhair stiall páipéir nó cárta do gach páiste chun leabharmharc a dhéanamh. Tabhair cuireadh dóibh scríobh ar thaobh amháin bealach amháin inar féidir leo grá a thabhairt dóibh féin, agus ar an dtaobh eile bealach amháin inar féidir leo grá a thabhairt don chomharsa.
- Iarr ar na páistí a gcuid leabharmharcanna a chur sa spás urnaí.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Dúirt Íosa lena lucht leanúna gur ceart dóibh breathnú ar gach duine mar chomharsa. Dúirt sé gur cóir dóibh grá a thabhairt do Dhia 'ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin.' Is é seo An Phríomhaithne. Scrúdaigh na páistí an dúshlán atá ann grá a thaispeáint do gach duine, lena n-áirítear iad siúd nach mbíonn tóir orthu. Spreagadh na páistí freisin smaoineamh ar bhealaí inar féidir leo grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt don chomharsa.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### BHEITH I DO CHOMHARSA MAITH

- Tabhair cuireadh do na páistí gearrscéal a scríobh sa Chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach faoi dhuine a chonaic siad ag léiriú grá dá chomharsa.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a gcuid scéalta a léamh don rang.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ GRÁMHARA

Léigh na scéalta seo a leanas do na páistí agus tabhair cuireadh dóibh a rá conas a bhí an duine sa scéal ina c(h)omharsa maith i ngach cás, ag baint úsáid as na ceisteanna atá curtha ar fáil nó ceisteanna cosúil leo.

**Pleanann Sharon Iontas**

Bhí a fhios ag Sharon gurbh é breithlá Julie a bhí ann. Theastaigh uaithi rud éigin speisialta a thabhairt do Julie dá breithlá. Chóirigh Sharon an t-airgead póca ar fad a bhí aici. 'Tá mo dhóthain airgid agam chun bronntanas beag a cheannach do Julie', a cheap sí. 'Tá a fhios agam go mbeidh sí buíoch as sin.'

- Cén fáth ar bheartaigh Sharon bronntanas a cheannach do Julie?
- Cad a bhí ar Sharon a dhéanamh chun bronntanas a cheannach do Julie?
- Cén chaoi a raibh Sharon ina comharsa maith?

**Tugann Josh lámh cúnta**

Bhí cuairteoirí ó Mheiriceá ag muintir Ó Cianáin. Bhí císte álainn déanta ag deirfiúr Josh, Cáit, agus bhain na cuairteoirí taitneamh as. Nuair a bhí an béile thart chuaigh na tuismitheoirí agus na cuairteoirí go dtí an seomra suí chun comhrá a dhéanamh. Shíl Josh leis féin, 'Tá an chistin trí chéile. Glanfaidh mé í agus sa tslí sin tabharfaidh mé sos do mhamaí agus do dhaidí!' Thosaigh Josh ag obair agus sar i bhfad bhí gach rud glan agus ar ais ina áit arís.

- Cén fáth ar shocraigh Josh ar an chistin a ghlanadh?
- Conas a mhothaigh a mhamaí agus a dhaidí nuair a chonaic siad an méid a bhí déanta aige?
- Conas a léirigh Josh grá leis an ngníomh seo?

**Tugann Dónall Tarrtháil**

Bhí Dónall, Muiris agus Carol ag imirt peile i gclós na scoile. Rith Muiris i ndiaidh na liathróide chomh tapa sin gur leag sé Sinéad, a bhí níos óige ná é agus a bhí ag siúl trasna an chlóis ag an nóiméad sin. Chonaic Muiris go raibh Sinéad trína céile ach lean sé ag rith chun breith ar an liathróid. Chonaic Dónall an méid a tharla agus rith sé anonn go Sinéad. 'An bhfuil tu ceart go leor?' a d'fhiafraigh sé di go réidh. Chlaon Sinéad a ceann. Ansin ghlaoigh Dónall ar chara Shinéid chun teacht i gcabhair uirthi sular thosaigh sé ag imirt arís.

- Cé a léirigh grá dá c(h)omharsa sa scéal seo? Cén fáth a ndearna siad amhlaidh, dar leat?
- Cé ar theip orthu grá a thaispeáint, agus cén fáth a roghnaigh siad gan é sin a dhéanamh, meas tú?

## PAIDIR

**Ullmhúchán:**

- *Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal.*
- *Taispeáin na pictiúir den Phápa Proinsias ag tabhairt barróg do Vinicio Riva agus an* Portráid den tSeanfhear agus a Gharmhac.
- *Roghnaigh ceathrar páiste chun na paidreacha a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Agus ár gcoinneal á lasadh againn cuimhnímid go bhfuil Dia i láthair linn. Cuimhnímid freisin cé chomh tábhachtach is atá sé grá a thabhairt do gach duine, iad siúd a bhfuil sé deacair orainn grá a thabhairt dóibh, ina measc. Éistimis leis an méid a mhúineann an Phríomhaithne dúinn faoin gcaoi ar chóir dúinn grá a roinnt.

**Léitheoir 1:** *Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán.*

**Múinteoir:** Tabhair aire do do chroí. Is cosúil le clog do chroí agus coinníonn sé beo thú. Cuir do lámh dheis ar do chroí go réidh, agus tabhair faoi deara go bhfuil sé ag bualadh. Guímis ag athrá aithne an Tiarna.
**Gach duine:** Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán.

**Léitheoir 2:** *Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó d'anam go hiomlán.*

**Múinteoir:** Tabhair aire dod' anam. Is é atá i do anam ná an chuid sin duit féin atá uathúil, luachmhar, agus atá ar eolas duit féin agus do Dhia amháin. Ní féidir leat do anam a fheiceáil. Gabh buíochas le Dia as do anam. Guímis ag athrá aithne an Tiarna.
**Gach duine:** Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó d'anam go hiomlán.

**Léitheoir 3:** *Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do neart go hiomlán.*

**Múinteoir:** Tugann Dia neart duit chun maireachtáil ar nós Íosa. Leanaimid Íosa nuair a roinnimid grá le chéile. Leanaimid Íosa freisin nuair a léirímid meas agus nuair a thugaimid maithiúnas dá chéile. Guímis ag athrá aithne an Tiarna.
**Gach duine:** Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do neart go hiomlán.

**Léitheoir 4:** *Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó d'aigne go hiomlán.*

**Múinteoir:** Bronntanas ó Dhia atá san aigne. Níl an aigne chéanna ag aon bheirt. Tá gach aigne lómhar agus uathúil. Cuireann sí ar ár gcumas foghlaim agus eolas a fháil. Iarraimid ar Dhia cuidiú linn ár n-aigní a chothú le gach rud atá go maith. Guímis ag athrá aithne an Tiarna.
**Gach duine:** Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó d'aigne go hiomlán.

**Múinteoir:** Is mian le hÍosa go ngráfaimid an Tiarna Dia ónár gcroí, ár n-anam, ár neart agus ár n-aigní go hiomlán. Is mian le hÍosa freisin, go ngráfaimid an chomharsa mar sinn féin. Ní féidir é seo a dhéanamh linn féin, ach tabharfaidh Dia an grásta dúinn chun é a dhéanamh má iarraimid air é. Iarraimid grásta Dé nuair a ghuímid *An Phaidir*, 'Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu'. Seasaimis agus guímis *An Phaidir* anois.

*Tabhair cuireadh do na páistí a lámha a shíneadh le Dia nuair a thagann siad chuig an líne 'Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu'.*

**Múinteoir:** Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

**Múinteoir:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: An Phríomhaithne mar Chód Maireachtála

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ní hamháin gur mhúin Íosa faoin ngrá, mhair sé an méid a mhúin sé. Agus sé seo á dhéanamh aige, thaispeáin sé dá dheisceabail conas maireachtáil agus conas grá a roinnt mar a deirtear sa Phríomhaithne. Ag an Suipéar Déanach, nuair a nigh Íosa cosa a dheisceabail, léirigh sé dóibh conas ba cóir dóibh a bheith ina seirbhísigh dá chéile. Is eiseamláir í Muire de dhuine a bhí ina seirbhíseach Dé nuair a rinne sí an méid a d'iarr Dia uirthi, a bheith ina Máthair d'Íosa.

Dhírigh na páistí cheana féin ar a gcuid tallanna agus buanna sa chlár *I nGrá Dé* do Rang a Dó/B4. Sa cheacht seo cuirfimid i gcuimhne na bpáistí gurbh é Dia a thug a gcuid tallanna agus buanna dóibh, mar comharthaí dóibh de ghrá Dé ag obair ina saoil.

I dTéama 3, Ceacht 3 chuir na páistí aithne ar Anne Sullivan, a d'úsáid a tallanna agus a buanna chun cabhrú le Helen Keller a lánacmhainneacht a bhaint amach. I dTéama 5, Ceacht 4 scrúdaigh na páistí conas a d'úsáid daoine ar nós Uinseann de Pól, Jean Donovan agus Ruby Bridges a gcuid tallanna agus buanna chun cabhrú le daoine eile. Sa cheacht seo tugaimid treoir do na páistí a thuiscint, nuair a úsáidimid ár dtallanna agus ár mbuanna chun gníomhartha grá a dhéanamh do dhaoine eile agus chun aire a thabhairt don chruthú, go bhfuilimid ag maireachtáil de réir An Phríomhaithne agus ag tabhairt moladh do Dhia. Foghlaimeoidh na páistí freisin conas, trí úsáid a bhaint as a gcuid tallanna agus buanna i seirbhís do dhaoine eile, is féidir leo fás níos mó cosúil le Dia, atá grámhar, cineálta agus atruach.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Lobhra:** galar tógálach atá ann ó ré an Bhíobla i leith.
- **Eitinn:** galar tógálach a dhéanann dochar do na scamhóga.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad 'Bosca na mBuanna' (thíos) do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'Tá Tallanna Agam!' (thíos) le haghaidh gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BUANNA AGUS TALLANNA

Déan comhrá leis na páistí faoina gcuid buanna agus tallanna ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na tallanna agus na buanna a thug Dia duit? Conas a mhothaíonn tú nuair atá a fhios agat gur thug Dia na tallanna seo duit?
- Cad é an tallann is fearr atá agat, dar leat? Conas atá an tallann áirithe sin agat?
- Uaireanta bíonn buanna ag daoine a úsáideann siad chun rud éigin a dhéanamh leo féin. (ealaín, ceardaíocht) An féidir leat smaoineamh ar aon bhuanna dá leithéid atá agat?
- Uaireanta bíonn buanna ag daoine atá oiriúnach le húsáid laistigh de ghrúpa. An féidir leat smaoineamh ar aon tallann den sórt sin? (spóirt foirne, amhránaíocht)
- Conas a mhothaíonn tú nuair a úsáideann tú na buanna atá agat? Conas a bhraitheann tú nuair a fheiceann tú duine eile ag baint úsáid as a gcuid buanna?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 55 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT

### BOSCA NA MBUANNA

- Déan fótachóip den teimpléad thíos agus tabhair cóip do gach páiste.
- Má tá líon mór páiste sa rang, roinn iad i ndhá nó trí ghrúpa. Iarr ar na páistí suí ar chathaoireacha i gciorcal mór amháin nó i gciorcail bheaga.
- Iarr ar na páistí a n-ainmneacha a scríobh ar an leathanach. Iarr orthu leabhar a úsáid mar thaca agus iad ag scríobh.
- Ansin iarr orthu seasamh, an leathanach a fhágáil ar a gcathaoireacha, agus bogadh go dtí an chéad chathaoir eile ar dheis. Tabhair cuireadh dóibh an leathanach a bhí fágtha ar an gcathaoir sin a thógáil, suigh síos agus ainm de thallann nó bronntanas amháin atá ag an duine a bhfuil a ainm ar an mbileog, a liostáil.
- Lean ar aghaidh le seo timpeall an chiorcail go dtí go mbíonn rud éigin scríofa ag na páistí go léir, faoin duine a bhfuil a ainm ar an mbileog.
- Ansin iarr ar na páistí suí síos lena leathanach féin agus gach rud a scríobh na páistí eile faoina mbuanna agus a dtallanna a léamh.
- Spreag iad lena leathanach a roinnt leis na duine in aice leo.




Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe, déan comhrá leis na páistí faoin méid atá foghlamtha acu ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a d'fhoghlaim tú fút féin ón ngníomhaíocht seo?
- Ar aithin daoine eile rudaí ionat nár aithin tú ionat féin?
- An bhfuil tallann ar bith nach bhfuil scríofa ar do leathanach gur mhaith leat a fheiceáil ann?
- An bhfuil ionadh ort faoi na buanna ar fad atá sa rang seo? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil ionadh ort?

Tabhair cuireadh do na páistí a 'Bosca na mBuanna' a chur sa spás urnaí.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu bailímid i gciorcal mar chairde agus mar mhic léinn. Aithnímid gur chruthaigh Dia gach duine againn uathúil agus éagsúil. Tá ár gcoirp uathúil. Tá ár n-anamacha uathúil. D'fhoghlaimíomar ón ngníomhaíocht 'Bosca na mBuanna' gur thug Dia go leor buanna agus tallanna dúinn. Bainimid úsáid as ár gcuid tallanna agus buanna ar bhealaí ar leith. Léireoidh ár bhfreagra inniu ár muinín i leith maitheas agus grá Dé, nuair a deirimid le chéile: *Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol.*
**Gach duine:** Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as na tallanna agus na buanna a thug tú do gach duine againn.
**Gach duine:** Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol.

**Múinteoir:** A Dhia atá fial, cabhraigh linn ár dtallanna agus ár mbuanna a aithint. Go mbeimid buíoch leat i gcónaí, as na buanna seo a thug tú i ngrá dúinn.
**Gach duine:** Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol.

**Múinteoir:** A Dhia ár gCruthaitheoir, go gcuirimid forbairt ar na tallanna agus ar na buanna a thug tú dúinn chun cabhrú le daoine eile agus leis an dtimpeallacht.
**Gach duine:** Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, líon sinn le háthas agus muinín agus muid ag úsáid ár dtallanna agus ár mbuanna. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*



# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### CONAS A ÚSÁIDEANN DAOINE A mBUANNA AGUS A dTALLANNA

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar conas a roinn cuid de na daoine atá foghlamtha acu cheana féin, a gcuid tallanna agus buanna chun cabhrú le daoine eile, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An cuimhin leat conas a d'úsáid Naomh Uinseann de Pól a chuid tallanna agus buanna chun cabhrú le daoine a raibh ina gcónaí leis an ngannchuid?
- An cuimhin leat conas a d'úsáid Naomh Proinsias a chuid tallanna agus buanna chun aire a thabhairt do na hainmhithe agus don timpeallacht?
- Cé eile is cuimhin leat a d'úsáid a gcuid tallanna agus buanna i seirbhís daoine eile?

Ansin léigh an scéal faoin eolaí Gaelach Uinseann de Barra, a d'úsáid a chuid tallanna agus buanna chun cabhrú le daoine eile.

## SCÉAL

**Scéal Uinseann de Barra**

Rugadh Uinseann Críostóir de Barra (1908-75) i gCorcaigh. Ba an duine ba óige d'aon leanbh déag é.

Bhuaigh Uinseann scoláireacht do Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, áit a ndearna sé staidéar ar cheimic orgánach agus d'éirigh leis céim chéadonórach a bhaint amach. Ghluais sé go Gaillimh ansin, áit a d'oibrigh sé san ollscoil ar feadh deich mbliana roimh filleadh ar Bhaile Átha Cliath chun post a ghlacadh leis an gComhairle Taighde Leighis, i gColáiste na Tríonóide. Le linn a chuid taighde, ag iarraidh cóireáil a fháil don ghalar eitinn (TB), fuair sé amach gurbh fhéidir na cóireálacha a bhí á bhforbairt aige féin agus a fhoireann a úsáid chomh maith chun cóir leighis a chur ar ghalar an-coitianta agus tromchúiseacha eile, an lobhra.

Chun níos mó a fhoghlaim faoin lobhra, thug sé cuairt ar choilíneacht lobhar san India, agus d'oibrigh sé i gcomhpháirt le hoifigeach lobhra sa tSiombáib, i ndeisceart na hAfraice.

Ar ais i gColáiste na Tríonóide, d'oibrigh sé le naonúr eolaithe agus chruthaigh siad teiripe antaibheathach - teiripe a úsáidtear anois i gcóireáil lobhra ar fud an domhain. Fear umhal ba ea Uinseann agus thaistil sé gach lá ar bhus 47 agus é ar a bhealach chuig Coláiste na Tríonóide. Creidtear gur éirigh le hUinseann agus a fhoireann beatha na mílte daoine a shábháil.

Nuair a d'éag Uinseann sa bhliain 1975, d'fhreastail Uachtarán na hÉireann, Cearbhall Ó Dálaigh, agus an tiománaí ar bhus 47 a shochraid freisin. Is léir ón méid seo go raibh meas ag daoine ó gach cearn den saol ar an bhfear seo a d'úsáid a chuid bronntanas agus buanna ar son tairbhe daoine eile.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a rinne Uinseann de Barra ionas go mbeadh sé in ann a chuid tallanna agus buanna a úsáid chun cabhrú le daoine eile?
- Cad iad na tallanna agus na buanna a bhí ag Uinseann?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cé i do thuairim a thacaigh le hUinseann ina chuid oibre?
- An féidir leat smaoineamh ar bhealaí inar chabhraigh tú le daoine eile a gcuid buanna agus tallanna a úsáid?
- An cuimhin leat an scéal sa Bhíobla inar leigheas Íosa an deichniúr a raibh lobhra orthu? Gheobhaidh tú an scéal i Marcas 1:40-45 agus Matha 8:1-3.
- Cé a chabhraigh leat do thallanna a úsáid?
- Cad iad cuid de na bealaí ina n-úsáideann tú do chuid buanna chun cabhrú le daoine eile?
- D'fhreastail tiománaí an bhus 47 ar shochraid Uinsinn. Cad a insíonn sé sin dúinn faoin tiománaí? Faoi Uinseann de Barra?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 55 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Bí ar an eolas go bhfuil Dia i láthair leat ... Chruthaigh Dia thú agus thug sé do thallanna agus do bhuanna duit. Smaoinigh ar na tallanna agus ar na buanna sin ... agus gabh buíochas le Dia astu. Tá níos mó tallanna agat ná mar atá ar eolas agat. Is bronntanais ó Dhia iad buanna gach éinne.

B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as Uinseann de Barra agus as an mbealach inar úsáid sé a chuid tallanna agus buanna chun an eitinn agus an lobhra a leigheas. Cuimhnigh freisin ar na daoine go léir a bhaineann úsáid as a gcuid tallanna agus buanna chun cabhrú leat ar bhealaí éagsúla... agus gabh buíochas le Dia astu. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 56 dá leabhar.**

## AG COMHRÁ

### FAOI NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA A BHÍONN AR SIÚL AGAINN

Déan comhrá leis na páistí faoi na gníomhaíochtaí éagsúla a thaitníonn leo agus conas is maith leo rudaí nua a fhoghlaim, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén tallann speisialta atá agat? Cathain a thug tú faoi deara é don chéad uair?
- Conas a d'éirigh leat an tallann sin a bheith agat, dar leat?
- An bhfuil tallann ann ar mhaith leat a bheith agat? B'fhéidir go bhfuil rud éigin ann gur féidir leat a dhéanamh chun an tallann sin a fháil?

Cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfuil roinnt daoine níos fearr ag déanamh gníomhaíochtaí áirithe ná daoine eile. D'fhéadfadh sé a bheith an-éasca lámhsheasamh a dhéanamh do dhuine amháin, agus go mbeadh sé dodhéanta do dhuine eile. Uaireanta bíonn sé éasca do dhaoine áirithe uirlis cheoil a sheinm nó canadh, agus bíonn sé deacair ar dhaoine eile é a dhéanamh. Taithníonn spórt le daoine áirithe, agus ealaín nó ceardaíocht le daoine eile. Foghlaimímid go léir ar bhealaí éagsúla agus tá ár mbuanna go léir difriúil mar gur chruthaigh Dia muid a bheith uathúil.

Mínigh do na páistí go gcabhróidh an ghníomhaíocht seo a leanas leo na bealaí ina bhfuil siad cumasach a fheiceáil níos fearr.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AN TUSA ATÁ I GCEIST?

Tabhair cuireadh do na páistí a súile a dhúnadh agus, de réir mar a chuireann tú gach ceist, iarr orthu smaoineamh an mbaineann/nach mbaineann na gníomhaíochtaí a ndéanann tú cur síos orthu leo. Tóg sos ar feadh nóiméid nó dhó tar éis gach ceist sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.

**Ceist 1:** An tusa atá i gceist? An mbaineann tú taitneamh as snámh, lúthchleasaíocht, gleacaíocht agus spóirt eile? Seans ann go bhfuil tú *corp-chliste.*

**Ceist 2:** An tusa atá i gceist? An mbaineann tú taitneamh as a bheith ag léamh, ag scríobh agus ag caint faoi rudaí? Seans ann go bhfuil tú *focal cliste*.

**Ceist 3:** An tusa atá i gceist anseo? An maith leat fadhbanna a réiteach agus gníomhaíochtaí matamaitice a dhéanamh? Seans ann go bhfuil tú *uimhreacha cliste.*

**Ceist 4:** An tusa atá i gceist? An maith leat cluichí foirne agus a bheith in go leor clubanna? Seans ann go bhfuil tú *daoine cliste*.

**Ceist 5:** An tusa atá i gceist anseo? An bhfuil go leor eolais agat fút féin, na buntáistí/míbhuntáistí atá agat? Seans ann go bhfuil tú *'mé féin' cliste*.

**Ceist 6:** An tusa atá i gceist? An mbaineann tú taitneamh as ceol thar a lán rudaí eile? Seans ann go bhfuil tú *ceol cliste*.

**Ceist 7:** An tusa atá i gceist? An maith leat ealaín agus gníomhaíochtaí ealaíne? Seans ann go bhfuil tú *cliste le pictiúir*.

**Ceist 8:** An tusa atá i gceist anseo? An maith leat plandaí agus ainmhithe agus an mbaineann tú taitneamh as foghlaim fúthú? Seans ann go bhfuil tú *nádúr cliste.*

## GNÍOMHAÍOCHT

### TÁ TALLANNA AGAM

- Déan fótachóip den teimpléad 'Tá Tallanna agam!' (thíos) agus tabhair cóip do gach páiste.
- Tosaigh ag comhrá faoi na bealaí éagsúla inar féidir le daoine a bheith cumasach ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Má tá tú corp cliste, cén tallann a d'fhéadfadh a bheith agat?'
- Ansin iarr ar na páistí an chairt 'Tá Tallanna agam!' a chríochnú.
- Nuair a bheidh na cairteacha críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid freagraí a roinnt leis an bpáiste in aice leo.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Dia buanna agus tallanna do gach éinne agus is comharthaí dá ghrá dóibh iad uile. Is féidir linn ár mbuanna agus ár dtallanna a úsáid chun gníomhartha grá a dhéanamh do dhaoine eile agus chun moladh agus buíochas a ghabháil le Dia. D'úsáid daoine tríd na haoiseanna a gcuid tallanna agus buanna chun feabhas a chur ar an domhan. Teastaíonn ó Dhia go mbainfimid taitneamh as ár gcuid tallanna agus buanna agus go mbeidís in úsáid againn ar mhaithe le leas daoine eile. De réir mar a úsáidimid ár gcuid tallanna agus buanna chun cabhrú le daoine eile, is mó a fhásfaimid i ngrá Dé. Is féidir linn tuilleadh a fhoghlaim faoinár gcuid tallanna agus buanna trí aitheantas a thabhairt do na na rudaí a bhfuil sé éasca orainn a dhéanamh agus trí na rudaí is mó a thaitníonn linn i réimsí éagsúla dár saol a thabhairt faoi deara.

## GNÍOMHAÍOCHT

### ATHBHREITHNIÚ AR DO THALLANNA AGUS BUANNA

- Tabhair cuireadh do na páistí na tallanna a thug Dia dóibh a thabhairt chun cuimhne. Iarr orthu breathnú arís ar na bileoga 'Bosca na mBuanna' a chríochnaigh siad níos luaithe i rith na seachtaine.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí gur féidir linn rogha a dhéanamh ár mbuanna agus ár dtallanna a úsáid gach lá sa bhaile agus ar scoil chun cabhrú le daoine eile, agus nuair a dhéanaimid amhlaidh go bhfuilimid ag roinnt grá Dé le daoine eile.
- Ansin iarr ar na páistí scríobh ar chúl den bhileog 'Bosca na mBuanna' dhá bhealach ina n-úsáidfidh siad a gcuid tallanna agus buanna sa bhaile nó ar scoil an tseachtain seo.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Phríomhaithne

**Nóta:** *Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile, do thuismitheoirí/caomhnóirí nó do dhaoine eile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga.*

**Ullmhúchán:** (*B'fhéidir nach mbeidh gá le cuid den ullmhúchán thíos más sa séipéal a bheidh an tseirbhís urnaí*)

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
  *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, an pictiúr den Phápa Proinsias ag tabhairt barróg do Vinicio Riva agus an* Portráid den tSeanfhear agus a Gharmhac *sa spás urnaí.*
  *Roghnaigh beirt léitheoir. Tá na léachtaí agus na véarsaí tógtha ó salm 31 agus tá siad ar fáil thíos.*
  *Roghnaigh páiste amháin chun na leathanaigh ar a bhfuil 'Bosca na mBuanna' na ndaltaí a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse.*

  *Comhartha na Croise*

  **Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Táimid ag dul i dtaithí ar theagasc Íosa agus ar a theachtaireacht faoi ghrá. Rinne Íosa go leor gníomhartha ghrá le linn a shaol ar domhan agus iarrann sé orainn an rud céanna a dhéanamh. Le linn an téama seo d'fhoghlaimíomar faoin Phríomhaithne. Múineann an Phríomhaithne seo dúinn grá a thabhairt do Dhia lenár gcroí, anam, neart agus ár n-aigne go hiomlán agus grá a thabhairt don chomharsa mar sinn féin.

Anois bímis ciúin agus cuimhnímis go bhfuil Dia anseo i láthair linn.

*Lasann an múinteoir an choinneal fad is atá gach duine ag machnamh go ciúin.*

Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh. Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thugann Dia duit gach lá ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'.

Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Déan iarracht díriú ar rithim d'análaithe go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin.

Cuimhnigh go bhfuil an Spiorad Naomh leat chun cabhrú leat maireachtáil ar nós Íosa, le grá a thabhairt ar nós Íosa agus chun guí ar nós Íosa. Tabharfaidh an Spiorad Naomh treoir duit freisin chun do chuid tallanna agus buanna a úsáid go maith agus i seirbhís daoine eile. Le do ghuth taobh istigh, gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit. Nuair atá tú réidh, oscail do chuid súl.

Cuirimid fócas anois ar na tallanna agus ar na buanna a thug Dia dúinn. Comharthaí a ghrá dúinn na tallanna agus na buanna sin uile. Is féidir leis an tslí a n-úsáidimid iad a bheith ina comhartha ar ár ngrá do Dhia agus do dhaoine eile.

*Glac sos ar feadh cúpla nóiméid chun machnamh a dhéanamh.*

**Múinteoir:** Molaimis Dia anois as a chuid maitheasa ag baint úsáid as roinnt véarsaí ó Salm 31.
**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: "Is tú mo Dhia."
Tá m'anam ag brath ort, saor mé…
Nach lánmhar an mhaitheas atá i dtaisce agat don dream lenarb eagal tú!
Bígí láidir! bíodh misneach in bhur gcroí agaibh, a dhaoine uile a bhfuil bhur ndóchas sa Tiarna.

*Ardaíonn dalta na leathanaigh a bhaineann le 'Bosca na mBuanna' agus tógann go dtí an spás urnaí iad.*

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as ár gcuid buanna ar leith a thug tú do gach duine againn. Agus muid ag díriú ar na buanna sin anois, déanaimid cuimhne ar do mhaitheas agus do fhlaithiúlacht. (*Sos*)
Ofráilfimis anois ár dtallanna agus ár mbuanna le Dia agus le daoine eile. Agus an méid sin á dhéanamh againn, is é an freagra a úsáidfimid ná an phaidir a deirimid tar éis don sagart an t-arán agus an fíon a thairiscint do Dhia, ar ár son, ag Liotúirge na hEocairiste. Guímis: *Moladh go deo le Dia.*
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, cuidigh linn cuimhneamh i gcónaí go bhfuil ár dtallanna agus ár mbuanna ann, mar chomharthaí do ghrá dúinn agus go bhfuil gach duine againn uathúil agus maith.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, múin dúinn buíochas a ghabháil leat agus taitneamh a bhaint as ár dtallanna agus ár gcuid buanna féin agus as buanna daoine eile freisin.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, go mbainfimis úsáid as ár gcuid buanna i gcónaí chun cúram a thabhairt do dhaoine eile agus don chruthú a thug tú dúinn.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, cuidigh linn a fheiceáil, fad is a mbainfimid úsáid as ár dtallanna agus ár gcuid buanna, chun cuidiú le daoine eile agus chun feabhas a chur ar an gcruthú, is ea is mó a mbeimid cosúil leat agus a fhásfaimid i ngrá leat.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Múinteoir:** Tabharfaimis chun chuimhne anois na huaireanna nár roinneamar na tallanna agus na buanna sin, agus an *Fhaoistin Choiteann* á rá le chéile.
**Gach duine:** An Fhaoistin Choiteann (Admhaím do Dhia uilechumhachtach ...)

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, tugaimid glóir duit anois agus *An Ghlóir* á rá le chéile.
**Gach duine:** An Ghlóir (Glóir do Dhia sna harda ...)

**Léitheoir 1:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás:
*'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin'* (Lúcás 10:27).

**Múinteoir:** Tógfaimid nóiméad anois chun smaoineamh ar an ngrá go léir atá inár saol. Dún do shúile (nó fócas ar an spás urnaí) agus tóg nóiméad chun smaoineamh ar mhéid an ghrá atá ag Dia duit - trí bhronntanas na beatha a thabhairt duit ... trí dhaoine a thabhairt duit a bhfuil grá acu duit ... trí tallanna agus buanna a thabhairt duit gur féidir leat a úsáid ar do leas féin agus ar leas daoine eile ... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia, le do ghuth taobh istigh, as na rudaí seo go léir.

*Glac sos ar feadh cúpla nóiméid chun machnamh a dhéanamh.*

**Múinteoir:** Iarrann Dia orainn grá a thabhairt don chomharsa mar a thugaimid grá dúinn féin. Is comharsa dúinn gach duine, ach go háirithe iad siúd a bhfuil ár gcabhair ag teastáil uathu. Cé a bhfuil do chabhair uathu faoi láthair? Le do ghuth taobh istigh, inis le Dia cé do chomharsa ... agus cén cineál cúnaimh atá uathu ... B'fhéidir go bhfuil maithiúnas ag teastáil uathu ... nó iontas éigin ... nó a bheith curtha san áireamh i do chuid cluichí ... do chuid bréagán nó do leabhair a roinnt leo ... Anois, b'fhéidir gur mhaith leat a rá le Dia, le do ghuth taobh istigh, conas a chabhróidh tú le do chomharsa trí do chuid tallanna agus buanna a úsáid ...


*Glac sos ar feadh cúpla nóiméid chun machnamh a dhéanamh.*

**Léitheoir 2:** Tá a lán daoine ann a thugann dea-shampla dúinn conas is féidir linn ár gcuid tallanna agus buanna a úsáid. Is cuimhin linn Uinseann de Barra, a d'úsáid a chuid scileanna mar eolaí chun leigheas a sholáthar do lobhair. Is cuimhin linn conas a roinn an Pápa Proinsias grá le go leor daoine. Gabhaimid buíochas leis na daoine eile go léir a thaispeáin dúinn conas a bheith flaithiúil lenár gcuid ama, ár dtallanna agus ár gcuid buanna. Iarraimid ar Dhia cuidiú linn leanúint ar aghaidh ag fás ina ghrá agus sinn ag guí le chéile i bhfocail a mhúin Íosa dúinn.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

*Comhartha na Croise*

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach

Ainm: ____________________



# Tá Tallanna Agam!

Sílim go bhfuil mé cumasach ar na bealaí seo:

- 
- 
- 
- 
- 
- 

Roinnt buanna is dóigh liom a d’fhéadfainn a fheabhsú ná:

- 
- 
- 

# Téama 7: An tSeachtain Mhór agus An Cháisc

## Ceacht 1: An tSeachtain Mhór
## Ceacht 2: An Cháisc

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Chuir Dia Íosa chugainn chun sinn a shábháil ónár bpeacaí
- Ar Dhomhnach Cásca, thóg Dia an tAthair Íosa ó mhairbh le saol nua a chaitheamh i gcolainn ghlórmhar. Tugtar an t-Aiséirí ar seo

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Is é Íosa an Dara Pearsa Diaga den Tríonóid Ró-Naofa. Tháinig Íosa, Mac Dé, ar an saol chun sinn a shábháil. Is é ár Slánaitheoir é, a tháinig chugainn le grá, chun ár bpeacaí a mhaitheamh
- Tugtar 'Slánaitheoir' ar Íosa de bhrí gur shaor sé sinn ó pheaca lena shaol, a bhás agus a Aiséirí
- Bhí Íosa toilteanach fulaingt agus bás a fháil le méid a ghrá do Dhia a Athair agus dúinne a léiriú
- D'ofráil Íosa é féin do Dhia ag an Suipéar Déanach agus ar Chalvaire
- Thaispeáin Íosa é féin aiséirithe ó na mairbh do Mháire Mhaigdiléana agus roghnaigh sé í le bheith ina 'haspal do na haspail'(Eoin 20:11-18)

**Muire**

- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. An Choróin Mhuire

**An Bheatha Shíoraí**

- D'aiséirigh Íosa ó mhairbh ina chorp féin agus chuaigh suas ar neamh le go mbeimid in ann a bheith ina theannta lá éigin agus an bheatha shíoraí a roinnt leis

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

*Páis agus Bás Íosa*

- Mth 21:1-11. Ag dul isteach go Iarúsailéim
- Mth 26:36-66. Geitséamainí – An tArdsagart
- Eoin 19:26-27. A bhean, seo é do mhac

*Aiséirí agus Deascabháil Íosa*

- Mth 28:1-10; Lúc 24:1-12. Mná ag an tuama
- Eoin 20:19-29. Tomás Amhrasach

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- An Choróin Mhuire (Na Rúndiamhra Dólásacha)
- An Phaidir

*Paidreacha Breise*

- Paidir Mholta
- Freagraí an Aifrinn
- Rúndiamhair an chreidimh 3
- Paidir tar éis Comaoineach

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Le linn na Seachtaine Móire cuimhnímid gur roinn Íosa é féin ar ár son: Ag an Suipéar Déanach/ar an gcrois
- Ar Dhéardaoin na Comaoineach tugann an Eaglais gach ar tharla ag an Suipéar Déanach chun cuimhne
- Ar Aoine an Chéasta, tugann lucht leanúna Íosa a bhás agus a adhlacadh chun cuimhne agus iad ag machnamh ar Thuras na Croise
- Is í an Cháisc an fhéile is mó i mbliain na hEaglaise nuair a cheiliúrann Críostaithe bás agus aiséirí Íosa
- I rith Séasúr na Cásca ceiliúrann Críostaithe a saol nua sa Tiarna aiséirithe

### MORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Tugann Dia bronntanas na síochána dúinn agus iarrtar orainn a bheith inár gceann réitithe

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

*g. Páis, bás agus aiséirí Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

Laethanta deiridh shaol Íosa a insint agus plé a dhéanamh orthu, lena n-áirítear:

- Ag teacht isteach in Iarúsailéim - Eoin 12:12-19
- An Suipéar Déanach - Lúcás 22:7-20
- Fealltóireacht Iúdáis agus gabháil Íosa - Lúcás 22:47-53; Marcas 14:10-11
- Céasadh, bás agus adhlacadh - Marcas 15:16-47.
- Aiséirí agus taispeántaí - Marcas 16; Lúcás 24:13-35.

# Ceacht 1: An tSeachtain Mhór

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn na Seachtaine Móire cuimhníonn Críostaithe ar na himeachtaí a tharla le linn seachtain deiridh Íosa ar an saol seo. Sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2, Rang a hAon/B3 agus Rang a Dó/B4) chuala na páistí faoi Pháis, bás agus Aiséirí Íosa.

Tosaíonn an tSeachtain Mhór le Domhnach na Pailme, an lá a mharcaigh Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal chun féile Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh. Bhí go leor daoine ag súil gurbh é Íosa an Slánaitheoir a raibh siad ag fanacht leis.

Ar an oíche roimh a bhás, Déardaoin na Comaoineach, roinn Íosa an Suipéar Déanach lena chairde. Roimh an bhéile seo, chun Cáisc na nGiúdach a cheiliúradh, rinne Íosa rud neamhghnách. Nigh sé cosa na ndeisceabal. Sa tír sin ba gnách le seirbhíseach cosa na n-aíonna a nigh. Theastaigh ó Íosa a thaispeáint dá lucht leanúna gur cheart dóibh a bheith mar sheirbhísigh dá chéile.

Ar an oíche sin freisin thug Íosa bronntanas dá Chorp agus dá chuid Fola, i bhfoirm aráin agus fíona, dá dheisceabail. Agus an t-arán agus an fíon á roinnt leo, dúirt sé dóibh gurbh é an t-arán a Chorp, briste dóibh, agus b'é an fíon a Fhuil, doirteadh amach dóibh. Bhí a fhios aige go raibh sé chun bás a fháil, agus mar sin dúirt sé leo 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'.

Gach uair a cheiliúraimid an t-Aifreann, deir an sagart na focail a labhair Íosa ag an Suipéar Déanach, agus athraítear an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost. Nuair a ghlacaimid an Comaoineach Naofa is é Corp Chríost a fhaighimid.

Tar éis an tSuipéir gabhadh Íosa agus tógadh é go dtí teach Cháiafas, an tArdsagart, áit ar cúisíodh go bréagach é. Ansin tugadh Íosa ar aghaidh chun a céasadh.

Ar Aoine an Chéasta, cuimhníonn Críostaithe ar an lá ar céasadh Íosa. Fuair Íosa bas go toilteanach ar an gCros chun sinn a shábháil ónár bpeacaí. Lean sé bealach an ghrá go dtí an deireadh, fiú agus é ag fáil bháis ar an gCros. Díreach sula bhfuair sé bás, labhair Íosa lena mháthair, Muire, agus lena dheisceabal, Eoin Broinne.

An tseachtain seo beidh na páistí ag ceiliúradh tús na Seachtaine Móire trí amharc níos géire a thabhairt ar Íosa ag dul isteach in Iarúsailéim ar Dhomhnach na Pailme. Tabharfaidh siad aire freisin ar chruinniú Íosa le Cáiafas, an tArdsagart, agus é i láthair na Comhairle. Ar deireadh, scrúdóidh siad an céasadh, agus cuirfear an bhéim ar an focail a dúirt Íosa le Muire agus Eoin ag an bun na Croise.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Seirbhíseach:** úsáidtear an focal seo sa Bhíobla do dhuine a chuireann é/í féin i seirbhís duine eile.
- **Ardsagart:** an príomhshagart i measc na sagart a bhí sa Teampall.
- **Comhairle na nGiúdach:** Bhí sé seo comhdhéanta de thrí ghrúpa: na hardsagairt, na seanóirí agus na scríobhaithe.
- **Mac Dé:** teideal d'Íosa.
- **Mac an Duine:** teideal d'Íosa.
- **Diamhasla:** ag léiriú easpa urraime do Dhia.
- **Tréan na Cásca:** Tosaíonn Tréan na Cásca le hAifreann Shéire an Tiarna ar Dhéardaoin na Comaoineach agus críochnaíonn sé le hUrnaí an Tráthnóna ar Dhomhnach Cásca.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóipeanna de na teimpléid (thíos) don chleachtadh ciorclach.
- Paidríní.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOIN CHÁISC

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi laethanta saoire na Cásca ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a cheapann tú atá speisialta faoi laethanta saoire na Cásca?
- Cad iad na himeachtaí i saol Íosa is cuimhin linn aimsir na Cásca?

## GNÍOMHAÍOCHT

### CLEACHTADH CIORCLACH

**Nóta:** *Cabhróidh an cleachtadh seo le heolas agus tuiscint na bpáistí ar an tSeachtain Mhór.*

- Beidh fótachóip de gach ceann de na teimpléid thíos ag teastáil don ghníomhaíocht seo.
- Roinn an rang i gceithre ghrúpa agus tabhair ceann amháin de na teimpléid do gach grúpa.
- Tá ceann de na ceisteanna seo a leanas scríofa ar gach teimpléad: Cad atá ar eolas agam faoi Dhomhnach na Pailme? Cad atá ar eolas agam faoi Dhéardaoin na Comaoineach? Cad atá ar eolas agam faoi Aoine an Chéasta? Cad atá ar eolas agam faoi Dhomhnach na Cásca?
- Tabhair seasca soicind do na páistí leis an oiread freagraí agus is féidir leo a fháil ar na ceisteanna. Coimeádfaidh páiste amháin na freagraí ar na ceisteanna.
- Tar éis seasca soicind, iarr orthu na leathanaigh a chur ar aghaidh ar dheis ionas go mbeidh ceist nua ag gach grúpa le hobair uirthi.
- Lean ort ar aghaidh go dtí go mbeidh na leathanaigh líonta ag gach grúpa.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe, tabhair cuireadh do dhuine amháin as gach grúpa na freagraí éagsúla a roinnt leis an rang.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 58 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Anois, ó rinneamar cuimhne ar go leor de na himeachtaí a tharla i rith na Seachtaine Móire, lasaimid ár gcoinneal chun a chur in iúl dúinn go bhfuil Íosa i láthair linn. Agus muid ag ullmhú don tSeachtain Mhór cuimhnímid ar an méid a tharla roimh bhás Íosa. Chun buíochas a ghabháil le hÍosa as gach rud a rinne sé dúinn, úsáidfimid an freagra seo a leanas: *Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna Íosa, agus molaimid thú.*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna Íosa, agus molaimid thú.

**Múinteoir:** A Íosa ghrámhair, déanaimid cuimhne ar an gcaoi ar luasc na daoine a gcuid brainsí agus a mhol tú trí 'Hosanna!' a rá, agus tú ag marcaíocht ar asal isteach go Iarúsailéim.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna Íosa, agus molaimid thú.

**Múinteoir:** A Íosa ghrámhair, cheiliúir tú an Suipéar Déanach le do dheisceabail ar Dhéardaoin na Comaoineach. Ag an mbéile speisialta seo thug tú tú féin do na deisceabail i bhfoirm aráin agus fíona. Nuair a bheannaigh tú an t-arán agus an fíon, d'athraigh tú iad i do Chorp agus i do Fhuil. Nuair a ghlacaimid an Comaoineach Naofa ag an Aifreann, is é do Chorp a fhaighimid. Ar Dhéardaoin na Comaoineach, nigh tú cosa do dheisceabail agus thug tú Aithne Nua dóibh grá a thabhairt dá chéile.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna Íosa, agus molaimid thú.

**Múinteoir:** A Íosa ghrámhair, ar Aoine an Chéasta fuair tú bás ar ár son ar an gCrois. Le seo, léirigh tú dúinn conas a bheith flaithiúil agus grámhar agus conas maithiúnas a thabhairt.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna Íosa, agus molaimid thú.

**Múinteoir:** A Íosa ghrámhair, ar Dhomhnach na Cásca, ceiliúraimid an t-Aiséirí. Líon tú na deisceabail le solas, le beatha nua agus le háthas nuair a bhí tú ina measc. Anois, líon sinne chomh maith leis an solas céanna, le beatha agus le háthas nua.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna Íosa, agus molaimid thú.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AN TEACHT ISTEACH CAITHRÉIMEACH I IARÚSAILÉIM

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Beannaítear craobhacha pailme nó duilleoga pailme sa séipéal ar Dhomhnach na Pailme i gcuimhne ar an gcaoi a bheannaigh na daoine Íosa nuair a tháinig sé isteach in Iarúsailéim ag marcaíocht ar asal. Chonaic na daoine Íosa mar an ceannaire a raibh siad ag fanacht leis. Coinníonn roinnt daoine na craobhacha beannaithe seo ina dtithe le linn na bliana.

Ceiliúrann an Eaglais tús na Seachtaine Móire ar Dhomhnach na Pailme, nuair a chuimhníonn Críostaithe ar Íosa ag teacht go Iarúsailéim ar asal, in éineacht lena dheisceabail. Seo é an scéal mar a insítear é sa Soiscéal de réir Matha:

**An Teacht Isteach Caithréimeach i Iarúsailéim (Matha 21:1-11)**
Chuir Íosa beirt dheisceabal uaidh ag rá leo: "Téigí isteach sa bhaile atá os bhur gcomhair, agus gheobhaidh sibh láir asail ceangailte agus searrach lena cois; scaoiligí iad agus tugaigí chugam iad... D'imigh na deisceabail agus rinne siad de réir mar bhí beartaithe ag Íosa dóibh: thug siad leo an láir asail agus an searrach... agus chuaigh Íosa ina shuí orthu. Agus rinne na daoine, slua an-mhór díobh, a mbrait a leathadh ar an mbóthar, agus bhí cuid eile acu ag baint craobhacha na gcrann le leathadh ar an mbóthar; agus na sluaite a bhí roimhe amach agus iad seo a bhí á leanúint, bhí na gártha acu á gcur suas: "Hósana do Mhac Dháiví! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna! Hósana sna harda."

Nuair a chuaigh sé isteach in Iarúsailéim, bhí an chathair go léir ar bís: "Cé hé seo?" deirtí.

Agus deireadh na sluaite: "Is é seo Íosa, an fáidh ó Nazarat sa Ghailíl."



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén córas iompair a d'úsáid Íosa agus é ag taisteal go Iarúsailéim?
- Cad a scaip na daoine ar an mbóthar nuair chonaic siad Íosa ag teacht?
- Cé a dúirt na daoine a bhí ag teacht?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An cuimhin libh aon scéal eile ón mBíobla ina raibh duine eile ag marcaíocht ar asal? (turas Mhuire go Beithil)
- Cén fáth ar scaip na daoine a gcuid clócaí agus craobhacha pailme ar an mbóthar?
- Cad a dhéanann daoine, sa lá atá inniu ann, nuair is mian leo mórfháilte a chur roimh dhuine ag teacht chun an bhaile? An féidir leat smaoineamh ar aon samplaí? (foireann buacach spóirt ag filleadh, cuairteoir speisialta, srl.)
- An cuimhin libh cé a bhí sa bhfásach ag iarraidh ar dhaoine ullmhú do theacht Íosa?

## GNÍOMHAÍOCHT

### AGALLAMH

- Tabhair cuireadh do na páistí obair ina mbeirteanna, le páiste amháin ag glacadh ról an agallóra agus an páiste eile i ról duine de na daoine a bheannaigh Íosa ar theacht isteach go Iarúsailéim dó.
- Ullmhaigh na páistí don ghníomhaíocht tríd an radharc seo a thabhairt chun cuimhne: Ba léir gur chuala na daoine go raibh Íosa ag teacht. Chreid siad gurbh eisean an Meisias a gheall na fáithe. Is dócha gur chuala siad go leor scéalta faoi na rudaí go léir a rinne Íosa.
- Tabhair cuireadh do na 'agallóirí' ceisteanna a mholadh a d'fhéadfaidís a chur, mar shampla: Cén fáth ar theastaigh uait Íosa a fheiceáil ag teacht isteach i Iarúsailéim? Cad a chuala tú mar gheall air sular tháinig sé? Cad a cheap tú go ndéanfadh sé?
- Tabhair cuireadh do roinnt péirí a gcuid agallaimh a chur i láthair don chuid eile den rang.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ÍOSA I LÁTHAIR NA COMHAIRLE

Tabhair an Suipéar Déanach chun cuimhne trí cheisteanna a chur ar nós:


- An cuimhin libh cad eile a rinne Íosa ag an An Suipéar Déanach, seachas a Chorp a roinnt agus a Fhuil i bhfoirm aráin agus fíona? (*I nGrá Dé*, Rang a Dó/B4, Téama 6)
- Cén fáth ar nigh Íosa cosa na ndeisceabal?
- Cá ndeachaigh Íosa nuair a bhí an suipéar thart?

Ansin léigh an méid a tharla nuair a tugadh Íosa do Cháiafas an tArdsagart.

**Íosa i Láthair na Comhairle (Matha 26:57-66)**

An dream a bhí tar éis Íosa a ghabháil, sheol siad leo é go teach Cháiafas, an t-ardsagart… Bhí Peadar á leanúint i bhfad uaidh… Chuaigh [sé] ina shuí i measc na seirbhíseach d'fhonn go bhfeicfeadh críoch an scéil. Bhí uachtaráin na sagart agus an tsainidrín ar fad ag lorg fianaise bréige in aghaidh Íosa d'fhonn é a bhású; ach ní bhfuair siad í in ainneoin gur tháinig an-chuid d'fhinnéithe bréige i láthair. Sa deireadh, tháinig beirt i láthair agus b'é a scéal sin: "Dúirt an fear seo: 'Is féidir liom Teampall Dé a leagan anuas agus é a atógáil i dtrí lá.'" D'éirigh an t-ardsagart ina sheasamh agus dúirt leis: "Nach bhfuil freagra ar bith agat? Cad tá acu seo á dhearbhú ort?" D'fhan Íosa ina thost. Dúirt an t-ardsagart leis: "Cuirim ort as ucht Dé bheo a insint dúinn an tú an Críost Mac Dé."

Dúirt Íosa leis: "Tá sé ráite agat… Leis sin, stróic an t-ardsagart a chuid éadaigh: "Tá diamhasla déanta aige!" ar seisean; "cad is gá dúinn a thuilleadh finnéithe? Sin anois an diamhasla cloiste agaibh. Cad é bhur mbarúil?" Agus ba é an freagra a thug siad: "Tá an bás tuillte aige."



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cár tógadh Íosa nuair a gabhadh é?
- Cén t-ainm a bhí ar an Ardsagart?
- Cé a lean Íosa go dtí an clós?
- Cén fáth a raibh na príomhshagairt agus an Chomhairle ag lorg fianaise bhréagach i gcoinne Íosa?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cá háit a dtugann daoine fianaise de ghnáth?
- Cén fáth a raibh na príomhshagairt agus an Chomhairle ag iarraidh Íosa a chur chun báis?
- Chuir Cáiafas, an tArdsagart, diamhasla i leith Íosa. Léiríonn diamhasla easpa urraime do Dhia, d'Íosa, do Mhuire srl. An dóigh libh go dtarlaíonn diamhasla sa lá atá inniu ann? Más ea, tabhair roinnt samplaí faoi cathain a tharlaíonn sé.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 58 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan machnamh ar an méid a bhaineann le bheith cúisithe go mícheart cosúil le hÍosa. N'fheadar conas a mhothaigh Íosa nuair a bhí sé seo ag tarlú ... Ar tharla a leithéid riamh duit féin nó do dhuine a bhfuil aithne agat orthu? ... Inis Íosa faoi toisc go dtuigeann sé cad a bhíonn i gceist … nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

## AN CHORÓIN MHUIRE

### NA RÚNDIAMHRA DÓLÁSACHA

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad is cuimhin leat faoin Choróin Mhuire? Cé a dtugaimid onóir dó/di nuair a ghuímid an Choróin Mhuire?
- D'fhoghlaim sibh cheana féin faoi Rúndiamhra Sólásacha den Choróin Mhuire. An cuimhin libh iad? (Teachtaireacht an Aingil, Cuairt Mhuire ar Naomh Eiliosaibeit, Breith ár dTiarna, Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall agus Íosa i measc na n-ollúna). Tugann siad imeachtaí tábhachtacha in óige Íosa chun cuimhne.

Mínigh go dtugann na Rúndiamhra Dólásacha na heachtraí a tharla d'Íosa sular céasadh é chun cuimhne.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 59 dá leabhar.**

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### CÉASTAR ÍOSA

Chuir Dia a Mhac, Íosa, ar domhan chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Mhúin Íosa Aithne Nua an ghrá do dhaoine. Lean sé ag taispeáint do dhaoine an bealach maireachtála grámhar seo, fiú nuair a chuir a ghníomhartha fearg ar na húdaráis agus é féin i mbaol a bháis. Éistimid anois leis an méid a dúirt Íosa le Muire, a mháthair, agus le hEoin Broinne, agus iad ina seasamh ag bun na Croise agus é ag fáil bháis.

**Céastar Íosa (Eoin 19:26-27)**
Nuair a chonaic Íosa a mháthair agus an deisceabal a ghráigh sé ina sheasamh lena hais, dúirt sé lena mháthair: "A bhean, sin é do mhac. Ansin dúirt sé leis an deisceabal: "Sin í do mháthair." Agus ón uair sin amach ghlac an deisceabal isteach ina bhaile féin í.



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cérbh iad an bheirt a bhí ina seasamh ag bun na Croise?
- Cén fáth a raibh siad chomh speisialta sin le hÍosa?
- Cad a dúirt Íosa le Muire faoi Eoin?
- Cad a dúirt Íosa le hEoin faoi Mhuire?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cad é mar a mhothaigh Muire agus Eoin, dar leat, agus iad ina seasamh ag bun na Croise ag breathnú ar Íosa ag fáil bháis?
- Cén fáth, dar leat, a dúirt Íosa an méid sin le hEoin?
- Dúirt Íosa le hEoin, 'Sin í do mháthair.' Cad is brí le sin dúinne?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 59 dá leabhar.**

## DÁN

Cuir an dán thíos in aithne na bpáistí.

**Breacadh Cásca**
Fear óg go garbh gléasta
Faoin ngrian ag cur fola.
D'iarr Píoláit air, 'An rí tú féin?'
Dúirt sé 'Sin a ghlaoitear orm!'
Ansin dúirt Píoláit: 'Féach air seo!
Cén dochar a rinne sé?'
D'fhreagair Cáiafas go cruálach,
'Deir sé gur Rí é féin!'
'Caesar an t-aon Rí atá againn,
Gan Rí eile ina láthair!'
Agus dúirt an pobal d'aon ghuth,
'Céas é os comhair a mháthair!'

Chéas siad é ar chros adhmaid
Ar Chnoc ard Gholgatá.
D'fhan a mháthair is Eoin Broinne
Ansin leis, aga
Gur dhún sé a shúile, go bhfuair sé bás
Is an domhan go léir gan fás.

Dorchadas agus gruaim sa tuama istigh
Mórthimpeall a choirp, scaipthe,
Ach imíonn gach oíche
Le solas na maidine ag breacadh.
Agus Íosa, mar ghrian na maidine,
D'aiséirigh le Breacadh na Cásca!

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 60 dá leabhar.**

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Cuireann Domhnach na Pailme tús leis an tSeachtain Mhór. Ar an lá seo cuimhnímid ar theacht Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal. Nuair a bhí an Suipéar Déanach thart ar Dhéardaoin na Comaoineach chuaigh Íosa agus a chairde go dtí Gairdín Gheitséamainí. Is anseo a gabhadh é agus tugadh é os comhair Cáiafas an tArdsagart, agus an Chomhairle. Cuireadh diamhasla ina leith, fuarthas ciontach é agus daoradh chun báis é. Fuair Íosa bás ar Aoine an Chéasta. Sula bhfuair sé bás, labhair sé le Muire, a mháthair, agus le hEoin, an deisceabal a ghráigh sé.

## GNÍOMHAÍOCHT

### RÓL IMIRT

- Nuair a chonaic Íosa a dheisceabal Eoin ag bun na Croise, mar aon lena mháthair Muire, labhair sé leo araon. Dúirt sé lena mháthair, 'A bhean, sin é do mhac.' Ansin dúirt sé le hEoin, 'Sin í do mháthair.'
- Tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú go raibh siad ann ag bun na Croise freisin. Cad a bheadh le rá acu le Muire? Cad a bheadh le rá ag Muire leo?
- Tabhair cuireadh dóibh bheith ina mbeirteanna, le páiste amháin ag tógáil ról Mhuire, agus cum an comhrá a luadh thuas.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a ról imirt a chur i láthair don rang.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Níos luaithe sa bhliain d'fhoghlaimíomar conas an *Choróin Mhuire* a rá, agus an tseachtain seo labhraíomar faoi na Rúndiamhra Dólásacha. Anois táimid chun deichniúr den *Choróin Mhuire* a rá. Agus muid ag guí, déanfaimid machnamh ar an gCúigiú Rúndiamhair Dólásach, Céasadh Íosa, agus conas a fuair sé bás ar ár son.

**Múinteoir agus Páistí:** Guígí *Ár nAthair* amháin, *'Sé do bheatha, a Mhuire* deich n-uaire agus *Glóir don Athair* amháin.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: An Cháisc

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le beagnach dhá mhíle bliain tá an Eaglais ag ceiliúradh an t-Aiséirí. Ní bhainfeadh ciall ar bith leis an bpian agus an fhulaingt a d'fhulaing Íosa ar an gCrois munar aiséirigh Íosa ó mhairbh. Tá ár gcreideamh Críostaí bunaithe ar Aiséirí Chríost. Cé go ndéantar Aiséirí Chríost a cheiliúradh gach Domhnach, is é an buaicphointe atá ag an Bhliain Liotúirgeach ná Tréan na Cásca, lena n-áirítear Déardaoin na Comaoineach, Aoine an Chéasta agus Domhnach na Cásca. D'ardaigh Dia an tAthair Íosa ón mbás go beatha nua, agus cuimhnímid agus ceiliúraimid é sin ar Dhomhnach Cásca. Thaispeáin Íosa é féin dá dheisceabail i gcorp glórmhar – comhartha dá shaol aiséirithe nua i nDia. Tugtar an t-Aiséirí ar seo.

Líonann an t-Aiséirí sinn le dóchas agus le háthas. Nuair a bhí Íosa aiséirithe go beatha nua bhuail sé lena dheisceabail agus dúirt sé leo, 'Síocháin libh' agus 'Ná bíodh eagla oraibh'. Ansin dúirt sé leo dul go dtí an Ghailíl agus a rá leis na daoine go raibh sé beo. Teastaíonn ó Íosa go mbeadh a fhios againn, freisin, go bhfuil sé beo agus linn inniu.

Tá cuntais éagsúla cloiste ag na páistí faoi Aiséirí Íosa sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo: An Tuama Folamh (Lúcás 24:1-12), Taispeánann Íosa é féin dá dheisceabail ar an gcladach ag Muir na Gailíle (Eoin 21:1-14), Buaileann Máire Mhaigdiléana le hÍosa Aiséirithe (Eoin 20:1, 11-18), Na Mná ag an Tuama (Marcas 16:1-8). I mbliana cuirimid an eachtra faoi Íosa agus Tomás i láthair na bpáistí (Eoin 20:24-29), agus faoi Mháire Mhaigdiléana agus an Mháire eile ag teagmháil le hÍosa Aiséirithe sa Soiscéal de réir Mhatha (Matha 28:1-10), agus luaimid go hachomair an cuntas faoin tuama folamh i Leabhar na bPáistí i Lúcás 24:1-12.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Aiséirí:** Domhnach na Cásca, d'ardaigh Dia, an tAthair, Íosa ón mbás go beatha nua i gcorp glórmhar. Tugtar an tAiséirí ar seo.
- **Tiarna:** Baineadh úsáid as an teideal 'Tiarna' sa Sean Tiomna nuair a bheadh tagairt do Dhia i gceist.
- **Grásta:** Láithreacht agus obair Dé inár saol.
- **Tréan na Cásca:** Tosaíonn Tréan na Cásca le hAifreann Shéire an Tiarna ar Dhéardaoin na Comaoineach agus críochnaíonn sé le hUrnaí an Tráthnóna ar Dhomhnach Cásca.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ábhair chun gairdín Cásca a thógáil
- Cárta chun cártaí/móibíl na Cásca a dhéanamh
- Cloch leibhéalta do gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### FAOI CONAS A ATHRAÍONN AGUS A FHÁSANN NITHE ÉAGSÚLA

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ní mór tuiscint a thaispeáint do pháistí i gcónaí agus iad ag plé leis an mbás. Cé gur próiseas nádúrtha é an bás, d'fhéadfadh roinnt páiste a bheith sa rang a chuirfeadh an t-ábhar isteach orthu. Seans ann go raibh taithí ag páistí áirithe ar an mbás. Smaoinigh ar an mbealach is fearr chun déileáil le seo bunaithe ar na cúinsí i do rang féin. Tabhair faoi deara, freisin, go bhfuil sé mar chuid dár gcultúr anois ag go leor daoine labhairt faoi 'ag gluaiseacht ar aghaidh' in ionad na bhfocal 'bás' agus 'ag fáil bháis' a úsáid, mar sin is maith na focail seo a chur i láthair na bpáistí ar bhealach mothálach.

Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi ina athraíonn rudaí le himeacht ama, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na bealaí leanbaí a bhí ort a fhágáil i do dhiaidh agus tú ag éirí níos sine? Cén sórt rudaí a rinne daoine eile ar do shon nuair a bhí tú i do leanbh ar féidir leat a dhéanamh duit féin anois? Cad iad cuid de na rudaí nua atá foghlamtha agat?
- Cad a tharlaíonn do na duilleoga san fhómhar? Nuair a thiteann siad de na crainn chun bás a fháil, an é sin deireadh an scéil? Cad a thagann as na duilleoga feoite sa earrach?
- Is é an t-earrach an séasúr ina fhásann go leor rudaí agus ina thagann borradh ar an dúlra. Conas a bhraitheann tú nuair a fheiceann tú é seo go léir ag tarlú? Cad iad na focail a roghnófá chun cur síos a dhéanamh ar an séasúr seo?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 61 dá leabhar.**

## DÁN

Cuir an dán thíos i láthair na bpáistí agus mínigh conas a athraíonn bolb chun a bheith ina féileacán.

**An Féileacán**
Rinne damhán snáithe síoda
Agus phreab ó fhéar go talamh.
'Éist anois leis an scéala,
Atá le clos ag bodhar is balbh.'
Créatúir an ghairdín mór 'gus beag
A bhí chomh ciúin le luch,
Chonaic siad bolb cabáiste
Ag snámhaíl i dteach bídeach.
'Féach an t-amadán,' arsa bóin Dé,
Ag cur snas ar a cuid ingne.
'Rud chomh haimeadach níor chuala mé,'
Arsa péire seilidí sollúnta.
D'imigh na créatúir uile leo féin
Ag ceapadh go raibh sé éagtha,
Gur tháinig lá geal álainn amháin
Dúirt an phéist nach n-insíonn bréaga:
'Feicim scoilt sa bhlaosc gan dath
Agus rud éigin ag bogadh istigh.
Feicim ceann agus sciatháin chomh maith.
Déan deifir agus féach!' Dia linn!
'Tá an phéist ar ais,' arsa an slua ar fad.
Agus díreach os comhair na súile
D'éirigh féileacán amach ina ionad
Agus chonaic an t-iontas orthu.
'D'fhág mé an saol agus na cairde agam,
Cheap sibh go raibh mé éagtha.
Rinne mé é chun a chruthú daoibh
Gur ón mbás a thagann an bheatha.'

Tar éis duit an dán a léamh, déan comhrá leis an páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na créatúir a bhí ag breathnú ar an bholb ag dul isteach ina theach beag?
- Cad a cheap na créatúir eile a d'fhéadfadh a tharlú don bholb nuair a chuaigh sé isteach ina theach? Cad a tharla i ndáiríre?
- Cén fáth go raibh ionadh ar na créatúir nuair a tháinig an féileacán amach as an bhlaosc?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Tháinig iontas ar na créatúir nuair a chonaic siad gur athraigh an bolb go féileacán. An raibh iontas ort riamh faoi iontais an nádúir? Roinn an méid a chonaic nó a chuala tú.

- Cén beatha nua is mó a chuir sceitimíní ort? An bhfuil leanbh nua i do
theaghlach, nó peata nua, nó b'fhéidir planda nua atá faoi bhláth sa ghairdín sa bhaile? Roinn do scéal.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 63 dá leabhar.**

## PAIDIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Má úsáidtear an phaidir seo i rith an Charghais, in ionad 'Alleluia' bain úsáid as 'Glóir duit, a Chríost, is tusa Briathar Dé'.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Chruthaigh Dia gach rud beo agus thug sé bronntanas na beatha do gach duine againn. Ní ionann aon dá ní atá beo. Tá gach rud beo uathúil. Tá gach duine againn uathúil. Focal Cásca é an focal 'Alleluia' a chiallaíonn 'Moladh le Dia' agus is féidir linn an focal sin a rá nuair is mian linn moladh a thabhairt do Dhia as an bheatha a chruthú. Bailímid ar feadh tamaill go ciúin anois agus déanaimid machnamh ar na créatúir álainn uile atá mar chuid den domhan nádúrtha timpeall orainn, cosúil leis an bhféileacán. Chruthaigh Dia gach ceann de na créatúir seo agus thug sé bronntanas na beatha do gach ceann acu. Is é ár bhfreagra molta do Dhia ná: *Alleluia*.
**Gach duine:** Alleluia.

**Múinteoir:** Smaoinigh ar an chréatúr is fearr leat sa dúlra. Dún do shúile agus, le do ghuth taobh istigh, inis le Dia cén fáth a bhfuil grá agat don chréatúr seo ... Anois oscail na súile agus tabhair moladh le Dia.
**Gach duine:** Alleluia.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as bronntanas na beatha a thug sé dár dteaghlaigh agus dár gcairde. Dún do shúile agus, le do ghuth taobh istigh, ainmnigh na daoine sin a bhfuil tú buíoch astu ... Anois oscail na súile agus tabhair moladh le Dia.
**Gach duine:** Alleluia.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia, ach go háirithe, as an mbronntanas atá ionainn féin. Bronntanas ó Dhia atá ionainn do gach duine ar fud an domhain, dár dteaghlaigh agus dár gcairde. Dún do shúile agus smaoinigh ar iontas na beatha atá i do chorp féin. Smaoinigh ar an duine grámhar atá ionat agus na rudaí maithe is féidir leat a dhéanamh ... Anois oscail na súile agus tabhair moladh le Dia.
**Gach duine:** Alleluia.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as Íosa a ardú go beatha nua ar Dhomhnach na Cásca. Guímis.
**Gach duine:** Alleluia.

**Múinteoir:** Le chéile, tabharfaimid moladh agus buíochas le Dia agus sinn ag rá: 'Hósanna sna harda'.
**Gach duine:** Hósanna sna harda.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE MÍNIÚ NA CÁSCA

Tosaigh tríd an dán 'An Féileacán' a thabhairt chun cuimhne leis na páistí. Labhair faoi conas a d'athraigh an bolb go féileacán álainn. Ansin mínigh
gur ardaigh Dia an tAthair Íosa ó bhás go beatha nua i gcorp glórmhar, ar Dhomhnach Cásca. Fuair Íosa bás ar an gCrois. Nuair a rinne Dia rud iontach agus Íosa a ardú go beatha nua, níor aithin deisceabail Íosa é ar dtús toisc go raibh corp nua glórmhar aige. Glaotar an t-Aiséirí ar an imeacht iontach seo.

Ansin iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar an gciall a bhaineann leis an Aiséirí trí na ceisteanna seo a chur orthu nó a leithéid de cheisteanna:

- An gcuidíonn an dán 'An Féileacán' leat tuiscint beagán níos fearr a bheith agat ar rúndiamhair an Aiséirí? Cén fáth nó cén fáth nach gcuidíonn sé leat?
- An gcabhraíonn plandaí ag fáil bháis san fhómhar agus beatha nua ag teacht i rith an earraigh leat, ar aon bhealach tuiscint a fháil ar an Aiséirí? Más ea, conas?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### NA MNÁ AG AN TUAMA

Insíonn gach ceann de na Soiscéil dúinn an méid a tharla nuair a chuaigh roinnt de lucht leanúna Íosa go dtí an tuama, áit a raibh Íosa curtha, agus chonaic siad go raibh an tuama folamh. Léifimid anois an cuntas faoin dtuama folamh ón Soiscéal de réir Mhatha.

**Na Mná ag an Tuama (Matha 28:1-10)**

Tar éis na sabóide, le láchan an chéad lae den tseachtain, tháinig Máire Mhaigdiléana agus an Mháire eile ag feiceáil na huaimhe. Agus bhí maidhm mhór talún ann, mar thuirling aingeal an Tiarna ó neamh agus tháinig ag iompú na cloiche siar agus shuigh sé uirthi. Bhí a ghnúis mar a bheadh splanc agus éadach air a bhí chomh bán le sneachta…

Labhair an t-aingeal leis na mná agus dúirt: "Ná bíodh aon eagla oraibhse, mar tá a fhios agam go bhfuil sibh ag lorg Íosa, an té a céasadh. Níl sé anseo, mar tá sé éirithe de réir mar a dúirt sé… Agus imígí libh go tapa á insint dá dheisceabail go bhfuil sé éirithe ó mhairbh, agus tá sé ag dul romhaibh go dtí an Ghailíl: is ansiúd a fheicfidh sibh é. Sin agaibh mo scéal!"

D'fhág siad an tuama go tapa, agus uamhan agus ardáthas orthu, agus iad ag rith le fios an scéil chun a dheisceabal. Agus seo Íosa ag teacht faoina ndéin go ndúirt: "Sé bhur mbeatha!" Dhruid siad ina aice agus rug siad barróg ar a chosa ag umhlú dó. Dúirt Íosa leo ansin: "Ná bíodh eagla oraibh! Imígí, beirigí scéala chun mo bhráithre iad a dhul go dtí an Ghailíl, agus feicfidh siad ansiúd mé."



**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tagann an t-ainm Máire Mhaigdiléana ón mbaile inar rugadh í, ar a dtugtar Magdala. Tá sí luaite i ngach ceann de na Soiscéil. Chonaic sí céasadh, adhlacadh agus aiséirí Íosa agus ba í an chéad duine a bhuail le hÍosa Aiséirithe.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a chuaigh go dtí an tuama go luath maidin Dhomhnach Cásca?
- Cén fáth go ndúirt an t-aingeal le Máire Mhaigdiléana agus don Mháire eile gan eagla a bheith orthu?
- Cá ndúirt an t-aingeal leo dul?
- Cad a dúirt Íosa le Máire Mhaigdiléana agus don Mháire eile nuair a bhuail sé leo?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a mhothaigh Máire Mhaigdiléana agus an Mháire eile, meas tú, agus iad ag siúl chuig an tuama an mhaidin sin?
- Conas a mhothaigh siad nuair a chonaic siad nach raibh corp Íosa ann a thuilleadh?
- An féidir libh smaoineamh cén fáth go raibh eagla agus áthas ar Mháire Mhaigdiléana agus ar an Mháire eile agus iad ag rith chun a insint do na deisceabail faoin dtuama folamh?
- Cad a dhéanfá dá mbeifeá in éineacht leo an mhaidin sin?
- Ba iad Máire Mhaigdiléana agus an Mháire eile na daoine a bhuail le hÍosa Aiséirithe ar dtús. Cén chiall a bhaineann le sin?
- Ar theastaigh ó Íosa go mbeadh a fhios ag daoine go raibh sé beo? Conas atá a fhios agat?

**Dírigh aire na bpáistí chuig 'Na Mná ag an Tuama' ar leathanach 62 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### GAIRDÍN CÁSCA A CHRUTHÚ

- Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil don ghairdín:
  - Tráidire
  - Ithir
  - Pota bláthanna
  - Caonach agus plandaí beaga (cosúil le sabhaircín nó plandaí leapa eile)
  - Clocha beaga
  - Cloch mhór
  - Píosa beag d'éadach bán
  - Dhá mhaide chun cros a dhéanamh
  - Téad
  - Babhla uisce
- Cuir an pota bláthanna ar a thaobh ar an tráidire. Seasfaidh sé seo don tuama.
- Clúdaigh leath den tráidire, agus taobh den phota bláthanna, le hithir. Seasfaidh sé seo don chnoc. Chuir clocha beaga ar an leath eile.
- Cuir roinnt caonach ar an ithir agus cuir roinnt plandaí beaga chun dath a sholáthar.
- Déan cros as na maidí agus daingnigh í le téad. Ansin cuir an chros ar bharr an chnoic chun Cros Íosa a thabhairt chun cuimhne.
- Fill an píosa éadach bán agus fág sa 'tuama' é.
- Cuir an chloch mhór ag béal an 'tuama'.
- Tar éis Domhnach Cásca, cuir an chloch ar leataobh lena thaispeáint go bhfuil Íosa aiséirithe.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ÍOSA AGUS TOMÁS

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Nuair a bhuail Tomás le hÍosa tar éis an Aiséirí, dúirt sé, 'Mo Thiarna agus mo Dhia!' Tá an phaidir seo ar cheann de na paidreacha a úsáidtear chun rúndiamhair an chreidimh a fhógairt, i rith an Aifrinn, agus is in Éirinn amháin a úsáidtear í.

Tar éis an Aiséirí, bhuail Íosa lena dheisceabail sa Ghailíl, ach níor aithin aon duine acu é ar dtús. De réir a chéile, d'aithin siad é. Éistfimid anois leis an méid a tharla nuair a bhuail Íosa le Tomás.

**Íosa agus Tomás (Eoin 20:24-29)**
Tomás, duine den dáréag ar a dtugtaí an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa. Dúirt na deisceabail eile leis: "Chonaiceamar an Tiarna."

Ach dúirt seisean leo: "Mura bhfeicfidh mé rian na dtairní ar a dhearnana, agus mo mhéar a chur i bpoll na dtairní, agus mo lámh ina chliathán, ní chreidfidh mé."

Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo. Tháinig Íosa… ina measc agus dúirt: "Síocháin daoibh!" Ansin dúirt sé le Tomás: "Tabhair i leith do mhéar agus féach mo dhearnana, sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán í, agus ná bí díchreidmheach ach creidmheach."

D'fhreagair Tomás: "Mo Thiarna agus mo Dhia!" Dúirt Íosa leis: "De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid!"



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Ar chreid Tomás na deisceabail nuair a dúirt siad go bhfaca siad Íosa?
- Cad iad na chéad fhocail a labhair Íosa lena dheisceabail nuair a bhuail sé leo sa teach?
- Cad a dúirt Íosa faoin gcreideamh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth a raibh deacracht ag Tomás a chreidiúint go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh?
- An raibh amhras ort riamh faoi rud éigin agus ina dhiaidh sin fuair tú amach go raibh sé fíor? Inis dúinn faoi sin.
- Dúirt Íosa lena dheisceabail, 'Síocháin daoibh.' An cuimhin libh cathain a ghuímid na focail seo? (Ag comhartha na síochána ag an Aifreann)
- An bhfuil sé éasca nó deacair ag daoine inniu a chreidiúint gur aiséirigh Íosa ó mhairbh? Cén fáth go mbeadh sé deacair é a chreidiúint? Cad a chuidíonn linn é a chreidiúint? An bhfuil aon rud foghlamtha agat i rith na seachtaine seo a chuidíonn leat é a chreidiúint?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 62 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh go bhfuil tú féin sa seomra le Tomás agus na deisceabail. Tá Íosa ann, freisin. Féach ar Íosa agus é ag rá le Tomás 'Síocháin leat'. Ansin deir Íosa leatsa 'Síocháin leat'. Bí ag caint le hÍosa le do ghuth istigh agus abair leis cad air a bhfuil tú ag smaoineamh ... b'fhéidir gur mhaith leat ceist a chur air ... Nuair atá tú réidh, oscail do shúile agus cas chuig an duine in aice leat agus croith lámha leis/léi. Agus tú ag croitheadh lámh, guigh síocháin orthu ag rá 'Síocháin leat'.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### CÁRTA/MÓIBÍL NA CÁSCA

- Tabhair cuireadh do na páistí cuid de na focail a bhaineann leis an gCáisc a thabhairt chun cuimhne. (Focail ar nós: An Cháisc, Domhnach, Aiséirí, síocháin, creid, Tomás, Máire Mhaigdiléana, tuama, Alleluia, aingeal, beatha nua, eagla, áthas.)
- Tabhair píosa cárta do gach páiste agus iarr orthu focal a roghnú agus é a scríobh ar an gcárta.
- Fiafraigh de na páistí cad iad na dathanna a cheanglaíonn siad leis an gCáisc agus tabhair cuireadh dóibh an cárta a mhaisiú ag baint úsáid as na dathanna sin.
- Is féidir na cártaí a úsáid mar mhóibílí chun a chur ar Chrann Cásca.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Chuir tú dhá scéal ón mBíobla faoin Aiséirí in aithne na bpáistí: Na Mná ag an Tuama agus Íosa agus Tomás.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CLOCH CHÁSCA A MHAISIÚ

- Iarr ar na páistí an chloch a thóg siad ar scoil a thógáil amach. Tabharfaidh sé an chloch a bhí ag béal an tuama chun cuimhne.
- Tabhair cuireadh dóibh an chloch a phéinteáil agus, nuair a bhíonn sí tirim,

ceann de na frásaí a dúirt Íosa lena dheisceabail tar éis dó a bheith aiséirithe chun na beatha nua, a scríobh uirthi. Seo liosta na bhfrásaí:

  - » 'Síocháin daoibh'

" 'Ná bíodh faitíos oraibh'

  - » 'Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid!'
  - » 'Téigh go dtí an Ghailíl!'
  - » 'Féach ar mo lámha'




- Nuair a bheidh an obair críochnaithe, iarr ar na páistí a gclocha a fhágáil sa spás urnaí don seirbhís urnaí ag deireadh an téama. Is féidir leo iad a thógáil abhaile leo ansin agus iad a thabhairt do dhuine éigin mar bhronntanas Cásca.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An tSeachtain Mhór agus An Cháisc

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Leanann séasúr na Cásca ar feadh caoga lá agus críochnaíonn sé le teacht an Spioraid Naoimh ar na deisceabail, Domhnach Cincíse. Le linn séasúr an Charghais, a mhaireann ó Chéadaoin an Luathraigh go dtí Aifreann Tráthnóna an Tiarna ar Déardaoin na Comaoineach, ní úsáidtear an focal 'Alleluia' sa liotúirge. Úsáidtear arís é ó Bhigil na Cásca, oíche Shathairn na Seachtaine Móire.

**Nóta:** *Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile, do thuismitheoirí/caomhnóirí nó do dhaoine eile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga.*

**Ullmhúchán:** (*B'fhéidir nach mbeidh gá le cuid den ullmhúchán thíos más sa séipéal a bheidh an tseirbhís urnaí*)

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
  *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal, an Bíobla Naofa, agus Gairdín na Cásca sa spás urnaí.*
  *Roghnaigh seachtar léitheoir. Tá na léachtaí agus an freagra ar fáil thíos.*

  *Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Bímis ciúin agus tugaimis aire don ghairdín Cásca, le siombailí an bháis agus an Aiséirí. Fócas ar an ngairdín agus tabhair faoi deara cén tábhacht atá ann duitse. An gcuireann sé bás nó beatha nua i gcuimhne duit … nó an dá rud? Smaoinigh ar an gcaoi a mbaineann na siombailí i ngairdín na Cásca le saol Íosa. Canfaimid ár bhfreagra ar na paidreacha: *Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.* (Féach *Beo go Deo 4,* lch. 306)

**Léitheoir 1:** Tá ithir i ngairdín na Cásca. Cothaíonn an ithir seo na plandaí atá sa ghairdín. Ní mhairfeadh na plandaí gan na mianraí san ithir. Anois, gabhaimid buíochas le Dia as an gcothú a thugann sé dúinn gach lá trí oibreacha an chruthaithe. Gabhaimid buíochas freisin as an gcothú a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa.
**Gach duine:** Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.

**Léitheoir 2:** Cuireann an chros i ngairdín na Cásca, Aoine an Chéasta in iúl dúinn. Is cuimhin linn gur iompaigh Íosa a Chros go Calvaire. Shiúil a mháthair agus a lán dá chairde leis ar an mbóthar go Calvaire. Canaimid 'Alleluia' toisc go mbíonn áthas orainn gur sháraigh Íosa an bás nuair a thóg Dia an t-Athair go beatha nua é.
**Gach duine:** Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.

**Léitheoir 3:** Tá clocha beaga i ngairdín na Cásca. Léiríonn na clocha beaga seo na clocha beaga a cuireadh ar an mbealach isteach chuig tuama Íosa. Guímid go mbeimis réidh i gcónaí chun aon ní a sheasann idir sinn agus grá don chomharsa a bhogadh as an áit.
**Gach duine:** Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.

**Léitheoir 4:** Féach ar an gcloch mhór sa ghairdín. Léiríonn an chloch seo an chloch mhór a cuireadh díreach os comhair an tuama, áit ar cuireadh Íosa tar éis a bháis. Go luath maidin Domhnach na Cásca, nuair a tháinig Máire Mhaigdiléana agus an Mháire eile go dtí an tuama, chonaic siad go raibh an chloch iompaithe siar. Guímid gur féidir linn cuimhneamh i gcónaí gur ardaigh Dia an t-Athair, Íosa go beatha nua agus gur gheall Íosa go mbeadh sé linn i gcónaí, go deireadh an ama. Sin é an fáth go gcanaimid 'Alleluia'.
**Gach duine:** Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.

**Léitheoir 5:** Seasann an píosa beag éadach bán do na baill éadaigh ina raibh corp Íosa fillte sa tuama. Guímid go mbeidh ár gcroíthe oscailte i gcónaí d'Íosa Aiséirithe agus iarraimid air ár gcroíthe a líonadh anois le grá, le háthas agus le síocháin.
**Gach duine:** Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.

**Léitheoir 6:** Cuireann an t-uisce i ngairdín na Cásca, an t-uisce lenar baisteadh sinn, in iúl dúinn. Cuireann sé i gcuimhne dúinn freisin go mbeannaíonn an sagart uisce gach bliain ag tráth na Cásca. Leis an uisce seo, beannaíonn sé na daoine a thagann ar Aifreann, Domhnach na Cásca. Is féidir linn, freisin, sinn féin a bheannú le huisce coisricthe agus *Comhartha na Croise* a ghearradh orainn féin.
**Gach duine:** Alleluia, alleluia, alleluia. Alleluia, alleluia, alleluia. D'aiséirigh Íosa. Shábháil sé 'n cinne daonna. Canaimis le chéile. Alleluia.

**Múinteoir:** Ní hionadh go raibh sé deacair ar Thomás a chreidiúint gurb é Íosa a bhí ann nuair a bhuail sé leis deich lá tar éis an Aiséirí. Éistimis arís leis an eachtra sin ón Soiscéal de réir Naomh Eoin. Seasaimis ar dtús agus cuirfimid fáilte roimh an Soiscéal agus Comhgháir an tSoiscéil á canadh againn.
**Gach duine** (*can*): 'Alleluia'

**Múinteoir:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.
**Gach duine:** (*Agus* Comhartha na Croise *á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*): Glóir duit, a Thiarna.

**Léitheoir 7:** *Tomás, duine den dáréag ar a dtugtaí an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa. Dúirt na deisceabail eile leis: "Chonaiceamar an Tiarna." Ach dúirt seisean leo: "Mura bhfeicfidh mé rian na dtairní ar a dhearnana, agus mo mhéar a chur i bpoll na dtairní, agus mo lámh ina chliathán, ní chreidfidh mé."*
*Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo. Tháinig Íosa... ina measc agus dúirt: "Síocháin daoibh!" Ansin dúirt sé le Tomás: "Tabhair i leith do mhéar agus féach mo dhearnana, sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán í, agus ná bí díchreidmheach ach creidmheach."*
*D'fhreagair Tomás: "Mo Thiarna agus mo Dhia!" Dúirt Íosa leis: "De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid!"*
(Eoin 20:24-29)

**Múinteoir:** Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

*Tabhair cuireadh do na daltaí suí síos.*

**Múinteoir:** Anois guímis le chéile *Rúndiamhair an chreidimh* agus cuimhnímid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé arís.
**Gach duine:** Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.

**Múinteoir:** Anois, guímis go ciúin ar son ár dteaghlaigh agus ár gcairde ... D'fhéadfaimis a iarraidh ar Dhia sinn a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar an séipéal leis an teaghlach i rith na Cásca ... chun féachaint ar ghairdín na Cásca ... agus machnamh a dhéanamh ar Aiséirí Íosa ... chun breathnú ar an gCrois agus buíochas a ghabháil le hÍosa as a bheatha a thabhairt dúinn. D'fhéadfaimis deichniúr den *Choróin Mhuire* a rá ...

*Bíodh cúpla nóiméid machnaimh agaibh anois.*

Seasaimis anois chun an phaidir a mhúin Íosa dúinn a rá le chéile.
Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh...)

**Múinteoir:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

A Dhia atá go maith agus grástúil, gabhaimid buíochas leat as na beannachtaí go léir a thugann tú dúinn gach lá. Cabhraigh linn a bheith buíoch i gcónaí agus cuimhneamh ar do ghrá. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna.

**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

# 1. Cad atá ar eolas agam faoi Dhomhnach na Pailme?

# 2. Cad atá ar eolas agam faoi Dhéardaoin na Comaoineach?

# 3. Cad atá ar eolas agam faoi Aoine an Chéasta?

# 4. Cad atá ar eolas agam faoi Dhomhnach na Cásca?

# Téama 8: Pobal Creidmheach atá san Eaglais

Ceacht 1: An Chincís
Ceacht 2: Saol an Pharóiste
Ceacht 3: Baisteadh

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Is é Dia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh
- Cuireann Dia ár nAthair an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn maireachtáil ar nós Íosa
- Is féidir beithsine Dé a shéanadh nó neamhshuim a dhéanamh dó

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Ag a dheascabháil gheall Íosa go mbeadh sé linn go deo. Chuir sé chugainn an Spiorad Naomh mar chuid den ghealltanas sin
- Tháinig Íosa, Mac Dé, ar an saol chun sinn a shábháil

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Ar lá Cincíse, thuirling an Spiorad Naomh ar na deisceabail le bheith in éineacht leo go deo
- Ba thús ré na hEaglaise é bronntanas an Spioraid Naoimh um Chincís
- Chuir an tAthair agus an Mac an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith níos cosúla le Dia
- Fanfaidh an Spiorad Naomh linn go deo
- Tugann Críost an Spiorad Naomh dúinn trí na sacraimintí, go háirithe sa Bhaisteadh agus sa Chóineartú
- Is é an grásta ná láithreacht obair an Spioraid Naoimh ionainn. Teastaíonn bronntanas an ghrásta uainn agus faighimid é ar bhealach speisialta trí urnaí a dhéanamh agus nuair a ghlacaimid na sacraimintí

**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**

- Is í an Eaglais an pobal a leanann ar aghaidh le misean Íosa chun an Dea-Scéal a fhógairt don domhan uile
- Tá a ról féin ag gach duine san Eaglais (eaglais an teallaigh agus áitiúil)
- Iarrtar ar gach Críostaí an 'Dea-Scéal' a scaipeadh
- Teastaíonn cúnamh phobal na hEaglaise uainn chun maireachtáil mar chara Dé/deisceabal Íosa
- Féachaint ar roinnt ról agus cúramaí lastigh de phobal na hEaglaise áitiúla: an sagart paróiste, deochain, pobail reiligiúnacha, na tuataí, ministrí an bhriathair, comhairle tréadach an pharóiste, na treoraithe urnaitheacha, ceannairí scoile, ministreacht don óige, an comhordaitheoir um fhorbairt an chreidimh srl
- Grúpaí Críostaí sa phobal (m.sh. Cumann Naomh Uinseann de Pól, freastalaithe altóra, an cór srl)
- Stair na bpobal Críostaí áitiúla
- Eolas a chur ar shéipéil Chríostaí eile sa phobal áitiúil: m.sh. Eaglais na hÉireann, Meitidisteach agus Preispitéireach, Críostaithe ón Eaglais Cheartchreidmheach, Críostaithe Soiscéalacha, Eaglaisí ón Oirthear
- Is ionann an Eaglais agus Pobal Dé aontaithe mar aon le duine amháin ag Íosa, pobal a roinneann a ghrá agus a shaol
- Chuir Íosa uaidh a aspail chun deisceabail a dhéanamh de dhaoine ar fad agus a Eaglais a leathnú

**Muire**

- Is eiseamláir thar na bearta/ardcheannasach í an Mhaighdean Mhuire den chreideamh i nDia Uilechumhachtach mar chreid sí 'nach bhfuil aon rud dodhéanta do Dhia'
- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. An Choróin Mhuire, An Magnificat, An Memorare, 'S é do bheatha, a Mhuire, Fáilte an Aingil
- Tugann an Eaglais grá speisialta do Mhuire an Mhaighdean Bheannaithe, Máthair Dé

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá Dia ag iarraidh go mairfimid go sona, leis féin, sna flaithis go deo, trí shlánú Íosa
- D'aiséirigh Íosa ó mhairbh ina chorp féin agus chuaigh suas ar neamh le go mbeimid in ann a bheith ina theannta lá éigin agus an bheatha shíoraí a roinnt leis

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Iarrtar ar Chaitlicigh comhrá a dhéanamh le pobail reiligiúnacha eile agus comhoibriú leo
- Iarrtar ar Chaitlicigh a bheith mar fhinnéithe dá gcreideamh féin i gCríost le briathar agus le gníomh

## BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dia agus é a thuiscint agus freagra a thabhairt air

**An Scrioptúr Naofa**

*An Chincís*

- Gníomh 2:1-13. An Chincís

## LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Paidreacha chuig an Spiorad Naomh: A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart…; Tar, a Spioraid Naoimh…
- Cré na nAspal
- An Choróin Mhuire (Na Rúndiamhra Glórmhara)

*Paidreacha Breise*

- Gealltanais an Bhaiste
- Freagraí an Aifrinn

**An Bhliain Liotúirgeach**

- An Chincís: Déantar ceiliúradh ar shaol nua sa Spiorad Naomh agus lá breithe na hEaglaise

**Sacraimintí**

- Is comharthaí ó Íosa iad na sacraimintí chun grásta, a shaol féin agus a ghrá a thabhairt dúinn
- Is coinne speisialta le hÍosa aiséirithe í an sacraimint
- I Sacraimint an Bhaiste déantar páistí Dé de Chríostaithe agus bíonn siad mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha ag gach ball eile den phobal Críostaí
- I sacraimint an Bhaiste, tugann Dia saol Dé don Chríostaí. Tugtar grásta air seo
- I sacraimint an Bhaiste, tugann Dia an Spiorad Naomh mar bhronntanas do Chríostaithe chun cabhrú leo Íosa a leanúint
- Nuair a bhaistear páistí agus iad ina naíonáin, déanann a dtuismitheoirí agus a dtuismitheoirí baiste geallúintí ar a son: go gcreidfidh siad i nDia, agus Sátan agus an peaca a dhiúltú. Déantar na geallúintí a athnuachan ag an gCóineartú
- Geallann na tuismitheoirí baiste cabhrú leis na tuismitheoirí a bpáistí a thógáil mar bhaill den Eaglais
- An tábhacht a bhaineann leis an ainm a thugtar ag an mBaisteadh
- Seasann an Baisteadh go deo agus ní féidir é a ghlacadh ach uair amháin

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Tugann Dia an saoirse dúinn rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc - comhartha den ghrá atá aige dúinn. Tugtar saor-thoil ar seo

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

## CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Beatha Íosa

*h. An Deascabháil agus An Chincís.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

Na scéalta a bhaineann leis na himeachtaí thíos a mheabhrú

agus a phlé.

- An Chincís - Gníomhartha 2:1-13.

## CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*a. Tús agus fás.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

*b. Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an dóigh ar tháinig forbairt ar ghné amháin dá bpobal Chríostaí áitiúil.

*c. Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.

## CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhoráltacht**

*b. Meas ar a chéile.*

Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a
thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.

# Ceacht 1: An Chincís

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sé sheachtain i ndiaidh na Cásca, ceiliúrann an Eaglais Lá Cincíse. Sula ndeachaigh Íosa suas chun na flaithis le bheith in éineacht lena Athair, thug sé misean dá dheisceabail. Dúirt sé leo, mar a léimid sa Soiscéal de réir Mhatha (Matha 28:16-20), dul go dtí an domhan ar fad agus deisceabail a dhéanamh de gach éinne, iad uile a bhaisteadh agus a mhúineadh dóibh gach rud a bhí ordaithe aige a leanúint. Gheall Íosa nach bhfágfadh sé leo féin iad, ach go mbeadh sé i gcónaí leo, go deireadh an ama.

Ní féidir beithsine Dé a dhiúltú nó neamhaird a dhéanamh de. Osclaíonn an clár *I nGrá Dé* croíthe agus intinní na bpáistí chuig láithreacht Dé i ngach áit agus i ngach ré. Gheall Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chuig a dheisceabail, chun cabhrú leo a bheith ar an eolas faoin méid ba chóir dóibh a dhéanamh. Ar an gCincís chomhlíon Íosa a ghealltúint nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail a bhí bailithe i seomra uachtarach. Chuala na páistí scéal na Cincíse in *I nGrá Dé* cheana féin: Rang a hAon/B3 agus rang a Dó/B4.

An tseachtain seo rachaidh na páistí i ngleic le scéal na Cincíse arís. Chuir bronntanas an Spioraid Naoimh ar an gCincís tús leis an Eaglais. Nuair a tugadh an Spiorad Naomh dóibh fuair na deisceabail misneach nua agus chuaigh siad amach chun an Dea-Scéala a roinnt, chun a insint do gach duine faoi Íosa agus faoina ghrá do gach duine. Tá bronntanas an Spioraid Naoimh faighte ag gach duine atá baiste freisin. Cuidíonn an Spiorad Naomh linn léiriú a thabhairt ar Bhriathar Dé agus maireachtáil de réir Aithne an ghrá. 'Séard atá i gceist le bheith i do fhinné ar Íosa ná maireachtáil go grámhar ar an mbealach a rinne Íosa agus é ar domhan.

Líonadh na deisceabail le lúcháir nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas orthu. Teastaíonn ó Dhia go mbeimid líonta leis an lúcháir chéanna sin agus muid ag roinnt an Dea-Scéala le daoine eile agus ag maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orainn. Is féidir linn guí chun an Spiorad Naomh agus cabhróidh sé linn maireachtáil mar dheisceabail Íosa.

Tá sé tábhachtach a bheith eolach go mb'fhéidir go mbeadh páistí sa rang nach gcreideann a dteaghlaigh i nDia. Ní chreideann aindiachaithe i nDia ar chor ar bith. Ní fios ag agnóisithe an bhfuil Dia ann nó nach bhfuil agus go hiondúil bíonn siad oscailte go bhféadfadh le duine éigin a chruthú go bhfuil/nach bhfuil Dia ann amach anseo.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Gailíligh:** daoine ón nGailíl.
**Giúdaigh:** Cine tofa Dé. Tugadh na hIosraeilítigh freisin ar na Giúdaigh in aimsir Íosa.
**Gintlí:** Téarma a úsáidtear sa Bhíobla le haghaidh aon duine nach Giúdach é/í.
**Tiontú i gcreideamh:** D'fhéadfadh fás i gcreideamh nó creideamh a dhoimhniú a bheadh i gceist leis seo, nó ag iompú go creideamh nua; i bhfocail eile, ag athrú ó chreideamh amháin go creideamh eile.
**Adhain:** a chur ar lasadh.
**Féile na Cincíse:** ceiliúrtar í seo caoga lá i ndiaidh Dhomhnach Cásca.
**Misean:** Ó fhocal Laidine a chiallaíonn 'a sheoladh'. Sheol Dia a Mhac, Íosa, ar domhan agus thug sé an misean dó an Dea-Scéala a fhógairt. Is é seo ár misean freisin inniu.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar bán, a dhéanfaidh póstaer, le haghaidh gach grúpa
- Cóip de na teimpléid thíos a thaispeánann na teangacha tine éagsúla, gliú, siosúr, stáplóir agus stiallacha cárta le haghaidh na ceannbhandaí 'Teangacha Tine'
- Irisí, nuachtáin, gliú, siosúir
- paidríní

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE SIOMBAILÍ AN SPIORAID NAOIMH

Tosaigh agus cuireadh a thabhairt do na páistí an scéal a thabhairt chun cuimhne faoin Spiorad Naomh ag teacht ar lucht leanúna Íosa i seomra uachtarach in Iarúsailéim ar an gCincís, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cá raibh lucht leanúna Íosa bailithe? Conas a mhothaigh siad?
- Cad a chuala siad a thug le tuiscint dóibh go raibh rud éigin neamhghnách ag tarlú? Céard a chonaic siad?

Ansin iarr ar na páistí cuid de na rudaí maithe agus drochrudaí a bhaineann le tine a ainmniú. Spreag iad le ceisteanna cosúil le:

- Conas a úsáidtear tine chun cabhrú le daoine go laethúil? Cad iad na rudaí maithe a sholáthraíonn tine? (m.sh. solas, fuinneamh, teas)
- An féidir le tine a bheith millteach freisin? Tabhair samplaí de conas is féidir le tine scrios a dhéanamh.

Anois iarr orthu cuid de na rudaí atá maith agus olc a ainmniú faoin ngaoth. Spreag iad le ceisteanna cosúil le:

- Conas a chuidíonn an ghaoth le daoine? Cad iad na rudaí maithe a sholáthraíonn an ghaoth? (m.sh. úsáidtear í chun fuinneamh a ghiniúint dár dtithe, chun rudaí a thriomú, barraí san áireamh)
- An mbíonn an ghaoth millteach riamh? Tabhair samplaí de conas is féidir le gaoth scrios a dhéanamh.

Ansin tochail níos doimhne le ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth a bhféadfadh tine a bheith ina shiombail mhaith don Spiorad Naomh?
- Cén fáth a bhféadfadh an ghaoth a bheith ina siombail mhaith don Spiorad Naomh?
- Cén tsiombail a d'úsáidfeá don Spiorad Naomh?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### PÓSTAER: TINE AGUS GAOTH

- Tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí beaga. Tabhair bileog mhór de pháipéar bán do gach grúpa.
- Iarr ar roinnt de na grúpaí cúpla nóiméad a chaitheamh ag caint faoi na rudaí maithe go léir a bhaineann siad le tine, agus na híomhánna a thagann chucu nuair a smaoiníonn siad ar an mbealach ina chabhraíonn tine le daoine (m.sh. solas, teas, cócaireacht).
- Iarr ar na grúpaí eile an rud céanna a dhéanamh maidir le gaoth, agus na híomhánna a thagann chucu a roinnt nuair a smaoiníonn siad ar na bealaí ina mbaineann daoine leas as cumhacht na gaoithe (m.sh. chun fuinneamh a ghiniúint, le haghaidh seoltóireachta, le haghaidh triomú).
- Ansin iarr ar na grúpaí cuid de na híomhánna a smaoinigh siad orthu a chur ar na bileoga móra chun póstaeir a chruthú faoi thine agus faoin ngaoth.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 64 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Bailímid in ainm na Tríonóide agus gearraimid *Comhartha na Croise* orainn féin in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Inniu táimid chun aire a dhíriú ar an Spiorad Naomh, an tríú pearsa den Tríonóid Bheannaithe.

Tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh ar feadh nóiméid anois agus smaoineamh ar an Spiorad Naomh ... B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt don Spiorad Naomh teacht isteach i do chroí ... le bheith leat agus tú ag guí ... díreach mar a tháinig an Spiorad Naomh isteach i gcroíthe na ndeisceabal fadó ó shin sa seomra uachtarach sin in Iarúsailéim. Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Guímis anois don Spiorad Naomh ag baint úsáid as paidir a d'fhoghlaimíomar cheana.

**Gach duine:**
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TEACHT AN SPIORAID NAOIMH

Bhí a fhios ag Íosa go mbeadh na deisceabail ag mothú brónach agus uaigneach nuair a d'fhill sé ar Dhia an tAthair ar neamh. Gheall sé dóibh go mbeadh sé leo i gcónaí, go dtí deireadh an ama. Theastaigh uaidh go leanfadh siad ar aghaidh leis an obair a bhí déanta aige, fad is a bhí sé leo ar domhan.

Chuir an tAthair agus Íosa an Spiorad Naomh chucu ionas nach mbeadh na deisceabail leo féin. Sin a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé, 'Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.' (Matha 28:20). Dúirt Íosa leo freisin go dtaispeánfadh an Spiorad Naomh dóibh conas a d'fhéadfaidís a bheith ina bhfinnéithe dó. Cuimhnímid ar theacht an Spioraid Naoimh ar Dhomhnach na Cincíse. Éistimis anois leis an scéal sin anois mar atá sé le fáil i nGníomhartha na nAspal.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 64 dá leabhar.**

**Teacht an Spioraid Naoimh (Gníomhartha 2:1-13)**

Nuair a tháinig Lá Cincíse bhí siad go léir le chéile ar aon láthair. Agus de phreib tháinig glór ón spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí. Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu; agus líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh.

Bhí Giúdaigh dhiaganta ó gach cine faoin spéir ag cur fúthu in Iarúsailéim agus nuair a chualathas an glór úd chruinnigh an slua agus iad ar mearbhall de bhrí gur chuala gach duine a theanga féin á labhairt acusan. Bhí ionadh agus alltacht orthu: "Féach," ar siad, "nach Gailíligh iad seo go léir atá ag caint? Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin?... Táimid ón Róimh idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh, agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar éachtaí Dé." Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: "Cad is ciall leis seo?" Ach is é a deireadh cuid eile acu le teann fonóide: "Lán d'fhíon úr atá siadsan."



Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén lá ar chruinnigh na creidmhigh le chéile in aon áit amháin?
- Cérbh í an fhuaim a líon an teach go léir?
- Cén rud neamhghnách a tharla nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail? Cad a bhí siad in ann a dhéanamh láithreach?
- Cén fáth go raibh ionadh agus alltacht ar na daoine go léir ó thíortha éagsúla?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth a raibh na creidmhigh bailithe le chéile in aon seomra amháin? Conas a bhí siad ag mothú? Conas a d'athraigh siad nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas orthu?
- Díreach mar atá an chumhacht ag tine scrios a dhéanamh, cad a d'fhéadfadh an Spiorad Naomh a scriosadh i mbeatha daoine? Cad a scrios an Spiorad Naomh san seomra ina raibh na deisceabail bailithe, meas tú? (Eagla agus amhras na ndeisceabal)
- Cad iad na rudaí iontacha a rinne Dia dóibh a d'fhéadfadh na deisceabail labhairt futhu?
- Cad iad na rudaí iontacha atá déanta ag Dia duitse?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CEANNBHANDA LE TEANGACHA TINE



- Déan fótachóip den teimpléad thíos leis na teangacha tine. Tabhair teanga amháin do gach páiste (beag, níos mó, mór). Beidh stiallacha cárta ag teastáil do na ceannbhandaí freisin; gliú chun na lasracha a cheangal; stáplóir chun na ceannbhandaí a chur le chéile.
- Sula dtosaíonn tú ar an ngníomhaíocht, déan comhrá ar feadh nóiméid faoin bhfáth gur siombail mhaith í siombail na tine don Spiorad Naomh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna: Cén fáth go mbeadh an Spiorad Naomh le feiceáil mar theanga tine? Cad a bhí na deisceabail in ann a dhéanamh leis an gcumhacht a thug an Spiorad Naomh dóibh? An raibh tú riamh 'trí thine le háthas' nuair a tharla rud éigin duit? An raibh tú riamh 'trí thine le fearg' faoi rud éigin?
- Ansin iarr ar na páistí na trí 'lasracha' a ghearradh amach agus iad a dhathú.
- Ar deireadh, iarr ar na páistí na trí lasair a ghliú ceann ar bharr an chinn eile, agus ansin na lasracha a stápláil leis an gcárta, agus ar deireadh stápláil an ceannbhanda dúnta, de réir méid chloigeann an pháiste. (Cuir i gcuimhne dóibh a n-ainm a scríobh ar an taobh istigh den cheannbhanda roimh ré.)
- Tabhair cuireadh do na páistí na ceannbhandaí a chur sa spás urnaí go dtí go mbeidh siad ag teastáil don urnaí ag deireadh na seachtaine.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh do shúile a dhúnadh. Samhlaigh go bhfuil tú sa seomra leis na deisceabail ar lá na Cincíse ... Tá tusa, freisin ag fanacht le teacht an Spioraid Naoimh ... Tá eagla ort ... Go tobann feiceann tú teangacha tine thar cheann gach duine sa seomra ... agus ansin feictear teanga amháin thar do cheann féin ... agus braitheann tú cumhacht an Spioraid Naoimh ... Anois tosaíonn tú ag labhairt leis na daoine eile sa seomra faoi na rudaí iontacha atá déanta ag Dia. An féidir leat a rá le Dia, le do guth istigh, faoi na rudaí iontacha atá déanta aige ar do shon. B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as na rudaí iontacha sin. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile.

## DÁN

Cuir an dán thíos in aithne na bpáistí:

**Cabhraigh Linn, a Spioraid Naoimh**
Smaoinigh siar dhá mhíle bliain.
Ar mhaith leat a fháil amach
Conas mar a bheadh sé
A bheith le hÍosa míorúilteach?
Dá mba dhuine bocht a bhí ionat
I bhfad siar sa tseanré,
Agus bhuail Íosa leat ar an mbóthar,
Cad a cheapann tú 'déarfadh sé?
Dá ndéarfá, 'Tá ocras orm',
Cad a cheapann tú 'dhéanfadh sé?
Dá mbeadh aon bhia aige
Bhlaisfeá flaithiúlacht Dé.
Roinnfeadh sé a raibh aige,
Flúirse agus fós níos mó,
Mar thaispeáin Íosa cúram
Do chách ar bhuail sé leo.

Anois cabhraigh linn a Spioraid Naoimh
Oibriú ar feadh an lae,
Déanamh mar a rinne Íosa,
I bhfad siar sa tseanré.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An dóigh libh go bhfuil daoine ann a bhfuil ocras orthu agus i ngátar ar domhan sa lá atá inniu ann? Cá bhfuil na daoine sin? Conas a d'fhéadfaimis cabhrú leo?
- An féidir leat smaoineamh ar aon uair inar chuidigh an Spiorad Naomh leat gníomhartha grá a dhéanamh do dhuine eile? Roinn do shamplaí.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 66 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COLLÁIS DEN SPIORAD NAOMH

- Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil don ghníomhaíocht seo: sean irisí agus/nó nuachtáin, póstaer mór páipéir do gach grúpa, chomh maith le gliú agus siosúir.
- Iarr ar na páistí oibriú i ngrúpaí de cheathrar.
- Mínigh do na páistí gur cóir dóibh pictiúir a ghearradh amach a thaispeánann ócáidí inar chuidigh an Spiorad Naomh le daoine maireachtáil mar a d'iarr Íosa, agus na pictiúir sin a úsáid chun colláis a dhéanamh faoin teideal 'Cuidíonn an Spiorad Naomh Linn Grá a Roinnt'.
- Tabhair cuireadh do na páistí a saothar ealaíne a chur sa spás urnaí.

## PAIDIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** D'fhoghlaim na páistí faoi na Rúndiamhra Sólásacha níos túisce sa chlár *I nGrá Dé* agus d'fhoghlaim siad na Rúndiamhra Dólásacha i dTéama 7 den chlár chomh maith.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Níos túisce sa bhliain d'fhoghlaimíomar conas an *Chroóin Mhuire* a rá. Inniu guímis an tríú Rúndiamhair Ghlórmhar, *Tuirlingt an Spioraid Naoimh ar na hAspail.*

**Múinteoir agus Páistí:** Guígí *Ár nAthair* amháin, *'Sé do bheatha, a Mhuire* deich n-uaire agus *Glóir don Athair* amháin.

*Comhartha na Croise*

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ar Lá na Deascabhála, nuair a chuaigh Íosa ar ais ar neamh le bheith lena Athair, thug sé misean dá dheisceabail: leanúint lena chuid oibre ar domhan. Gheall sé dóibh go mbeadh sé leo i gcónaí. Gheall sé freisin go bhfaighidís an Spiorad Naomh, a thaispeánfadh dóibh conas a bheith ina bhfinnéithe air. Líonadh na deisceabail le lúcháir nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas orthu Lá na Cincíse. Dhá shiombail den Spiorad Naomh iad gaoth agus tine. Tá an Spiorad Naomh linn inniu agus is féidir linn guí chuig an Spiorad Naomh chun cabhrú linn fianaise a thabhairt do ghrá Dé inár saol. Cuidíonn an Spiorad Naomh linn Dea-Scéala Bhriathar Dé a roinnt agus freagra a thabhairt d'Aithne Dé trí ghníomhartha grá a dhéanamh dá chéile.

## GNÍOMHAÍOCHT

### BÍ I DO FHINNÉ!

- Pléigh leis na páistí conas a thabharfaidh an Spiorad Naomh cumhacht dóibh a bheith ina bhfinnéithe ar ghrá Dé, mar shampla:
  - Aire a thabhairt don timpeallacht
  - Am a chaitheamh leo féin ag labhairt le Dia
  - Ag léiriú grá do dhuine nach bhfaigheann siad éasca é a dhéanamh
  - Moladh a thabhairt do Dhia trí salm a léamh
  - Maithiúnas a thabhairt do dhuine éigin
  - Ag guí ar son duine atá tinn
  - Cabhrú le heagraíocht charthanach
- Tabhair cuireadh do na páistí portráid dóibh féin a tharraingt le bolgán cainte sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach, agus a scríobh sa bholgán bealach amháin ina dtabharfaidh siad fianaise ar ghrá Dé ina saol.

## PAIDIR

**Nóta:** *Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid ceannbhandaí 'Teangacha Tine' a chaitheamh i rith an urnaí seo. Le linn an urnaí bainfidh siad úsáid as an urnaí nua atá ar leathanach 65 dá leabhar, a thugann cuireadh don Spiorad Naomh teacht isteach ina gcroíthe. B'fhéidir gur mhaith leo an phaidir seo a fhoghlaim roimh ré.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as an Spiorad Naomh a sheoladh chugainn. Domhnach Cincíse, líon an Spiorad Naomh na deisceabail le háthas agus thug an misneach dóibh fianaise ar do ghrá a thabhairt. Iarraimid ar an Spiorad Naomh anois ár gcroíthe a líonadh le háthas agus le fuinneamh ionas go bhféadfaimis a bheith mar fhinnéithe ar do ghrá inár saol laethúil. Guímis anois an chéad líne dár n-urnaí nua le chéile: *Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.*
**Gach duine:** Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.

**Múinteoir:** Ag an gCincís tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail i bhfoirm teangacha tine. Guímid go gcoimeádfaidh an Spiorad Naomh tine an ghrá beo inár gcroíthe. Guímid freisin go scaoilfear tine an ghrá ar fud an domhain. Guímis anois an dara líne dár n-urnaí nua le chéile: *Agus adhain ionainn tine do ghrá.*
**Gach duine:** Agus adhain ionainn tine do ghrá.

**Múinteoir:** Nuair a thagann cumhacht an Spioraid Naoimh anuas orainn, bímid cruthaithe arís i ngrá Dé. Guímis anois an tríú líne dár n-urnaí nua le chéile: *Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid.*
**Gach duine:** Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid.

**Múinteoir:** Déanfaidh cumhacht an Spioraid Naoimh an domhan ar fad a athnuachan. Guímis anois an ceathrú líne dár n-urnaí nua le chéile: *Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.*
**Gach duine:** Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.

**Múinteoir:** Chun deireadh a chur lenár n-urnaí guímis na ceithre línte seo le chéile, ag tabhairt cuireadh don Spiorad Naomh teacht isteach inár gcroíthe.
**Gach duine:** Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.
Agus adhain ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid.
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Saol an Pharóiste

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo (Naíonáin Shóisearacha/B1, Naíonáin Shinsearacha/B2) thugamar na páistí isteach chuig fhoirgneamh an tséipéil mar an áit ina dtugann pobal de lucht leanúna Íosa, na deisceabail, adhradh do Dhia. D'fhoghlaim siad go mbaintear Peaca an tSinsir trí shacraimint an Bhaiste agus go ndéantar baill den Eaglais iad trí chumhacht an Spioraid Naoimh. Tugadh an Spiorad Naomh do na deisceabail ar dtús ar lá na Cincíse.

Sa cheacht seo dírímid ar an pharóiste mar an áit ina gcónaíonn an pobal áitiúil de lucht leanúna Íosa agus ina dtugann siad adhradh do Dhia. Tá pobail áitiúla déanta de theaghlaigh, agus tá na teaghlaigh seo aitheanta mar eaglais an teallaigh, toisc gur sa teaghlach ar dtús a fhoghlaimíonn páistí faoi Dhia.

Glaotar ar gach duine a bhaineann le paróiste cabhrú san obair chun an Dea-Scéala a roinnt, faoi mar a d'iarr Íosa ar a dheisceabail a dhéanamh. De ghnáth tugann an paróiste áitiúil cuireadh do dhaoine a bheith páirteach ina misean trí bhaint a bheith acu le ceann de na grúpaí a ghlacann róil éagsúla i saol an pharóiste. An tseachtain seo féachaimid ar conas a oibríonn na róil seo agus na feidhmeanna seo i bparóiste ar leith amháin agus foghlaimímid conas a chuidíonn siad leis na daoine sa pharóiste sin maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Sagart paróiste:** ceannaire an pharóiste.
**Sagart cúnta:** sagart sa pharóiste a chabhraíonn leis an sagart paróiste.
**Comhairle Tréadach an Pharóiste:** grúpa daoine a oibríonn mar fhoireann chun cuidiú le heagrú an pharóiste.
**Pioscas:** bosca Abhlainne ina iompraítear an Comaoineach Naofa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Ábhair tógála le mionsamhail de pharóiste na scoile a thógáil
- Páipéar agus ábhair le haghaidh nuachtlitir an pharóiste
- Páipéar agus ábhair le haghaidh eolairí an pharóiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LENÁR BPARÓISTE

Déan comhrá leis na páistí faoina bparóiste, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad is ainm don pharóiste ina bhfuil ár scoil suite? An paróiste mór nó paróiste beag é? Cé mhéad scoil atá sa pharóiste? Cé mhéad séipéal?
- Cé mhéad sagart atá sa pharóiste? Cad iad cuid de na rudaí a dhéanann sagart?
- Na daoine i bparóiste nach sagairt iad glaotar tuataí orthu. Glaoitear ar thuataí Íosa a leanúint trí mhaireachtáil de réir Aithne Nua an ghrá. An féidir libh cuimhneamh ar an Aithne Nua a mhúin Íosa dúinn? (Tá an Aithne Nua le fail ar leathanach 5 de leabhar na bpáistí.)
- Cad is ainm don pharóiste ina gcónaíonn tú? Cé hé an sagart paróiste?
- Cad iad na rudaí a fheiceann tú a ndéanann tuataí i do pharóiste a léiríonn go bhfuil siad ag iarraidh maireachtáil de réir na hAithne Nua?
- Glacann roinnt tuataí ról speisialta sa paróiste. Cad iad na poist a fheiceann tú a ndéanann tuataí i do pharóiste?
- An bhfuil ainmneacha de ghrúpaí ar bith i do pharóiste agat a chuidíonn leis an bparóiste? An bhfuil aithne agat ar éinne a bhaineann le ceann ar bith de na grúpaí seo?
- Cé mhéad séipéal atá sa pharóiste ina gcónaíonn tú? Cé mhéad scoil i do pharóiste gur scoileanna Caitliceacha iad?
- Cad iad na foirgnimh eile atá i do pharóiste?

## GNÍOMHAÍOCHT

### MIONSAMHAIL DE PHARÓISTE NA SCOILE

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun mionsamhail den pharóiste ina bhfuil an scoil suite a dhéanamh. Cuir spás mór ar an urlár ar leataobh nó úsáid tábla sa seomra ranga. Clúdaigh an spás/bord le bileoga móra páipéir agus mínigh go leanfaidh an obair ar an dtionscadal seo ar feadh seachtaine.

Tosaigh le learscáil ordanáis den cheantar a thaispeáint do na páistí ar an gclár bán. Taispeáin teorainneacha an pharóiste trí aird a tharraingt ar an fhad ó cheann amháin den pharóiste go dtí na cinn eile.

Ansin tarraing imlíne den pharóiste. Taispeáin suíomh na scoile laistigh den pharóiste ag baint úsáid as peann luaidhe nó marla.

Déan eolas na bpáistí ar an pharóiste a mheas le ceisteanna cosúil le:

- An dóigh libh go mbeimid in ann gach rud sa pharóiste a thaispeáint sa mhionsamhail a dhéanfaimid? Cén fáth nó cén fáth nach mbeimid in ann?
- Cad iad na foirgnimh atá sa pharóiste seo? (siopaí, pictiúrlann, séipéal, ionad paróiste, leabharlann, ionad leighis, giomnáisiam, láithreáin oidhreachta, monarchana, tithe, tithe feirme, srl).
- Cá dtéann an bóthar lasmuigh den scoil? An bhfuil sé ag dul ó thuaidh, ó dheas, soir nó siar? Cén treo a rachfá dá mbeifeá ag dul go dtí an séipéal?
- Conas a shocróimid ar na tithe le cur san áireamh ar an léarscáil?
- An bhfuil rud ar bith eile ar chóir dul isteach ann?

Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí. Iarr orthu úsáid a bhaint as a gcuid ábhair tógála chun an mionsamhail a thógáil. Beidh ar na páistí a shocrú roimh ré ar an méid a thógfaidh na grúpaí éagsúla. Lean ort leis an dtionscadal seo ag amanna éagsúla i rith na seachtaine. Is féidir leis a bheith chomh simplí nó chomh casta agus a cheadaíonn am agus mar atá na páistí in ann a thógáil.

Nuair a bheidh an mionsamhail tógtha, tabhair cuireadh do na páistí comhrá a dhéanamh faoi, le ceisteanna cosúil le:

- An bhfuil spás ann le haghaidh tuilleadh foirgnimh sa pharóiste?
- An bhfuil áiseanna go leor ann do líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa pharóiste?

Anois mínigh do na páistí go bhfuil dhá bhrí ag baint leis an bhfocal 'paróiste'. Úsáidtear an focal 'paróiste' chun tagairt a dhéanamh don limistéar fisiceach a bhfuilimid ag déileáil leis, a

thagann laistigh de theorainneacha áirithe. Ach tugtar an focal 'paróiste' ar na daoine, an pobal, a bhailíonn le chéile chun Aifreann a cheiliúradh ar an Domhnach agus ag amanna eile agus chun imeachtaí tábhachtacha i saol a gcuid teaghlaigh a chomóradh. Seans go gcuirfeá ceisteanna ar nós:

- Cad iad na himeachtaí i do theaghlach a ceiliúradh ag an bparóiste?

Taispeáin an mionsamhail faoin gceannteideal 'Paróiste na Scoile' agus tabhair cuireadh do chuairteoirí chuig an rang é a scrúdú agus comhrá a dhéanamh faoi na gnéithe éagsúla atá ann.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 67 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh nó b'fhéidir gur mhaith libh díriú ar ghné éigin de mhionsamhail an pharóiste atá á thógáil againn ... Anois smaoinigh ar na daoine go léir atá ag obair i do pharóiste ... Roghnaigh duine amháin a bhfuil aithne agat orthu ... Le do guth istigh, iarr ar Dhia an duine sin a bheannú agus grásta a thabhairt dóibh chun cabhrú leo leanúint leis an obair iontach a dhéanann siad ... Cuimhnigh gurbh í Muire an chéad deisceabal a bhí ag Íosa ... cabhróidh sí leis an duine seo obair Dé a dhéanamh le grá freisin ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE SAOL AN PHARÓISTE

Tabhair chun cuimhne an comhrá faoin bparóiste a rinne na páistí thuas agus an mionsamhail den bparóiste atá á thógail acu.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Más féidir, tabhair cuireadh do dhaoine atá páirteach i ngnéithe éagsúla i saol agus in obair an pharóiste teacht isteach sa seomra ranga chun labhairt leis na páistí faoin méid a dhéanann siad agus conas a dhéanann siad é. D'fhéadfadh na páistí roinnt ceisteanna a ullmhú chun a chur orthu.

## GNÍOMHAÍOCHT


### NUACHTLITIR AN PHARÓISTE

- Íoslódáil roinnt feasacháin/nuachtlitreacha paróiste ón idirlíon.
- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí agus tabhair nuachtlitir difriúil do gach grúpa.
- Iarr ar gach grúpa breathnú ar na nuachtlitreacha agus na deiseanna atá ar fáil do dhaoine chun cabhrú le hobair an pharóiste a aimsiú.
- Spreag na grúpaí comparáid a dhéanamh idir a gcuid torthaí.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí, ag obair sna grúpaí céanna, nuachtlitir dá bparóiste féin nó do pharóiste samhailteach a scríobh.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH/CHRUTHAITHEACH

### MAITHE AGUS MÓRUAISLE IN EOLAIRE AN PHARÓISTE

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú ina mbeirteanna chun 'Maithe agus Móruaisle an Pharóiste' a chur le chéile, bunaithe ar an méid d'fhoghlaim siad agus ar an méid a fheiceann siad ag tarlú ina bparóiste féin. Is féidir leat do threoracha a athrú chun freastal ar na cumais atá ag na páistí i do rang.
- Mínigh gur cóir go mbeadh an t-eolaire curtha le chéile go simplí i dtreo is go bhféadfadh aon teaghlach é a úsáid go héasca chun eolas a fháil faoi na daoine éagsúla a oibríonn laistigh den pharóiste.
- Déan comhrá leis na páistí faoin gcineál eolais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu don eolaire, eolas cosúil le:
    - » Ainm an tséipéil
    - » Lógó/íomhá a úsáideann an séipéal
    - » Stair ghairid an tséipéil
    - » Suíomh an tséipéil
    - » Ainmneacha na sagart
    - » Ainmneacha grúpaí paróiste nó clubanna agus na hionaid ina gcruinníonn siad
    - » Ainmneacha chomhaltaí chomhairle tréadach an pharóiste
    - » Cathain a thagann gach grúpa le chéile: amanna, agus cé acu laethúil, seachtainiúil, míosúil a bhíonn na cruinnithe
    - » Ainmneacha na róil agus na freagrachtaí laistigh de ghrúpaí an pharóiste
    - » Suíomh gréasáin an pharóiste
    - » Seoladh ríomhphoist an pharóiste
    - » Uimhir teileafóin an pharóiste
    - » Amanna oscailte an tséipéil
- Is féidir leis na hainmneacha agus na sonraí a chuireann na páistí ar fáil san eolaire a bheith samhailteach, ach b'fhéidir go roghnódh siad úsáid a bhaint as fíorainmneacha nuair a bhíonn aithne acu ar dhaoine sa pharóiste a chomhlíonann na róil atá á gcur síos acu. Is léir go mbeidh an seoladh ríomhphoist agus na sonraí teagmhála eile a bheith samhailteach.



- Is féidir leis na páistí an t-eolaire a dhearadh mar is mian leo. Ba cheart dóibh ainm an pharóiste a chur ar an gclúdach – fíorainm nó ainm samhailteach, is cuma.
- Mol dóibh na grúpaí paróiste a liostú in ord aibítre. Seo thíos sampla:

| Grúpa sa Pharóiste | Duine Teagmhála | Cruinnithe: Lá, Am, Ionad |
|---|---|---|
| Comhordaitheoir na bhfreastalaithe altóra | | |
| Freastalaithe altóra | | |
| Foireann Baiste | | |

- Spreag na páistí, nuair a bhíonn siad críochnaithe lena n-eolaire féin, breathnú ar eolairí páistí eile.
- Ar deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid eolairí a chur sa spás urnaí.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 68 dá leabhar.**

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá ról ag gach duine i saol an pharóiste agus iarrtar ar gach duine an Dea-Scéala a roinnt. Tá pobal an pharóiste cosúil le teaghlach, le gach ball ag baint úsáid as a gcuid buanna ar bhealaí éagsúla le haghaidh tairbhe an phobail ar fad. Saibhrítear pobal an pharóiste ar fad nuair a ghlacann gach ball a pháirt, is cuma chomh mór nó chomh beag is atá an ról acu.

## GNÍOMHAÍOCHT

### MAIDIR LE BHEITH PÁIRTEACH SA PHARÓISTE

- Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh agus díospóireacht a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu faoi na réimsí ar fad ina mbíonn daoine aonaracha nó grúpaí páirteach in obair an pharóiste.
- Iarr orthu na grúpaí is mó a raibh suim acu iontu a ainmniú, agus an fáth a bhí le sin.
- Ansin tabhair cuireadh dóibh bealaí a ainmniú ina bhféadfaidís cabhrú le cuid den obair nó le cuid de na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ina bparóiste/í féin.

## PAIDIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Roimh an urnaí seo, tabhair na páistí isteach ar an gcuid deiridh de Chré na nAspal, atá ar fáil ar leathanach 68 dá leabhar.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** An tseachtain seo bhíomar ag féachaint ar shaol na hEaglaise mar a chaitear é i bparóiste. D'iarr Íosa ar a chuid deisceabail go léir a gcuid páirt a ghlacadh i gcraobhscaoileadh Dea Scéala ghrá Dé. Déanaimid amhlaidh nuair a chuirimid le saol agus le hobair ár bparóiste.
Nuair a ghuímid *Cré na nAspal*, admháilimid ár gcreideamh i nDia: Athair, Mac agus Spiorad Naomh.
Gabhaimid buíochas le Dia anois as ár bpobal paróiste, áit ar féidir linn bronntanas ghrá Dé inár saol a cheiliúradh agus taitneamh a bhaint as tacaíocht agus cairdeas baill eile dár dteaghlach chreidimh. Abraigí i mo dhiaidh: 'Creidim i nDia.'
**Gach duine:** Creidim i nDia.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as na daoine go léir inár bparóiste. Iarraimid ar Dhia beannacht a thabhairt dóibh siúd atá beo agus suaimhneas síoraí a thabhairt dóibh siúd a fuair bás. Is cuimhin linn gur gheall Íosa dá lucht leanúna dílis go mbeidis go deo leis ar neamh. Tá siad anois i gcomaoin na naomh. Abraigí i mo dhiaidh: 'Creidim i gcomaoin na naomh.'
**Gach duine:** Creidim i gcomaoin na naomh.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as ár bpeacaí a mhaitheamh. Gach uair a cheiliúraimid Sacraimint an Athmhuintearais, gabhaimid buíochas le Dia as grá a thabhairt dúinn agus deirimid leis go bhfuil brón orainn go ndearnamar peacaí. Abraigí i mo dhiaidh: 'Creidim i maithiúnas na bpeacaí.'
**Gach duine:** Creidim i maithiúnas na bpeacaí.

**Múinteoir:** Ba mhaith le Dia go mbeimis leis go deo ar neamh nuair a fhaighimid bás. Gabhaimid buíochas le Dia as an ngealltanas iontach seo faoin bheatha shíoraí. A Dhia ghrámhair, tabhair an grásta dúinn saol maith a chaitheamh ionas gur féidir linn maireachtáil leat go deo. Abraigí i mo dhiaidh: 'Creidim in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí.'
**Gach duine:** Creidim in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí.

**Múinteoir:** Críochnóimid ár n-urnaí inniu agus *Cré na nAspal* ar fad a rá le chéile.
**Gach duine:** *Cré na nAspal* (Creidim i nDia, an tAthair Uilechumhachtach ...)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Baisteadh

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tús le próiseas ar feadh an tsaoil atá sa Bhaisteadh ina mbíonn lucht leanúna Íosa ag fás sa chreideamh. Sa Bhaisteadh, maithtear Peaca an tSinsir, déantar baill den Eaglais muid, bímid mar dheartháireacha agus deirfiúracha Chríost i gclann Dé, agus le grásta Dé faighimid beatha nua.

Nuair a bhaist Eoin Íosa in abhainn na hIordáine, tháinig glór ó na flaithis a dúirt: 'Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi' (Lúcás 3:22). Tháinig an Spiorad Naomh anuas ar Íosa.

Ag ár mBaisteadh, ceiliúraimid ár n-athbhreith mar leanbh Dé. Cuireann focail Dé ag abhainn na hIordáine muid san áireamh: 'Is tú mo mhac/mo iníon muirneach; is duit a thug mé gnaoi.' Tríd an bhaisteadh déantar baill de Chomaoin na Naomh muid, agus sa tslí sin bímid aontaithe le lucht leanúna Íosa ar fud an domhain, chomh maith le gach duine a fuair bás romhainn. Ní bhristear banna an Bhaiste riamh, fiú ag an mbás.

Céimeanna éagsúla is ea Baisteadh, Cóineartú agus Eocairist i gceiliúradh sacraimintí na hIonadachta Críostaí, trína mbíonn daoine ina mbaill den Eaglais. Nuair a cheiliúrtar na sacraimintí seo le duine fásta, is gnách na trí shacraimint seo a cheiliúradh mar aon ghnás amháin.

Deir *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*: 'Ní heol don Eaglais aon bhealach eile seachas an Baisteadh chun an dul isteach sa suaimhneas síoraí a chinntiú. Is é sin an fáth ar cúram di gan faillí a dhéanamh sa mhisiún a fuair sí ón Tiarna "athghiniúint san uisce agus sa Spiorad" a dhéanamh orthu siúd go léir ar féidir a mbaisteadh. *Tá an slánú ceangailte le sacraimint an Bhaiste ag Dia, ach níl Dia féin faoi cheangal ag a chuid sacraimintí*' (ChEC 1257). Is ionann sin le rá, nach fios don Eaglais aon mhodh eile seachas an Baisteadh trína bheith athshaolaithe mar leanaí Dé. Ach, cé go bhfuil Dia i láthair sna sacraimintí, tá Dia i gcónaí níos mó ná na sacraimintí agus faigheann sé bealaí le teacht ar gach duine, lena n-áirítear iad siúd nach gcloisfidh an Soiscéal.

An tseachtain seo foghlaimeoidh na páistí níos mó faoi Shacraimint an Bhaiste. Léifidh siad agus déanfaidh siad machnamh ar ghealltanais an Bhaiste agus scrúdóidh siad conas is féidir leis na gealltanais sin tionchar a bheith acu ar an gcaoi ina maireann daoine mar lucht leanúna Íosa.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Sacraimint:** cruinniú speisialta le hÍosa Aiséirithe atá i sacraimint.
**Grásta:** bronntanas ghrá Dé, a thagann chugainn trí na sacraimintí.
**Baisteadh:** an tsacraimint a thugann ballraíocht den phobal Críostaí, an Eaglais, do dhaoine.
**Sátan:** aingeal uabhair.
**Peaca:** rud ar bith a cheapann daoine, a deir siad, a dhéanann/nach ndéanann siad, a chuireann bac ar nó a bhriseann a gcairdeas le Dia, le daoine eile agus leis an domhan.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Grianghraf de Bhaisteadh gach páiste, coinneal Bhaiste nó coinneal ranga, uisce coisricthe, cros/cros chéasta, ball éadaigh bán, ola chriosma
- Stiallacha dronuilleogacha cárta chun leabharmharcanna a dhéanamh: ceann do gach páiste sa rang

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE SACRAIMINT AN BHAISTE

Téigh ar ais ar an méid a d'fhoghlaim na páistí faoi Shacraimint an Bhaiste i Rang a Dó/B4 sa Chlár *I nGrá Dé* trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cá háit a cheiliúrtar Sacraimint an Bhaiste de ghnáth? Cé a bhí i láthair ag do Bhaisteadh?
- Cé hiad do thuismitheoirí baistí? Cad a gheall siad ag do Bhaisteadh? (Geallann tuismitheoirí baistí cabhrú le tuismitheoirí a leanaí a thógáil mar bhaill den Eaglais)
- An cuimhin leat aon cheann de na siombailí a úsáidtear ag an mBaisteadh? (uisce, éadach bán, ola chriosma, Comhartha na Croise, coinneal Bhaiste) An féidir leat a rá cén fáth a n-úsáidtear aon cheann díobh seo?
- Cad iad na focail a deir an sagart ag an mBaisteadh? Cad a dhéanann Dia dúinn ag an mBaisteadh?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 70 agus 71 dá gcuid leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Lasaimid ár gcoinneal mar chomhartha ar sholas Chríost, agus chun ár gcoinneal Bhaiste a chur i gcuimhne dúinn, an choinneal a lasadh nuair a fuaireamar Sacraimint an Bhaiste.

Inniu cuimhnímid ar ár mBaisteadh, nuair a tugadh ainm dúinn. Cuimhnímid go bhfuil aithne ag Dia ar ainm gach duine. Cuimhnímid freisin ar an gcúig phríomhshiombail a úsáidtear i Sacraimint an Bhaiste: *Comhartha na Croise*, coinneal Bhaiste, uisce, ball éadaigh bán, ola chriosma.

Cuimhnigh ar fhocail Íseáia fáidh, 'Ghlaoigh mé ort i d'ainm – agus is liomsa thú' (Ís 43:1). Glac sos agus abair d'ainm le do ghuth taobh istigh.

*Tabhair cuireadh do na páistí, duine i ndiaidh duine, grianghraf dá mBaisteadh a chur ar taispeáint ar bhord, nó sa spás urnaí.*

**Múinteoir:** Cuimhnímis ar an méid a d'iarr ár dtuismitheoirí agus ár gcarais Críost ar an Eaglais ar an lá a baisteadh muid. Abraigí i mo dhiaidh: 'D'iarr ár dtuismitheoirí an Baisteadh'.
**Gach duine:** D'iarr ár dtuismitheoirí an Baisteadh.

*Tabhair cuireadh do gach dalta* Comhartha na Croise *a ghearradh ar éadan an pháiste ar thaobh na láimhe deise, ag rá mar a dhéanann siad amhlaidh,* 'Chuir an Eaglais fáilte romhat le háthas mór.'

**Múinteoir:** Ag an mBaisteadh, cuireann *Comhartha na Croise* in iúl dúinn gur lucht leanúna Íosa sinn. Tabharfaimis aithint anois don Bhaisteadh agus sinn ag rá: Baisteadh muid i gCríost.
**Gach duine:** Baisteadh muid i gCríost.
**Múinteoir** (*agus coinneal Bhaiste á ardú*): Cuimhnímis ar sholas an chreidimh a thosaigh ag lonradh inár saol ar an lá a baisteadh muid. Tabharfaimis aithint anois don Bhaisteadh agus sinn ag rá: Baisteadh muid i gCríost.
**Gach duine:** Baisteadh muid i gCríost.

**Múinteoir** (*agus babhla uisce coisricthe á ardú*): Cuireann an babhla seo de uisce coisricthe ár mBaisteadh in iúl dúinn. Comhartha beatha atá san uisce. I rith an Bhaiste, doirteann an sagart uisce coisricthe ar cheann an duine atá á mbaisteadh. Comhartha é seo go bhfuil beatha nua Chríost Aiséirithe faighte ag an té a baisteadh. Grásta ó Dhia é seo agus comhartha, chomh maith, go bhfuil Peaca an tSinsir maithe ag Dia.

*Cuir babhla uisce coisricthe ar sheastán. Tabhair cuireadh do na páistí dul go dtí an babhla agus, duine i ndiaidh duine, iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe, agus iad ag rá leis an nguth istigh,* 'In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.'

**Múinteoir:** Tabharfaimis aithint anois don Bhaisteadh agus sinn ag rá: Baisteadh muid i gCríost.
**Gach duine:** Baisteadh muid i gCríost.

**Múinteoir:** Ag an mBaisteadh, filltear ball éadaigh bán thart ar an duine a bhaistear. Comhartha é seo den bheatha nua a fhaigheann an duine mar bhall den Eaglais.

*Tabhair cuireadh do na páistí an ball éadaigh bán a chur ar aghaidh chuig an dalta in aice leo. Tabhair*

*cuireadh don leanbh deireanach an ball éadaigh a chur sa spás urnaí.*

**Múinteoir:** Tabharfaimis aithint anois don Bhaisteadh agus sinn ag rá: Baisteadh muid i gCríost.
**Gach duine:** Baisteadh muid i gCríost.

**Múinteoir:** Tugtar ola chriosma ar an ola chumhra a úsáidtear ag an mBaisteadh. Cuireann sé in iúl dúinn gur duine an-speisialta atá sa duine baiste. Toisc gur ball den Eaglais agus duine de lucht leanúna Íosa Críost iad, iarrtar ar an duine baiste an Dea-Scéala agus grá a roinnt mar a rinne Íosa.

*Tabhair cuireadh do na páistí, an buidéal leis an ola chriosma, a chur ar aghaidh go cúramach agus boladh an chumhráin a fháil.*

**Múinteoir:** Cuimhnímid ar ár mBaisteadh le háthas, le síocháin agus le dóchas agus muid ag rá: 'Bíodh aoibhneas agus áthas orainn toisc go bhfuilimid baiste i gCríost. Áiméan.'
**Gach duine:** Bíodh aoibhneas agus áthas orainn toisc go bhfuilimid baiste i gCríost. Áiméan.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE TEASTAIS BHAISTE AGUS TEASTAIS BHREITHE

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá soilsiú coinneal na Cásca ar cheann de na nithe is suntasaí a tharlaíonn ag Bigil na Cásca, a bhíonn ar siúl ar oíche Shathairn roimh Dhomhnach na Cásca. Is é coinneal na Cásca an chéad choinneal a lastar ó thine na Cásca ar oíche Bhigil na Cásca. Lastar na coinnle eile go léir ó choinneal na Cásca. Seasann coinneal na Cásca don solas a thagann ar domhan toisc Íosa a bheith Aiséirithe. Scríobhtar na litreacha Gréagacha alfa agus óimige (a chiallaíonn an tús agus an deireadh), ar choinneal na Cásca. Tá cúig ghrán de thúis dearg leabaithe sa choinneal chun créachta Chríost a chur in iúl. Úsáidtear coinneal na Cásca ag an mBaisteadh freisin chun an choinneal Bhaiste a lasadh, rud a chiallaíonn solas Chríost ag teacht ar an duine den chéad uair.

Déan comhrá leis na páistí maidir le teastais Bhaiste agus teastais Bhreithe ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An bhfaca tú riamh an teastas a tugadh do do thuismitheoirí/chaomhnóirí nuair a baisteadh thú? Mura bhfaca tú riamh é, b'fhéidir go dtaispeánfadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí duit é.
- Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé go maith teastas a bheith agat de do Bhaisteadh? An bhfuil baint aige leis an bhfíric nach féidir linn Baisteadh a fháil ach uair amháin?
- Cathain a bheadh an teastas Bhaiste ag teastáil uait? (ag clárú ar scoil, don Chóineartú)
- Faigheann tú teastas Bhreithe freisin agus tú i do leanbh. Cad é an difríocht, dar leat, idir teastas Bhreithe agus teastas Bhaiste?
- Cathain a bheadh do theastas Bhreithe ag teastáil uait? (ag clárú ar scoil, ag cur isteach ar phas nó doiciméid oifigiúla eile)

Ansin léigh an scéal 'Saoirse, an Freastalaí Altóra'.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tríd an mBaisteadh saortar sinn ó Pheaca an tSinsir agus déantar baill den Eaglais sinn. Geallann tuismitheoirí baistí go gcuideoidh siad le tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáistí a thógáil mar bhaill den Eaglais.


## SCÉAL

**Saoirse, an Freastalaí Altóra**

Bhí an-áthas ar Saoirse nuair a d'fhág sí an teach chun dul go dtí an séipéal. Bhí Ben agus Naoi ar laethanta saoire, agus in ainneoin í a bheith i rang a trí, inniu bheadh sí ina freastalaí altóra sinsearach, ag Baistí na míosa seo ina séipéal paróiste áitiúil.

Nuair a tháinig sí isteach sa sacraistí bheannaigh sí do Mháire, ball de choiste an pharóiste. Bhí Máire ar tí Coinneal na Cásca a lasadh. Coinneal an-mhór ar sheastán ard atá i gCoinneal na Cásca, agus mar sin is duine fásta amháin a d'fhéadfadh í a lasadh. Thug Saoirse faoi deara fallaing bhán in aice leis an dtráidire ar a raibh na siombailí a úsáidtear ag an mBaisteadh. Bíodh fallaing bhán sa bhreis réidh ag Máire i gcónaí, ar eagla go ndéanfadh aon chlann dearmad ar cheann a thabhairt leo don searmanas.

Bhain Saoirse a cóta di agus chuir sí ailb an fhreastalaí uirthi féin. Díreach ansin, tháinig an



...

• • •

t-Athair Pádraig isteach sa sacraistí agus rinne sé comhghairdeas le Saoirse ar a céad lá mar fhreastalaí altóra sinsearach. Thaispeáin sé liosta den trí iarrthóir don Bhaisteadh di agus ansin d'iarr sé uirthi a chinntiú go raibh an t-uisce coisricthe agus an Ola Chriosma réidh le húsáid.

Bhí croí Saoirse ag bualadh nuair a chuir sí ord agus eagar ar na freastalaithe altóra a bhí níos óige ná í féin. Chuir sí i gcuimhne dóibh go mbeadh siad i mórshiúl a leanfadh an t-Athair Pádraig amach ar an altóir agus síos go dtí an umar baiste, a bhí suite gar do dhoras tosaigh an tséipéil.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth a raibh Saoirse ar bís? Conas a bhí sé seo difriúil ó amanna eile nuair a bhí sí ina freastalaí altóra?
- Cad ba ghá do Shaoirse a sheiceáil roimh thosú an tsearmanais?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Tá cúig shiombail a bhaineann le Sacraimint an Bhaiste. An féidir leat na

siombailí a luaitear thuas sa scéal a ainmniú? An féidir leat na siombailí eile nach bhfuil luaite sa scéal a ainmniú?

- Nuair a bheirtear sinn bímid mar bhall dár gcuid teaghlach. An bhfuil sé tábhachtach a bheith bainte le teaghlach? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- Nuair a bhaistear sinn bímid mar bhall de theaghlach níos mó – an teaghlach arb é an Eaglais é. An bhfuil sé tábhachtach duit a bheith i do bhall den Eaglais, a bheith baiste? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- An nglacann tú páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an Eaglais? Mínigh.
- An gcabhraíonn sé leat bheith i do bhall den Eaglais chun na rudaí a d'iarr Íosa ar a lucht leanúna a dhéanamh, a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach gcabhraíonn sé leat?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Don ghníomhaíocht leis an leabharmharc a leanann, ní mór go mbeadh a fhios ag na páistí cén áit agus cathain a baisteadh iad. B'fhéidir go gcuirfeá i gcuimhne dóibh an t-eolas seo a sheiceáil sa bhaile roimh na gníomhaíochta.

## CRAFT GNÍOMHAÍOCHT

### LEABHARMHARC AN BHAISTE (TAOBH 1)

- Tabhair píosa cárta dronuilleogach bán do gach páiste.
- Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun leabharmharc a dhéanamh, ach ní chríochnóidh siad ach taobh amháin de inniu. Críochnóidh siad an taobh eile níos déanaí, mar sin tá sé tábhachtach an taobh seo a fhágáil bán faoi láthair.
- Tabhair cuireadh do na páistí scríobh ar thaobh amháin den cárta: 'Baisteadh mé, (*ainm*), i (*ainm áite*) ar (*dáta, mí, bliain*).'
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, tabhair cuireadh do pháistí éagsúla an méid atá scríofa acu ar a leabharmharc a léamh amach.
- Iarr ar na páistí na leabharmharcanna a fhágáil i gciseán sa spás urnaí.




## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GEALLTANAIS

Déan comhrá leis na páistí maidir le gealltanais a dhéanamh agus a choimeád ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad is gealltanas ann?
- Cén cineál gealltanais a dhéanann daoine?
- An gcoimeádann tú do ghealltanais?
- An cuimhin leat ár gcód ranga? Céard a shocraíomar a dhéanamh? Cé leis a rinneamar an comhaontú?
- Conas a choimeádamar na gealltanais a rinneamar?

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GEALLTANAIS AN BHAISTE

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** An chéad trí cheist ag an mBaisteadh – An ndiúltaíonn tú do Shátan? Agus dá oibreacha go léir? Agus dá chleasa go léir? – iarrann siad ar an duine atá á bhaisteadh an ndiúltaíonn siad nó an iompaíonn siad ó gach rud atá olc agus ó gach rud a mheallann iad chun rudaí olca a dhéanamh. Iarrann an chéad trí cheist ina dhiaidh sin ar an té atá á bhaisteadh a chreideamh i nDia, a chruthaigh an domhan, a admháil; in Íosa a rugadh ón Mhaighdean Muire, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, agus a d'éirigh ó mhairbh agus a d'fhill go Dia ar neamh; sa Spiorad Naomh; san Eaglais; i gComaoin na Naomh; i maithiúnas na peacaí ; in aiséirí na colainne; agus sa bheatha shíoraí. Tá Dia réidh i gcónaí ár bpeacaí a mhaitheamh dúinn, mar sin is féidir linn i gcónaí tosú arís ag maireachtáil cosúil le hÍosa, a thógfaimid chun maireachtáil leis ar neamh ag an deireadh dár saol ar domhan.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ag Baisteadh naíonáin geallann na tuismitheoirí agus na tuismitheoirí baistí tiomantas don chreideamh ar ar son an linbh atá á bhaisteadh.

Mínigh do na páistí gurb é Sacraimint an Bhaiste an chéad chéim le bheith i do bhall iomlán den phobal Críostaí. Le linn an tsearmanais, fiafraítear den duine atá á bhaisteadh an aontaíonn siad gealltanais áirithe a choinneáil. Nuair a bhíonn duine fásta á baisteadh, freagraíonn sé nó sí: 'Aontaím'. Nuair a bhíonn leanbh á bhaisteadh, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus na tuismitheoirí baistí a fhreagraíonn ar son an linbh.

Ansin cuir ceisteanna ar nós:
- Cé leis, a cheapann tú, a ndéanaimid comhaontú sa Bhaisteadh?
- Cé leis, a cheapann tú, a dhéanann na tuismitheoirí/caomhnóirí agus na tuismitheoirí baistí gealltanais ar son an linbh?

Ansin tabhair cuireadh do na páistí gealltanais an Bhaiste a léamh ar leathanach 72 dá leabhar.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu a d'fhreagair an glao le bheith baiste ... do thuismitheoirí nó caomhnóirí ... do thuismitheoirí baistí ... Smaoinigh gur iarr Dia orainn sa Bhaisteadh a bheith inár lucht leanúna d'Íosa agus baill dá mhuintir, an Eaglais ... Tugaimid buíochas le Dia as bronntanas a ghrásta, rud a chabhraíonn linn maireachtáil mar Chríostaithe ... Mairimid mar Chríostaithe nuair a leanaimid Aithne Nua an ghrá mar a léirigh Íosa dúinn ... Smaoinigh ar do theaghlach agus smaoinigh conas a bheadh cúrsaí dá mairfeadh gach duine de réir Aithne Nua an ghrá sa bhaile ... Iarr cabhair ar Dhia chuige sin. B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as gach rud a thug sé duit. Nuair a bhíonn tú réidh, oscail na súile.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LENÁR NGEALLTANAIS BHAISTE A ATHNUACHAN

- An cuimhin leat cuid de na rudaí a gheallamar nuair a rinneamar ár ngealltanais Bhaiste?
- Má baisteadh tú mar leanbh, rinne duine éigin eile do ghealltanais Bhaiste ar do shon. An gceapann tú gur smaoineamh maith é seo? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- Déanaimid ár ngealltanais Bhaiste a athnuachan nuair a dhéanaimid Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh. Déanaimid ár ngealltanais Bhaiste a athnuachan gach bliain ar Shatharn na Seachtaine Móire, an oíche roimh Dhomhnach na Cásca, agus ar Dhomhnach na Cásca chomh maith. An dóigh libh gur smaoineamh maith é seo? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- Cad a d'fhéadfadh a bheith deacair ort, dar leat, do ghealltanais Bhaiste a choinneáil?

# GNÍOMHAÍOCHT

## CÁSANNA A BHAINEANN LEIS AN GCOINSIAS

Iarr ar na páistí éisteacht leis na scéalta thíos agus smaoineamh faoi conas is féidir leo cinntí a dhéanamh atá ag teacht lena ngealltanais Bhaiste.

Cabhróidh an straitéis seo a leanas leat dul i ngleic leis na cásanna thíos:

- Cruthaíonn na páistí dhá líne os comhair a chéile, ag fágáil spás síos sa lár. Is é an tasc atá acu ná comhairle a thabhairt don charachtar lárnach (Cian nó Jackie nó Keith) faoi cad ba cheart dóibh a dhéanamh.
- Tabharfaidh na páistí ar thaobh amháin comhairle a spreagann an duine gníomhú ar bhealach áirithe, agus tabharfaidh na páistí ar an dtaobh eile comhairle a spreagann iad chun gníomhú ar bhealach eile, bealach contrártha.
- Glacann páiste amháin ról an charachtair lárnaigh. Is féidir leatsa, an múinteoir, a roghnú chun an ról seo a ghlacadh, nó b'fhéidir go mbraitheann tú go bhfuil sé oiriúnach páiste ón rang a ainmniú leis an ról seo den charachtar lárnach a ghlacadh.
- Siúlann an carachtar lárnach síos an spáis i lár baill. Agus é seo á dhéanamh acu, tugann baill éagsúla den rang comhairle dóibh faoi cad ba cóir dóibh a dhéanamh.
- Nuair a shroicheann an carachtar deireadh an spáis, déanann sé/sí cinneadh agus fógraíonn sé/sí don rang é.

**Cás 1**

Dé Céadaoin, gheall Cian dá mhamaí go rachadh sé abhaile go díreach tar éis na scoile chun an madra Tatty a ligean amach ag súgradh. Bhí Tatty fágtha istigh léi féin ar feadh an lae ar fad agus ar deireadh bheadh sí corraithe. Nuair a d'fhág Cian an seomra ranga bhuail sé le beirt chara, Dean agus Sam. Dúirt siad le Cian go raibh siad ar a mbealach síos go dtí an áit scátála chun féachaint ar an scátála deiridh idir na foirne sinsireacha agus d'iarr siad air dul in éineacht leo. 'Wow!' arsa Cian, 'Sin iontach. Ba bhreá liom dul!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén gealltanas a thug Cian dá mhamaí?
- Cá bhfuair Cian cuireadh dul ann?
- Cad iad na roghanna a bhí ag Cian?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An raibh sé éasca ag Cian a chinneadh a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé?
- Cad a d'fhéadfadh cabhrú le Cian an cinneadh ceart a dhéanamh?
- Dá mbeadh Íosa ann, cad a cheapann tú a mhollfadh sé do Chian a dhéanamh?

**Cás 2**

Bhí Jackie ag imirt hopscotch ina haonar ar an gcosán in aice na scoile. Go tobann chuala sí fuaim gloine ag briseadh. D'fhéach sí in airde agus chonaic go raibh ceann de fhuinneoga an tseomra ranga briste. Ansin chonaic sí triúr pháiste ón séú rang ag léim thar bhalla na scoile, a bhí gar do na fuinneoga sin, agus ag rith síos an lána as radharc. Agus iad ag rith, chuala Jackie ceann acu ag béicíl leis na daoine eile, 'Wow! ba iontach an buille é sin!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a bhí ar siúl ag Jackie ar an gcosán?
- Cad a chuala sí?
- Cad a chonaic sí ag tarlú?
- Cad iad na roghanna a bhí ag Jackie?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An raibh sé éasca ag Jackie a cinneadh a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé?
- Cad a d'fhéadfadh a chabhrú le Jackie an cinneadh ceart a dhéanamh?
- Dá mbeadh Íosa ann, cad a cheapann tú a mhollfadh sé le Jackie a dhéanamh?

**Cás 3**

Maidin Domhnaigh a bhí ann. Bhí Keith ag rásaíocht ar a rothar chun féachaint ar an gcluiche ceannais sa pháirc áitiúil. Chas sé ag an gcúinne isteach i sráid folamh agus chonaic sé seanfhear ar a ghlúine ar an gcosán. Ba chosúil gur thit sé agus gur thit a mhála lena earraí grósaeireachta. Ní raibh éinne ann chun cabhrú leis. D'fhéach Keith ar a uaireadóir.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cá raibh Keith ag dul maidin Dé Domhnaigh?
- Cad a chonaic sé nuair a chas sé an cúinne?
- Cad iad na roghanna a bhí ag Keith?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An raibh sé éasca ag Keith a chinneadh a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé?
- Cad a d'fhéadfadh cabhrú le Keith an cinneadh ceart a dhéanamh?
- Dá mbeadh Íosa ann, cad a cheapann tú a mhollfadh sé do Keith a dhéanamh?

# Mairimis …


## CAD A MHÚIN TÚ?

Sa Bhaisteadh déantar baill den Eaglais agus lucht leanúna Íosa Críost as daoine. Is féidir leis a bheith dúshlánach maireachtáil mar Chríostaí atá baiste. Tugann Dia bronntanas a ghrásta dúinn chun cabhrú linn leis an dúshlán seo ar feadh an tsaoil. Treoraíonn an Spiorad Naomh sinn chun grá a roinnt mar a thug Íosa grá dúinn agus a bheith dílis do na gealltanais a thugamar i Sacraimint an Bhaiste. Is féidir tábhacht ar leith a bheith ag baint leis an ainm a fuaireamar ag an mBaisteadh, agus leis na gealltanais Bhaiste a deineadh ar ár ar son ag ár dtuismitheoirí/caomhnóirí agus ag ár dtuismitheoirí baistí. Déanaimid na gealltanais sin a athnuachan ag Bigil na Cásca ar Satharn na Seachtaine Móire agus ar Dhomhnach na Cásca.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### LEABHARMHARC AN BHAISTE (TAOBH 2)

- Cuimhnigh ar chuid 1 den ghníomhaíocht seo agus tabhair cuireadh do na páistí a rá cathain agus cén áit ar baisteadh iad.
- Anois iarr ar na páistí an taobh eile dá leabharmharc a chríochnú. Tabhair rogha dóibh é sin a dhéanamh ar cheann de thrí bhealach: (1) Míniú gairid a scríobh ar an bhfáth ar roghnaíodh a n-ainm Críostaí agus/nó ag rá cé eile ina muintir a roinneann an t-ainm céanna leo; (2) An míniú a bhaineann lena n-ainm Críostaí a scríobh; nó (3) Dán gearr acrastach a chumadh ag baint úsáid as na litreacha ina ainm Críostaí. Má leanann páistí leis an rogha seo, spreag iad chun focail a roghnú a chuireann síos ar na cáilíochtaí maithe agus ar na buanna atá acu.
- Lannaigh na leabharmharcanna más féidir.
- Tabhair cuireadh do na páistí na leabharmharcanna críochnaithe a chur i gciseán sa spás urnaí.




## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BRÍ ÁR N-AINMNEACHA

Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh brí a n-ainm cabhrú leo chun iad a threorú ina saol agus ina roghanna mar Chríostaithe. Iarr orthu an féidir le daoine 'fás isteach ina n-ainmneacha'. B'fhéidir go mbeadh roinnt samplaí acu ar dhaoine a 'mhair suas lena n-ainmneacha'.

## GNÍOMHAÍOCHT FORBARTHA

### BAISTEADH SA PHARÓISTE

Más féidir, déan socrú leis an séiplíneach nó le ball den fhoireann paróiste le go bhfreastalóidh do rang ar Bhaisteadh sa séipéal áitiúil. Nó, is cosúil go raibh go leor de na páistí ag Baisteadh ag am éigin, mar sin iarr orthu a thabhairt chun cuimhne an méid a thug siad faoi deara ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cé a bhí á bhaisteadh?
- Cad a rinne an sagart?
- Cad a rinne na tuismitheoirí agus na tuismitheoirí baistí?
- Cad iad na siombailí a úsáideadh?
- Cén chuid is fearr a thaitin leat?

# Seirbhís Urnaí

Téama: Pobal Creidmheach atá san Eaglais

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
  *A chinntiú go n-áirítear coinneal, an Bíobla Naofa agus an macasamhail den pharóiste, áit a bhfuil an scoil, a rinne na páistí, sa spás urnaí.*
- *Roghnaigh seisear déag léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
- *Roghnaigh triúr páiste chun na nithe seo a leanas a iompar chuig an spás urnaí le linn na seirbhíse: Paidrín, ceannbhanda 'Teangacha Tine', agus íomhánna de shiombailí an Bhaiste.*

*Comhartha na Croise*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Táimid ag díriú aire ar mhacasamhail ár bparóiste a rinneamar. De réir mar a fhéachann tú ar an mhacasamhail, cad air a bhfuil an fócas agat? Cá háit is maith leat am a chaitheamh i bpobal an pharóiste? Cé hiad na daoine a chuidíonn leat féin agus le do theaghlach i bpobal an pharóiste?
Anois déanfaimis cuimhneamh ar an tslí ar tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail ar an gCincís, i bhfoirm gaoithe agus tine, agus mar a chuir an Spiorad ar chumas na ndeisceabal labhairt i dteangacha éagsúla. Táimid buíoch go bhfuil an Spiorad Naomh céanna fós ag cabhrú le lucht leanúna Íosa inniu maireachtáil mar a iarrann Dia orthu. Tagann an Spiorad Naomh chugainn ag an mBaisteadh chun cabhrú linn grá a roinnt le Dia agus le daoine eile mar a rinne Íosa.
Le linn an urnaí seo cuirfimid ár siombailí sa spás urnaí, chun cuimhneamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaimíomar.

**Dalta 1** (*ag ardú an phaidrín*): Nuair a ghuímid an Tríú Rúndiamhair Ghlórmhar den *Chróin Mhuire* cuimhnímid gur tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail ar an gCincís. (*Tógann dalta 1 an paidrín go dtí an spás urnaí ansin*).

**Dalta 2** (*ag ardú ceann de na ceannbhandaí 'Teangacha Tine'*): Cuireann na teangacha tine lá Cincíse i gcuimhne dúinn, nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail i bhfoirm teangacha tine. (*Tógann dalta 2 an ceannbhanda go dtí an spás urnaí ansin*).

**Múinteoir:** Éistimis anois leis an méid a tharla ar an gCincís.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Gníomhartha na nAspal.
*Nuair a tháinig Lá Cincíse bhí siad go léir le chéile ar aon láthair. Agus de phreib tháinig glór ón spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí. Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu; agus líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh.*

*Bhí Giúdaigh dhiaganta ó gach cine faoin spéir ag cur fúthu in Iarúsailéim agus nuair a chualathas an glór úd chruinnigh an slua agus iad ar mearbhall de bhrí gur chuala gach duine a theanga féin á labhairt acusan. Bhí ionadh agus alltacht orthu: "Féach," ar siad, "nach Gailíligh iad seo go léir atá ag caint? Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin?... Táimid ón Róimh idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh, agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar éachtaí Dé." Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: "Cad is ciall leis seo?" Ach is é a deireadh cuid eile acu le teann fonóide: "Lán d'fhíon úr atá siadsan."*
(Gníomhartha 2:1-13)
Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na deisceabail Lá Cincíse, neartaíodh a gcreideamh agus chuaigh siad amach chun maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orthu.

Cad iad na bealaí ina mairimid mar a d'iarr Íosa orainn inár bparóiste?

**Léitheoir 2:** Nuair a labhraímid chun tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí acu.

**Léitheoir 3:** Nuair a roinnimid grá le chéile.

**Léitheoir 4:** Nuair a ghuímid ar son daoine atá gan dídean, nó ar son daoine atá brúite ag cogadh, nó ar son daoine atá tinn.

**Léitheoir 5:** Nuair a chabhróimid le chéile sa bhaile.

**Léitheoir 6:** Nuair a mholaimid Dia agus nuair a ghabhaimid buíochas leis.

**Léitheoir 7:** Nuair a roinnimid.

**Léitheoir 8:** Nuair a oibrímid ar son an cheartais.

**Léitheoir 9:** Nuair a léimid an Bíobla Naofa.

**Léitheoir 10:** Nuair a théimid ar Aifreann.

**Léitheoir 11:** Nuair atáimid dílis inár ról mar fhreastalaithe altóra.

**Léitheoir 12:** Nuair a chanaimid sa chór.

**Léitheoir 13:** Nuair a fhaighimid Sacraimint an Athmhuintearais.

**Léitheoir 14:** Nuair a deirimid deichniúr den *Choróin Mhuire*.

**Léitheoir 15:** Nuair a sheinnimid ceol ag an Aifreann.

**Léitheoir 16:** Nuair a roinnimid agus nuair a bhíonn daoine eile áirithe againn inár gcluichí.

**Múinteoir:** Guímis chuig an Spiorad Naomh agus iarraimid air cabhrú linn leanúint ar aghaidh ag maireachtáil ar nós Íosa.
**Gach duine:**
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa. Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.

**Múinteoir:** Tháinig an Spiorad Naomh chuig gach duine againn nuair a baisteadh muid agus ba lá speisialta é seo inár saol. Tabharfaimis aire anois do shiombailí an Bhaiste.

**Dalta 3** (*ag ardú, ceann i ndiaidh a chéile: coinneal bhaiste, uisce coisricthe, ball éadaigh bán, ola chriosma, agus iad a iompar chuig an spás urnaí*): Cuimhnímid ar an méid a d'iarr ár dtuismitheoirí agus ár gcarais Chríost ar ár son, lá ár mBaisteadh.

**Múinteoir:** Is é Sacraimint an Bhaiste an chéad chéim chun bheith ina chomhalta iomlán den phobal Críostaí. Cuirtear ár ngeallúintí baiste i gcuimhne dúinn um Cháisc nuair a cheiliúraimid Aiséirí Íosa Críost. Ag Aifreann Bhigil na Cásca, Satharn na Seachtaine Móire, nó ar mhaidin Domhnach na Cásca, cuireann an sagart na ceisteanna céanna orainn agus a chuireadh ag ár mBaisteadh. Agus anois ó táimid níos sine, is féidir linn na ceisteanna sin a fhreagairt dúinn féin. Déanfaimid gealltanais ár mBaisteadh a athnuachan arís anois. Is é an freagra a thabharfaidh tú ná: 'Diúltaím/Creidim.'

**Múinteoir:** An ndiúltaíonn tú do Shátan?
**Gach duine:** Diúltaím.

**Múinteoir:** Agus dá oibreacha go léir?
**Gach duine:** Diúltaím.

**Múinteoir:** Agus dá chleasa go léir?
**Gach duine:** Diúltaím.

**Múinteoir:** An gcreideann tú i nDia an tAthair uilechumhachtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?
**Gach duine:** Creidim.


**Múinteoir:** An gcreideann tú in Íosa Críost, a Aon Mhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an Athar?
**Gach duine:** Creidim.

**Múinteoir:** An gcreideann tú sa Spiorad Naomh, sa Naomh Eaglais Chaitliceach, i gcomaoin na Naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí?
**Gach duine:** Creidim.

**Múinteoir:** Dia uilechumhachtach, Athair ár dTiarna Íosa Críost, d'athghin sé sinn le huisce agus leis an Spiorad Naomh agus thug sé maithiúnas dúinn inár bpeacaí. Go gcumhdaí sé sinn lena ghrásta in Íosa Críost ár dTiarna agus go dtuga sé slán chun na beatha síoraí sinn.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán deiridh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*



# Téama 9: An Chríostaíocht Cheilteach

## Ceacht 1: Éire Luath-Chríostaí
## Ceacht 2: Oilithreacht Chríostaí

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Cruthú an Domhain**

- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chruthaigh sé an domhan agus sinne inár gcónaí ann le go mbeimid in ann a shaol agus a ghrá a roinnt
- Coinníonn Dia gach rud sa bheithsine

**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**

- Tús na Críostaíochta in Éirinn
- Na Naoimh: Naomh Caoimhín
- Spioradáltacht Chríostaí: Crosa Ceilteacha
- Ionaid oilithreachta in Éirinn agus ar fud an domhain, m.sh. Gleann Dá Loch, Cnoc Mhuire, Fatima, Lourdes

**Muire**

- Tugann an Eaglais grá speisialta do Mhuire an Mhaighdean Bheannaithe, Máthair Dé
- Is í Muire Máthair Dé agus Ár Máthair
- Treoraíonn Muire chuig Íosa sinn i gcónaí
- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. An Choróin Mhuire, Sé do bheatha, a Mhuire
- Íomhánna de Mhuire (m.sh. Muire Chnoc Mhuire, Muire Lourdes)

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú*

- Salm 104. Ag ceiliúradh an nádúir

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Ionaid speisialta adhradh a bhfuil meas ag Caitlicigh orthu m.sh. mainistreacha Éireannacha, toibreacha beannaithe, láthaireacha oilithreachta

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Glóir don Athair
- Sé do bheatha, a Mhuire
- A Uain Dé

*Paidreacha Breise*

- Salm 104:31
- Paidir Thurais
- Paidreacha chuig Muire Lourdes
- Paidir do Mhuire Chnoc Mhuire
- Paidreacha chuig Naomh Caoimhín agus naoimh Cheilteacha na hÉireann

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Is lá saoire Eaglasta é Lá Fhéile na Naomh Uile, nuair a thugtar onóir do na naoimh ar fadaitheanta agus anaithnid

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*b. Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fáil amach faoin dóigh ar tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn.
- Fiosrú faoin tábhacht a bhaineann le Críostaithe aitheanta áirithe ó thréimhsí éagsúla staire.

*c. Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.
- Machnamh agus fiosrú a dhéanamh ar an dearcadh gur féidir adhradh a thabhairt do Dhia gach uile áit.
- A aithint go bhfuil ionaid adhartha ar leith ann nach mór urraim
a bheith againn dóibh.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhóráltacht**

*d. Meas ar an timpeallacht.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú,
a thug Dia dúinn mar thíolacadh.

# Ceacht 1: Éire Luath-Chríostaí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn an cheachta seo rachaidh na páistí i ngleic le traidisiún Ceilteach na scéalaíochta agus scrúdóidh siad bunús traidisiún chreidimh na tíre. Ghlac an Chríostaíocht in Éirinn an traidisiún Ceilteach chuichi féin. Mar thoradh ar sin Críostaíocht Cheilteach a tháinig chun cinn. Sa Chríostaíocht Cheilteach bhí claonadh láidir ann go raibh ar chumas an domhain nádúrtha a bheith ina fhoinse chun cumhacht agus áilleacht Dé an Cruthaitheoir a nochtadh.

Ar fud stair na hEaglaise, bhreathnaigh Críostaithe ar an domhan mar fhianaise go raibh Dia ann. Léiríonn ord, teacht le chéile agus áilleacht an domhain go bhfuil Cruthaitheoir cliste taobh thiar de. An aidhm atá leis an gcruthú ón ainmhí is lú go beatha an duine daonna ná chun a thaispeáint go bhfuil Cruthaitheoir ciallmhar i gceist. Toisc go dtagann gach rud infheicthe ar an saol agus ar deireadh go n-imíonn siad, léiríonn sé seo dúinn gur Cruthaitheoir síoraí atá i gceist, gan tús ná deireadh, agus a thugann aire do gach a chruthaigh sé.

Tá an creideamh seo le feiceáil sa díthreabhach agus sa mhanach Caoimhín ó Ghleann Dá Loch. Iarrfaimid ar na páistí guí chuig Naomh Caoimhín ag baint úsáid as íocón den naomh. Níos déanaí sa cheacht, beidh deis ag na páistí féachaint ar conas mar a bhain na Gaeil ársa úsáid as Ardchrosa Ceilteacha chun a gcreidimh a roinnt le daoine eile.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Íocón:** focal Gréigse a chiallaíonn 'íomhá'.
**Mainistir:** foirgneamh/foirgnimh ina gcónaíonn comhluadar manach.
**Manach:** fear atá ina bhall de chomhluadar reiligiúnach agus a ghlacann na móideanna seo a leanas: bochtaineacht, geanmnaíocht agus umhlaíocht.
**Aireagal:** séipéal beag a úsáidtear le haghaidh adhradh príobháideach.
**Díthreabhach:** duine a mhaireann ina aonar ionas gur féidir leis a aird a dhíriú ar Dhia amháin.
**Díseart:** áit ina chónaíonn díthreabhach.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Íocón de Naomh Caoimhín (le fáil ar líne)
- Cóip den teimpléad d'Ardchros Cheilteach (thíos) do gach páiste
- Snáitheanna de olann daite.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LENÁR N-OIDHREACHT

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoina gcuid teaghlaigh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Tá tuismitheoirí agus seantuismitheoirí againn go léir. An bhfuil éinne sa rang seo a bhfuil sin-seanathair nó sin-seanmháthair acu atá beo faoi láthair? Ar mhaith leat a insint don rang faoi do shin-seantuismitheoir? (Tugtar ginealas ar staidéar ar ár sinsear.)
- Uaireanta tuigimid rudaí fúinn féin nuair a fhoghlaimímid faoinár dtuismitheoirí agus faoi dhaoine eile sa chraobh ghinealaigh atá againn. An ndúirt aon duine riamh leat go raibh tú cosúil le do thuismitheoirí, do sheantuismitheoirí nó duine éigin eile i do theaghlach atá níos sine ná tú?
- Tá ábhar speisialta ann a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an am atá thart agus a dhéanann iarracht a fháil amach faoin saol a bhí ag daoine fadó, fadó ó shin. An bhfuil a fhios agaibh cad é? (stair) An maith leat nithe a fháil amach faoin am atá thart? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat? An dóigh leat go mb'fhéidir gur mhaith leat bheith i do staraí?

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### ÍOMHÁNNA Ó ÉIRE LUATH-CHRÍOSTAÍ

Oscail an breathnóir íomhá ar líne, de Éire sa Luath-Chríostaí agus féach ar na híomhánna seo a leanas: Cloigtheach; Cailís Ardach (AD 700-800); Leabhar Cheanannais (AD 800); íomhánna de Chros Mhuiredach; Ardchros Áth Eine; agus an t-Ardchros ag Maoin.

Is féidir leat an suíomh gréasáin seo a leanas a sheiceáil freisin www. irishhighcrosses.com, áit a bhfaighidh tú tuilleadh íomhánna le taispeáint do na páistí.

Ansin scrúdaigh an t-ábhar níos mó ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An bhfaca tú Ardchros Cheilteach riamh?
- Cad a fheiceann tú ar na hArdchrosa atá le feiceáil ar an scáileán? An aithníonn tú aon cheann de na híomhánna ar na crosa?
- An féidir leat smaoineamh cén fáth a bhfuil na híomhánna seo ar taispeáint ar na crosa? (In Éirinn luath-Chríostaí, ní raibh go leor daoine in ann léamh, agus ní raibh mórán leabhar ann. Mar sin áiseanna teagaisc a bhí sna crosa. Baineadh úsáid as Ardchrosa chun scéalta ón mBíobla a mhúineadh do na daoine. Tógadh formhór de na hArdchrosa i rith an naoú agus an deichiú haois. Bainimid úsáid as leabhair sa lá atá inniu ann, ionas gur féidir linn na scéalta ón mBíobla a léamh dúinn féin, nó is féidir linn iad a fheiceáil ar taispeáint ar scáileáin agus ar póstaeir. Mar sin, b'ionann na hArdchrosa in Éirinn Luath-Chríostaí agus leabhair nó clár bán nó físeán sa lá atá inniu ann!)
- An dóigh leat go gcuidíonn sé leat foghlaim faoi rud éigin nuair is féidir leat pictiúir nó íomhánna a fheiceáil chomh maith le focail a chloisteáil? Cén fáth nó cén fáth nach gcuidíonn sé?

## PAIDIR

**Comhartha na Croise**
*In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.*

**Glóir don Athair**
*Glóir don Athair, Agus don Mhac, Agus don Spiorad Naomh. Mar a bhí ó thús, Mar atá anois, Agus mar a bheas go brách, Le saol na saol. Áiméan.*

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 74 dá leabhair, áit a bhfuil na paidreacha thuas le fáil.**

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### An tArdchros Cheilteach ag Maoin

Bhí Colm ar bís le háthas agus é ag fanacht lena athair ag stad an bhus i Maoin, Contae Chill Dara, chun fáilte a chur roimh a aintín Meiriceánach Róisín agus a bheirt chol ceathrar. D'oscail doras an chóiste agus amach le Casey agus Aindriú. Agus iad ag beannú a chéile, dúirt Casey gur thaitin an dearadh Ceilteach ar T-léine Choilm léi, agus ansin d'admhaigh sí gur thaitin aon rud a bhain le stair Cheilteach na hÉireann léi.

Ansin, d'fhreagair Colm, 'Bhuel, tá an t-ádh leat inniu mar sin, toisc go bhfuil tú ag féachaint ar an saineolaí áitiúil i staidéir Cheilteach! Tá tionscadal scoile críochnaithe díreach againn ar an gCríostaíocht Cheilteach. Lean mise agus tabharfaidh mé turas treoraithe duit ar an tseoid ailtireachta Cheilteach áitiúil, an tArdchros Cheilteach anseo i Maoin.'


Sar i bhfad, bhí Colm agus a lucht éisteachta ina seasamh in aice leis an gCros ársa seo. Thosaigh Colm ar cheacht staire, ach ceacht a bhí an-suimiúil: 'Tá an tArdchros seo ag Maoin ar an dara Ardchros is airde in Éirinn. Creidtear gurbh é Naomh Palladius, an chéad easpag ar Chríostaithe na hÉireann, a bhunaigh mainistir anseo sa chúigiú haois. Níos déanaí, sa séú haois, bhí an suíomh seo tiomnaithe do Naomh Colm Cille. Tá trí chuid sa chros seo, agus is é príomhchuspóir na n-íomhánna ón mBíobla a léirítear uirthi ná an chaoi inar chuidigh Dia le daoine.'

Faoin am seo bhí suim mhór ag gaolta Choilm ó Mheiriceá - agus ní raibh a athair in ann labhairt bhí Colm chomh maith sin ag míniú gach rud. Chuir Casey isteach ar Cholm le ceist, 'A threoraí uasail, cén bhrí atá ag an íomhá seo?' Bhí mangadh gáire ar Cholm nuair a mhínigh sé, 'Is é seo an taobh thiar den chros, áit a fheicimid an dá aspal déag, agus tá céasadh Íosa sa chéad íomhá eile.'

Dúirt Aindriú, 'Nach iontach an méid sin, an leon é siúd?'

Dhírigh Colm aird gach duine go dtí an taobh thoir den chros, agus lean sé ar aghaidh, 'Sea, seo íomhá a léiríonn scéal Dainéil agus an Leon, agus os a chionn feicimid íomhá d'Ádhamh agus d'Éabha.' Lean Colm,' Agus ar deireadh, téimid go dtí an taobh ó dheas den chros, áit a bhfuil íomhá againn de mhiorúilt na mbuilíní agus na mbric, agus in aice leis sin tá an teitheadh chun na hÉigipte againn.'

Ar deireadh, mhol daidí Choilm, 'B'fhéidir gur fearr dúinn go léir imeacht as an solas geal seo agus isteach sa scáth. Tá ocras orm anois. Ar mhaith le duine ar bith uachtair reoite?' Gháir gach duine le chéile, agus bhí bród ar dhaidí nuair a thug sé nod do Cholm.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a thug deis do Cholm labhairt faoin Ardchros i Maoin?
- Cad iad cuid de na híomhánna a bhí le feiceáil ar an gcros?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An gceapann sibh go bhfaca col ceathracha Cholm rud ar bith cosúil le Cros Cheilteach riamh roimhe seo? Cén fáth?
- Cén fáth a raibh íomhánna ar leith, dar leat roghnaithe don Ardchros?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 73 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE (CUID I)

### CROS CHEILTEACH A DHEARADH (TAOBH 1: RADHAIRC ÓN MBÍOBLA)




- Déan fótachóip den teimpléad, d'imlíne cros chloiche Cheilteach (thíos), agus tabhair cóip do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí an chros a ghearradh amach agus í a ghreamú ar chárta. Mínigh do na páistí nach ndéanfaidh siad ach taobh amháin den chros a mhaisiú don ghníomhaíocht seo, agus go ndéanfaidh siad an taobh eile a mhaisiú amach anseo.
- Iarr ar na páistí an chros a roinnt i ndhá nó trí chuid, ag brath ar cibé acu is mian leo chun dhá nó trí íomhá a tharraingt uirthi. Tabhair cuireadh dóibh radharc ón scéal is fearr leo faoi beatha Íosa a tharraingt i gcuid amháin den chros, agus i gcuid eile radharc as an bparabal is fearr leo. Má bhíonn trí chuid sa chros acu, d'fhéadfaidís radharc ó scéal sa Bhíobla a tharraingt
- Spreag iad le pinn/pinn luaidhe daite nó marcóirí a úsáid nuair a bhíonn na híomhánna á tarraingt acu.
- Seinn roinnt ceol machnamhach ciúin sa chúlra chun atmaisféar urnaí a chothú fad is atá na páistí ag obair ar a gcrosanna Ceilteacha.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcrosanna Ceilteacha a chur i gciseán sa spás urnaí. Beidh siad ag teastáil uathu arís do ghníomhaíocht atá le teacht agus don am urnaí.

## SCÉAL

Mínigh do na páistí go gcloisfidh siad le scéal faoi naomh Ceilteach clúiteach anois - Naomh Caoimhín ó Ghleann Dá Loch, agus éistfidh siad le roinnt finscéalta mar gheall air a tháinig chugainn ó na cianta.

### Naomh Caoimhín i nGleann Dá Loch



Agus é ina fhear óg, d'fhág Naomh Caoimhín teach a thuismitheoirí in aice le Baile Átha Cliath agus chuaigh sé go Sléibhte Chill Mhantáin ag cuardach na síochána agus an chiúnais. Tháinig sé go Gleann Dá Loch. Chuir Caoimhín faoi ansin agus níorbh fhada go raibh na hainmhithe fiáine mar chompánaigh aige. Tá go leor scéalta ann a léiríonn an gaol a bhí ag Caoimhín leis na hainmhithe fiáine. Tá scéal ann faoi mhadra uisce a shlánaigh a leabhar urnaí ón loch agus scéal eile faoi lon dubh ag neadú ina lámh. Chaith Naomh Caoimhín cuid mhór dá shaol ag guí agus bhí sé de nós aige seasamh in uiscí doimhne an locha agus é ag canadh na salm, a lámha sínte amach aige. Tá sé de nós ag manaigh agus ag díthreabhaigh a lámha a bheith sínte amach acu agus iad ag guí, chun Íosa ar an gCros a thabhairt chun cuimhne.

Níorbh fhada gur tháinig daoine go Gleann Dá Loch chun bualadh le Caoimhín. Ach níor theastaigh uaidh go gcuirfí isteach air agus mar sin théadh sé isteach sa phluais a bhí aige. Diaidh ar ndiaidh, chuaigh go leor fear óg go Gleann Dá Loch chun maireachtáil ar nós Chaoimhín. Ar deireadh thóg Caoimhín bothán mór, áit a d'fhéadfaidís guí le chéile. De réir a chéile tógadh mainistir i nGleann Dá Loch, ina raibh scoil, séipéal agus teach do dhaoine breoite.

Faoin am a fuair Caoimhín bás, bhí an mhainistir ar cheann de na mainistreacha ba thábhachtaí in Éirinn. Tógadh cloigtheach in aice na mainistreach agus tá sé ina sheasamh fós inniu - ceann de na samplaí is fearr de chloigtheach in Éirinn. Ceiliúrtar Lá Fhéile Naomh Caoimhín ar an 3 Meitheamh.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth go ndeachaigh Caoimhín chun cónaí i sléibhte Chill Mhantáin?
- Cén t-ainm a bhí ar an áit inar shochraigh sé?
- Cá bhfeicfimid ceann de na samplaí is fearr de chloigtheach in Éirinn?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Conas a léirigh Caoimhín go raibh grá aige do chruthú Dé?
- An féidir leat smaoineamh ar aon naomh eile a léirigh grá mór do chruthú Dé
i rith a shaoil? (Naomh Proinsias Assisi)
- Cén fáth a ndeachaigh go leor daoine go dtí Gleann Dá Loch?
- Leanann na céadta ar cuairt go Gleann Dá Loch inniu. Cén fáth, dar leat, a dhéanann siad amhlaidh?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 74 dá leabhar.**

## DÁN

Spreagfaidh an dán 'Mánas, an Manach' na páistí chun machnamh níos mó a dhéanamh ar ré na manach in Éirinn Luath-Chríostaí.

**Mánas, an Manach**
Mise Mánas an manach,
I mo chill chloiche fhuar
Ag cur barr mo phinn
Sa dúchán mór.
Scríobhaim na focail seo
Is gearrcaigh na gcoillte
Agus guthanna na n-éan
Ag canadh salm go hoíche.
Mo lámh fhuar mar oilithreach
Ina luí ar steafóg
Ag scríobh leis an bpeann seo
Ón lá a bhí mé óg.
Leanaim ar aghaidh
Faoi sholas mo choinnle
Agus cór na n-éan
Ag ceol urnaí tráthnóna.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 75 dá leabhar.**

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE HÍOCÓIN

Ar feadh na gcéadta bliain, chabhraigh ealaíontóirí teachtaireacht na Críostaíochta a scaipeadh. Le himeacht aimsire tháinig an-tóir ar fhoirm ealaíne speisialta amháin, ar a dtugtar an 'íocón' uirthi. Tá an-mheas ar an fhoirm seo in Oirthear na hEorpa agus sa Rúis. Tagann an focal 'íocón' ó fhocal Gréigise a chiallaíonn 'íomhá'. Tugtar íocónagrafaíocht ar an staidéar a bhaineann le híocóin, agus glaotar íocónógóirí ar na daoine a dhéanann iad.

De ghnáth ní bhíonn aon fhráma ag íocón agus is gnách é a bheith péinteáilte ar adhmad. Leanann íocónógóirí rialacha áirithe agus iad ag obair. Chonaiceamar íocón den Tríonóid Bheannaithe cheana féin. An cuimhin libh an cuma a bhí air? (Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 8 dá leabhar.) Bíonn sraith d'órdhuille ar íocón i gcónaí. Léiríonn an t-ór láithreacht Dé. Déanann íocónógóirí a gcuid oibre tar éis dóibh mórán urnaí agus machnamh a dhéanamh. Ní shíníonn siad a gcuid oibre mar go gcreideann siad go bhfuil siad ag obair i ndáiríre in éineacht leis an Spiorad Naomh. Deirtear go ndéantar íocóin a scríobh seachas iad a phéinteáil.

Cé go mbíonn na figiúirí in íocóin ag féachaint díreach amach de ghnáth, ní portráidí iad. De ghnáth féachann an lucht féachana ar phictiúr féachaint cad a bhíonn ar siúl ann. Le híocón, bíonn na súile ann ag amharc orainn. Is é sin an fáth go gcoimeádann íocón ár n-aird. Ní mór dúinn suí agus amharc go ciúin ar íocón chun an méid atá le rá aige linn 'a chloisteáil' inár gcroí.

## GLAC NÓIMÉAD

*Taispeáin an íocón de Naomh Caoimhín, atá le fáil ar líne, áit ar féidir leis na páistí go léir é a fheiceáil. Las an choinneal. Seinn roinnt ceoil machnamhach.*

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sui go ciúin ... le do dhá chos ar an urlár.. agus do dhroim i gcoinne cúl do shuíocháin ... agus do lámha i do ucht. Dírigh d'aird ar an íocón ... Lig don íocón labhairt leat ... Bí i do shuí agus féach air ... Smaoinigh ar Naomh Caoimhín agus ar a ghrá don dúlra ... Iarr ar Dhia tú a spreagadh leis an ngrá céanna don dúlra ...

*Lig do na páistí cúpla nóiméad a chaitheamh ag machnamh ar an íocón. Ansin lean ar aghaidh ...*

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh ar feadh nóiméid. B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil leis an Spiorad Naomh as an áit seo a líonadh le síocháin ... Iarr ar an Spiorad Naomh do chroí féin agus croíthe na ndaoine mórthimpeall ort a líonadh leis an tsíocháin chéanna ... Nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile agus bí feasach ar áilleacht an chruthaithe.

# Mairimis …


## CAD A MHÚIN TÚ?

Is iomaí comhartha atá ann go bhfuil an Chríostaíocht in Éirinn le fada an lá. Tá na hArdchrosa Ceilteacha i measc na cinn is tábhachtaí de na comharthaí seo. Is finnéithe freisin iad na naoimh Cheilteacha, cosúil le Caoimhín as Gleann Dá Loch do chreideamh agus spioradáltacht na ndaoine in Éirinn Luath-Chríostaí. Léiríonn íocóin, freisin, do shaibhreas an Oidhreacht Chríostaí Cheilteach.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE (CUID II)

### CROS CHEILTEACH A DHEARADH (TAOBH 2: ÉIRE LUATH-CHRÍOSTAÍ)

- Tabhair amach na crosa Ceilteacha a rinne na páistí sa ghníomhaíocht níos luaithe. An uair seo, déanfaidh na páistí an taobh eile den gcros a mhaisiú. Mar a rinne tú roimhe seo, seinn roinnt ceol machnamhach go ciúin sa chúlra chun atmaisféar urnaí a chruthú agus na páistí ag obair ar a gcrosa.
- Arís eile, iarr ar na páistí an dara taobh den gcros a roinnt i ndhá nó trí chuid, ag brath ar cé acu is mian leo dhá nó trí íomhá a tharraingt. Tabhair cuireadh dóibh radharc as na scéalta is fearr leo faoi Naomh Caoimhín a tharraingt i ngach cuid, ag baint úsáid as pinn/pinn luaidhe daite nó marcóirí.



- Anois iarr ar gach páiste dhá phíosa olann a roghnú: ceann leis an Chríostaíocht Cheilteach atá caite a léiriú, agus an ceann eile chun Críostaíocht an lae inniu a léiriú. Tabhair cuireadh do gach páiste na píosaí éagsúla olann a fhilleadh lena chéile, agus iad a ghreamú thart ar roth na croise.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, bailigh na crosa Ceilteacha go léir agus cuir iad ar taispeáint sa spás urnaí.

## PAIDIR

*Dáil amach crosa Ceilteacha na bpáistí.*

**Múinteoir:** Lasaimid ár gcoinneal chun a mheabhrú dúinn go bhfuil Dia i gcónaí linn. Ar dtús gearraimis *Comhartha na Croise* orainn féin.
**Gach duine:** Comhartha na Croise (In ainm an Athar …)

**Múinteoir:** Fadó ó shin, nuair a bhí an Chríostaíocht Cheilteach in Éirinn, d'aimsigh na daoine bealaí chun scéalta a roinnt faoi Dhia agus Íosa trí úsáid a bhaint as na hArdchrosa Ceilteacha. Coinnigh do chros Cheilteach i do láimh anois agus féach air. Roghnaigh an pictiúr is fearr leat ón mBíobla, a léirigh tú ar do chros Cheilteach. Coinnigh an taobh sin ded' chros amach uait chun gur féidir leis na páistí eile é a fheiceáil.

*Tabhair cuireadh do gach páiste, duine i ndiaidh a chéile, ainm an scéil is fearr leo ón mBíobla a lua.*

**Múinteoir:** Breathnaigh anois ar do chros agus cuimhnigh ar na scéalta a léirigh tú faoi Naomh Caoimhín. Roghnaigh an pictiúr is fearr leat faoi Naomh Caoimhín a léirigh tú ar do chros. Coinnigh an taobh sin ded' chros amach uait chun gur féidir leis na páistí eile é a fheiceáil.

*Tabhair cuireadh do gach páiste, duine i ndiaidh a chéile, ainm an scéil is fearr leo faoi Naomh Caoimhín a lua.*

*Ansin tabhair cuireadh do na páistí a theacht, go mall agus go cráifeach, agus a gcrosa Ceilteacha a chur sa spás urnaí.*

**Múinteoir:** Anois guímis véarsa ó Salm 104, faoi mar a rinne Naomh Caoimhín, fadó ó shin. Abraigí i mo dhiaidh:
*Go maire glóir an Tiarna go brách!*
*Go raibh lúcháir ar an Tiarna faoina ndearna sé!*
**Gach duine:** Go maire glóir an Tiarna go brách!
Go raibh lúcháir ar an Tiarna faoina ndearna sé!

**Múinteoir:** Tugaimis glóir do Dhia anois agus *Glóir don Athair* á rá againn.
**Gach duine:** *Glóir don Athair* (Glóir don Athair agus don Mhac…)

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Oilithreacht Chríostaí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Thosaigh cleachtadh na hoilithreachta Críostaí tar éis Aiséirí Íosa Críost agus scaipeadh na Críostaíochta. Téann oilithrigh ar oilithreacht inniu, chun a gcreideamh a chur in iúl chomh maith le cúiseanna pearsanta éagsúla, b'fhéidir chun leithscéal a ghabháil as rudaí míchearta a rinne siad, nó chun buíochas a thabhairt as na fabhair a fuair siad ó Dhia, nó chun guí ar son leighis.

Sa cheacht seo cuirimid na páistí i láthair Scrín náisiúnta Mhuire i gCnoc Mhuire, Contae Mhaigh Eo, suíomh taispeánta na Maighdine Beannaithe Mhuire sa bhliain 1879. Bhí Muire, Naomh Iósaef agus Naomh Eoin, an Soiscéalaí, agus uan a léirigh Íosa, Uan Dé, le feiceáil ag séipéal an pharóiste i gCnoc Mhuire, freisin. Ó shin i leith is áit oilithreachta í Cnoc Mhuire.

Ar 30 Meán Fómhair 1979, thug Naomh Eoin Pól II cuairt ar an scrín ag Cnoc Mhuire chun comóradh a dhéanamh ar an céad bliain den taispeánadh. Thug Naomh Treasa Calcúta (nó Kolkata) cuairt ar an scrín i Meitheamh na bliana 1993. Tionóladh Comhdháil Náisiúnta Eocairisteach na hÉireann ag an scrín sa bhliain 2011 agus bhí tuairim is trí mhíle déag oilithrigh i láthair.

Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí freisin faoi chleachtadh fada an phobail chreidmheach in Éirinn dul ar oilithreacht sa tír seo.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Oilithreacht:** turas go háit naofa.
**Oilithreacht Mhuire:** oilithreacht chuig áit naofa a bhfuil baint ag an Mhaighdean Mhuire léi.
**Baisleac:** an t-ainm a thugtar ar eaglaisí áirithe ar thug an Pápa aitheantas speisialta dóibh. Tá dhá bhaisleac in Éirinn: ceann amháin i Loch Dearg, Contae Dhún na nGall agus an ceann eile ag Scrín Mhuire, Cnoc Mhuire, Contae Mhaigh Eo.
**Nóibhéine:** naoi lá de phaidreacha, ina n-iarrann na daoine ar an Mhaighdean Mhuire, nó ar naomh áirithe eile, cabhair agus treoir a thabhairt dóibh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Íomhá nó dealbh de Mhuire Lourdes
- Léarscáil a thaispeánann suíomh Scrín Mhuire ag Cnoc Mhuire
- Liathróid nó mála pónairí le haghaidh 'Athinis an Scéal'
- Soilse tae (coinnle sábháilteachta) le haghaidh gach páiste, íocón de Naomh Caoimhín (ar líne), íomhá nó dealbh de Mhuire, Chnoc Mhuire, Ardchrosa na bpáistí.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### ABOUT PILGRIMAGES

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoi ghnáth thurais, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An féidir libh samplaí a thabhairt de thurais a dhéanann daoine gach lá?
- Cad iad na turais speisialta a dhéanann daoine anois is arís?
- Cad é an turas is fearr a rinne tú riamh?

Ansin tabhair chun cuimhne na bpáistí go bhfuil turais eile ann a dtugtar oilithreachtaí orthu atá difriúil ó na gnáth-thurais a dhéanann daoine gach lá agus ó thurais ar nós laethanta saoire nó cuairteanna chuig cairde. Do Chríostaithe, turais go háiteanna naofa is ea oilithreachtaí, de ghnáth mar gheall ar rud éigin tábhachtach a tharla san áit, nó toisc go bhfuil baint ag an áit le saol na hEaglaise, le hÍosa nó le Muire.

Tabhair cuireadh do na páistí scéal Naomh Bernadette Soubirous agus Lourdes (ó Théama 3, Ceacht 4) a thabhairt chun cuimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth go dtéann an oiread sin daoine ar oilithreacht chuig Lourdes? Cad a bhíonn á lorg ag daoine go minic nuair a thugann siad cuairt ar Lourdes?
- Cén teachtaireacht a thug Muire do Bernadette ag Lourdes?
- An bhfuil aithne agat ar éinne a thug cuairt ar Lourdes? An cuimhin leat aon rud a dúirt siad leat faoin gcuairt?
- Cén cuimhneachán a d'fhéadfadh oilithreach a thabhairt ar ais leo ó Lourdes?

Ansin cuir i gcuimhne na bpáistí go dtaistalaíonn oilithrigh de ghnáth le grúpa, ach is féidir leo dul ina n-aonar freisin. Téann daoine ar oilithreacht ar go leor cúiseanna: chun buíochas a ghabháil as paidreacha a freagraíodh; chun a gcreideamh a athnuachan; chun leithscéal a ghabháil le Dia as éagóir éigin a rinne siad; toisc go bhfuil siad tinn agus ba mhaith leo go dtabharfadh Dia leigheas dóibh; nó chun guí.

Abair leis na páistí go bhfuil go leor áiteanna oilithreachta in Éirinn. Tá aithne mhór ar chuid acu agus cuid eile is áiteanna áitiúla iad, áiteanna cosúil le toibreacha naofa agus scrínte áitiúla. Seiceáil cad atá ar eolas acu faoina leithéid d'áiteanna oilithreachta agus ceisteanna cosúil le seo a chur orthu:

- An bhfuil aon áiteanna oilithreachta i do cheantar ar eolas agat? Cad atá ar eolas agat faoi na háiteanna sin? Cathain a thugann daoine cuairt orthu?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 76 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Taispeáin íomhá nó dealbh de Mhuire Lourdes sa spás urnaí.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** A Thiarna Íosa, cuimhnímid gur thaispeáin Muire í féin do Naomh Bernadette i Lourdes agus ó shin i leith téann oilithrigh ar thuras go Lourdes. Guímis an *Phaidir Thurais* le chéile anois.
**Gach duine:** Paidir Turais (Éirigh liom, a Dhia ...)

**Múinteoir:** Agus sinn ag smaoineamh gur áit leighis agus oilithreachta atá i Lourdes, guímis chuig Muire Lourdes, sinn a threorú go hÍosa. Is é an freagra ná: *A Mhuire Lourdes, guigh orainn*.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** Creidimid, díreach mar a leigheas Íosa go leor daoine nuair a bhí sé linn ar domhan, leanann sé inniu ag leigheas go leor daoine a théann ar oilithreacht go Lourdes. Inniu iarraimid ar Mhuire Lourdes a iarraidh ar Íosa leigheas a thabhairt dóibh siúd atá tinn.
**Gach duine:** A Mhuire Lourdes, guigh orainn.

**Múinteoir:** A Mhuire Lourdes, iarraimid ort compord agus leigheas a thabhairt dóibh siúd atá breoite inniu. Guímis chuig Muire le chéile.
**Gach duine:** *'Sé do bheatha, a Mhuire* ('Sé do bheatha, a Mhuire, atá lán de ghrásta ...)

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE HÁITEANNA OILITHREACHTA

Tosaigh ag comhrá leis na páistí faoin difríocht atá ann idir a bheith i do thurasóir agus a bheith i do oilithreach, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth go dtéann daoine ar saoire? An raibh tú ar saoire riamh? Cá ndeachaigh tú? Conas a thaisteal tú ann? Cad iad na hullmhúcháin a rinne sibh? Ar thóg tú aon cuimhneacháin abhaile leat ón áit ar thug tú cuairt uirthi? Ar thug éinne cuimhneachán óna saoire duit? Céard a bhí ann?
- An bhfuil aithne agat ar éinne a chuaigh go Lourdes nó go háit oilithreachta eile? Cén fáth a dtabharfadh duine cuairt ar shuíomh oilithreachta? An bhfuil difríocht ann idir a bheith i d'oilithreach agus a bheith i do thurasóir/ar saoire?

Ansin labhair leis na páistí faoi áiteanna oilithreachta ar fud na hÉireann. Inis dóibh go bhfuil siad chun foghlaim faoi shuíomh oilithreachta ag Cnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eo. Taispeáin cá bhfuil Cnoc Mhuire ar léarscáil na hÉireann do na páistí.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 76 dá leabhar.**

## SCÉAL

Ag an bpointe a bhfuil cur síos ar an dtaispeánadh sa scéal seo a leanas, dírigh aire na bpáistí chuig íomhá an mhósáic sa Bhaisleac i gCnoc Mhuire ar leathanach 76 dá leabhar. Tá sliocht as an scéal ar leathanach 77 dá leabhar freisin.

### An Triúr Cuairteoirí

Thosaigh an scéal seo i sráidbhaile Chnoc Mhuire, i gContae Mhaigh Eo, ar oíche Déardaoin, an 21 Lúnasa 1879. Bhí na daoine áitiúla ag dul i mbun a ngnóthaí. Bhí Pádraig an Chnoic, lena asal agus a chairt, ag dul go dtí an portach áitiúil le Seán Mac Dhuarcáin agus Dominic Ó Beirn Sinsearach. Idir an dá linn, shín Síle Nic Chathmhaoil a níocháin ar na toir chun iad a thriomú. Bhí fear an phoist tar éis stopadh agus bhí sé ag comhrá ag teachín Uí Bheirn.

Taobh amuigh, sheas beirt chol ceathrar óg, Seáinín Ó Comhraí agus Caitríona Ní Muirí, ag éisteacht lena seanmháthair. Thug sí rabhadh dóibh fanacht siar ó lios na sí agus ón dtobar áitiúil. Go tobann, rith an bheirt acu go cosnocht tríd an bhféar agus iad ar thóir sméara dubha aibí a bhí ag fás ar na sceacha ag bun na páirce móire.

In áiteanna eile, bhí Máire Mhig Lochlainn laistigh ag ullmhú béile don sagart paróiste. Níos déanaí, chuaigh sí chun cuairt a thabhairt ar a cara Maighréad Uí Bheirn a chónaigh in aice leis an sean-eaglais liath sa sráidbhaile. Shuigh sean-fhear, Pádraig Breatnach, ag leath-dhoras a theach ag ól a phíopa. Rinne sé comhrá leis na comharsana agus iad ag siúl thairis. Ach, sula mbeadh sé dorcha, bheadh eispéireas mistéireach acu uile a chuirfeadh athrú ar a saol agus ar shráidbhaile Chnoc Mhuire go deo.

Thug Máire Uí Bheirn agus Máire Mhig Lochlainn solas geal bán aisteach faoi deara agus iad ag dul thar balla binne an tséipéil.



...

...

'Bhí sé thar a bheith bán,' a dúirt siad ina dhiaidh sin, 'agus shoilsigh sé balla binne an tséipéil ó bhun go barr.' Ag an am sin, tharla go raibh cúigear déag ón sráidbhaile ann a chonaic an taispeánadh aisteach seo. Go gairid ina dhiaidh sin, chonaic siad triúr ina seasamh sa solas: bean óg agus beirt fhear. Bhí cuma chineálta, shíochánta orthu. D'éirigh an aimsir an-fhuar agus fliuch ach lean na daoine ag féachaint ar an bhfís álainn seo.

Bhí fallaing bhán fhada á caitheamh ag an mbean óg álainn, í fáiscthe ag a muineál agus bhí rós deas órga i lár na corónach ar a ceann. Theastaigh ó Sheáinín agus ó Chaitríona a fháil amach cérbh iad na figiúirí seo.

'An bhfeiceann tú an bhean?' arsa Máire Uí Bheirn, 'Bhuel, is í sin Muire agus is é Iósaef, an seanfhear, a fear céile, atá in éineacht léi.'

Níos déanaí, shocraigh na daoine fásta ar aitheantas an triú duine. Bhí hata ard ar a cheann aige agus bhí leabhar ina lámh chlé. Faoi dheireadh shocraigh siad gurbh é Naomh Eoin an Soiscéalaí a bhí ann.

Taobh thiar den triúr bhí altóir agus aingil mórthimpeall uirthi. Bhí cros agus uan ar an altóir. Bhí áthas ar na páistí nuair a chonaic siad an t-uan beag caoin, ach ina dhiaidh sin mhínigh duine fásta dóibh gur Íosa, Uan Dé, a bhí á léiriú ag an uan.

Lean sé ag cur báistí ach d'fhan go leor daoine ar feadh dhá uair go leith, an *Choróin Mhuire* á rá acu, fad is a lean an taispeánadh.

Níos déanaí, dúirt na finnéithe gur fhan an talamh faoi bhun na bhfigiúirí go hiomlán tirim le linn an taispeánta, in ainneoin an bháisteach. Ón tráthnóna sin, deir go leor daoine breoite, a thug cuairt ar Scrín Mhuire i gCnoc Mhuire, gur leigheasadh iad.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad a tharla i gCnoc Mhuire ar 21 Lúnasa 1879?
- An féidir leat na figiúirí sa taispeánadh a ainmniú?
- Cé mhéad duine ón sráidbhaile a chonaic an taispeánadh?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, a gceapann tú, gur fhan an talamh faoi bhun na bhfigiúirí tirim le linn na taispeánta seo, ainneoin an bháisteach?
- Cad a cheapfá a dhéanfá dá mbeifeá i do fhinné súl ar na himeachtaí seo?

Mínigh do na páistí go dtugann na mílte oilithrigh cuairt ar shuíomh na taispeánta ag Cnoc Mhuire gach bliain. Freastalaíonn go leor ar an nóibhéine bliantúil naoi lá a bhíonn ar siúl ann i mí Lúnasa. Le linn a gcuid ama i gCnoc Mhuire, glacann oilithrigh páirt i gcleachtais thraidisiúnta.

Is féidir leis na hoilithrigh:

- An *Coróin Mhuire* a ghuí agus iad ag siúl i gciorcal timpeall an tséipéil, an suíomh den taispeánadh
- Stáisiúin na Croise a dhéanamh ina n-aonar nó i mórshiúl
- Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh
- Sacraimint Ola na nEaslán a cheiliúradh
- freastal ar Aifreann i mBaisleac Mhuire Cnoc Mhuire
- am a chaitheamh le haghaidh urnaí chiúin ag an scrín nó istigh i séipéal na Sacraiminte Beannaithe.

Chomh maith le bheith ag guí ar son teaghlaigh agus cairde, ceannaíonn oilithrigh cuimhneacháin cosúil le huisce coisricthe, pictiúir naofa, boinn agus paidríní le tabhairt abhaile mar mheabhrúchán dá muintir nó dá gcairde chun guí a dhéanamh. De ghnáth beannaítear earraí mar seo ag Aifreann sa bhaisleac sula dtéann na hoilithrigh abhaile.

## FÍRICÍ FAOI CHNOC MHUIRE

- Tá Cnoc Mhuire uathúil i measc na dtaispeántaí de Mhuire. Sa taispeánadh seo bhí Muire in éineacht le Iósaef agus Eoin an Soiscéalaí, agus uan, a léirigh Íosa, Uan Dé.
- Taispeánadh ciúin a bhí sa taispeánadh ag Cnoc Mhuire.
- Thóg an mósáic sa Bhaisleac breis agus dhá bhliain le críochnú.
- Cruthaíodh an léaráid don mhósáic ag an ealaíontóir cáiliúil Éireannach PJ Lynch (fear mór le rá chun léaráidí i leabhair leanaí a chruthú).
- Rinneadh an mósáic i mbaile Spilimbergo, in aice leis an Veinéis, san Iodáil, ag Giovanni Travisanutto srl.
- Tá níos mó ná 1.5 milliún píosaí mósáic sa saothar ealaíne.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógáil le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar na daoine go léir atá ar thuras nó ar oilithreacht sa lá atá inniu ann. Go ciúin iarr ar Dhia cabhrú leo go mbeadh a fhios acu go bhfuil sé i gcónaí leo agus réidh chun trócaire a thaispeáint dóibh. Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

Guímis le chéile anois 'A Uain Dé' paidir a deirimid ag an Aifreann:
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

## GNÍOMHAÍOCHT

### ATHINIS AN SCÉAL

- Tabhair cuireadh do na páistí ciorcal mór a dhéanamh. Mínigh dóibh go bhfuil siad chun an scéal a athinsint faoin méid a tharla ag Cnoc Mhuire ó thaobh den bheirt pháiste ón sráidbhaile, Seáinín agus Caitríona, a luadh sa scéal.
- Cuir tús leis an scéal dóibh: 'Bhí mé ag rásaíocht le mo chol ceathrar agus muid ag druidim ar ais trasna na páirce i treo an tséipéil sa sráidbhaile…'
- Ansin úsáid liathróid nó caith mála pónairí chuig páiste amháin, a inseoidh an chéad chuid eile den scéal. Ansin úsáidfidh an páiste sin an liathróid nó caithfidh sé/sí an mála pónairí chuig páiste eile, a leanfaidh leis an scéal, agus mar sin de.
- Mura bhfuil smaoineamh ar bith ag páiste is féidir leo an liathróid a chur ar aghaidh nó an mála pónairí a chaitheamh chuig páiste eile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Leanann go leor daoine orthu ag dul ar oilithreachtaí inniu ar chúiseanna éagsúla. Tá cáil dhomhanda ar an Scrín do Mhuire ag Cnoc Mhuire. Is láthair oilithreachta agus urnaí é i gContae Mhaigh Eo. Chuala na páistí an scéal faoin dtaispeánadh ag Cnoc Mhuire.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AGALLAMH A CHUR AR OILITHREACH

- Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun agallamh a chur ar dhuine as an bparóiste a chuaigh mar oilithreach chuig Scrín Mhuire i gCnoc Mhuire.
- Tabhair cuireadh do na páistí roinnt ceisteanna a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach ba mhaith leo a chur ar an duine.
- Tabhair cuireadh dóibh freisin cur i láthair beag a ullmhú don chuairteoir ar ghné éigin atá foghlamtha acu cheana féin faoi oilithreachtaí.
- Socraigh ansin go dtabharfaidh duine ón pharóiste cuairt ar an scoil chun labhairt faoin eispéaras a bhí acu dul ar oilithreacht go Cnoc Mhuire.
- Spreag na páistí na ceisteanna atá ullmhaithe acu a chur ar an oilithreach.

# Seirbhís Urnaí Téama: An Chríostaíocht Cheilteach

**Ullmhúchán:**

- *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh,tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
- *A chinntiú go n-áirítear dealb/íomhá de Mhuire, Cnoc Mhuire, cros chéasta/cros, coinneal agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.*
- *A chinntiú go mbíonn coinneal shábháilte (solas oíche) ag gach páiste.*
- *Iarr ar na páistí a nArdchrosa Ceilteacha a chur faoina gcathaoireacha, le n-úsáid i rith na seirbhíse.*
- *Tá an Urnaí chuig Muire, Cnoc Mhuire, ar fáil ar leathanach 78 de Leabhar na bPáistí. Taispeáin an íocón de Naomh Caoimhín (ar fáil ar líne) ag an am cuí.*

*Comhartha na Croise*

**Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Lasaimis coinneal ár ranga chun a chur in iúl dúinn go bhfuil Dia i láthair linn. (*Lasann an múinteoir an choinneal*) Anois lasaigí bhur gcoinnle féin agus cuir sa spás urnaí iad os comhair an íomhá de Mhuire, Cnoc Mhuire.

*Lasann na leanaí a gcoinnle sábháilte agus cuireann siad os comhair Mhuire iad.*

**Múinteoir:** Go minic nuair a bhíonn daoine ar oilithreacht guíonn siad ar son daoine eile nó ar son intinn phearsanta. Go minic guíonn siad cúpla deichniúr den *Choróin Mhuire*. Smaoinigh ar dhuine éigin ar mhaith leat guí a dhéanamh ar a shon anois. (*Sos*) Guímis anois *'Sé do bheatha, a Mhuire* le chéile.
**Gach duine:** *'Sé do bheatha, a Mhuire* ('Sé do bheatha, a Mhuire, atá lán de ghrásta ...)

*Abair leis na páistí a n-Ardchrosa Ceilteacha a iompar ina lámha.*

*Taispeáin an íocón de Naomh Caoimhín.*

**Múinteoir:** Éistimid le scéalta Íosa, díreach mar a d'éist Naomh Caoimhín le scéalta Íosa. Guímid gur féidir linn na scéalta sin a choinneáil beo. Agus sinn ag iompar ár nArdchrosa Ceilteacha inár lámha, guímis chuig Naomh Caoimhín. Iarraimid air sinn a threorú chun a phaidreoireacht agus a uaisleacht a leanúint inár saoil inniu. A Chaoimhín Naofa, Gleann dá Loch ...
**Gach duine:** Guigh orainn.

**Múinteoir:** Cuimhnímid orthu siúd ar fad a chabhraigh lenár n-áiteanna oilithreachta speisialta a chruthú. Agus ár lámha thar ár gcroí, guímis chuig na naoimh Cheilteacha áitiúla ar fad. Go dtreoraí siad sinn, am a chur i láthair inár saoil agus spás inár gcroíthe le Dia, ár nAthair grámhar. A Naoimh Cheilteacha uile na hÉireann ...
**Gach duine:** Guigh orainn.


*Tabhair cuireadh do na páistí a nArdchrosa Ceilteacha a chur sa spás urnaí.*

**Múinteoir:** Éistimid le scéalta ár sinsear, agus chuaigh go leor acu ar oilithreachtaí. Is cuimhin linn scéalta creidimh a bhfuil baint acu le Cnoc Mhuire. Guímis chuig Muire, síocháin a thabhairt dúinn agus don domhan uile. Guímis le chéile anois *an Phaidir chuig Muire, Cnoc Mhuire*.

**Gach duine:** A Mhuire Chnoc Mhuire, thug tú dóchas do do dhaoine. Spreag tú go leor oilithreach guí go muiníneach chuig do Mhac diaga, a dúirt, 'Iarraigí agus tabharfar daoibh, lorgaigí agus gheobhaidh sibh.' Cabhraigh liom a thuiscint nach bhfuil ionainn ach oilithrigh ar an mbóthar go neamh. Líon mé le grá agus le cúram do gach duine, ach go háirithe dóibh siúd a chónaíonn liom. Tabhair sólás dom nuair a bhím tinn, uaigneach nó brónach. Cabhraigh liom páirt urramach a ghlacadh san Aifreann Naofa. Áiméan.

**Múinteoir:** Tugaimis glóir do Dhia anois agus *Glóir don Athair* á rá againn.
**Gach duine:** *Glóir don Athair* (Glóir don Athair agus don Mhac...)

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.



# Téama 10: An tAifreann

## Ceacht 1: Ag an Aifreann éistimid le Briathar Dé
## Ceacht 2: Ag an Aifreann cuimhnímid agus gabhaimid buíochas

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Bhí Íosa toilteanach fulaingt agus bás a fháil le méid a ghrá do Dhia a Athair agus dúinne a léiriú
- D'ofráil Íosa é féin do Dhia ag an Suipéar Déanach agus ar Chalvaire
- Tugtar 'An Tiarna' ar Íosa, mar i gcomhpháirt leis an Athair tugann sé beatha do gach rud agus cuireann sé ar ár gcumas caidreamh a bheith againn leis an Athair

**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**
- Is tionóil liotúirgeach í an Eaglais agus is pobal creidmheach í
- Tugann Íosa cuireadh do pheacaigh chun bord na Ríochta

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**
- Thug an Spiorad Naomh treoir do na daoine a scríobh leabhair an Bhíobla
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dia agus é a thuiscint agus freagra a thabhairt air

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú*
- Eacs 3:1-22. Glaonn Dia ar Mhaois; ainm Dé
- Eacs 19:3-8. Conradh Shíonáí; pobal tofa Dé
- Salm 31:14-15. Tá mo shaol i do lámha
- Lúc 22:13-23. An Suipéar Déanach

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**
- Gheall Íosa go mbeidh sé i láthair gach uair a bhailíonn daoine le chéile ina ainm

*Urnaí Fhoirmeálta*
- Comhartha na Croise
- An Ghlóir
- An Phaidir

*Paidreacha Breise*
- Paidir ag léiriú muinín i nDia
- Freagraí an Aifrinn
- Salm 31:14
- Comhgháir an tSoiscéil: Alleluia
- Rúndiamhair an chreidimh 2 agus 3
- Paidir roimh Chomaoineach
- Paidir tar éis Comaoineach

**Liotúirge**
- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise
- Is é Íosa Críost, ár Slánaitheoir, a threoraíonn an liotúirge
- Tógann na heaspaig, na sagairt agus na deochaine áit Chríost ag treorú urnaí agus adhradh

An Bhliain Liotúirgeach
- Rudaí sa séipéal: Cathaoir an uachtaráin, an taibearnacal, léachtán, an Sanctóir, lampa an tsanctóra, cuach abhlann agus oisteansóir

**Sacraimintí**
- Is coinne speisialta le hÍosa aiséirithe í an sacraimint

**An tAifreann**

*Láithreacht na hEocairiste*
- Tá Íosa Críost, láithreach sa domhan in a lán bealaí, ach tá sé i láthair go sainiúil san Eocairist
- Tá Íosa Críost láithreach: sa phobal a bhailíonn Dia le chéile; sa bhriathar fógraithe; sa sagart a cheiliúrann an tAifreann agus thar aon ní eile faoi ghné an aráin agus an fhíona mar Chorp agus Fuil Chríost
- Tá Íosa Críost láithreach sa Sacraimint Ró-Naofa a choinnítear sa taibearnacal chun omós a thabhairt dó
- Bíonn lampa an tsanctóra ar lasadh go síoraí os comhair an taibearnacail mar chomhartha den chreideamh atá againn i láithreacht Íosa Aiséirithe

*Íobairt Chuimhneacháin*
- Ag an Aifreann cuimhnímid ar Íosa Críost a fuair bás agus a d'aiséirigh arís le go sábháilfí an domhan
- Tá íobairt Íosa Críost ar Chalvaire beo i gceiliúradh na hEocairiste a thugann na grástaí ar fad dúinn

*Moladh agus Buíochas*

- Ceiliúraimid an Eocairist lenár mbuíochas a chur in iúl do Dhia an tAthair as ucht bronntanas sainiúil an tslánaithe a thug Íosa dúinn ar an gcrois agus ag an Aifreann

*Struchtúr an Aifrinn*

- An tábhacht a bhaineann le 'rannpháirtíocht ghníomhach' san Aifreann
- Tá dhá chuid san Aifreann: Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste
- Tá gnéithe éagsúla i Liotúirge an Bhriathair i gceiliúradh na hEocairiste: An Chéad Léacht/Salm/ an Dara Léacht/ Alleluia nó an Chomhgháir/An Soiscéal/An tSeanmóir/An Chré/Guí an Phobail/ Urnaí Uilíoch na hEaglaise
- Tugann Liotúirge an Bhriathair cuireadh dúinn briathar Dé a fhógairt, éisteacht leis agus é a fhreagairt
-

## MORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Tá ról an-tábhachtach ag an urnaí sna cinntí a dhéanaimid

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

### CUSPÓIR FOGHLAMA 1

**Foilsiú Dé**

Dia agus an Bíobla

*a. Briathar Dé.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Eolas a fháil ar na háiteanna a n-úsáidtear an Bíobla agus a
  mbíonn sé faoi urraim.

*c. Conradh Dé lena chine tofa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltaí:

- Na scéalta ar na daoine is mó le rá sa Sean-Tiomna a úsáid lena fháil amach cad is conradh ann, m.sh. Abrahám:
  Geineasas 12:1-5. Geineasas 17:1-9 agus Maois: Eacsadas 3:1-10, Eacsadas 17:1-16.

Beatha Íosa

*d. Mac Dé.*

Ba chóir do mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iniúchadh a dhéanamh ar na dóigheanna a gcreideann
  Críostaithe gurb é Íosa an Slánaitheoir - Íseáia 9:6-7.

*f. Ministreacht Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil
  amach, a phlé agus a fhorbairt.

*g. Páis, bás agus aiséirí Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- An Suipéar Déanach - Lúcás 22:7-20.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 2

**An Eaglais Chríostaí**

*Tús agus fás.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na
  haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

*Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Plé a dhéanamh ar an dóigh ar tháinig forbairt ar ghné amháin
  dá bpobal Críostaí áitiúil.

*Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an
  adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.
- A aithint go bhfuil ionaid adhartha ar leith ann nach mór urraim
  a bheith againn dóibh.
- Taithí a fháil ar an adhradh agus ar an urnaí ar bhealaí éagsúla.

### CUSPÓIR FOGHLAMA 3

**An Mhoráltacht**

*b. Meas ar a chéile.*

Ba chóir don mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a
  thógáil agus taithí a fháil orthu.
- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.

# Ceacht 1: Ag an Aifreann éistimid le Briathar Dé

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Chuir na páistí aithne ar an liotúirge mar phaidir phoiblí na hEaglaise. D'fhoghlaim siad faoin Aifreann i Rang a hAon/B3 agus i Rang a Dó/B4 sa chlár *I nGrá Dé*. Tá taithí ag go leor acu ar a bheith i láthair ag an Aifreann agus ag glacadh Sacraimint na hEocairiste.

An tseachtain seo déanfaidh na páistí staidéar ar Liotúirge an Bhriathair. Tabharfaidh siad chun cuimhne go n-éisteann na daoine bailithe don Aifreann le Briathar Dé á léamh as an mBíobla. Tá na léachtaí roghnaithe socraithe sa Leicseanár, áit a bhfuil na léachtaí cuí do gach lá den Bhliain Liotúirgeach ar fáil. Ag Aifreann an Domhnaigh cuirtear ceithre léacht ar fáil de ghnáth: sliocht ón tSean-Tiomna, salm, sliocht ón Tiomna Nua agus léacht ó cheann de na Soiscéil.

Cé go dtéann go leor leanaí chuig an Aifreann go rialta, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas nach dtéann cuid acu. Ag an aois seo, braitheann cumas páiste dul chuig an Aifreann ar na daoine fásta timpeall air/uirthi.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Ministir an Bhriathair:** an duine a dhéanann Briathar Dé a fhógairt ag an Aifreann.
**Sanctóir:** an chuid den séipéal ina bhfuil an altóir suite.
**Cantaire:** an duine a chanann na sailm agus a threoraíonn canadh an tionóil i rith an Aifrinn.
**Tionól:** na daoine a bhailíonn le chéile ag an Aifreann.
**Leicseanár:** an leabhar óna léitear na léachtaí ag an Aifreann.
**Léachtán:** an seastán ar a chuirtear an leicseanár.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cúpla Bíobla
- Leicseanár
- Bileog Aifrinn
- Póstaer 10, a thaispeánann íomhánna de nithe éagsúla a úsáidtear le linn Liotúirge an Bhriathair

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### CÁSANNA A LÉIRÍONN CUMHACHT FOCAL





Léigh na cásanna seo a leanas do na páistí.

**Cás 1**
Seachtain bhronnadh na nduaiseanna a bhí ann i Scoil Náisiúnta Naomh Hilde. Bhí na daltaí ar bís agus iad bailithe i halla na scoile. Sheas an príomhoide, bean Bhreatnach, ar an stáitse agus bhí liosta na n-ainmneacha ina láimh aici. Chuir sí fáilte roimh chách chuig an tionól agus ansin ghlaoigh sí amach ainm Mháirín, ag rá, 'A Mháirín! Comhghairdeachas! Tá iarracht iontach déanta agat ar scoil i mbliana agus mar sin tá an duais buaite agat as do thinreamh." Bhí sceitimíní ar Mháirín nuair a chuala sí a rang ag tabhairt gáir mholta di. Ghlaoigh Dáiví, 'Maith thú, a Mháirín!' Dúirt Alsa, 'Maith thú, a Mháirín', agus bhí go leor gártha molta ann agus Máirín ag siúl go dtí an stáitse chun a trófaí a bhailiú.

Tar éis duit an cás a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad a dúirt an príomhoide le Máirín nuair a bhronn sí an trófaí uirthi?
- Conas a mhothaigh Máirín?
- Cad a dúirt páistí eile agus Máirín ag siúl chun an trófaí a bhailiú?
- Ar mhol aon duine riamh thú as rud éigin a rinne tú? Cén sórt rudaí a dúirt siad leat?
- Cad a cheapann tú a dúirt páistí eile sa scoil le Máirín, níos déanaí an lá sin, nuair a bhuail siad léi?

**Cás 2**
Bhí Tomás agus a dheartháir ag argóint an mhaidin go léir. Bhí Tomás ag súgradh le seit traenach Jiang agus ní raibh Jiang sásta. 'Tabhair ar ais dom é! Is liomsa é,' a scread Jiang. 'Níl uaim ach imirt leis, ná bí mar sin. Ligim duit bheith ag súgradh le mo leoraí,' a d'fhreagair Tomás. 'Ní theastaíonn do leoraí uaim,' a scairt Jiang, 'tabhair ar ais anois é agus imigh leat!' Agus lean cúrsaí amhlaidh, go dtí faoi dheireadh go raibh a dhóthain cloiste ag Daid. 'Dia dár sábháil. Cuir stop le seo láithreach,' ar seisean, 'munar féidir libh a bheith deas lena chéile, ní bheidh cead ag ceachtar agaibh bheith ag súgradh.'

Tar éis duit an cás a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Conas a chuirfeá síos ar na focail a úsáideadh sa scéal? Focail sásta nó brónach nó feargach?
- Conas a mhothaíonn tú nuair a labhraíonn duine go feargach leat?
- Cén cineál focail is mó a thaitníonn leat a chloisteáil ó dhaoine eile leat? Conas a bhraitheann tú nuair a chloiseann tú na focail sin?
- Cén cineál focail nach maith leat a chloisteáil ó dhaoine eile leat? Conas a bhraitheann tú nuair a chloiseann tú na focail sin?

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE FOCAIL

Tosaigh agus na cásanna thuas a thabhairt chun cuimhne. Cuir i gcuimhne na
bpáistí na focail mholta a d'úsáid Bean Bhreatnach agus na páistí eile. Tabhair chun cuimhne na focail a labhair Tomás agus Jiang.
Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar amanna nuair a d'úsáidfeadh daoine focail fháilte, focail spreagúla, focail mholta, focail fheargacha, focail

bhrónacha, srl. D'fhéadfadh na focail seo a leanas a bheith san áireamh:

- Focail chun fáilte a chur roimh fhoireann spóirt ar cuairt chuig an scoil
- Focail a déarfadh páiste le páiste eile tar éis dó/di titim i gclós na scoile
- Focail a d'fhéadfadh páiste a úsáid le cuairteoir chuig an seomra ranga
- Focail a d'fhéadfadh páiste a scríobh ar chárta lá breithe do chara
- Focail a d'fhéadfadh páiste a úsáid dá mbeadh a gcuid mothúcháin gortaithe
- Focail a déarfadh páiste le cara a bhfuair tuismitheoir nó caomhnóir bás
- Focail a déarfadh tuismitheoir/caomhnóir agus páiste á fágáil ar scoil
- Focail a d'fhéadfadh páiste a rá le Dia roimh dhul a codladh

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 79 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu táimid chun buíochas a ghabháil le Dia as bronntanas na bhfocal uile. Tá cumhacht ag focail, agus is féidir leis na focail a úsáidimid maitheas, nó a mhalairt, a chur in iúl. Is féidir leis na focail a scríobhtar faoi dhaoine eile grá a chur in iúl dóibh – nó a mhalairt. An freagra inniu ar an urnaí ná: *Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.*

**Múinteoir:** As focail ghrámhara.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**Múinteoir:** As focail mholta.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**Múinteoir:** As focail bhuíochais.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**Múinteoir:** As focail chairdiúla.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**Múinteoir:** As focail a chabhraíonn linn cumarsáid a dhéanamh lena chéile.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**Múinteoir:** As Briathra Dé sa Bíobla.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia.

**Múinteoir:** A Dhia, ár nAthair, táimid buíoch díot as bronntanas na bhfocal, a chuireann ár dteachtaireachtaí in iúl lena chéile. Úsáideann an Bíobla focail chun a insint dúinn faoi do chuid oibreacha iontacha. Treoraíonn na focail sa Bhíobla sinn agus cabhraíonn siad linn tú a leanúint. Cabhraigh linn éisteacht le do Bhriathar sa Bhíobla i gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é an Liotúirge paidir na hEaglaise. Tá an tAifreann comhdhéanta de Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste. Díríonn Ceacht 1 den téama seo ar Liotúirge an Bhriathair. Díríonn Ceacht 2 ar Liotúirge na hEocairiste.

**An Chéad Léacht:** De ghnáth tógtar an Chéad Léacht ag Aifreann an Domhnaigh ón tSean Tiomna. Le linn Séasúr na Cásca tógtar é ó Ghníomhartha na nAspal. De ghnáth ullmhaíonn an Chéad Léacht sinn don teachtaireacht a chloisfimid sa Soiscéal. Suíonn an sagart agus na daoine agus éisteann siad le Briathar Dé á fhógairt. Téann an léitheoir, a ghlaotar 'Ministir an Bhriathair' air/uirthi, go dtí an léachtán chun léamh as an Leicseanár. Agus an léitheoir ag druidim leis an sanctóir, umhlaíonn sé/sí os comhair an altóra agus ansin ar aghaidh leo go dtí an léachtán. Tugann Ministir an Bhriathair an léacht isteach nuair a deir siad, 'Sliocht as …' Ag deireadh na léachta deir siad, 'Briathar an Tiarna', agus freagraíonn na daoine, 'Buíochas le Dia'.

**An Salm le Freagra:** Tagann an Salm as Leabhar na Salm. An cuimhin libh cá bhfuil an leabhar sin le fáil? Cé a scríobh roinnt de na sailm? Ag an Aifreann tugtar an Salm le Freagra ar an Salm toisc go bhfreagraíonn sé an Chéad Léacht agus bíonn an téama céanna ag an dá ní. Tá freagra ann freisin a ghuítear i ndiaidh gach véarsa den Salm. Uaireanta cantar an Salm, agus uaireanta eile léitear é. Léitear nó cantar an Salm ón léachtán. Nuair a cantar an Salm, is é/í an cantaire a threoraíonn an amhránaíocht. Suíonn an sagart agus na daoine agus freagraíonn siad an Salm.

**An Dara Léacht:** Is gnách an léacht seo a thógáil ón gcuid sin den Tiomna Nua a dhéanann cur síos ar shaol lucht leanúna Íosa tar éis a Deascabhála, nuair a d'fhill Íosa ar a Athair ar neamh. Tugann Ministir an Bhriathair an Dara Léacht isteach ar an mbealach céanna mar a rinneadh don Chéad Léacht. Suíonn an sagart agus na daoine agus éisteann siad leis an Dara Léacht. Ag deireadh na Léachta, deir an léitheoir, 'Briathar an Tiarna', agus freagraíonn na daoine, 'Buíochas le Dia'.

**Comhgháir an tSoiscéil:** Seasann an sagart agus na daoine don 'Alleluia' chun beannú don Soiscéal.

**An Soiscéal:** Seasann an sagart ag an léachtán. Fanann na daoine ina seasamh. Ag tús an tSoiscéil deir an sagart/deochain, 'Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A, …', agus an freagraíonn na daoine ag rá 'Glóir duit, a Thiarna' agus iad ag déanamh *Comhartha na Croise* lena gcuid ordóg ar an éadan, ar na beolaí agus ar a gcroíthe. Paidir atá sa ghníomhartha seo ag iarraidh ar Chríost a bheith inár smaointe, sa mhéid a deirimid, agus inár gcroíthe. Ag deireadh an tSoiscéil deir an sagart, 'Soiscéal an Tiarna', agus freagraíonn na daoine, 'Moladh duit, a Chríost'.

**An Homaile:** Tugann an sagart an Homaile agus é ina sheasamh ag an léachtán, agus na daoine ina suí ag éisteacht leis. Sa Homaile míníonn an sagart Briathar Dé do na daoine.

**An Chré:** Bíonn deis ag na daoine a gcuid creideamh i nDia: Athair, Mac agus Spiorad Naomh a léiriú ag an gcuid seo den Aifreann.

**Guí an Phobail:** Críochnaíonn Liotúirge an Bhriathair le Guí an Phobail. Tugann an sagart Guí an Phobail isteach (tugtar an ghuí chomhchoiteann ar seo uaireanta). Is anseo a thugtar cuireadh do na daoine guí ar son na hEaglaise, an domhain, daoine i ngátar agus ar son an phobail áitiúil. Guíonn na daoine le creideamh, mar gur gheall Íosa a bheith i láthair leo áit a mbailíonn daoine ina ainm. I nGuí an Phobail déanann an léitheoir an achainí a fhógairt, leanann sos ina dhiaidh sin le haghaidh paidir chiúin, agus ansin guíonn an léitheoir, 'A Thiarna, éist linn', agus freagraíonn na daoine, 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn'.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

Iarr ar na páistí na daoine agus na háiteanna a bhaineann leis na heachtraí seo a leanas a lua:

- An áit ar chruthaigh Dia gairdín álainn do Ádhamh agus Éabha (Éidin)
- An áit ar thug Dia na Deich nAitheanta do Mhaois (Sliabh Shíónáí)
- An áit ar baineadh go cruálach leis na hIosraeilítigh (an Éigipt)
- An áit ar fágadh Maois sa chiseán (Abhainn na Níle)
- An áit a ndeachaigh na hIosraeilítigh tríd tar éis dóibh an Éigipt a fhágáil (an fásach)
- An fharraige a roinn Dia chun na hIosraeilítigh a shaoradh ó na hÉigiptigh (An Mhuir Rua)
- An áit ar rugadh Íosa (Beithil)
- An áit a raibh cónaí ar an dTeaghlach Naofa (Nazarat)
- An gairdín ina raibh Íosa ag guí an oíche sula bhfuair sé bás (Geitséamainí)
- An áit ar céasadh Íosa (Calvaire/Golgatá/ Iarúsailéim)

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 80 dá leabhar.**

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

I rith an Aifrinn leanann Liotúirge an Bhriathair leagan amach ar leith: an Chéad Léacht, an Salm, an Dara Léacht, Comhgháir an tSoiscéil, An Soiscéal, an Homaile, an Chré, agus Guí an Phobail. Léitear na léachtaí as an Leicseanár. Is féidir an Salm a léamh nó a chanadh. Léann Ministir an Bhriathair an Chéad agus an Dara Léacht. Léann an sagart nó an deochain an Soiscéal.

## GNÍOMHAÍOCHT

### SCRÍOBH URNAÍ

Tabhair chun cuimhne na bpáistí leagan amach Liotúirge an Bhriathair agus cuir i gcuimhne dóibh gur ceann de na codanna den Liotúirge sin ná Guí an Phobail.

Déan comhrá leo faoi conas a ullmhaítear Guí an Phobail, agus gur sraith achainíocha atá ann ina nguímid 'ar son' rún éigin, agus guímid go dtarlóidh 'rud éigin'. Guímid 'ar son':

- an Eaglais, m.sh. riachtanais an Phápa, an easpaig, sagairt agus ceannairí na hEaglaise
- an domhan, m.sh. ar son na síochána, ar son áiteanna ina bhfuil cogadh, foréigean, ocras agus éagóir
- daoine i ngátar, m.sh. leanaí, imircigh, teifigh, daoine atá gan dídean, uaigneach nó tinn
- an pobal áitiúil, m.sh. teaghlaigh, le haghaidh beatha an pharóiste

Guímid 'go bhféadfaí' rud éigin a dhéanamh, m.sh.

- Guímid ar son an Phápa, go mbeidh sé i gcónaí treoraithe ag an Spiorad Naomh.
- Guímid go gcuirfear deireadh leis an gcogadh, agus gur féidir le daoine maireachtáil go síochánta.

Ansin iarr ar na páistí achainí amháin, ó na catagóirí atá leagtha amach thuas, a scríobh sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach. Cuir i gcuimhne dóibh
struchtúr a chur ar a bpaidreacha ag baint úsáid as na focail 'Guímis ar son ...' - mar a léirítear sna samplaí thuas. Is féidir leis na páistí obair leo féin nó i mbeirteanna.

Nuair a bheidh na paidreacha cumtha acu, tabhair cuireadh dóibh 'A Thiarna, éist linn' agus 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn' a scríobh leo.

## PAIDIR

**Ullmhúchán:** *Roghnaigh roinnt leanaí chun na paidreacha a scríobh siad a léamh le linn na seirbhíse seo. Tá na sleachta eile ar fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Inniu cuimhnímid go bhfuil Dia i láthair linn ina Bhriathar, a léimid sa Bhíobla. Tá Dia ag glaoch ar gach duine againn anois éisteacht lena Bhriathar.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Leabhar Eacsadas.
*Bhí Maois ag aoireacht tréad... Sheol sé a thréad go hiarthar an fhásaigh agus tháinig go Horaeb, sliabh Dé. Thaispeáin aingeal an Tiarna é féin dó ansiúd i riocht lasair thine ag teacht as lár toir; d'fhéach sé agus b'shiúd an tor ar lasadh ach gan é á dhó. "Caithfidh mé dul i leataobh," arsa Maois, "agus an radharc iontach seo a fheiceáil – cén fáth a bhfuil an tor gan dó."*

*Nuair a chonaic an Tiarna é agus é ag dul i leataobh á fheiceáil, ghlaoigh Dia air ón tor: "A Mhaois, a Mhaois!" "Anseo dom," ar sé.*

*"Ná tar níos gaire," arsa [an Tiarna], "bain do bhróga de do chosa óir an ball ar a bhfuil tú i do sheasamh, is talamh naofa é." "Is mise," ar sé ansin, "Dia d'athar, Dia Abrahám, Dia Íosác, Dia Iacóib." Agus chlúdaigh Maois a aghaidh mar nár leomhaigh sé féachaint ar Dhia.* (Eacsadas 3:1-6)
Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Salm:** Can Salm oiriúnach.

**Comhgháir an tSoiscéil:** Can 'Alleluia' oiriúnach.

**Léitheoir 2:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás.
*D'fhreagair [an fear Íosa] agus dúirt: "'Gráóidh tú do*

*Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán'; agus 'do chomharsa mar thú féin.'" Dúirt [Íosa] leis: "Thug tú an*
*freagra ceart: déan an méid sin agus beidh an bheatha agat."* (Lúcás 10:27-28)
Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Múinteoir:** Glacfaimis sos ar feadh tamaill le machnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé.

*Bíodh tost ann ar feadh tamaill, ansin iarr ar na páistí Guí an Phobail a rá. Ba chóir do gach leanbh an urnaí a chríochnú leis na focail 'A Thiarna, éist linn', ar a dtugann gach duine an freagra 'A Thiarna, bí ceansa agus éist linn'.*

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Ag an Aifreann cuimhnímid agus gabhaimid buíochas

## SULA DTOSAÍONN TÚ

I Rang a hAon/B3 agus i Rang a Dó/B4 sa chlár *I nGrá Dé* chuireamar na páistí in aithne le struchtúr an Aifrinn. Cheiliúr go leor de na páistí Sacraimint an Athmhuintearais agus ghlac siad an Comaoineach Naofa. Tá sé tábhachtach a mheabhrú, cé go dtéann go leor páistí chuig an Aifreann go rialta, ní théann cuid acu. Ag an aois seo, tá cumas na bpáistí freastal ar Aifreann ag brath ar na daoine fásta mórthimpeall orthu. Tugann an Tríú Aithne cuireadh dúinn Lá an Tiarna a choimeád naofa. Ceann de na bealaí inar féidir linn é seo a dhéanamh ná dul chuig an Aifreann ar an Domhnach.

I gCeacht 1 den téama seo d'fhoghlaim na páistí conas a bheith rannpháirteach i Liotúirge an Bhriathair trí éisteacht le Briathar Dé, trí Bhriathar Dé a léamh, trí fhreagairt do na léachtaí, tríd an *Chré* a ghuí agus trí Ghuí an Phobail a fhreagairt freisin.

Sa cheacht seo díreoidh siad ar conas a bheith rannpháirteach i Liotúirge na hEocairiste. Tugann Liotúirge na hEocairiste chun cuimhne an méid a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach, nuair a thug sé bronntanas a Choirp agus a chuid Fola dá dheisceabail. D'iarr Íosa ar a dheisceabail an méid a bhí déanta aige a dhéanamh i gcuimhne air. Gach uair a bhailímid leis an Aifreann a cheiliúradh, cuimhnímid ar an méid a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach agus déanaimid an méid a d'iarr sé ar a dheisceabail a dhéanamh.

Cuimhneoidh na páistí go bhfuair Íosa bás ar an gCros ar Aoine an Chéasta, as méid a ghrá dúinn. Ag an Aifreann cuimhnímid agus ceiliúraimid íobairt Íosa ar an gCros agus a aiséirí ó mhairbh. Séard is brí leis an bhfocal 'Eocairist' ná 'buíochas', agus is paidir bhuíochais chuig Dia, as an méid atá déanta aige dúinn, atá sa Phaidir Eocairisteach. Tá Íosa i láthair ag an Aifreann sa chomhthionól, sa sagart a dhéanann an tAifreann a cheiliúradh, sa Bhriathar a fhógraítear, agus faoi chuma an aráin agus an fhíona a athraítear ina Chorp agus ina Fhuil ag Sácráil an Aifrinn. Na daoine a ghlacann an Comaoineach Naofa is é Corp agus Fuil Íosa a ghlacann siad, a cabhróidh leo maireachtáil agus grá a roinnt faoi mar a d'iarr Íosa orthu. Tar éis an Aifrinn, bíonn Íosa Aiséirithe i láthair sa Sacraimint Bheannaithe, in áirithe sa taibearnacal.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Cuach abhlann:** soitheach naofa ina gcoimeádtar Corp Chríost.
**An tSacraimint Bheannaithe:** ainm eile ar Chorp Chríost.
**Taibearnacal:** an áit ina gcoimeádtar an tSacraimint Bheannaithe.
**Lampa sanctóra:** nuair a bhíonn sé ar lasadh, léiríonn sé go bhfuil Íosa i láthair sa taibearnacal.
**Oisteansóir:** soitheach naofa ina mbíonn an tSacraimint Bheannaithe le feiceáil.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach bán A4 do gach páiste
- Leathanach bán A4 eile do gach páiste
- Póstaer uimh. 8, ag taispeáint nithe a dhéanann daoine ag an Aifreann

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE CUIMHNEAMH AGUS CEILIÚRADH

Déan comhrá leis na páistí maidir le cuimhneamh agus ceiliúradh ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na himeachtaí a chuimhnítear orthu agus a cheiliúrtar i do theaghlach?
- Conas a chuimhnítear air agus a cheiliúrtar do bhreithlá? Cé a chuimhníonn ar do bhreithlá gach bhliain?
- An dóigh libh go bhfuil sé tábhachtach breithlaethanta a cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé? Cad a deir sé le duine nuair a chuimhníonn daoine eile ar a lá breithe?
- Cén fáth a dtugann daoine cártaí lá breithe agus bronntanais, dar leat? An bhfuil sé tábhachtach ‘go raibh maith agat’ a rá as bronntanais a fhaighimid? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- Cad air a bhfuil cuimhneamh á dhéanamh nuair a dhéanaimid breithlaethanta a cheiliúradh? An bhfuil sé faoi rud éigin a tharla san am atá caite, nó an bhfuil aon bhaint aige le rudaí atá luachmhar dúinn, cosúil leis an bhaint le teaghlach agus le daoine a bhfuil grá acu dúinn?
- Cén bhreithlá a cheiliúrann Críostaithe go léir? Cén fáth a ndéanann siad amhlaidh, dar leat?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CÁCA A MHAISIÚ

- Tabhair leathanach bán A4 do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú gur iarradh orthu cáca lá breithe a mhaisiú do dhuine a bhfuil aithne acu orthu. B’fhéidir gur duine sa teaghlach nó cara leo atá i gceist. Is é an tasc atá acu ná íomhá a chruthú den mhéid a gcuirfidís ar an gcáca.
- Tabhair cuireadh do na páistí labhairt faoi na nithe a gcaithfidís smaoineamh orthu sula dtosóidh siad m.sh. cén cruth a bheidh ar an gcáca? Cé mhéad coinnle a bheidh air? B’fhéidir gur cóir dóibh rud éigin a chur san áireamh le cur ar an gcáca a léiríonn gné éigin den duine, m.sh. rud éigin a bhaineann le spórt nó rince nó ceol srl? Cad iad na focail a bheadh scríofa ar an gcáca milis?
- Nuair a bheidh an tasc seo críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh do chuid acu a smaointe a roinnt.



**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 82 dá leabhar.**

## PAIDIR

**Ullmhúchán:** *Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na sleachta agus an* Ghlóir *ar fáil thíos.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Is é an freagra ar na paidreacha ná: *Buíochas le Dia*. Agus an freagra á rá agat, coinnigh do lámha ar oscailt, le bosa do lámha i dtreo na spéire.

**Léitheoir 1:** A Dhia ghrámhair, as bronntanas na beatha agus as ceiliúrthaí inár saol. Guímis.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** A Dhia ghrámhair, as ár laethanta breithe féin agus as laethanta breithe ár dteaghlaigh agus ár gcairde. Guímis.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 3:** A Dhia ghrámhair, as cairdeas na ndaoine a chuimhníonn ar ár laethanta breithe, agus go mbeimid buíoch dóibh i gcónaí. Guímis.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 4:** A Dhia ghrámhair, guímid go dtiocfaidh fás orainn i do ghrá gach bliain agus muid ag dul in aois. Guímis.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 5:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as Íosa, a thagann chugainn sa Chomaoineach Naofa. Guímis.

**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Tugaimis glóir do Dhia anois agus an *Ghlóir* á rá le chéile.
**Gach duine:** *An Ghlóir* (Glóir do Dhia sna harda ...) Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE CUIMHNEAMH AR ÍOSA

Scrúdaigh a bhfuil ar eolas ag na paistí faoi Íosa agus imeachtaí a shaoil cheana féin, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cár rugadh Íosa?
- Conas a chuimhnímid ar bhreithlá Íosa gach bliain?
- An cuimhin libh cad iad na bronntanais a thug na saoithe d'Íosa nuair a rugadh é?
- Cathain a fuair Íosa bás agus cén áit ar tharla sé sin? Cathain is cuimhin linn an ócáid sin?
- Cad a tharla ag an Aiséirí? Cathain is cuimhin linn an Aiséirí?
- Cá ndeachaigh Íosa ar Lá na Deascabhála?
- Cad a tharla ag an gCincís?
- Cén fáth a gcuimhnímid ar Íosa ar na laethanta seo?

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE LÁITHREACHT ÍOSA AR AN DOMHAN INNIU

Déan comhrá leis na páistí faoin dóigh a bhféadfadh daoine láithreacht Íosa sa domhan inniu a aithint, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- An féidir libh smaoineamh ar amanna agus áiteanna nuair a thugtar cuireadh dúinn bualadh le hÍosa ar bhealach speisialta? (Sacraimintí)
- An féidir libh smaoineamh ar áiteanna ina mbailíonn daoine, chun ceiliúradh agus comhrá a dhéanamh lena chéile, ina bhféadfadh Íosa a bheith i láthair? Cén fáth a cheapann sibh go bhféadfadh sé a bheith i láthair sna háiteanna sin nó ag na hamanna sin?
- Conas a d'fhéadfadh daoine a bheith ag caitheamh lena chéile agus á iompar féin san áit a mbeadh Íosa i láthair?
- An dóigh leat go bhfuil Íosa i láthair san áit ina bhfuil ocras ar dhaoine nó iad ag fulaingt? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé i láthair?
- An dóigh leat go bhfuil Íosa i láthair nuair a bhíonn daoine éagórach agus suarach do dhaoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?

Anois iarr ar na páistí liosta áiteanna a lua, a gceapann siad go bhfuil Íosa i láthair ar domhan inniu. B'fhéidir go mbeidh na nithe seo a leanas úsáideach nuair is gá duit roinnt leideanna a thabhairt do na páistí:

- I ndaoine
- Sa scoil
- Sa Bhíobla
- Sa timpeallacht
- Nuair a bhíonn gníomhartha grá á ndéanamh ag daoine
- In amanna sona agus brónach
- In áiteanna a dtugann daoine aire agus cosaint dá chéile
- In áiteanna urnaí agus adhartha, srl.

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 83 dá leabhar, áit ar féidir leo roinnt focail a léamh ón Phaidir Eocairisteach.**

**Dírigh aire na bpáistí chuig póstaer uimh. 8, a léiríonn cuid de na rudaí a dhéanann daoine ag an Aifreann.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cruinniú speisialta le hÍosa Aiséirithe is ea sacraimint agus comhartha infheicthe do ghrásta dofheicthe atá inti freisin. Tá an Eocairist ar cheann de na seacht sacraimint. Buíochas is ciall leis an bhfocal 'Eocairist'. Bíonn Íosa Aiséirithe i láthair ag an Aifreann i Liotúirge an Bhriathair agus i Liotúirge na hEocairiste.

## DÁN

Cuir an dán seo a leanas in aithne na bpáistí:

**Cuimhnígí**
Cuimhnígí go deo ar an méid a dúirt Íosa
Is na cupáin á líonadh 'gus an t-arán á bhriseadh.
'Cuimhnígí', ar sé, 'ag ól chailís m'Fhola,
Déanaigí é i gcuimhne ormsa!'
Cuimhnígí 'gus sibh bailithe le pobal Dé
'S an abhlann shárnaofa daoibh a thug Sé,
Agus iomainn á gcanadh agaibh go léir,
Déanaigí é i gcuimhne Air.

Cabhraigh leis na páistí machnamh a dhéanamh ar an dán trí na ceisteanna seo a chur orthu nó ceisteanna cosúil leo:

- Cad iad na focail a dúirt Íosa nuair a thóg sé an cupán fíona agus an t-arán isteach ina lámha?
- Cathain a deir an file gur cheart dúinn cuimhneamh ar na focail seo? Cén fáth a ndúirt sé é sin?

**Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 84 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a thógail le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid anois. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tóg sos agus tú ag análú nua-aimsearthacht an tsaoil timpeall ort ... agus easanálaigh gach a d'fhéadfadh do aire a thógáil ón nóiméad seo.

Cuimhnigh go bhfuil tú i láthair Íosa Críost, a bhfuil grá aige duit ... Tá Íosa Críost i ngach áit ... go fiú san áit ina bhfuil tú anois ... ag tabhairt grá duit ... ag tabhairt aire duit ... ag tabhairt cosaint duit ... ag tabhairt cuireadh duit fás ina ghrá. Le do ghuth taobh istigh b'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le hÍosa as grá a thabhairt duit ... An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat a rá leis anois? ... Nuair a bhíonn tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE LÁITHREACHT

Déan comhrá leis na páistí faoin chiall a bhaineann le 'láithreacht' ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:

- Cén fáth go nglaonn an múinteoir an rolla gach lá? An bhfuil sé tábhachtach a bheith i láthair ar scoil gach lá? Cá háit eile a bhfuil sé tábhachtach duit a bheith i láthair? (m.sh. traenáil spóirt, ceacht ceoil, rang drámaíochta)
- An féidir a bheith in áit éigin agus gan a bheith i láthair ann? Conas a d'fhéadfadh sé sin tarlú? Ar tharla sé sin duit riamh?
- Cad is ciall le bheith i do rannpháirtí gníomhach, mar shampla, agus tú ag imirt ar fhoireann, nó nuair atá baint agat le tionscadal ar scoil?

Ag an Aifreann aistrítear an t-arán go Corp Chríost, agus tugaimid an tSacraimint Bheannaithe air seo. Nuair a bhíonn an tAifreann thart bíonn Íosa fós i láthair sa Sacraimint Bheannaithe sa taibearnacal. Coimeádtar an tSacraimint Bheannaithe in áirithe sa taibearnacal ionas nuair a bhíonn duine breoite agus gan ar a chumas dul chuig an Aifreann is féidir leo Comaoineach Naofa a fháil lasmuigh den Aifreann. Bíonn a fhios ag cuairteoirí go dtí an séipéal go bhfuil an tSacraimint Bheannaithe i láthair sa taibearnacal nuair a fheiceann siad go mbíonn an lampa sanctóra ar lasadh.

Is maith le daoine áirithe roinnt ama breise a chaitheamh sa séipéal ag guí chun Íosa sa Sacraimint Bheannaithe. Uaireanta cuirtear an tSacraimint Bheannaithe ar taispeáint san oisteansóir agus fágtha ar an altóir ionas gur féidir le daoine guí a dhéanamh. Tugtar urnaí adhartha air seo.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá Íosa i láthair ar fud an domhain agus tá sé i láthair go huathúil san Eocairist. Ag an Aifreann tá Íosa i láthair sna daoine a chruinníonn, sa sagart a cheiliúrann an tAifreann, sa Bhriathar a fhógraítear, agus san arán agus fíon, a athraítear go Corp agus Fuil Chríost. Tá Íosa i láthair freisin sa Sacraimint Bheannaithe atá in áirithe sa taibearnacal.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE



### OISTEANSÓIR A DHEARADH

- Tabhair leathanach bán A4 do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí oisteansóir a tharraingt agus líne amháin urnaí a scríobh faoi, go bhféadfaidís a rá le linn Adhradh na Sacraiminte Beannaithe.Dírigh a n-aire don phictiúr den oisteansóir ar leathanach 84 dá leabhar.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid saothar ealaíne a chur sa spás urnaí.

## GNÍOMHAÍOCHT BHREISE

Más féidir, tabhair deis do na páistí freastal ar Aifreann paróiste, nó eagraigh Aifreann ranga a cheiliúradh leis an séiplíneach.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An tAifreann

**Nóta:** *Is é an áit is feiliúnaí don tseirbhís urnaí seo le tarlú ná sa séipéal. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach na scoile, do thuismitheoirí/chaomhnóirí nó do dhaoine eile a bheith páirteach libh. Muna bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé tarlú sa seomra ranga.*

- **Ullmhúchán:** (*B'fhéidir nach mbeidh gá le cuid den ullmhúchán thíos más sa séipéal a bheidh an tseirbhís urnaí*)
  *Más féidir, bíodh na páistí ina suí thart nó gar don spás urnaí. Mura féidir é seo a dhéanamh, tabhair cuireadh dóibh a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*
  *A chinntiú go n-áirítear cros chéasta/cros, coinneal agus an Bíobla Naofa sa spás urnaí.*
  *Roghnaigh ochtar léitheoir. Tá na léachtaí ar fáil thíos agus féadfar iad a thaispeáint, nuair is gá, ar an gclár bán idirghníomhach.*
  *Iarr ar na páistí na líníochtaí a rinne siad den oisteansóir a chur faoina gcathaoireacha, le n-úsáid i rith na seirbhíse.*

  *Comhartha na Croise*

  **Iomann Oscailte:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Is é ceann de na chéad rudaí a dhéanaimid nuair a théimid chuig an Aifreann ná cuimhneamh go bhfuil Íosa i láthair. Iarrann sé orainn teacht ar  Aifreann chun a láithreacht a cheiliúradh. Aithnímid láithreacht Íosa san áit seo anois.

*Tabhair cuireadh do gach duine suí síos.*

Anois bímis socair agus ciúin. Ar dtús, tóg nóiméad chun cuimhneamh go bhfuil Íosa i láthair linn agus ár gcoinneal á lasadh againn. (*Lasann an múinteoir an choinneal*) Fócas ar an gcoinneal lasta agus, nuair atá tú réidh, tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh. Bí socair agus ciúin. Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu sa bhaile/ar scoil. Thug Dia na daoine seo go léir duit chun cúram agus grá a thabhairt duit. Anois tabhair aire dod' análú ... Análaigh go mall nuair a deirim na focail 'análaigh isteach', agus ansin easanálaigh nuair a deirim na focail 'easanálaigh amach'. Análaigh isteach an grá ar fad, an t-áthas, an áilleacht agus an cineáltas a thug Dia duit ... Anois, nuair a easanálann tú, cuir an ruaig ar rud ar bith a chuireann ar seachrán tú ... Tugaim cuireadh duit é seo a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go mbíonn tú socair agus ciúin. Glac do shuaimhneas sa chiúnas sin ... Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

Sa liotúirge inniu éistimis le sliocht ón Sean-Tiomna. Insíonn an sliocht seo faoin gconradh a rinne Dia lena mhuintir.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Leabhar Eacsadas.
*Ansin chuaigh Maois suas chun Dé agus ghlaoigh an Tiarna air ón sliabh á rá:*
*"Abair é seo le teaghlach Iacóib agus fógair é do chlann Iosrael: 'Chonaic sibh féin a ndearna mé leis na hÉigiptigh, agus conas mar a thóg mé liom sibh ar eití iolair agus a thug mé chugam féin sibh. Uime sin má ghéilleann sibh do mo ghlór agus cloí le mo chonradh beidh sibhse, thar na ciníocha go léir, i mo sheilbhse ar leithligh, óir is liomsa an domhan ar fad... D'imigh Maois leis ansin agus ghái chuige seanóirí an phobail agus chuir faoina mbráid na briathra sin go léir a d'ordaigh an Tiarna dó. Agus d'fhreagair an pobal go léir d'aonghuth: "A bhfuil ráite ag an Tiarna, comhlíonfaimid." Agus thug Maois freagra an phobail ar ais chun an Tiarna.* (Eacsadas 19:3-8)
Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Insímis anois le Dia go bhfuil muinín againn as, agus muid ag éisteacht le roinnt véarsaí ó Salm 31. Is é an freagra ar an salm ná: *Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.*

**Léitheoir 2:** *Is chugat, a Thiarna, a thagaim ag lorg tearmainn; Saor mé, impím ort! Éist liom! Saor anois mé!*
**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.

**Léitheoir 3:** *Seol mé agus treoraigh mé mar a gheall tú.*
**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.

**Léitheoir 4:** *Déanfaidh mé áthas agus gairdeas faoi do bhuanghrá.*
**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.

**Léitheoir 5:** *Bíodh trócaire agat orm, a Thiarna, óir tá mé i dtrioblóid.*
**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.

**Léitheoir 6:** *Ach is ort atá mo sheasamh, a Thiarna; is tú mo Dhia. Tá m'anam ag brath ort, saor mé.*
**Gach duine:** Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.

**Múinteoir:** Éistimis anois le sliocht ón Tiomna Nua, a insíonn dúinn conas a thugann Dia cúram dúinn.

**Léitheoir 7:** Sliocht as Céad Litir Naomh Peadar. *Caithigí bhur gcúram go léir suas air, óir tugann sé aire daoibh.* (1 Peadar 5:7)
Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Seasaimis ar dtús agus cuirfimid fáilte roimh an Soiscéal agus Comhgháir an tSoiscéil á canadh againn.
**Gach duine** (*can*): 'Alleluia'

**Múinteoir:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás
**Gach duine:** (*Agus* Comhartha na Croise *á ghearradh acu ar an éadan, na beola agus an t-ucht*)**:** Glóir duit, a Thiarna.

**Léitheoir 8:** *Ansin, thóg [Íosa] arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: "Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm." Agus mar an gcéanna an cupa, tar éis na proinne, ag rá: "Is é an cupa seo an tiomna nua i m'fhuil atá le doirteadh ar bhur son."* (Lúcás 22:19-20)
Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Múinteoir:** Suímis anois agus déanaimis smaoineamh ar gach rud a chualamar. D'éisteamar le Briathar Dé á léamh ón mBíobla. Chualamar go ndearna Dia conradh lena Chine Tofa sa tSean-Tiomna. Chuir Dia Íosa chugainn, agus labhair sé faoi chonradh nua a dhéanfadh Dia linn, tríd. Léirigh Íosa dúinn conas an conradh nua seo a choinneáil. Ghríosaigh Naomh Peadar lucht leanúna Íosa gan a bheith buartha, mar go mbeadh Dia i gcónaí leo.

Chuidigh Íosa lena dheisceabail an conradh a choinneáil nuair a thug sé é féin dóibh mar bhronntanas ag an Suipéar Déanach. Anois tugann Íosa an bronntanas céanna dúinn sa Chomaoineach Naofa. Nuair a fhaighimid Corp Chríost sa Chomaoineach Naofa, tugann Íosa an neart dúinn é a leanúint agus grá a thabhairt dó. Smaoinigh ar feadh nóiméid conas a d'fhéadfá é sin a dhéanamh sa bhaile agus ar scoil.

*Glac sos ar feadh cúpla nóiméid chun machnamh a dhéanamh.*

Is mian le hÍosa go mbeadh a fhios againn go bhfuil sé linn i gcónaí agus i ngach áit. Tagann sé chugainn ar bhealach speisialta nuair a ghlacaimid a Chorp, Corp Chríost. Gach uair a ghlacaimid Corp Chríost, tugann Íosa an neart dúinn fás i ngrá, ionas gur féidir linn grá a roinnt ar a chéile. An féidir leat smaoineamh ar aon ghníomhartha grá a rinne tú inniu? Ar chaill tú an deis chun grá a thabhairt do dhuine éigin inniu?

*Glac sos ar feadh cúpla nóiméid chun machnamh a dhéanamh.*

*Ansin tabhair cuireadh do gach páiste, ina dhiaidh sin, a gcuid líníocht faoin oisteansóir a bhaint amach agus an phaidir a chum siad a léamh. De réir mar a léann gach páiste líne a n-urnaí, féadfadh an rang an líne a athrá. Lean ort go dtí go léitear na línte uile.*

**Múinteoir:** Ceann de na rudaí a d'iarr Íosa ar a dheisceabail a dhéanamh ná guí chuig Dia ár nAthair. Nuair a thagaimid le chéile ag an Aifreann guímid *An Phaidir*. Seasaigí anois agus guímis mar a dhéanaimid ag an Aifreann nuair a deir an sagart: 'Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá...'

**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair atá ar neamh...)

**Múinteoir:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síochán lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.
A Dhia atá go maith agus grástúil, gabhaimid buíochas leat as na beannachtaí go léir a thugann tú dúinn i gcónaí. Cabhraigh linn a bheith buíoch díot i gcónaí agus cuimhneamh ar do ghrá. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir:** A Íosa, Mac Dé, gabhaimid buíochas leat as a bheith linn i gcónaí. Cabhraigh linn trócaire a thaispeáint díreach mar a léiríonn tú féin trócaire agus maithiúnas dúinn. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán deiridh:** 'Céad Míle Fáilte Romhat'